# Dréachtphlean Forbartha Cathrach & Purláin Chill Chainnigh 2014-2020

## Clár na nÁbhar

1 Réamhrá ........ 1
1.1 An Chreatlach Reachtach ........ 1
1.2 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ........ 1
1.3 Measúnacht Chuí ........ 2
1.4 An Inbhuanaitheacht ........ 3
1.5 Struchtúr an Phlean ........ 3
1.6 An Comhthéacs Beartais ........ 3
1.6.1 An tAthrú Aeráide ........ 4
1.6.2 An Straitéis Spáis Náisiúnta ........ 4
1.6.3 An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 ........ 5
1.6.4 An Plean Téarnaimh Náisiúnta ........ 5
1.6.5 Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn ........ 5
1.6.6 Treoirlínte agus Treoracha ó Airí ........ 5
1.6.7 Straitéis Fhómhar Bia 2020 ........ 6
1.6.8 Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt ........ 6
1.6.9 Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt ........ 6
1.7 Straitéis Bhord Forbartha an Chontae ........ 6
1.7.1 Cairt Aalborg ........ 7
1.7.2 UBACT – Clár LINKS ........ 7
1.8 Ráiteas Misin ........ 8
1.9 Monatóireacht agus Athbhreithniú ........ 8
2 Treochtaí Déimeagrafacha agus Socheacnamaíocha ........ 10
2.1.1 Daonra ........ 10
2.1.2 Treochtaí Daonra ........ 10
2.1.3 Líon teaghlaigh ........ 11
2.1.4 Réamh-Mheastacháin Daonra ........ 11
2.2 Rátaí Folúntais Tithíochta ........ 12
2.3 Próifíl Shocheacnamaíoch ........ 13
2.3.1 Geilleagar Chill Chainnigh ........ 13
2.3.2 Fostaíocht ........ 13
2.3.3 Leathanbhanda ........ 13
2.3.4 Taisteal chuig an Obair ........ 14
2.3.5 Dífhostaíocht ........ 14
2.4 Treochtaí Forbartha Fisiciúla ........ 15
2.5 Buncheisteanna don Phlean ........ 15
3 Croístraitéis & Criosú ........ 16
3.1 Réamhrá ........ 16
3.2 Cathair Dhlúth ........ 16
3.3 An Chroístraitéis ........ 17
3.3.1 Riachtanas Talún ........ 18
3.3.2 Riachtanas na Talún Tithíochta a Dháileadh ........ 19
3.3.3 Straitéis Tithíochta ........ 22
3.3.4 Miondíol ........ 22
3.4 Straitéis Forbartha ........ 23

3.4.1 Na Purláin Thiar ... 23
3.4.2 Loch Mocháisc ... 27
3.4.3 Limistéar Lár na Cathrach ... 27
3.4.4 Talamh Fostaíochta ... 29
3.4.5 Na Cuspóirí Criosaithe ... 30
3.4.6 Cuspóirí na Léarscáile Criosaithe ... 36
4 Forbairt Gheilleagrach ... 39
4.1 Réamhrá ... 39
4.2 An Geilleagar Glas ... 40
4.3 Forbairt Gheilleagrach & Oidhreacht ... 40
4.4 Straitéis Gheilleagrach do Chill Chainnigh ... 42
4.4.1 Forbairt Taighde agus Oideachais Tríú agus Ceathrú Leibhéal ... 42
4.4.2 An Gnó Agraibhia ... 43
4.4.3 Forbairt Seirbhísí ... 44
4.4.4 Turasóireacht, na hEalaíona agus Fóillíocht ... 44
4.4.5 Na hEolaíochtaí Beatha lena n-áirítear Cógaisíocht agus béim faoi leith ar Belview 45
4.5 Láithreacha Straitéiseacha d'Fhiontair agus d'Fhostaíocht ... 45
4.5.1 Cathair Chill Chainnigh ... 45
4.5.2 Calafort Belview ... 46
4.6 Straitéis Miondíola ... 46
4.6.1 Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn ... 47
4.6.2 Ordlathas Miondíola an Chontae ... 47
4.6.3 Príomhlimistéar Miondíola ... 48
4.6.4 Measúnacht Leathan ar Spás Urláir Miondíola Breise ... 49
4.7 Athbhreithniú ar Acmhainneacht Miondíola ... 54
4.7.1 Cathair Chill Chainnigh agus na Purláin ... 54
4.7.2 Port an Chalaidh/Belview (Purláin Chathair Phort Láirge) ... 56
4.7.3 Na Bailte Ceantair ... 57
4.8 Dáileadh Spásúil na Forbartha Miondíola Nua ... 57
4.8.2 Na Critéir chun Measúnú a Dhéanamh ar Thograí Miondíola Amach Anseo.. 59
4.9 Monatóireacht & Athbhreithniú ... 61
5 Tithíocht agus Pobal ... 62
5.1 Straitéis Tithíochta ... 62
5.1.1 An Lucht Siúil ... 64
5.1.2 Limistéir Chosanta Tithíochta ... 65
5.2 Forbairt Cónaithe ... 65
5.3 Dearadh Uilíoch ... 66
5.4 Eastáit Nach Bhfuil Críochnaithe ... 66
5.5 Saoráidí Pobail ... 66
5.6 Oideachas & Cúram Leanaí ... 67
5.6.1 Saoráidí Cúram Leanaí ... 67
5.6.2 Oideachas Bunscoile, Iar-bhunscoile & Tríú Leibhéal ... 70
5.7 Caipiteal Sóisialta ... 72
5.8 Cuimsiú Sóisialta ... 73

5.9 An tSeirbhís Leabharlainne ..... 74
5.10 Sláinte ..... 75
5.10.1 Ospidéil ..... 76
5.11 Aosú Dearfach ..... 77
6 Áineas ..... 79
6.1 Spás Oscailte Poiblí & Saoráidí Áineasa a Sholáthar ..... 79
6.1.1 Spás Oscailte a Chosaint ..... 80
6.1.2 Ordlathas d'Áineas Uirbeach Spásanna Oscailte - Páirceanna ..... 80
6.1.3 Forbairt Cois Abhann ..... 83
6.2 Cearta Slí Poiblí ..... 84
6.3 Beartas Súgartha ..... 85
6.4 Saoráidí do Chaitheamh Aimsire Gníomhach ..... 86
6.4.1 An Prótacal a bhaineann le Saoráidí a Fhorbairt ..... 86
6.4.2 Siúl agus Rothaíocht ..... 87
6.5 Bainistíocht Forbartha agus Áineas ..... 87
6.5.1 Mórshaoráidí Diana Spóirt ..... 88
6.5.2 Spóirt a mbíonn Torann de thoradh orthu ..... 88
6.5.3 Saoráidí Áineasa a Thuilsoilsiú ..... 89
6.5.4 Spás Oscailte i bhforbairt cónaithe nua ..... 89
6.5.5 Garraithe Scóir ..... 89
6.6 Turasóireacht ..... 89
6.6.1 Turasóireacht Inbhuanaithe ..... 90
6.6.2 An Táirge Turasóireachta ..... 91
6.6.3 Féilte ..... 92
6.6.4 Tionscadail Shuaitheanta ..... 92
6.6.5 An Oidhreacht Ailtireachta ..... 92
6.6.6 An Oidhreacht agus an Bonneagar Glas ..... 92
6.6.7 Ceardaíocht agus Seirbhísí ..... 93
6.6.8 Bonneagar agus Saoráidí Turasóireachta ..... 93
6.7 Forbairt na nEalaíon agus Forbairt Chultúrtha ..... 94
6.7.1 Eagraíochtaí Ealaíon ..... 94
6.7.2 An Bonneagar Ealaíon ..... 94
7 An Oidhreacht ..... 96
7.1 Réamhrá ..... 96
7.2 An Oidhreacht Nádúrtha ..... 97
7.2.1 An Bhithéagsúlacht a chosaint i gCill Chainnigh ..... 97
7.2.2 Bonneagar Glas ..... 100
7.2.3 Caomhnú an Dúlra Lasmuigh de Limistéir atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta agus Náisiúnta 101
7.2.4 An Oidhreacht Gheolaíochta ..... 102
7.2.5 Coillearnacha, Crainn agus Fálta Sceach ..... 102
7.2.6 Uiscí intíre, Aibhneacha, Srutháin, Coillearnacha agus Screamhuisce ..... 105
7.2.7 Speicis Ionracha ..... 106
7.2.8 Speicis Plandaí Dúchasacha ..... 106
7.3 An Oidhreacht Thógtha ..... 107

7.3.1 An Oidhreacht Seandálaíochta ........ 107
7.3.2 An tSeandálaíocht Thionsclaíoch ........ 109
7.3.3 Pleananna Caomhantais ........ 110
7.3.4 Reiligí Stairiúla ........ 110
7.3.5 Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha ........ 111
7.3.6 Tuilsoilsiú ........ 112
7.4 An Oidhreacht Ailtireachta ........ 112
7.4.1 Struchtúr Uirbeach ........ 112
7.4.2 An Fearann Poiblí ........ 114
7.4.3 Radhairc agus Léargais ........ 114
7.4.4 Taifead ar Dhéanmhais Chosanta ........ 115
7.4.5 An Fardal Náisiúnta ar an Oidhreacht Ailtireachta ........ 116
7.4.6 Limistéir Chaomhantais Ailtireachta ........ 117
7.4.7 Limistéir Caomhantais Ailtireachta i gCathair Chill Chainnigh ........ 119
7.5 An Oidhreacht Chultúrtha ........ 134
7.5.1 Logainmneacha ........ 134
8 An Bonneagar agus an Comhshaol ........ 136
8.1 Seirbhísí Uisce ........ 136
8.1.1 An Méid atá Bainte Amach ........ 136
8.1.2 Soláthar Uisce ........ 136
8.1.3 Caomhnú Uisce ........ 136
8.1.4 Seirbhísí Fuíolluisce ........ 136
8.1.5 Bainistíocht sloda ........ 137
8.2 An Comhshaol ........ 137
8.2.1 Rialú ar Thruailliú ........ 137
8.2.2 Talamh a d'Fhéadfadh a bheith Éilithe ........ 139
8.2.3 Cáilíocht an Uisce ........ 139
8.2.4 Tuile ........ 142
8.2.5 Draenáil Uisce Dromchla ........ 143
8.2.6 Bainistiú Dramhaíola ........ 145
8.2.7 An Treoir maidir le Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí (Treoir Seveso II) ........ 146
8.2.8 An tSeirbhís Dóiteáin ........ 147
8.3 Fuinneamh ........ 147
8.3.1 An Líonra Náisiúnta Tarchurtha/Dáileacháin ........ 147
8.3.2 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir leis an nGreille ........ 148
8.4 Teileachumarsáid ........ 148
8.4.1 Leathanbhanda ........ 148
8.4.2 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Leathanbhanda ........ 149
8.4.3 Aeróga Teileachumarsáide ........ 149
9 Straitéis Fuinnimh In-athnuaite ........ 151
9.1 Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh ........ 151
9.2 Fóram Fuinnimh Inmharthana Chill Chainnigh ........ 151
9.3 An comhthéacs beartais ........ 151
9.3.1 Plean Feidhmithe Bithéagsúlachta Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt ........ 152
9.4 Fuinneamh Gaoithe ........ 153

9.5 Bithfhuinneamh ..... 154
9.5.1 Slabhra Soláthar an Fhuinnimh Adhmaid ..... 155
9.5.2 Barra fuinnimh ..... 155
9.5.3 Bithbhreoslaí Leachtacha ..... 155
9.5.4 Díleá Anaeróbach ..... 156
9.5.5 Cumhacht is Teas in Éineacht ..... 156
9.5.6 Gnóthú Fuinnimh ó Dhramhaíl ..... 157
Treoir um Bainistíocht Forbartha ..... 157
Cuspóir bithfhuinnimh ..... 157
9.6 Hidreachumhacht ..... 158
Treoir um Bainistíocht Forbartha ..... 158
9.7 Fuinneamh Gréine ..... 159
9.7.1 Dearadh Gréine Éighníomhach ..... 159
9.7.2 Téamh Gréine ..... 160
9.7.3 Leictreachas Gréine ..... 160
Treoir um Bainistíocht Forbartha ..... 161
Cuspóir maidir le Fuinneamh Gréine ..... 161
9.8 Fuinneamh Geoiteirmeach ..... 161
9.9 Inbhuanaitheacht & Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh ..... 162
9.9.1 Éifeachtúlacht Fuinnimh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh ..... 162
9.9.2 Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ..... 162
9.9.3 Dearadh foirgnimh ..... 164
Treoir um Bainistíocht Forbartha maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgnimh ..... 165
10 Iompar ..... 166
10.1 Iompar Inbhuanaithe/Taisteal Níos Cliste ..... 166
10.1.1 Plean Bainistíochta Soghluaisteachta Chill Chainnigh ..... 166
10.1.2 Siúl agus Rothaíocht ..... 167
10.2 Iompar Poiblí ..... 173
10.2.1 Iarnród ..... 173
10.2.2 Bus ..... 173
10.2.3 Seirbhísí Tacsaí ..... 174
10.3 Pleananna Taistil i dtaca leis an Ionad Oibre ..... 175
10.4 Bóithre ..... 175
10.4.1 An Méid atá Bainte Amach ó thaobh na mBóithre ..... 176
10.4.2 Tograí Bóithre ..... 177
10.4.3 An Gréasán Bóithre Náisiúnta ..... 178
10.4.4 Measúnachtaí Tráchta ..... 179
10.4.5 Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre ..... 179
10.4.6 Cuspóirí maidir le Bóithre ..... 179
10.4.7 Treoir um Bainistíocht Forbartha maidir le Bóithre ..... 180
10.4.8 Páirceáil carranna ..... 180
10.4.9 Feithiclí leictreacha ..... 184
10.5 Comharthaíocht ..... 185
11 Ceanglais maidir le Forbairt Nua ..... 186
11.1 Cruinnithe Réamhphleanála ..... 186

11.2 Dearadh Uilíoch ... 186
11.3 Dearadh Uirbeach ... 187
11.3.1 Dlús ... 188
11.3.2 Pobail Gheataithe ... 189
11.3.3 Caighdeáin maidir le Stóráil Araidí ... 189
11.3.4 An tAchar Scartha idir Tithe ... 189
11.3.5 Cóireáil Teorann ar Láithreáin Tí ... 190
11.3.6 Forbairtí Tithíochta agus Torann ó Bhóithre ... 190
11.3.7 Forbairtí Tithíochta a Ainmniú ... 190
11.4 Árasáin ... 190
11.4.1 Árasáin - Spás oscailte príobháideach agus poiblí ... 191
11.4.2 Solas an lae agus solas na gréine ... 192
11.4.3 Limistéir Stórála agus Saoráidí Pobail ... 192
11.5 Gníomhaíochtaí Geilleagracha atá Bunaithe sa Bhaile ... 193
11.6 Spás Oscailte ... 193
11.6.1 Spás Oscailte Príobháideach ... 193
11.6.2 Spás Oscailte príobháideach ... 194
11.6.3 Spás Oscailte i bhforbairt cónaithe nua ... 195
11.7 Scála na Forbartha ... 198
11.7.1 Cóimheas Lota ... 198
11.7.2 Clúdach Láithreáin ... 198
11.7.3 Árasáin Teaghlaigh ... 199
11.7.4 Síntí le Foirgnimh Thís ... 199
11.7.5 Páirceáil i nGairdíní Tosaigh ... 199
11.7.6 Aonaid Chónaithe atá ann Cheana a Fhoroinnt ... 200
11.7.7 Rialú ar Airde Foirgnimh ... 200
11.7.8 Línte Foirgníochta ... 201
11.7.9 Forbairt Inlíonta ... 201
11.8 Forbairt Chéimnithe ... 201
11.9 Caighdeáin Foirgníochta ... 202
11.10 Na Rialacháin Foirgníochta ... 202
11.11 Aghaidheanna siopaí ... 202
11.11.1 Comharthaíocht Éadain ... 203
11.11.2 Comhlaí Slándála ... 203
11.11.3 Scáthláin agus Dallóga ... 203
11.11.4 Soilsiú ... 204
11.12 Comharthaíocht agus Fógraíocht ... 204
11.13 Ionaid mhearbhia beir leat ... 205
11.14 Clubanna Oíche/Tithe Tábhairne ... 206
11.15 Stáisiúin Líonta Gáis agus Peitril ... 206
11.16 Crainn agus Fálta Sceach a Chaomhnú ... 207
11.17 Ranníocaíochtaí Forbartha ... 209
11.18 Bannaí ... 209
11.19 Caighdeáin agus Treoirlínte a Fhoilsiú Amach Anseo ... 209

# 1 Réamhrá

Tá stair ilghnéitheach shaibhir ag Cathair Chill Chainnigh. Tá cáil uirthi mar phríomhchathair mheánaoiseach na hÉireann. Bunaíodh í os cionn míle bliain ó shin agus chuaigh na Normannaigh, na Meánaoiseanna, an Athbheochan, an ré Victeoiriach agus an ré nua-aimseartha i bhfeidhm uirthi. Is cathair uathúil í idir bhailte réigiúnacha na hÉireann; éiríonn léi a bheith beoga agus cothromaíocht a aimsiú idir riachtanais na forbartha agus cosaint na creatlaí bunúsaí a bhaineann lena leagan amach stairiúil nár athraigh leis na céadta bliain.

Sa Phlean Forbartha seo leagtar béim ar fhorbairt inbhuanaithe gheilleagrach na cathrach san am atá le teacht agus ag an am céanna déantar iarracht an gá le hathfhorbairt, le leathnú agus le fás sna purláin a chothromú le beartais láidre chun an timpeallacht nádúrtha agus thógtha a chaomhnú agus a chosaint agus chun dea-cháilíocht beatha a bhaint amach dá háitritheoirí.

Is éard atá ann ná an príomhráiteas poiblí maidir leis na beartais phleanála chun Cathair Chill Chainnigh & na Purláin a fhorbairt arna ghlacadh ag Comhairle Buirge Chill Chainnigh agus Comhairle Contae Chill Chainnigh (dá ngairtear an Chomhairle/na Comhairlí anseo feasta). Tugtar leis fís agus treo don Chathair & do na Purláin ó thaobh leanúint ar aghaidh ag teacht chun cinn, agus tugtar an comhthéacs reachtúil chun forbairt a stiúradh, ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir.

Agus an Dréachtphlean Forbartha Cathrach agus Purláin seo á ullmhú acu, thug na Comhairlí aird ar na pleananna, beartais agus straitéisí náisiúnta ábhartha a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir. Déantar socrú sa phlean le haghaidh na gcuspóirí éigeantacha a chaithfear a áireamh i bpleananna forbartha mar atá leagtha amach sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.

## 1.1 An Chreatlach Reachtach

Is ar bhonn comhpháirteach a ullmhaíonn na Comhairlí an Dréachtphlean Forbartha seo de réir cheanglais na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2011 agus tá sé ag leanúint leis an traidisiún atá againn pleanáil don Chathair agus do na Purláin mar aonán amháin. Sa chuid eile den phlean, bainfear úsáid as an bhfocal 'cathair' chun tagairt do limistéar na cathrach agus purláin, arb ionann é agus limistéar an phlean.

Ceanglaítear leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt go ndéanfaidh údarás pleanála plean forbartha gach sé bliana arb éard é ná ráiteas scríofa agus léarscáileanna a ghabhann leis ina dtugtar léiriú grafach ar na cuspóirí a fhaightear sa Phlean.

## 1.2 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Is é atá i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) ná measúnú foirmiúil, córasach, ar na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheadh ag plean nó clár, dá gcuirfí i ngníomh é, ar an

timpeallacht, sula ndéantar an cinneadh glacadh leis an bplean nó leis an gclár. Is é an cuspóir atá ann ná socrú a dhéanamh maidir le leibhéal ard cosanta timpeallachta agus cion a dhéanamh chun cúrsaí comhshaoil a chomhtháthú le hullmhú agus le glacadh pleananna agus clár d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn[1].

I gcomhréir leis an Treoir Eorpach 2001/42/CE, tá an Dréachtphlean Forbartha seo ina ábhar do Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta.

## 1.3 Measúnacht Chuí

Ceanglaítear le hAirteagal 6(3) de Threoir Uimh. 92/43/CEE ón gComhairle Eorpach maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (An Treoir maidir le Gnáthóga) ar údaráis inniúla Measúnacht Chuí a dhéanamh ar aon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige le bainistíocht láithreán Natura 2000, nó nach bhfuil riachtanach ina leith, ach ar dócha go mbeadh éifeacht shuntasach aige uirthi, leis féin nó i dteannta pleananna nó tionscadal eile.

Is iad na Comhairlí na húdaráis inniúla agus rinneadh measúnacht chuí ar an Dréachtphlean i gcomhréir le Treoraíocht na Roinne maidir le Measúnacht Chuí[2].

Ní mór gach plean, clár agus tionscadal atá á ndéanamh ag eagraíochtaí poiblí nó eagraíochtaí príobháideacha agus daoine aonair a scagadh le féachaint an bhféadfaidís tionchar a imirt ar láithreáin Natura 2000.

Ciallaíonn Measúnacht Chuí measúnacht, bunaithe ar an eolas eolaíochta is fearr, ar na tionchair a d'fhéadfadh plean nó tionscadal, cibé áit a bhfuil sé, a imirt ar na cuspóirí caomhantais atá ag aon láithreán Natura 2000 agus, nuair is gá, bearta maolaithe nó seachanta a áireamh chun éifeachtaí díobhálacha a chosc. Nuair atá measúnú á dhéanamh ar na tionchair, caithfear tionchair charnacha indíreacha agus dhíreacha an phlean nó an tionscadail a áireamh. Dá bhrí sin, is cuma má tá an plean nó an tionscadal laistigh de láithreán Natura 2000 nó i bhfad uaidh, murar féidir tionchair shuntasacha a chur as an áireamh, ní mór measúnacht chuí a dhéanamh ar an bplean nó ar an tionscadal.
Ceanglaítear le hAirteagal 6(3) agus le hAirteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga agus le hAlt 177 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), go gcaithfear scagadh a dhéanamh ar aon phlean nó tionscadal a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar shláine láithreán Natura 2000 chun a chinneadh an bhfuil gá le measúnacht chuí a dhéanamh ar an bplean nó ar an tionscadal. I gcás ina léiríonn an scagadh nach féidir tionchair shuntasacha fhéideartha a chur as an áireamh, beidh gá le measúnacht chuí a dhéanamh ar an bplean nó ar an tionscadal.

**Na Cuspóirí**

---

[1] AE, Treoir 2001/42/CE an 27 Meitheamh 2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú, Airteagal 1

[2] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil *Appropriate Assessment of Plans and Projects in Ireland – Guidance for Planning Authorities, 2009*

- Forálacha Airteagal 6(3) agus Airteagal 6(4) de Threoir an AE maidir le Gnáthóga a chur i ngníomh.
- Féachaint chuige go bhfuil aon phlean nó tionscadal laistigh de limistéar feidhme an Údaráis Phleanála faoi réir ag measúnacht chuí de réir na Treoraíochta *Appropriate Assessment of Plans and Projects in Ireland – Guidance for Planning Authorities*, 2009[3] agus go ndéantar measúnú air de réir Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga d'fhonn tionchair dhíobhálacha ar shláine agus ar chuspóirí caomhantais an láithreáin a sheachaint.

Beidh feidhm ag na cuspóirí seo maidir le gach plean agus tionscadal, cibé acu poiblí nó príobháideach é, ar fud gach earnála forbartha.

## 1.4 An Inbhuanaitheacht

Chomhaontaigh an Coimisiún Domhanda um Chomhshaol agus Forbairt (Coimisiún Brundtland) an sainmhíniú seo a leanas ar fhorbairt inbhuanaithe:
"Forbairt a riarann ar na riachtanais atá ann faoi láthair gan dochar a dhéanamh do chumas na nglún atá le teacht a riachtanais féin a riar".[4]

In 2012 d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn. Le linn di an plean forbartha seo a chur i dtoll a chéile, rinne an Chomhairle prionsabail na hinbhuanaitheachta a chomhtháthú fud fad ranna an Phlean.

## 1.5 Struchtúr an Phlean

Is é atá sa Phlean ná ráiteas scríofa agus léarscáileanna a ghabhann leis agus áirítear ann beartais, straitéisí agus cuspóirí don Chathair trí chéile. Sna chéad deich gcaibidil faightear beartais agus cuspóirí i ndáil le réimsí áirithe beartais. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach caibidil neamhspleách gach caibidil, ach gur chóir iad a léamh i dteannta na gcaibidlí agus na mbeartas ar fad eile. Nuair atá measúnú a dhéanamh ar aon fhorbairt sa Chathair, beidh an comhthéacs foriomlán bunaithe ar na beartais ábhartha ar fad, lena n-áirítear an straitéis lonnaíochta, cúinsí tithíochta, pobail, geilleagracha, oidhreachta agus bonneagair, agus beidh an fhís agus na cuspóirí straitéiseacha mar bhonn aige. Dá bhrí sin, níl aon bheartas níos tábhachtaí ná ceann ar bith eile, ach tagann na beartais ar fad le chéile, agus iad go léir bunaithe ar sprioc na forbartha inbhuanaithe.

Ba cheart gach beartas a léamh i gcomhar le Caibidil 11 freisin: Ceanglais maidir le Forbairt.

## 1.6 An Comhthéacs Beartais

[3] ibid

[4] Tuairisc an Choimisiúin Dhomhanda um Chomhshaol agus Forbairt: Tuairisc Brundtland, 1987, arna tharchur chuig an gComhthionól Ginearálta mar Iarscríbhinn a ghabhann le *doiciméad A/42/427* - Forbairt agus Comhoibriú Idirnáisiúnta: An Comhshaol

### 1.6.1 An tAthrú Aeráide

Sa Chreat Náisiúnta le hOiriúnú don Athrú Aeráide[5] soláthraítear béim ar bheartas straitéiseach chun a chinntiú go nglactar le bearta oiriúnaithe ar fud earnálacha agus leibhéil rialtais éagsúla chun leochaileacht na hÉireann i leith thionchair dhíobhálacha an athraithe aeráide a laghdú. Déantar socrú ann d'oiriúnú don athrú aeráide a rachfar i ngleic leis ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Tá an *chéad chéim* dírithe ar leochaileacht náisiúnta i leith an athraithe aeráide a aithint. Is é atá i gceist leis an *dara céim* ná pleananna gníomhaíochta oiriúnaithe earnála agus áitiúla a chur i bhfeidhm, pleananna a bheith mar chuid den fhreagairt náisiúnta chuimsitheach do thionchair an athraithe aeráide.

Thug na Comhairlí aird ar an gCreat Náisiúnta le hOiriúnú don Athrú Aeráide nuair a bhí an plean forbartha seo á chur i dtoll a chéile acu agus tá iarracht déanta acu cheana féin bearta pleanála agus forbartha a áireamh sa chur chuige foriomlán i leith dul in oiriúint don athrú aeráide, mar shampla trína chinntiú go n-aithnítear rioscaí tuillte agus go mbíonn siad mar chuid den phróiseas pleanála. Aithníonn na húdaráis áitiúla go bhfuil gá le cur chuige réamhghníomhach ina ndéantar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide a chomhtháthú le forbairt na mbeartas, na bpleananna, agus na gclár.

Déantar socrú sa Chreat Náisiúnta le hOiriúnú don Athrú Aeráide a foilsíodh le déanaí, ionas gur féidir le húdaráis áitiúla pleananna oiriúnaithe áitiúla a ullmhú trí phróiseas athbhreithnithe an phlean forbartha. Toisc go raibh an Plean seo faoi lánseol, níorbh fhéidir tús a chur le plean oiriúnaithe lena áireamh sa dréacht seo laistigh den chreat ama atá leagtha síos faoin bpróiseas athbhreithnithe. Is cuspóir é, dá bhrí sin, plean den chineál sin a ullmhú a luaithe is féidir tar éis glacadh leis an bplean forbartha.

**An Cuspóir**

- Plean Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a ullmhú tar éis glacadh leis an bPlean Forbartha.

### 1.6.2 An Straitéis Spáis Náisiúnta

Sa Straitéis Spáis Náisiúnta (SSN)[6] leagtar amach beartas an Rialtais maidir le forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach thar thréimhse fiche bliain ó 2002 go 2020. Is cuid de Réigiún an Oirdheiscirt í Cill Chainnigh ina bhfuil Contae Cheatharlach, Contae Chill Chainnigh, Contae Thiobraid Árann Theas, Contae Phort Láirge agus Contae Loch Garman. Ainmnítear Réigiún an Oirdheiscirt sa SSN mar réigiún ina bhfuil treisiú agus neartú de dhíth. Ainmnítear Port Láirge mar Thairseach an Réigiúin agus bíonn Cill Chainnigh agus Loch

[5] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, National Climate Change Adaptation Framework, 2012

[6] An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, *The National Spatial Strategy 2002-2020, People, Places and Potential,* 2002

Garman ag gníomhú mar Mhoil a thabharfaidh tacaíocht do ról náisiúnta agus idirnáisiúnta na dtairseach agus a fhuinnmheoidh bailte beaga agus ceantair thuaithe laistigh dá réimse tionchair ar a seal.
Tá athbhreithniú ar an Straitéis Spáis Náisiúnta fógartha ag an Rialtas, agus déanfar monatóireacht ar na himpleachtaí a bheidh ag an athbhreithniú sin don chathair agus don chontae agus leasófar an Plean dá réir má tá gá leis.

### 1.6.3 An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) leagtar amach na tosaíochtaí infheistíochta geilleagracha agus sóisialta nach mór a bheith ann chun fís na cáilíochta beatha feabhsaithe do chách a fhíorú. Leagtar amach sa PFN creat storrúil chun forbairt réigiúnach a chur chun cinn ina ndírítear go háirithe ar infheistíocht sa Straitéis Spáis Náisiúnta (SSN). Baineann ionaid láidre uirbeacha go díreach le fás agus le forbairt réigiúnach agus bíonn tionchar acu ar fhostaíocht, ar ioncaim agus ar cháilíocht na beatha ar fud na réigiún. Beidh creat agus straitéis an PFN ag cuidiú le pleanáil fhisiciúil agus spáis agus á feabhsú.

### 1.6.4 An Plean Téarnaimh Náisiúnta

Sa doiciméad Plean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014[7], soláthraítear treoirphlean chun filleadh ar fhás geilleagrach inbhuanaithe don chontae. Déantar an méid seo a leanas ann go háirithe:

- Leagtar amach na bearta a dhéanfar chun ár gcúrsaí airgeadais poiblí a chur in ord arís
- Aithnítear réimsí na gníomhaíochta geilleagraí a sholáthróidh fás agus téarnamh fostaíochta
- Sonraítear na hathchóirithe a chuirfidh an Rialtas i bhfeidhm chun dlús a chur le fás sna príomhearnálacha sin.

Ar an iomlán, tá sé mar aidhm ag an bPlean Téarnaimh tógáil ar láidreachtaí na hÉireann sa teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, sna heolaíochtaí beatha/sláinte, sna seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta, sa ghnó agraibhia agus i seirbhísí eile a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

### 1.6.5 Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn

Tá an geilleagar glas agus cláir oibre atá bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe ina bpríomhghnéithe de straitéis na hÉireann maidir le téarnamh geilleagrach agus sa doiciméad Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn[8] leagtar amach raon na mbeart comhshaoil, geilleagrach, agus sóisialta a bhfuil gá leo chun fís na gclár oibre seo a fhíorú.

### 1.6.6 Treoirlínte agus Treoracha ó Airí

---

[7] Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, *The National Recovery Plan 2011-2014*, 2011
[8] Rialtas na hÉireann, Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn, 2012

Áirítear orthu sin Treoirlínte maidir leis na réimsí seo a leanas: Cosaint Oidhreachta Ailtireachta, Saoráidí Cúram Leanaí, Pleananna Forbartha, Tírdhreacha, Pleanáil Miondíola, Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Forbairt Cónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha. Beidh aird ag na Comhairlí ar gach leasú agus ar gach Treoirlíne nua a dhéanfar amach anseo agus a fhoilseofar i gcaitheamh thréimhse an phlean agus athróidh siad an Plean mar is cuí.

### 1.6.7 Straitéis Fhómhar Bia 2020

D'fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta Fómhar Bia 2020, Fís d'agraibhia agus d'iascaigh na hÉireann[9] in 2010. Is é an earnáil agraibhia agus iascaigh an tionscal dúchasach is tábhachtaí in Éirinn. Aithnítear go forleathan go bhfuil ról ríthábhachtach le himirt aici i dtéarnamh geilleagrach na hÉireann a bheidh bunaithe ar an easpórtáil.

### 1.6.8 Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt

Cuireann Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt[10] leis an SSN agus ainmnítear tosaíochtaí infheistíochta cumasaithe criticiúla don réigiún iontu. Tá na Treoirlínte ceaptha cothromaíocht níos fearr spáis idir forbairt fhisiciúil, gheilleagrach agus shóisialta a bhaint amach ar fud an réigiúin. Deimhníodh toipeolaíocht lonnaíochta inar liostaíodh sé aicme d'ionaid uirbeacha atá bunaithe ar mhéid agus ar fheidhm agus atá in oiriúint don SSN.

### 1.6.9 Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt

Tá sé mar aidhm ag an gCreat-Treoir Uisce[11] cáilíocht an uisce a fheabhsú agus leagtar síos spriocdhátaí diana ann chun cuspóirí maidir le cáilíocht an uisce a chomhlíonadh. Tá Éire tiomanta dá huiscí a bhainistiú trí phróiseas atá bunaithe ar dhobharcheantair. Tá sé mar aidhm ag Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt[12] na huiscí ar fad laistigh de Cheantar Abhantraí an Oirdheiscirt a chosaint, agus más gá, uiscí a fheabhsú agus úsáid inbhuanaithe an uisce a bhaint amach.

## 1.7 Straitéis Bhord Forbartha an Chontae

Tá dualgas ar gach Údarás Pleanála straitéis deich mbliana a ullmhú don chontae tríd an mBord Forbartha Contae. Is é an cuspóir atá ag straitéis den chineál sin ná cabhrú chun fís d'fhorbairt an chontae a chur in iúl agus fócas comhoibrithe agus comhordúcháin a chur ar fáil, rud a fheabhsóidh, ar a uain, an cumas éifeachtacht na gclár caiteachais a uasmhéadú. Sa doiciméad *Kilkenny 2002-2012, A Strategy for Economic, Social and Cultural*

[9] An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Fómhar Bia 2020, Fís d'agraibhia agus d'iascaigh na hÉireann, 2010

[10] Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt, *Regional Planning Guidelines for the South East Region 2010-2022*, 2010

[11] AE, Treoir 2000/60/CE an 23 Deireadh Fómhair 2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creatlach i gcomhair gním h ag an gComhphobal sa réimse a bhaineann le beartas uisce, 2000

[12] Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt, Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt, 2010

*Development*[13] leagtar amach an straitéis chomhaontaithe le haghaidh forbairt shóisialta, gheilleagrach, agus chultúrtha Chill Chainnigh. Tugadh aird ar an straitéis sin nuair a bhí an Plean Forbartha seo á ullmhú.

### 1.7.1 Cairt Aalborg

Tá Comhairle Buirge Chill Chainnigh ar shínitheoirí Chairt Aalborg. Is é atá i gCairt Aalborg ná gealltanas forbairt inbhuanaithe cathracha agus bailte a bhaint amach agus cumhdaítear inti deich réimse mar seo a leanas:

1. Rialachas,
2. Bainistíocht Áitiúil i dtreo na hinbhuanaitheachta,
3. Earraí Coiteanna Nádúrtha,
4. Tomhaltas agus Roghanna Cineál Saoil Freagracha,
5. Pleanáil agus Dearadh,
6. Soghluaisteacht níos fearr, níos lú tráchta,
7. Gníomhaíocht áitiúil ar son na sláinte,
8. Geilleagar áitiúil atá beoga agus inbhuanaithe,
9. Cothromas agus ceartas sóisialta, agus
10. Áitiúil go Domhanda

Ba iad na rannpháirtithe ag an gComhdháil Eorpach ar Chathracha agus Bailte Inbhuanaithe a tionóladh in Aalborg, an Danmhairg i mí Bealtaine 1994 a d'fhaomh Cairt Aalborg. Bhí an imeacht sin urraithe ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhar le Cathair Aalborg agus ba í an Chomhairle Idirnáisiúnta do Thionscnaimh Chomhshaoil Áitiúla (ICLEI) a d'eagraigh é.

Tríd an gCairt a shíniú, thug cathracha, bailte agus contaetha Eorpacha gealltanas go nglacfaidís páirt i bpróisis Chlár 21 Áitiúil agus go bhforbróidís pleananna gníomhaíochta fadtéarmacha chun inbhuanaitheacht a bhaint amach. Tá téacs iomlán na cairte le fáil in Aguisín A.

### 1.7.2 UBACT – Clár LINKS

Is é atá in URBACT ná clár malairte agus foghlama Eorpach a chuireann an fhorbairt inbhuanaithe chun cinn. Cuireann sé ar chumas cathracha obair le chéile chun réitigh ar dhúshláin mhóra uirbeacha a fhorbairt. Is tionscadal arna mhaoiniú ag an AE é LINKS faoi Chlár URBACT d'Fhorbairt Inbhuanaithe Uirbeach. Ghlac Cill Chainnigh ballraíocht in LINKS in 2009 agus ghlac sí páirt i gclár malairte trí bliana i dteannta 8 mbardasacht eile inarbh é an buaicphointe Plean Gníomhaíochta Áitiúil a ullmhú.

Plean Gníomhaíochta ÁITIÚIL

Bhí sé de dhualgas ar gach Cathair Chomhpháirtíochta Plean Gníomhaíochta Áitiúil a chur i dtoll a chéile a dhéanann iarracht dul i ngleic le dúshláin áitiúla ach atá bunaithe ar dhea-chleachtas ón líonra malairte.

[13] Bord Forbartha Contae Chill Chainnigh, *Kilkenny 2002-2012, A Strategy for Economic, Social and Cultural Development*, 2002

Roghnaíonn an Chathair Chomhpháirtíochta treoirthionscadal ar féidir cleachtais agus modheolaíochtaí an athchóirithe éiceolaíoch a thástáil i ndáiríre laistigh de. Roghnaigh údaráis áitiúla Chill Chainnigh Teampall Mhuire agus an Reilig in aice leis dá threoirthionscadal.

Is gníomh ríthábhachtach den **Phlean Gníomhaíochta Áitiúil** é gealltanas ó Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh chun an teagmháil atá acu le daoine den phobal áitiúil agus le páirtithe leasmhara a fheabhsú sula gceaptar pleananna le haghaidh tionscadal laistigh dá limistéar.

Bainfear triail as an gcuir chuige sin i leith comhairliúcháin don obair atá á déanamh ar an treoirthionscadal do chlár LINKS, arb é atá ann ná athchóiriú éiceolaíoch Theampall Mhuire.

**Na Cuspóirí:**

**Próiseas comhairliúcháin a fhorbairt le haghaidh pleananna agus tionscadal atá beartaithe ag an údarás áitiúil.**

**Teampall Mhuire a athchóiriú agus a chaomhnú trí úsáid a bhaint as cleachtais agus modheolaíochtaí an athchóirithe éiceolaíoch.**

## 1.8 Ráiteas Misin

Seo a leanas ráiteas misin Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh ón bPlean Corparáideach[14]:

***"Tá sé d'aidhm ag Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh dul i mbun oibre i gcomhpháirtíocht le muintir Chill Chainnigh agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar agus chun forbairt inbhuanaithe eacnamúil, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn ar mhaithe leis an nglún atá ann agus leis na glúine a bheidh ann amach anseo."***[15]

Is ionann an meon sin agus meon an Dréachtphlean Forbartha, ón gcomhairliúchán poiblí go dtí ceapadh na mbeartas agus na gcuspóirí atá sa Dréachtphlean.

## 1.9 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Is é an cuspóir atá le monatóireacht agus meastóireacht ná éifeachtacht nó a malairt na mbeartas agus na gcuspóirí a mheas ó thaobh na haidhmeanna atá luaite a bhaint amach. In Alt 15(2) den Acht luaitear go ndéanfaidh bainisteoir, tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis plean forbartha a dhéanamh, tuarascáil a thabhairt do chomhaltaí an údaráis maidir leis an dul chun cinn a bheidh bainte amach ó thaobh na cuspóirí a áirithiú agus ceanglaítear go sainráite le hAlt 95(3)(a) den Acht go mbeidh athbhreithniú ar an dul chun a rinneadh maidir leis an straitéis tithíochta ar áireamh sa tuarascáil dhá bhliain.

[14] Comhairlí Chathair agus Chontae Chill Chainnigh, *Plean Corparáideach 2009-2014*

[15] Comhairlí Chathair agus Chontae Chill Chainnigh, *Plean Corparáideach 2009-2014*, lch. 10

Tar éis glacadh leis an bPlean, aithneofar na príomhriachtanais faisnéise ag díriú ar na beartais agus ar na cuspóirí sin atá mar bhunchloch d'aidhmeanna agus straitéis an phlean. Déanfar measúnú ar na riachtanais faisnéise a aithneofar ar bhonn bliantúil le linn thréimhse an phlean.

# 2 Treochtaí Déimeagrafacha agus Socheacnamaíocha

### 2.1.1 Daonra

Taifeadadh i nDaonáireamh 2011 gurbh ionann daonra Chontae Chill Chainnigh agus 95,419 duine. Méadú 7,861 atá san fhigiúr sin i gcomparáid leis an daonra a taifeadadh in 2006[16]. Is ionann é seo agus méadú 9% ar an daonra don chontae ar feadh na tréimhse agus is dea-thoradh é i gcomparáid leis an Stát ina bhfacthas méadú 8% ar an meán. Taifeadadh daonra 24,423 i gCathair Chill Chainnigh (na purláin agus limistéar na buirge in éineacht) in 2011, arb ionann é agus méadú 2,244 (10.1%) i gcomparáid leis an daonra a taifeadadh in 2006.

**Tábla 2.1 Daonra Taifeadta 1996 - 2011**

| | 1996 | 2002 | 2006 | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| Contae Chill Chainnigh | 75,336 | 80,399 | 87,558 | 95,419 |
| Cathair Chill Chainnigh[17] | 18,696 | 20,735 | 22,179 | 24,423 |
| Limistéar na Comhairle Buirge[18] | 8,507 | 8,591 | 8,661 | 8,721 |

Tháinig méadú freisin ar dhaonra limistéar na Comhairle Buirge ach bhí an ráta méadaithe i bhfad níos lú ná an ráta sna bruachbhailte. Tháinig méadú 0.7% ar limistéar na Buirge idir 2006 agus 2011 fad agus a tháinig méadú 10.1% ar an limistéar ar fad.

Ar an leibhéal réigiúnach, bhí an méadú i gCathair Chill Chainnigh go maith i gcomparáid le ceantair uirbeacha mhóra eile san Oirdheisceart, toisc gurb é an t-aon baile contae amháin ina raibh méadú daonra os cionn 10%.

**Tábla 2.2 Daonra Taifeadta i Réigiún an Oirdheiscirt**

| | 2006 | 2011 | Athrú céatadáin |
|---|---|---|---|
| Cluain Meala | 15,482 | 17,793 | +2% |
| Cill Chainnigh | 22,179 | 24,423 | +10.1% |
| Cathair Phort Láirge | 45,748 | 46,732 | +2.2% |
| Loch Garman | 18,163 | 19,645 | +8.1% |

### 2.1.2 Treochtaí Daonra

[16] http://www.cso.ie/en/census/census2011reports/census2011thisisirelandpart1/

[17] Is do limistéar na Comhairle Buirge móide purláin na Cathrach atá laistigh de limistéar an Chontae atá an figiúr do chathair Chill Chainnigh.

[18] An limistéar atá sainithe go dlíthiúil laistigh de theorainn na Buirge

Chonacthas fás láidir faoin daonra sa Stát ó 1996 i leith agus taifeadadh méaduithe 8% a bheag nó a mhór i ngach ceann de na tréimhsí idir na daonáirimh. Léiríonn Daonáireamh 2011 go raibh fás láidir fós faoi dhaonra Chill Chainnigh, agus taifeadadh méadú 8.2% i ndaonra an Chontae ó 2006 i leith. Bhí an treocht sin le sonrú i gCathair Chill Chainnigh freisin, ina raibh rátaí fáis 10.9%, 6.9% agus 9% le sonrú laistigh de na tréimhsí idir na daonáirimh ó 1996 i leith.
D'fhás an chathair de réir ráta níos tapa ná an contae agus an stát. Léiríonn sé seo go bhfuil an chathair ag cruthú go maith ina ról mar Mhol faoin Straitéis Spáis Náisiúnta.

### 2.1.3 Líon teaghlaigh

Tá an t-athrú atá ag teacht ar phatrúin teaghlaigh tábhachtach mar chúinse atá le cur san áireamh sa Phlean. In 2002 ba é 3.3 an meánlíon teaghlaigh sa chontae. In 2006 bhí laghdú tagtha ar an meánlíon teaghlaigh go 2.88. Tá 2.8 duine sa teaghlach ar an meán ar fud an chontae taifeadta i nDaonáireamh 2011 (is é meán an stáit ná 2.7). Tá an laghdú ar an líon teaghlaigh le feiceáil i ndaonra na cathrach freisin. I dTábla 2.3, léirítear treocht leanúnach i dtreo teaghlaigh níos lú a chruthú sna limistéir bhaile chomhiomlána.

Is é Cathair Chill Chainnigh an ceantar uirbeach is mó sa chontae (71.6% den daonra uirbeach) agus dá bhrí sin, nuair atá líon teaghlaigh á ríomh, glactar leis gurb ionann an líon teaghlaigh sa chathair agus an líon teaghlaigh ar an meán do gach ceantar uirbeach laistigh den chontae, arb ionann é agus 2.57. Tá impleachtaí aige sin don mhéid talún criosaithe atá ag teastáil.

**Tábla 2.3 An meánlíon teaghlaigh do limistéir bhaile chomhiomlána**

| | Líon na dteaghlach | Daoine sna teaghlaigh | Meánlíon teaghlaigh |
|---|---|---|---|
| 2002 | 8,239 | 22,713 | 2.75 |
| 2006 | 11,355 | 29,536 | 2.6 |
| 2011 | 13,250 | 34,089 | 2.57 |

### 2.1.4 Réamh-Mheastacháin Daonra

Tá na spriocanna daonra don Chathair agus don Chontae leagtha amach i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt[19], ar glacadh leo in 2010 go ceann na tréimhse 2010 – 2022. Tá na spriocanna a leagadh síos don Chathair agus don Chontae leagtha amach i dTábla 2.4 thíos.

**Tábla 2.4 Na figiúirí daonra ó na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach**

| | 2010 | 2014 | 2016 | 2020 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| Contae Chill Chainnigh | 96,872 | 102,689 | 105,598 | 109,802 | 111,903 |

[19] Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt, *Regional Planning Guidelines for the South East Region 2010-2022*, 2010

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Cathair Chill Chainnigh | 24,000 | 25,200 | 25,800 | 27400 | 28,200 |

Taifeadadh figiúr daonra iarbhír 24,423 don Chathair i nDaonáireamh na bliana 2011. Tá an figiúr sin beagáinín os cionn spriocanna tuartha na dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach atá leagtha amach don chathair[20].

Tá sé stuama áfach, mar is amhlaidh i gcás dhaonra an chontae, na figiúirí do na spriocanna daonra a choigeartú chun torthaí Dhaonáireamh 2011 a chur san áireamh. Dá réir sin, tá sprioc daonra le fáil i dTábla 2.5 thíos ina n-úsáidtear figiúirí na dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach agus iad coigeartaithe, áfach, chun torthaí 2011 a chur san áireamh.

**Tábla 2.5 Na figiúirí coigeartaithe ó na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach**

| | 2011 Iarbhír | 2012 | 2014[21] | 2016 | 2020 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Contae Chill Chainnigh | 95,419 | 96,873 | 99,781 | 105,598 | 109,802 | 111,903 |
| Cathair Chill Chainnigh | 24,423 | 24,723 | 25,323 | 25,800 | 27,400 | 28,200 |

Faightear na figiúirí le haghaidh 2020 tríd an meánmhéadú bliantúil atá tuartha i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt a chur i bhfeidhm maidir leis an tréimhse idir 2016 agus 2020.

## 2.2 Rátaí Folúntais Tithíochta

Taifeadadh ráta folúntais 11.9% don Chontae i nDaonáireamh 2011[22]. Níl laghdú mór tagtha ar an ráta sin ó 2006 i leith. Is é an meán náisiúnta a taifeadadh ná 14.5%. Is é an ráta folúntais a taifeadadh i gCathair Chill Chainnigh ná 11.3%. Tá na rátaí folúntais laistigh den chontae ó 1991 i leith léirithe i dTábla 2.6 thíos. Is féidir a fheiceáil go raibh ráta folúntais idir 6.4 agus 7.7% ann roimh 2006. Tá méadú mór tagtha ar an ráta folúntais ó shin i leith.

**Tábla 2.6: Rátaí folúntais i gContae Chill Chainnigh 1991-2011**

| Bliain | 1991 | 1996 | 2002 | 2006 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráta folúntais | 7.7% | 6.4% | 6.6% | 12% | 11.9% |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Próifíl 4, An Díon ós ár gCionn – Tithíocht in Éirinn, 2011 (as Béarla)

[20] Ba ionann an figiúr daonra tuartha le haghaidh 2011 faoi chás na dTreoirlínte agus 24,300.

[21] Faightear figiúirí 2014 trí fhigiúirí na dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach a dhí-chomhbhailiú agus na rátaí fáis céanna a chur i bhfeidhm maidir le figiúr Dhaonáireamh 2011.

[22] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Próifíl 4, An Díon ós ár gCionn – Tithíocht in Éirinn, 2011

## 2.3 Próifíl Shocheacnamaíoch

### 2.3.1 Geilleagar Chill Chainnigh

Tá próifíl láidir forbartha ag Cill Chainnigh mar lárionad seirbhísí agus tá cuideachtaí ar nós State Street, VHI, Banking 365, Connect Ireland agus Taxback.com lonnaithe sa chathair. Tá an chathair ina lárionad riaracháin le haghaidh roinnt gníomhaireachtaí stáit agus leathstáit freisin, lena n-áirítear ceanncheathrú réigiúnach an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), ceanncheathrú náisiúnta Oifig na bPaitinní, Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann agus na Comhairle Oidhreachta.

Tá próifíl ard ag an gcathair sa tír agus thar lear mar lárionad turasóireachta, féilte, oidhreachta agus mar lárionad na n-ealaíon. Tá tionscal dúchasach láidir ag Contae Chill Chainnigh in earnálacha amhail bia agus deochanna (m.sh. Glanbia agus táirgeoirí ceardbhia) agus san earnáil cheardaíochta chomh maith. Méadaíodh na deiseanna chun infheistíocht isteach a mhealladh mar gheall ar fheabhsuithe ar an mbonneagar, amhail tabhairt chun críche an Líonra Achar Cathrach (MAN) timpeall Chathair Chill Chainnigh agus oscailt mhótarbhealach an M9.

### 2.3.2 Fostaíocht

Tá laghdú tagtha ar fhostaíocht sa chontae sa tréimhse 2006 go dtí 2011, treocht atá ag teacht leis an gcúlú geilleagrach i ngeilleagair na hEorpa agus an Domhain. Tá an laghdú is mó le sonrú san earnáil tógála agus tá laghduithe suntasacha le feiceáil san earnáil déantúsaíochta freisin.

**Tábla 2.7: Gairm de réir Tionscail**[23]

| Tionscal | 2006 | 2011 |
|---|---|---|
| Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht | 3,247 | 3,011 |
| Foirgníocht agus tógáil | 6,154 | 2,117 |
| Tionscail déantúsaíochta | 5,472 | 4,482 |
| Tráchtáil agus trádáil | 9,218 | 8,761 |
| Iompar agus cumarsáid | 1,564 | 1,834 |
| Riarachán poiblí | 1,968 | 2,238 |
| Seirbhísí gairmiúla | 7,268 | 9,042 |
| Eile | 6,048 | 5,400 |
| Iomlán | 40,939 | 36,885 |

### 2.3.3 Leathanbhanda

[23] Foinse: Daonáireamh 2006 agus 2011

Léiríodh méadú mór ar inrochtaineacht leathanbhanda sa chontae idir 2006 agus 2011. Ba é líon iomlán na dtithe a raibh nasc leathanbhanda acu in 2006 ná 3,919 agus ní raibh nasc idirlín ar bith ag 14,283 teach. Faoin mbliain 2011, ba iad na figiúirí comhfhreagracha ná 19,818 a raibh nasc leathanbhanda acu agus 8,806 nach raibh nasc idirlín ar bith acu as 33,679 teaghlach[24]. Is ionann é seo agus dul i bhfód leathanbhanda 58.8% i gcomparáid le 13.2% amháin in 2006.

### 2.3.4 Taisteal chuig an Obair

Tá na modhanna taistil a úsáideann daoine agus iad ag taisteal chuig an obair, chuig an scoil nó chuig an gcoláiste sa chathair leagtha amach thíos le haghaidh 2006 agus 2011.

**Tábla 2.8: Modh taistil chuig an obair, an scoil nó chuig an gcoláiste in 2006 agus in 2011**

| Bliain | De shiúl na gcos | Rothar | Mion-bhus bus nó carr | Traein | Gluais-rothar nó scútar | Tiomá naí cairr | Paisiné ir cairr | Eile | Níl sé luaite | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2006** | 3513 | 568 | 527 | 52 | 64 | 5915 | 2542 | 1055 | 326 | 14562 |
| **2011** | 3562 | 428 | 423 | 79 | 26 | 6,129 | 2,761 | 828 | 395 | 14,631 |

Úsáideann formhór mór na ndaoine an carr príobháideach mar chóir iompair. Bhí 58% den líon iomlán ag úsáid an chairr mar phaisinéir nó mar thiománaí in 2006, agus bhí an figiúr sin méadaithe go dtí 61.3% in 2011.

### 2.3.5 Dífhostaíocht

Tá méadú mór tagtha ar an dífhostaíocht sa chontae ó glacadh leis an bplean deireanach. Is é an géarchor chun donais geilleagrach atá ag dul i bhfeidhm ar an ngeilleagar is cúis leis sin. Is iad seo a leanas na rátaí dífhostaíochta:

**Tábla 2.9 Rátaí dífhostaíochta i gContae Chill Chainnigh**

| Bliain | Daoine Dífhostaithe | Ráta % |
|---|---|---|
| 2006 | 3,233 | 7.5% |
| 2011 | 8,992 | 19.4% |

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Seo i Éire Tábla 2A, 2011

Bhí lucht oibre 43,042 duine sa Chontae in 2006 agus bhí an figiúr sin méadaithe go dtí 46,265 in 2011[25].

[24] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Seo i Éire Cuid 2, Tábla 26A, 2011

[25] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Seo i Éire, Cuid 2, Tábla 3A, 2011

## 2.4 Treochtaí Forbartha Fisiciúla

Is díol suntais é go bhfuil Cathair Chill Chainnigh ag cruthú go maith mar Mhol don réigiún, agus a daonra ag méadú de réir ráta atá beagáinín os cionn an mheáin náisiúnta. Níor forbraíodh mórán tithíochta nua agus ní raibh ach beagán gníomhaíochta tithíochta i bhforbairtí tithíochta nua sa chathair agus sna purláin.

Soláthraíodh agus feabhsaíodh bonneagar fisiciúil le linn thréimhse phlean 2008 – 2014, lena n-áirítear:

- Leathnaíodh an cuarbhóthar timpeall Chathair Chill Chainnigh ó Bhóthar Cheatharlach go dtí Bóthar Bhaile Átha Í/Chaisleán an Chomair (N77),
- Osclaíodh mótarbhealach an M9 agus an nascbhóthar go dtí an chathair,
- D'fhaomh an Bord Pleanála an Scéim Rochtana Lárnaí don chathair agus táthar ag súil go dtógfar an scéim le linn shaolré an phlean.
- Cuireadh an lárionad spóirt agus fóillíochta Watershed i gcrích.
- Cuireadh deireadh le gníomhaíocht grúdaireachta ag Diageo (Grúdlann Smithwick's) i lár na cathrach.

Faomhadh infheistíocht shuntasach i bhforbairt na turasóireachta trí fhorbairt thionscadal an Mhíle Mheánaoisigh. Faoin tionscadal seo déanfar infheistíocht san fhearann poiblí idir Caisleán Chill Chainnigh agus Ardeaglais Chainnigh, déanfar halla Mhuire a athchóiriú, tógfar Dánlann an Bhuitléaraigh nua ag Teach Evans agus déanfar tuilleadh forbartha ar an gcosán líneach cois na Feoire trí ghairdín mór a chruthú i lár na cathrach.

Tá dul chun leanúnach déanta ó thaobh seirbhísí a sholáthar trí chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce. Tá sé beartaithe go leanfar den infheistíocht sin i rith phlean forbartha 2014 go dtí 2020 nuair a bheidh ionad cóireála fuíolluisce Inse an Phuirséalaigh á fheabhsú agus soláthairtí breise uisce á soláthar don chathair.

## 2.5 Buncheisteanna don Phlean

Seo a leanas na buncheisteanna a dtabharfar aghaidh orthu sa Phlean:

- ★ Téarnamh geilleagrach; an chathair agus an contae a ullmhú ionas gur féidir leo leas a bhaint as aon chor chun feabhais geilleagrach
- ★ Buntaca a thabhairt don straitéis lonnaíochta don chathair agus ceanglais na dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach a chomhlíonadh tríd an gcroístraitéis.
- ★ Creatlach chun láithreán Smithwick's a fhorbairt
- ★ Leanúint den oidhreacht nádúrtha agus thógtha a chosaint

# 3 Croístraitéis & Criosú

## 3.1 Réamhrá

In Alt 7 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2010, leagtar amach go gcaithfear a áireamh sa ráiteas i scríbhinn de chuid Plean Forbartha Croístraitéis ina dtaispeántar go bhfuil na cuspóirí forbartha sa phlean forbartha i gcomhréir, a mhéid is indéanta, leis na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha atá leagtha amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta (SSN) agus i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt.

Áirítear sa Chroístraitéis sa doiciméad seo cur chuige bunaithe ar fhianaise i leith an méid talún atá criosaithe do thithíocht sa dréachtphlean forbartha agus taispeántar go bhfuil an plean ag cloí leis na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach agus leis an SSN.

Is í Cathair Chill Chainnigh príomhbhaile an chontae agus an príomhionad seirbhísí don chúlchríoch níos leithne. Bhí forbairt Chill Chainnigh le linn na dtrí phlean forbartha dheireanacha dírithe den chuid is mó ar dheisceart agus ar oirthear na Cathrach, toisc go bhfuil seirbhísí agus ceangail mhaithe bhóithre ar fáil ansin. Tá seirbhísí riachtanacha don Chontae lonnaithe sa Chathair, amhail ceanncheathrú Chomhairle Contae Chill Chainnigh, oifigí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Garda Síochána, na Seirbhísí Cúirteanna agus Ospidéal Ginearálta Lúcais. Chomh maith leis sin bíonn sí ag freastal ar chúlchríoch leathan i dtéarmaí saoráidí pobail, seirbhísí dóiteáin, chur i bhfeidhm an dlí agus oideachais.

Léirítear i ndaonáireamh na bliana 2011 go bhfuil 25.6% de dhaonra Chontae Chill Chainnigh ina gcónaí laistigh de Chathair Chill Chainnigh agus de na Purláin agus fágann sé sin gurb é an lárionad daonra is tábhachtaí sa Chontae é.

## 3.2 Cathair Dhlúth

Má tá cruth cothrom dlúth ag an gcathair i dteannta ceangail iompair éifeachtacha idir suíomhanna fostaíochta agus cónaithe, éascófar gluaiseacht agus imshruthú níos fusa laistigh den Chathair agus de na Purláin. Tacóidh an dlús agus scála daonra a gheofar dá bharr le raon níos leithne seirbhísí miondíola, tráchtála, sóisialta agus pobail ná mar a dhéanfaí i gcathair níos scaipthe. Beidh soláthar raon leathan cineálacha cóiríochta agus dlúis laistigh den Chathair agus de na Purláin ríthábhachtach ó thaobh freastal ar riachtanais tithíochta an daonra atá ag fás. Is féidir barainneachtaí scála suntasacha a bhaint amach i dtéarmaí na gcostas a bhaineann le soláthar seirbhísí trí chóiríocht chónaithe a sholáthar laistigh de leagan amach dlúth cathrach.

Cuirfear níos mó béime ar ról an chroíláir ó thaobh beogacht na cathrach a chothú tríd an leagan amach uirbeach seo. Tá an cur chuige seo ag teacht go hiomlán le ról na forbartha geilleagraí a shamhlaítear do Chill Channaigh sa SSN, ní hamháin i dtéarmaí mol a fhorbairt, ach i dtéarmaí an

timpeallacht tuaithe atá mórthimpeall na cathrach a fhorbairt agus a chothú agus i dtéarmaí an t-éileamh ar thaisteal a laghdú tríd an gcomaitéireacht a laghdú.

Is é atá i gceist leis an gcoincheap 'cathair 10 nóiméad' gur féidir le cónaitheoirí na cathrach teacht ar na seirbhísí áitiúla atá uathu ar nós siopaí, scoileanna, nó páirceanna áitiúla laistigh de 10 nóiméad óna dtithe agus iad ag siúl nó ag rothaíocht. I bhfocail shimplí, tá Cill Chainnigh thart ar 3km ar leithead agus 4.5km ar fad.  Is beag turas a dhéantar sa chathair atá os cionn 2.5km ar fad; agus má ghlactar leis gurb é 15km san uair an meánluas rothaíochta, is ionann sin agus 10 nóiméad.  Ar an gcaoi chéanna tá croílár tráchtála na cathrach thart ar 0.5 km ar leithead faoi 0.5 km ar fad, fágann sé sin gur féidir siúl trasna na cathrach, ag glacadh leis gurb é 4km san uair an luas siúil, i 10 nóiméad a bheag nó a mhór.

Chun críocha an Phlean seo, sainmhínítear 'lár na cathrach' mar an limistéar atá laistigh de Phlean Limistéir Áitiúil Lár Chathair Chill Chainnigh 2005.

## 3.3 An Chroístraitéis

Is é cuspóir na Croístraitéise straitéis chainníochtúil mheántéarmach go fadtéarmach d'fhorbairt spásúil na Cathrach agus Purláin a chur in iúl agus a thaispeáint go bhfuil an Dréachtphlean Forbartha agus a chuspóirí ag teacht leis na cuspóirí forbartha náisiúnta agus réigiúnacha atá leagtha amach sa SSN agus sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach.

Glacadh le Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt reatha ar an 26 Iúil 2010. Bhí siad bunaithe ar réamh-mheastacháin daonra leasaithe náisiúnta agus réigiúnacha a d'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i nDeireadh Fómhair 2009[26].

Tá prionsabail na croístraitéise bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- Comhthéacs Beartais Náisiúnta/Réigiúnach/Áitiúil (.i. an SSN, na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach srl.)
- Na treochtaí déimeagrafacha agus socheacnamaíocha atá leagtha amach i gCaibidil 2
- Measúnú ar riachtanas tithíochta
- Bonneagar uisce, draenála agus bóithre (idir bhonneagar atá ann cheana agus bhonneagar atá beartaithe)
- Plean maidir le Taisteal Níos Cliste Chathair Chill Chainnigh
- Measúnacht ar Riosca Tuilte
- Bonneagar tacaíochta. (sóisialta, pobail agus tráchtála, idir bhonneagar atá ann cheana agus bhonneagar atá beartaithe)
- Oiriúnacht fhisiciúil
- Beartas comhshaoil (cáilíocht an screamhuisce agus an uisce dromchla, tuilte, srl.)

[26] *Réamh-mheastacháin Daonra Náisiúnta agus Spriocanna Daonra Réigiúnacha 2010-2022(2009) agus Spriocanna Daonra Moil agus Tairsí (2009)*

- Beartas oidhreachta
- Cur chuige seicheamhach (ba cheart don chriosú leathnú amach ó chroílár an cheantair uirbigh, agus tús áite á thabhairt do na tailte neamhfhorbartha is cóngaraí don chroílár agus do bhealaí iompair phoiblí. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh na limistéir atá le criosú tadhlach le tailte forbartha criosaithe cheana)

### 3.3.1 Riachtanas Talún

Mar atá leagtha amach i gCaibidil 2, tugadh méadú daonra 1,800 duine do Chathair Chill Chainnigh ar feadh na tréimhse 2010 – 2016 sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach. Cuireadh torthaí Dhaonáireamh 2011 ar áireamh sa ráta fáis sin inar tugadh an meastachán daonra seo a leanas a bhí le pleanáil do thréimhse dhréachtphlean 2014 – 2020.

| Tábla 3.1 Na figiúirí coigeartaithe ó na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2011 Iarbhír | 2012 | 2014[27] | 2016 | 2020 | 2022 |
| Contae Chill Chainnigh | 95,419 | 96,873 | 99,781 | 105,598 | 109,802 | 111,903 |
| Cathair Chill Chainnigh | 24,423 | 24,723 | 25,323 | 25,800 | 27,400 | 28,200 |

Má chuirtear meánlíon teaghlaigh 2.57[28] i bhfeidhm maidir leis an méadú daonra 2,077 duine agus le meándlús 30 aonad san heicteár (12/acra), faightear riachtanas talún 27 heicteár. Má chuirtear ró-chriosú 50% san áireamh[29], tá 40.4 heicteár ar an iomlán ag teastáil.

Idir 2011 agus 2014, ní mór socruithe a dhéanamh chun cóiríocht a chur ar fáil do 900 duine. Má chuirtear an réasúnaíocht chéanna is a fhaightear thuas i bhfeidhm (bunaithe ar an líon teaghlaigh agus ar an meándlús céanna), tá 11.7 heicteár talún ag teastáil. Má chuirtear ró-chriosú 50% san áireamh, tá 17.5 heicteár ar an iomlán ag teastáil.

Teastaíonn 57.9 heicteár talún ar an iomlán idir 2011 agus 2020 dá bhrí sin (.i. 40.4 + 17.5).

Léiríodh san anailís ar ghníomhaíocht tithíochta ó 2008 i leith go bhfuil bunéileamh ar thithe ar láithreáin mhóra sa chathair agus go bhfreastalaítear ar an éileamh sin faoi láthair trí thithe a thógann daoine faoin tuath gar don chathair.

Ionas gur féidir rogha eile a chur ar fáil agus daoine a choinneáil laistigh de cheantar na Cathrach, tá dhá dháileacht bhreise beartaithe do chriosú ísealdlúis sa phlean seo; ar bhóthar

[27] Faightear figiúirí 2014 trí fhigiúirí na dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach a dhí-chomhbhailiú agus na rátaí fáis céanna a chur i bhfeidhm maidir le figiúr Dhaonáireamh 2011.

[28] As Daonáireamh 2011 na Príomh-Oifige Staidrimh

[29] An Roinn Comhshaoil, Development Plan Guidelines for Planning Authorities, 2007, Rannán 4.14

Bhaile an Phoill ó dheas ón gcuarbhóthar ag an Abhallort Nua agus ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath ag Ráth an Leigéadaigh.

Beidh sé ceadaithe 10 n-aonad sa heicteár (4/acra) ar a mhéad a thógáil faoin gcriosú ísealdlúis. Tá achar 5.6 ha sna tailte. Mar gheall ar an gcriosú breise seo, beidh an criosú iomlán os cionn an méid atá ag teastáil faoin anailís atá déanta thuas ach meastar go bhfuil bonn cirt leis toisc gur criosú ísealdlúis é.

| **Tábla 3.2: Tábla na Croístraitéise 2014 - 2020** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Suíomh | Leithdháileadh daonra | Riachtanas talún don tithíocht | Criosú reatha | Criosú atá beartaithe[30] | Stoc tithíochta in aonaid ag 30/ha |
| Cathair Chill Chainnigh agus na Purláin | 2,077 | 40.4ha | 52.48ha | 63.63ha | 1,740 |

### 3.3.2 Riachtanas na Talún Tithíochta a Dháileadh

Tá sé tugtha le fios le fada i bPleananna Forbartha Cathrach Chill Chainnigh go dtarlódh leathnú na Cathrach sna purláin i gcéimeanna. Tá an fhealsúnacht sin le fáil go leanúnach i bpleananna forbartha ó 1986 i leith. Forbraíonn an chroístraitéis do chathair Chill Chainnigh prionsabail na straitéise céimeanna sin a tugadh le fios sna Pleananna Forbartha roimhe seo agus leagtar amach cur chuige straitéiseach chun fás agus acmhainní sa chathair a bhainistiú.

Tá an múnla atá bunaithe ar cheithre chomharsanacht atá leagtha amach i bPlean Forbartha na bliana 2008, chun freastal ar leathnú timpeall na cathrach reatha, fós feiliúnach do Chill Chainnigh.

Ba iad na ceithre limistéar a aithníodh chun comharsanachtaí a fhorbairt iontu (Féach Figiúr 3.1 Croístraitéis):

1. An Loch Buí/Sráid an Áirséaraigh

[30] Sa chriosú atá beartaithe cuireadh an méadú ar an daonra idir 2011 agus 2014, arb ionann é agus 900 duine, san áireamh agus faightear riachtanas talún 17.5ha. Cuirtear an méid sin le figiúr 40.4 do 2014 – 2020 agus faightear an riachtanas 58ha do 2011 go dtí 2020. Cuirtear 5.6ha breise leis d'ísealdlús agus faightear criosú beartaithe 63.63ha.

2. An Pháirc Nua Uachtarach/Na Purláin Thoir
3. Poll Gabhair/Na Bogaigh/Na Purláin Thiar.
4. Loch Mocháisc

Toisc go bhfuil an Loch Buí/Sráid an Áirséaraigh agus an Pháirc Nua Uachtarach go hiomlán faoi fhoirgnimh, beidh forbairt úrnua dírithe ar an dá limistéar eile, na Purláin Thiar agus Loch Mocháisc, i rith thréimhse an phlean. Rinneadh Pleananna Limistéir Áitiúil don dá limistéar seo.

Glacadh le Plean Limistéir Áitiúil Phurláin Thiar Chill Chainnigh in 2004 agus cuireadh na forálacha suntasacha atá ann ar áireamh sa chroístraitéis seo trí chriosú agus trí chéimniú agus trí riachtanais na forbartha nua. Ón tráth a glacadh le Plean Limistéir Áitiúil na bPurlán Thiar bronnadh cead ar 537 aonad ar an iomlán i limistéar an phlean. Tógadh 175 aonad de na haonaid sin go dtí seo. Deimhníodh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh le haghaidh na n-oibreacha bonneagair riachtanacha agus tá an dearadh curtha i gcrích go dtí céim an doiciméid chonartha. Bainfidh an tÚdarás Pleanála leas as doiciméid bhunaidh an Phlean Limistéir Áitiúil mar threoir bhreise ó thaobh déileáil leis na saincheisteanna pleanála sna Purláin Thiar.

Ghlac na húdaráis áitiúla le Plean Limistéir Áitiúil Loch Mocháisc in 2008. Bhí cead bronnta do 455 aonad tithíochta i limistéar an phlean an tráth a foilsíodh an dréachtphlean seo. Tá thart ar 233 aonad ar bronnadh cead orthu ag brath ar infheistíocht bhonneagair sular féidir tús a chur leis an obair thógála. Ar an gcaoi chéanna, níl dul chun cinn mór déanta leis an mbonneagar a bhaineann le forbairt an limistéir, ar nós bóithre, páirceanna agus saoráidí eile. Cuireadh le saolré Phlean Limistéir Áitiúil Loch Mocháisc go dtí 2018 ionas gur féidir leis an gceantar tuilleadh forbartha a dhéanamh mar chomharsanacht.

Trí mheán na bpleananna limistéir áitiúil do na Purláin Thiar agus Loch Mocháisc, tá forbairtí nasctha le hacmhainn an bhonneagair reatha agus le soláthar bonneagair nua riachtanaigh do gach limistéar. Déantar iarracht sa straitéis freisin tacú le hathbheochan agus le hathfhorbairt na gceantar tearcúsáidte laistigh den chathair le cabhrú chun an fhorbairt a chomhdhlúthú, agus ag an am céanna ag cinntiú go bhfuil forbairtí nua ag teacht le foirm thógtha agus le taitneamhacht chónaithe an cheantair.

#### 3.3.2.1 *Talamh Tithíochta agus Céimniú Beartaithe*

Ceadófar forbairt i bprionsabal ar thailte Chéim 1 le linn na tréimhse plean 2014 - 2020. Ní cheadófar forbairtí le aghaidh roinnt tithe ar thailte Chéim 2 le linn thréimhse feidhme an phlean seo. Breathnófar ar thalamhúsáidí reatha a leathnú laistigh de thailte Chéim 2 de réir an cháis ag féachaint do na tionchair a d'fhéadfaí a imirt ar mhianach straitéiseach thailte chéim 2 agus do chúinsí pleanála ginearálta. Breathnófar freisin ar thalamhúsáidí nua seachas forbairt cónaithe shuntasach ar a dtuillteanas ag féachaint do mhianach straitéiseach thailte chéim 2 agus do chúinsí pleanála ginearálta agus do sholáthar dóthain seirbhísí.

Tá na céimeanna atá beartaithe bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe lena n-áirítear cur chuige seicheamhach i leith an chathair a mhéadú, stair phleanála an limistéir, an dóchúlacht go mbeidh tuilleadh láithreán ar fáil lena bhforbairt agus na critéir a luadh don chroístraitéis thuas. Tá limistéir na gcéimeanna leagtha amach i dTábla 3.3.

| **Tábla 3.3 Limistéir na gCéimeanna** | | |
|---|---|---|
| **Limistéar** | Céim 1 | Céim 2 |
| **Na Purláin Thiar** | 14.9ha | 71.7ha |
| **Loch Mocháisc** | 23.5ha | 25.8ha |
| **Inlíonadh/Athfhorbraíochta** | 21.63 | 34.07 |
| **Iomlán** | 63.63[31] | 131.57 |

Áirítear i dtalamh chéim 1 na tailte ar fad a bhfuil ceadanna reatha acu le haghaidh forbairtí tithíochta ina bhfuil roinnt aonad.

### 3.3.2.2 *Céimniú laistigh de limistéir Pleananna Limistéir Áitiúil*

Ghlac an dá údarás áitiúla le Plean Limistéir Áitiúil na bPurlán Thiar in 2004 agus cuireadh ar áireamh é i bPlean Forbartha Cathrach Chill Chainnigh 2008 ina dhiaidh sin. Tá seacht ndáileacht talún déag ar an iomlán ann. Tá forbairt i ngach dáileacht i bPlean Limistéir Áitiúil na bPurlán Thiar ag brath ar bhonneagar agus seirbhísí ríthábhachtacha a bheith ar fáil chomh maith. Ón mbliain 2004 i leith, tá cead tugtha ar thrí dháileacht agus cuireadh tús le obair thógáil ar phéire. Ag féachaint do na forbairtí ceadaithe, idir na cinn ar cuireadh tús leo agus nár cuireadh tús leo, agus don leibhéal bonneagair a cuireadh ar fáil go dtí seo, cuireadh dáileachtaí forbartha P, Q agus E ar áireamh sa Chroístraitéis seo mar Chéim 1, féach Figiúr 3.2 Dáileachtaí Forbartha sna Purláin Thiar agus Tábla 3.4.

Glacadh le Plean Limistéir Áitiúil Loch Mocháisc in 2008[32]. Roinneadh an limistéar ina dheich ndáileacht sa Phlean Limistéir Áitiúil, ó A go J, agus leagadh amach clár dian chun an bonneagar ríthábhachtach a sholáthar i gcomhar le forbairt gach dáileachta. Tá na dáileachtaí forbartha i gcéimeanna sa Phlean Limistéir Áitiúil freisin, agus Dáileachtaí A, B, C, D agus I i gCéim 1. Tá dáileachtaí E, F, G agus H ar áireamh i gCéim 2. Is dáileacht tionscail í Dáileacht J agus níl sí ar áireamh sna céimeanna. Cuireadh na céimeanna sa Phlean Limistéir Áitiúil san áireamh sna tograí faoin gCroístraitéis seo agus tá tailte chéim 1 laistigh den Phlean Limistéir Áitiúil 23.5

[31] Léiríodh san anailís ar éileamh go raibh 58ha ag teastáil chun an t-éileamh a shásamh go dtí 2020. Ag féachaint don leibhéal íseal gníomhaíochta agus don éileamh leanúnach ar thithe ar láithreáin mhóra, áirítear dhá dháileacht talún bhreise 1.3ha agus 3.6ha do chriosú ísealdlúis ar Bhóthar Bhaile an Phoill agus ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

[32] Plean Limistéir Áitiúil Loch Mocháisc 2008 Comhairle Contae Chill Channaigh agus Comhairle Buirge Chill Chainnigh

heicteár curtha ar áireamh i dtailte chéim 1 laistigh den Chroístraitéis. Is féidir na tailte a fhorbairt i gcéimeanna de réir na gceanglas chun bonneagar a sholáthar le gach dáileacht.

Dá bhrí sin is ionann iomlán na dtailte úrnua atá clúdaithe i bPlean Limistéir Áitiúil na bPurlán Thiar agus i bPlean Limistéir Áitiúil Loch Mocháisc agus atá sainithe chun an chathair a fhorbairt laistigh de thréimhse an phlean agus 38.3 heicteár.

Lasmuigh de na limistéir atá clúdaithe sna pleananna limistéir áitiúil, beidh 21.63ha breise criosaithe d'fhorbairt cónaithe agus 5.6ha breise dírithe ar fhorbairt ísealdlúis laistigh den teorainn forbartha. Tá siad sin lonnaithe ar Bhóthar Bhaile an Phoill, ag an Abhallort Nua agus ag bóthar Bhaile Átha Cliath ag Ráth an Leigéadaigh.

### 3.3.3 Straitéis Tithíochta

Ceanglaítear le hAlt 94 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) go mbeidh ar áireamh, i bPlean Forbartha, straitéis chun a chinntiú go ndéanfar socrú le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir le haghaidh tithíochta do dhaonraí reatha agus todhchaí na Cathrach agus an Chontae.

Tá straitéis chomhpháirteach tithíochta ullmhaithe ag Comhairle Contae Chill Chainnigh agus ag Buirg Chill Chainnigh don chathair agus don chontae. Tá an Straitéis Tithíochta leagtha amach go mion in Aguisín B agus tacaítear leis le Caibidil 5 den phlean seo.

Tá an Straitéis ag teacht leis an SSN, le Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt agus leis na spriocanna daonra réigiúnacha atá leagtha amach iontu.

Níltear ag súil go mbeidh soláthar talún criosaithe ina bhac le linn thréimhse Phlean Forbartha 2014 – 2020 ach tá cuid mhór de na tailte atá criosaithe i limistéir Loch Mocháisc agus sna Purláin Thiar laistigh den chathair ag brath ar infheistíocht bonneagair i mbóithre agus i seirbhísí uisce.

### 3.3.4 Miondíol

Athdhearbhaítear ordlathas miondíola sa Dréachtstraitéis Miondíola Cathrach agus Contae, mar atá leagtha amach i dTábla 4.1. Tá an t-ordlathas seo ag teacht leis na *Treoirlínte Pleanála Miondíola*[33] agus le Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt. Tá an dréachtstraitéis miondíola cathrach agus contae leagtha amach i gCaibidil 4 den phlean seo. Tá an mhodheolaíocht mhionsonraithe a úsáideadh chun an dréachtstraitéis miondíola a ullmhú leagtha amach in Aguisín C.

[33] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, *Guidelines for Planning Authorities, Retail Planning*, 2012

## 3.4 Straitéis Forbartha

Tá an chroístraitéis don chathair leagtha amach i Rannán 3.3. Déanfar riachtanas talún 63 heicteár ar an iomlán a chriosú.

Leithdháilfear an talamh sin den chuid is mó idir na Purláin Thiar agus Loch Mocháisc, comharsanachtaí ina bhfuil 38.4ha agus tá an chuid eile (24.6ha) scaipthe ar fud suíomhanna eile. Tá an leithdháileadh sin mar bhonn le cruth cothrom, dlúth don Chathair agus do na Purláin. Mar gheall ar an gcruth dlúth sin, i dteannta ceangail iompair éifeachtacha idir na talamhúsáidí éagsúla, éascófar gluaiseacht agus imshruthú níos fusa laistigh de Chathair Chill Chainnigh agus de na Purláin. Tá sí ceaptha lár na Cathrach a neartú mar áit le hobair, siopadóireacht, seirbhísí a fháil agus maireachtáil inti. Tacóidh na ceithre chomharsanacht .i. an Loch Buí, an Pháirc Nua, na Purláin Thiar agus Loch Mocháisc le lár na Cathrach.

Tá an cur chuige seo ag teacht go hiomlán leis an ról forbartha a shamhlaítear do chathair Chill Chainnigh mar Mhol sa Straitéis Spáis Náisiúnta, leis an mbeartas geilleagrach don chathair agus don chontae agus le cosaint agus feabhsú na dtréithe comhshaoil.

Tá sé aitheanta ag na Comhairlí go bhfuil gá le tithíocht ísealdlúis ardcháilíochta d'fhonn cailliúint an daonra ón gCathair a mhaolú. Maidir leis sin cuireadh dhá limistéar atá i gcrios ísealdlúis ina bhfuil 5.6ha ar an iomlán leis an riachtanas talún chun tithíocht ísealdlúis ardcháilíochta a éascú. Is sa bhreis ar na limistéar a aithníodh roimhe sin i bPlean Forbartha 2008 – 2014 atá na limistéir sin.

### 3.4.1 Na Purláin Thiar

In 2004 ghlac na Comhairlí le plean limistéir áitiúil do Phurláin Thiar na cathrach. Leagadh amach fís sa Phlean Limistéar Áitiúil do thodhchaí an limistéir mar a thagann sé chun cinn mar chuid lárnach den Chathair agus a fhéiniúlacht féin á caomhnú aige ag an am céanna. Rinneadh socrú sa phlean go bhforbrófaí an limistéar ar mhodh ordúil ar feadh tréimhse fhada. Roinneadh an limistéar i ndáileachtaí talún agus bhí forbairt na ndáileachtaí sin nasctha le soláthar an bhonneagair riachtanaigh.

Go dtí seo forbraíodh dhá dháileacht talún (P & Q) go páirteach agus tá cead d'fhorbairt tithíochta faighte ag dáileacht eile (E). Tá an limistéar mar chuid den chéimniú talún foriomlán sa léarscáil chriosaithe agus dáileachtaí P, Q agus E ar áireamh i gCéim 1 (féach Figiúr 3.2).

Tá cead bronnta le haghaidh 542 aonad ar an iomlán agus tá 175 aonad tugtha chun críche laistigh de na dáileachtaí sin. Léirítear an limistéar iomlán i bhFigiúr 3.2 agus tá na dáileachtaí talún imlínithe. I dTábla 3.4 taispeántar na critéir forbartha do dháileachtaí P, Q agus E atá ar áireamh i dtailte chéim 1 den chroístraitéis.

| Tábla 3.4: Na Critéir Forbartha do thalamh sna Purláin Thiar | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Dáileacht ainm* | ***Achar In ha (comhlán)*** | ***Sainghné an limistéir*** | ***Caithfidh an Bonneagar seo a leanas a bheith ann sular féidir an dáileacht seo a fhorbairt*** | ***Caithfidh na saoráidí neamhchónaithe seo a leanas a bheith laistigh de limistéar an phlean sular féidir tithíocht a fhorbairt sa dáileacht seo*** | ***Saoráidí Nach Mór a Bheith sa Dáileacht seo*** | ***Saoráidí Is Féidir a Bheith sa Dáileacht seo*** |
| Bloc E | 3.90 | Cónaithe Ard-Dlúis | 1. Uasghrádú Bhóthar Chill Mhanach idir Pointe '29' agus Pointe '39'<br>2. An Bóthar Faoisimh Laistigh/An Cuarbhóthar idir Pointe '22' agus Pointe '29'<br>3. An Bóthar Faoisimh Laistigh/An Cuarbhóthar idir Pointe '22' agus Pointe '3'<br>4. An Bóthar Dáileacháin idir Pointe '37' agus Pointe '26'<br>5. Uasghrádú Bhóthar Challainn ó Phointe '3' go Pointe '5'.<br>6. Príomhlíonra uisce ó Phointe '26' go Pointe '37'<br>7. Séaraigh uisce bhréin ó Phointe '37' go dtí an sruth éalaithe Pointe '42'.<br>8. Séaraigh uisce dromchla ó Phointe '37' go dtí an sruth éalaithe ag Pointe '31'.<br>9. Príomhlíonra uisce, draenacha uisce bhréin agus uisce dromchla, | | Forbairt cónaithe ag meándlús 36-40 aonad cónaithe/heicteár (14.5-16/acra)<br><br>Creis nó saoráid réamhscoile eile<br><br>Spás Oscailte LP12, leagtha amach agus tírdhreachaithe (agus áit súgartha ann). Ní mór conradh bainistíochta a bheith i bhfeidhm chun sástacht an údaráis phleanála. | Leaba agus bricfeasta/teach aíochta<br>Clinic nó máinliacht<br>Saoráidí Pobail Siopa(í) áise ina bhfuil oll-achar urláir 100 m carnach ar a mhéad.<br>Creis agus/nó grúpa súgartha<br>Láithreán stad/grúpscéim tithíochta, Óstán, teach tábhairne, bialann, caifé, aonaid mhaireachtála/oibre agus ceardlanna beaga,<br>Suiteáil seirbhísí poiblí<br>Teach lucht scoir/agus nó altranais |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | seirbhísí gáis, leictreachais teileachumarsáide agus teilifíse le freastal ar an bhforbairt. | | | |
| Bloc P | 12.70 | Cónaithe Ard-Dlúis/Íseal-dlúis | 1. Uasghrádú Bhóthar Challainn ó Phointe '3' go Pointe '5'.<br>2. An bóthar dáileacháin ó Phointe '7' go Pointe '10'<br>3. An bóthar dáileacháin ó Phointe '8' go Pointe '11'.<br>4. An bóthar Faoisimh Laistigh ó Phointe '3' go Pointe '12'.<br>5. Príomhlíonra uisce ó Phointe '2' go Pointe '8'<br>6. Príomhlíonra uisce ó Phointe '3' go Pointe '12'<br>7. Príomhlíonra uisce ó Phointe '8' go Pointe '11'<br>8. Séaraigh uisce bhréin ó phointí '7', '10' , '3' agus '12 go dtí an sruth éalaithe ag Pointe '13'.<br>9. Séaraigh uisce dromchla ó Phointí '7', '10' , '3' agus '12 go dtí an sruth éalaithe ag Pointe '32'.<br>10. Príomhlíonra uisce, draenacha uisce bhréin agus uisce dromchla, seirbhísí gáis, leictreachais teileachumarsáide agus teilifíse le freastal ar an bhforbairt. | Ceann de limistéir Spás oscailte P2, agus an teideal aistrithe go dtí an t-údarás áitiúil, leagtha amach agus tírdhreachaithe chun sástacht an údaráis phleanála. | Forbairt cónaithe ag meándlús 33-40 aonad cónaithe/heicteár (13-16/acra)<br><br>Creis nó saoráid réamhscoile eile<br><br>Spás Oscailte LP7, leagtha amach agus tírdhreachaithe (agus áit súgartha ann). Ní mór conradh bainistíochta a bheith i bhfeidhm chun sástacht an údaráis phleanála. | Leaba agus bricfeasta/teach aíochta<br>Clinic nó máinliacht<br>Saoráidí Pobail Siopa(í) áise ina bhfuil oll-achar urláir 100 m carnach ar a mhéad.<br>Creis agus/nó grúpa súgartha<br>Láithreán stad/grúpscéim tithíochta, Óstán, teach tábhairne, bialann, caifé, aonaid mhaireachtála/oibre agus ceardlanna beaga,<br>Suiteáil seirbhísí poiblí<br>Teach lucht scoir agus/nó altranais. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Bloc Q | 8.25 | Cónaithe Meándlúis | 1. An luasteorainn 30 míle san uair a leathnú chun Pointe ar Bhóthar Challainn a áireamh<br>2. Uasghrádú Bhóthar Challainn ó Phointe '1' go Pointe '5'.<br>3. An bóthar dáileacháin ó Phointe '2' go Pointe '7'.<br>4. Príomhlíonra uisce ó Phointe '2' go Pointe '7'<br>5. Séaraigh uisce bhréin ó Phointe '7' go dtí an sruth éalaithe ag Pointe '5'<br>6. Séaraigh uisce dromchla ó Phointe '7' go dtí an sruth éalaithe ag Pointe '4'<br>7. Príomhlíonra uisce, draenacha uisce bhréin agus uisce dromchla, seirbhísí gáis, leictreachais teileachumarsáide agus teilifíse le freastal ar an bhforbairt. | Forbairt cónaithe ag meándlús 33-36 aonad cónaithe/heicteár (13-14.5/acra)<br>Creis nó saoráid réamhscoile eile<br>Spás Oscailte LP6, leagtha amach agus tírdhreachaithe (agus áit súgartha ann). Ní mór conradh bainistíochta a bheith i bhfeidhm chun sástacht an údaráis phleanála. | Leaba agus bricfeasta/teach aíochta<br>Clinic nó máinliacht<br>Saoráidí Pobail Siopa(í) áise ina bhfuil oll-achar urláir 100 m carnach ar a mhéad.<br>Creis agus/nó grúpa súgartha<br>Láithreán stad/grúpscéim tithíochta, Óstán, teach tábhairne, bialann, caifé, aonaid mhaireachtála/oibre agus ceardlanna beaga,<br>Suiteáil seirbhísí poiblí<br>Teach lucht scoir agus/nó altranais. |

**An Cuspóir: Fís, beartas agus cuspóirí Phlean Limistéir Áitiúil na bPurlán Thiar 2004 a chur i bhfeidhm chun an ceantar a fhorbairt.**

### 3.4.2 Loch Mocháisc

Glacadh le Plean Limistéir Áitiúil Loch Mocháisc in 2008[34]. Roinneadh an limistéar ina dheich ndáileacht sa Phlean Limistéir Áitiúil, ó A go J, agus leagadh amach clár dian chun an bonneagar ríthábhachtach a sholáthar i gcomhar le forbairt gach dáileachta. Mairfidh ré an phlean go dtí 2018 nuair a dhéanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta.

### 3.4.3 Limistéar Lár na Cathrach

Ón tráth a glacadh le Plean Forbartha 2008 – 2014, tá sé fógartha ag an gcuideachta idirnáisiúnta deochanna Diageo go mbeadh sé ag dúnadh an tsaoráid atá aige faoi láthair ar sheanláithreán grúdlainne Smithwick's. Táthar ag súil go gcuirfear deireadh le táirgeadh ag deireadh na bliana 2013 agus go ndéanfar an láithreán a dhíchoimisiúnú.
Tá sé comhaontaithe ag Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh go gceannóidh siad an láithreán ó Diageo. Tá an láithreán thart ar 5.5 ha agus téann sé ó Ché Bateman go dtí Droichead an Ghraoinigh. Téann an scéim Rochtana Lárnaí agus an Bhréagach tríd an láithreán.

Cuireadh i gcrios d'úsáid thionsclaíoch i bPlean Forbartha 2008 – 2014 é, rud a léiríonn úsáid stairiúil an láithreáin. Tá sé beartaithe an criosú sin a athrú go gnó ginearálta toisc gur acmhainn iontach atá sa láithreán le haghaidh lár na cathrach agus go bhfuil úsáidí nua ag teastáil i gcomhthéacs na físe foriomláine don Chathair agus do na Purláin.

*Plean Limistéir Áitiúil Lár na Cathrach*

Ghlac an Chomhairle Buirge Plean Limistéir Áitiúil Lár na Cathrach in 2005. In ainneoin go bhfuil Plean Limistéir Áitiúil Lár na Cathrach imithe as feidhm leanfaidh an Chomhairle Buirge uirthi ag cur na socruithe seo a leanas i bhfeidhm.

Aithnítear i bPlean Limistéir Áitiúil Lár na Cathrach gur féidir le húsáidí neamh-mhiondíola go háirithe caiféanna, bialanna, tithe tábhairne agus beáir (ach gan ionaid mhearbhia a áireamh) cur le beogacht agus le díol spéise an lárionaid mhiondíola. Tá gá, áfach, le cothromaíocht a bhaint amach idir an gá le lámh in uachtar na feidhme miondíola i lár na cathrach a choinneáil agus an aidhm níos leithne daonra lár na cathrach a mhéadú agus taitneamhachtaí na gcónaitheoirí atá ann cheana a chosaint. Luaitear sa Phlean Limistéir Áitiúil go spreagfar úsáidí den chineál sin teacht go dtí an limistéar ach ba chóir go mbeidís scaipthe ionas nach mbeidh cnuasach ann agus ba cheart dearadh ardcháilíochta a bhaint amach.

Luaitear i mBeartas P.L.U.4 den Phlean Limistéir Áitiúil:

---

[34] Plean Limistéir Áitiúil Loch Mocháisc 2008 Comhairle Contae Chill Channaigh agus Comhairle Buirge Chill Chainnigh

Beidh aird ag an gComhairle Buirge ar na cúinsí seo a leanas nuair a bheidh iarratais ar athrú úsáide sa chroílár miondíola á measúnú:

- Líon agus gaireacht na n-úsáidí dá samhail atá i mbun gnó sa limistéar is neasa cheana féin.
- Scála an asraoin atá beartaithe.
- An tionchar fisiciúil a bheidh ag an úsáid atá beartaithe ar dhéanmhas inmheánach an fhoirgnimh ina mbeidh sé suite.
- Cáilíocht dearaidh na haghaidhe siopa agus na comharthaíochta lena mbaineann.
- Cuspóirí Sonracha ábhartha an Phlean Limistéir Áitiúil seo maidir le talamhúsáidí míchuí san fhearann poiblí.

I gcás úsáidí Tithe Tábhairne agus siamsaíochta, is í an Chomhairle a rialóidh suíomh, méid agus gníomhaíochtaí na n-úsáidí siamsaíochta is dócha a mheallfaidh líon mór daoine, go háirithe tithe tábhairne a bhfuil achar urláir mór acu agus a bhfuil nó nach bhfuil siamsaíocht eile nó clubanna oíche iontu, d'fhonn taitneamhacht ghinearálta, cáilíocht chomhshaoil, taitneamhacht chónaithe, sainghné agus feidhm an limistéir a chosaint.

Nuair atá iarratais á ndéanamh ar fhorbairtí den chineál sin, is faoin iarratasóir a bheidh sé a thaispeáint nach ndéanfadh an úsáid siamsaíochta nua, nó an síneadh leis an úsáid láithreach nó an t-athrú ar uaireanta oscailte atá beartaithe, dochar don taitneamhacht ghinearálta, don cháilíocht chomhshaoil, don taitneamhacht chónaithe, ná do shainghné agus feidhm sheanbhunaithe an limistéir.

I Rannán 2 de Phlean Limistéir Áitiúil Lár na Cathrach, tá straitéis forbartha do lár na cathrach ina bhfuil beartais bainistithe tráchta agus dearaidh uirbigh. Leanfaidh an Chomhairle Buirge de shocruithe Rannán 2 den Phlean Limistéir Áitiúil maidir le hiompar, le páirceáil carranna, le dearadh uirbeach agus le húsáidí talún a chur i bhfeidhm.

Ar mhaithe le soiléireacht, i gcás ina mbíonn an Plean Limistéir Áitiúil bunaidh ag teacht salach ar an bPlean Forbartha Cathrach agus Purláin glactha, tabharfar tús áite don Phlean Forbartha.

I Rannán 3 de Phlean Limistéir Áitiúil Lár na Cathrach, tá creatlacha dearaidh uirbigh le haghaidh 11 láithreán shainithe laistigh de limistéar an phlean. Leanfaidh an Chomhairle Buirge de shocrú Rannán 3 maidir le creatlacha dearaidh uirbigh agus talamhúsáidí do láithreáin áirithe a chur i bhfeidhm. Is cuspóirí leathana dearaidh uirbigh iad sin do gach láithreán i dteannta léaráidí ar leaganacha amach táscacha do gach láithreán. Níl sna léaráidí sin ach léaráidí táscacha agus beidh na tograí deiridh do gach láithreán ag brath ar bheart dearaidh mionsonraithe do gach láithreán.

Aithníodh Cé Bateman mar dheis athfhorbraíochta i Láithreán 2 de Phlean Limistéir Áitiúil Lár na Cathrach. Beidh deis athfhorbraíochta ar fáil do na hÚdaráis Áitiúla laistigh de thréimhse an

Phlean i ngeall ar dhúnadh ghrúdlann Diageo (Smithwick's) sa chathair. Tá an láithreán sin díreach in aice le Cé Bateman. Meastar go bhfuil sé feiliúnach go mbreathnófaí ar athfhorbairt láithreán Ché Bateman i gcomhthéacs tailte Diageo a athfhorbairt.

**Na Cuspóirí:**

- **Máistirphlean agus creatlach dearaidh uirbigh a ullmhú do láithreán Smithwick's agus do Ché Bateman le linn thréimhse feidhme an phlean forbartha.**
- **Socruithe Rannán 2 de Phlean Limistéir Áitiúil Lár na Cathrach maidir le hiompar, le páirceáil carranna, le dearadh uirbeach agus le húsáidí talún a chur i bhfeidhm.**
- **Socruithe Rannán 3 de Phlean Limistéir Áitiúil Lár na Cathrach maidir le creatlacha dearaidh uirbigh agus talamhúsáidí do láithreáin áirithe a chur i bhfeidhm.**

### 3.4.4 Talamh Fostaíochta

Léirítear na príomhlimistéir fostaíochta i bhFigiúr 3.1 mar chuid den straitéis forbartha. Tá siad in lonnaithe ó dheas ó Chuarbhóthar an N10 ag an bPáirc Mhór Thuaidh, an Ráth Mhór, an Loch Buí, Dainbhil, Bóthar Hebron, Inse an Phuirséalaigh agus criosú mar Pháirc Gnó ag Ráth an Leigéadaigh. Tá na cúlsoláthairtí talún seo lonnaithe gar do chonairí iompair atá ann cheana amhail an N9/N10, síneadh an Chuarbhóthair agus nasc mhótarbhealach an N10.

Tá thart ar 412 acra talún úrnua ar fáil ar an iomlán sna criosanna gnó agus tionscail éagsúla. Tá dáileadh straitéiseach tailte ó dheas ón N9/N10 ag an bPáirc Mhór Thuaidh, an Ráth Mhór, an Loch Buí agus Dainbhil is féidir freastal ar pháirceanna Fiontraíochta, Gnó agus Teicneolaíochta d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach tríd an Údarás Forbartha Tionscail agus tailte tionscail ar ardchaighdeán a fhreastalaíonn ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Tá 106 acra talún úrnua nach bhfuil curtha ar leataobh ar fáil lena bhforbairt sa limistéar seo. Tá 25 acra talún criosaithe breise ar fáil freisin inar bronnadh cead do 21 láithreán tionscail seirbhísithe.

Mar gheall ar an gcur chuige seo is féidir gnóthaí agus gnólachtaí a chnuasach, lena n-áirítear na cinn sin atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí idirghaolmhara agus sa chaoi sin déantar soláthar do thairseach chriticiúil gníomhaíochta geilleagraí ag suíomh amháin ar leith.

#### *Criosú Úsáide Measctha*

Tugadh criosú úsáide measctha isteach i bPlean Forbartha 2008 – 2014 d'fhonn athfhorbairt a spreagadh ar Bhóthar Hebron. Rinneadh é sin toisc go rabhthas ag súil go gcríochnófar tionscadal Mhótarbhealach an M10 agus go mbeadh Bóthar Hebron ar cheann de na pointí isteach is tábhachtaí go dtí an chathair dá bharr. Ní dhéanann na talamhúsáidí stairiúla ar Bhóthar Hebron an ról a bheidh ag an mbóthar seo amach anseo mar chonair isteach go dtí an chathair a léiriú ná a chur chun cinn. Tá méid beag athfhorbartha déanta ach tá cuid mhór

éadanas bóthair le hathfhorbairt. Meastar go bhfuil sé oiriúnach dá bhrí sin leanúint ar aghaidh leis an gcriosú úsáide measctha seo.

Beidh ar aon fhorbairt a bheidh ar siúl feadh na conaire seo ról Bhóthar Hebron a chur chun cinn agus a léiriú mar an bpríomhchonair isteach chuig an gcathair. Beidh timpeallacht thógtha ardcháilíochta de dhíth chun é sin a bhaint amach.

### 3.4.5 Na Cuspóirí Criosaithe

Is é an cuspóir atá ag criosú ná an cineál forbartha is oiriúnaí i dtuairim an Údaráis Phleanála i ngach catagóir úsáide talún a chur in iúl d'úinéirí maoine agus don phobal trí chéile. Tá criosú ceaptha úsáidí contrártha a laghdú laistigh de cheantair, acmhainní a chosaint agus, nuair a úsáidtear é in éineacht le céimniú, bonn a chruthú d'infheistíocht i mbonneagar poiblí agus príobháideach agus i saoráidí ag cinntiú ar an gcaoi sin go n-úsáidtear talamh atá oiriúnach d'fhorbairt ar mhaithe le leas an phobail ina iomláine. (Féach Figiúr 3.3 Léarscáil na gCuspóirí Criosaithe.)

Ní mór aird a thabhairt i mbeartas maidir le criosú ar na beartais straitéiseacha is bun leis an bPlean Forbartha. Ina measc tá prionsabail na forbartha inbhuanaithe, comhtháthú talamhúsáide le pleanáil iompair, coincheap na cathrach dlúithe, an straitéis chomharsanachta agus cosaint acmhainní nádúrtha.

Is iad na critéir do bheartas criosaithe:

- Comhthéacs Beartais Náisiúnta/Réigiúnach/Áitiúil. (.i. an SSN, Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt srl.)
- An chroístraitéis atá leagtha amach i Rannán 3.3
- Measúnú ar riachtanas tithíochta
- Cur Chuige Seicheamhach
- Bonneagar uisce, draenála agus bóithre (idir bhonneagar atá ann cheana agus bhonneagar atá beartaithe)
- *Plean maidir le Taisteal Níos Cliste Chathair Chill Chainnigh*
- Bonneagar tacaíochta. (sóisialta, pobail, tráchtála, idir bhonneagar atá ann cheana agus bhonneagar atá beartaithe)
- Oiriúnacht fhisiciúil
- Beartas comhshaoil (cáilíocht an screamhuisce agus an uisce dromchla, tuilte, srl.)
- Beartas oidhreachta
- Measúnacht ar Riosca Tuilte

Ceapadh an straitéis criosaithe chun a chinntiú go bhfuil talamh leordhóthanach, atá seirbhísithe agus lonnaithe mar is cuí ar fáil le freastal ar fhorbairt ordúil na Cathrach agus Purláin ag féachaint don mhéid seo a leanas:

- An gá le leagan amach uirbeach dlúth a sholáthar don Chathair agus do na Purláin agus sraoilleáil uirbeach a laghdú
- An gá le spleáchas ar iompar príobháideach a laghdú
- Deighilt shoiléir a choinneáil idir an ceantar uirbeach foirgnithe agus an ceantar tuaithe
- Dlúis tuaithe inbhuanaithe a chur chun cinn sa Chathair agus sna Purláin
- Forbairt chothrom a chur chun cinn idir limistéir éagsúla na Cathrach agus Purláin.
- Coincheap na comharsanachta a chur chun cinn.
- Lár cathrach beoga agus fuinniúil a chothú

Sa rannán seo:
Ciallaíonn *Úsáid Cheadaithe* úsáid a nglactar leis sa chrios ábhartha. Tá an úsáid fós faoi réir an ghnáthphróisis phleanála, áfach. Is iondúil go nglactar i bprionsabal sna criosanna ábhartha leis na húsáidí atá liostaithe faoi gach cuspóir criosaithe. Níl i Sceideal na nÚsáidí Ceadaithe ach treoir chun measúnú a dhéanamh ar thograí forbartha agus ní bun agus barr an scéil é.

Is éard a chiallaíonn *Úsáid a Fhéadfar a Bhreithniú* ná úsáid a d'fhéadfaí a cheadú dá mbeadh an tÚdarás Pleanála sásta go mbeidh an cineál forbartha atá luaite ag teacht leis na beartais agus na cuspóirí don chrios, agus nach mbeidh sí ag teacht salach ar na húsáidí ceadaithe agus go gcloíonn sí le pleanáil agus forbairt chuí an limistéir.

### *3.4.5.1 Talmhaíocht*

An Cuspóir: Talamh curaíochta a chaomhnú agus a chosaint ar úsáidí nach úsáidí curaíochta iad a bheith ag cur isteach air. Forbairt roimh am ar thalamh curaíochta atá tadhlach le limistéir forbartha a chosc.

Úsáidí Ceadaithe: Talmhaíocht, gairneoireacht, suiteálacha seirbhíse poiblí.

Úsáidí a Fhéadfar a Bhreithniú: Spás Oscailte Poiblí, teach aíochta, bialann, tithe cónaithe i líon beag cásanna áirithe mar atá leagtha amach thíos, láithreán stad, spás oscailte príobháideach, úsáidí eile nach bhfuil ag teacht salach ar phleanáil agus forbairt chuí an limistéir.

**Tithíocht ar Thailte atá Criosaithe le haghaidh Talmhaíochta**

Ní bheidh ach na catagóirí daoine seo a leanas in ann tithe a thógáil ar thailte atá criosaithe le haghaidh talmhaíochta:
- daoine de neasteaghlach an fheirmeora (mic & iníonacha) agus/nó
- Daoine arb í an phríomhfhostaíocht atá acu talmhaíocht, gairneoireacht, foraoiseacht nó eallach folaíochta, nó gníomhaíocht eile atá bunaithe faoin tuath sa limistéar ina bhfuil siad ag iarraidh tógáil.

Is é bunús an bheartais seo úsáid talmhaíochta reatha na limistéar atá criosaithe don chuspóir seo a choinneáil, amhantraíocht talún a chosc agus forbairt uirbeach a chosc a chuirfeadh as d'fheidhmiú na feirmeoireachta agus a dhéanfadh dochar do phleanáil agus forbairt an limistéir amach anseo.

#### *3.4.5.2 Cónaithe Ísealdlúis*

An Cuspóir: Taitneamhachtaí cónaithe ísealdlúis a chosaint, a sholáthar agus a fheabhsú. Sainítear tithíocht ísealdlúis mar dhlús nach mó ná 10 n-aonad sa heicteár (4 san acra) ar an meán agus caithfear aird a thabhairt ar shainghné an limistéir.

Úsáidí Ceadaithe: Teaghaisí, spásanna oscailte, ionaid adhartha, saoráidí pobail, láithreáin stad, suiteálacha seirbhíse poiblí, saoráid chúram leanaí, tithe altranais, Tithe leaba agus bricfeasta agus tithe aíochta, gníomhaíocht gheilleagrach atá bunaithe sa bhaile, páirceanna agus spásanna oscailte, páirceanna imeartha, siopa áise áitiúil, tithe altranais, agus liachtlann.

Úsáidí a Fhéadfar a Bhreithniú: teach tábhairne, óstán, bialann.

#### *3.4.5.3 Cónaithe*

An Cuspóir: Saoráidí cónaithe a chosaint, a sholáthar agus a fheabhsú.

Úsáidí Ceadaithe: Teaghaisí, spásanna oscailte, ionaid adhartha, saoráidí pobail, láithreáin stad, suiteálacha seirbhíse poiblí, saoráid chúram leanaí, tithe altranais, Tithe leaba agus bricfeasta agus tithe aíochta, gníomhaíocht gheilleagrach atá bunaithe sa bhaile, páirceanna agus spásanna oscailte, páirceanna imeartha, siopa áise áitiúil, tithe altranais, agus liachtlann.

Úsáidí a Fhéadfar a Bhreithniú: teach tábhairne, óstán, bialann.

#### *3.4.5.4 Gnó Ginearálta*

An Cuspóir: Soláthar a dhéanamh le haghaidh forbairt ghinearálta.

Úsáidí Incheadaithe:
Teaghaisí, miondíol, trádstóráil miondíola, asraonta mórdhíola, oifigí, foirgnimh phoiblí nó ionaid tionóil, foirgnimh chultúrtha nó oideachasúla, foirgnimh áineasa, láithreáin stad, óstáin, mótarliosanna, tithe aíochta, clubanna, garáistí príobháideacha, spásanna oscailte, suiteálacha seirbhíse poiblí, comhairligh leighis agus gaolmhara, bialanna, tithe tábhairne, carrchlóis, hallaí nó dioscónna, agus úsáidí eile atá ceadaithe agus a fhéadfar a bhreithniú i gcriosanna cónaithe.

Úsáidí a Fhéadfar a Bhreithniú: spás oscailte, ceardlann nó tionscal éadrom.

### 3.4.5.5 Láir chomharsanachta

An Cuspóir: Soláthar a dhéanamh do shiopadóireacht áitiúil, seirbhísí neamh-mhiondíola, riachtanais phobail agus shóisialta.

Úsáidí Ceadaithe: Ollmhargadh (do riachtanais chomharsanachta áitiúla amháin), siopaí nuachta, carrchlós, oifig os cionn leibhéal na sráide, ionad adhartha, leabharlann, foirgneamh poiblí nó ionad tionóil, saoráid chultúrtha nó áineasa, ionad fóillíochta, comhairleacht leighis, Grúpa súgartha nó creis, bialann, teach tábhairne, óstán/mótarlios, teach aíochta, siopa caife, gníomhaireachtaí taistil.

Úsáidí a Fhéadfar a Bhreithniú: spás oscailte, ceardlann nó tionscal éadrom os cionn leibhéal na sráide, siopa eischeadúnais, úsáid chónaithe.

### 3.4.5.6 Áineas, Taitneamhacht agus Spás Oscailte

An Cuspóir: Spás oscailte áineasa a chaomhnú, a sholáthar agus a fheabhsú.

Úsáidí Ceadaithe: Spás oscailte, clubanna spóirt, foirgnimh áineasa, seastáin, pailliúin, úsáidí talmhaíochta, láithreán stad, agus suiteálacha seirbhíse poiblí.

### 3.4.5.7 Saoráidí Pobail

An Cuspóir: Saoráidí pobail a chosaint, a sholáthar agus a fheabhsú.

Úsáidí Ceadaithe: Saoráidí Oideachais céad, dara agus tríú leibhéal, gnóthaí gorlainne atá nasctha le saoráidí tríú leibhéal seanbhunaithe, saoráidí reiligiúnacha agus cultúrtha, foirgnimh phoiblí, scoileanna, séipéil, ospidéil, clochair, ionaid agus hallaí pobail, páirceanna imeartha scoile, coláistí, dílleachtlanna, brúnna, láithreáin stad, reiligí, leabharlanna, suiteálacha seirbhíse poiblí agus tithe altranais.

### 3.4.5.8 Tionsclaíoch/Trádstóráil

An Cuspóir: Soláthar a dhéanamh i gcomhair fostaíocht tionsclaíoch agus úsáidí gaolmhara.

Úsáidí Ceadaithe: Úsáidí tionsclaíocha ginearálta agus oifigí coimhdeacha, spásanna oscailte, trádstórais, clóis carranna agus feithiclí troma, stáisiúin líonta peitril, ionad taitneamhachtaí pobail/athchúrsála, siopa áise áitiúil, Uathmheaisíní bainc, seomraí taispeántais carranna, déanmhais fógraíochta, áitribh mhórdhíola, suiteálacha seirbhíse poiblí, scoil súgartha/creis, garáistí deisiúcháin, déanmhas teileachumarsáide, stáisiúin aistrithe dramhaíola, aonaid trádstórála miondíola aonair (gan páirceanna trádstórála miondíola a áireamh).

Úsáidí a Fhéadfar a Bhreithniú: tionscal bunaithe ar an eolaíocht agus ar an teicneolaíocht, bialann, láithreáin stad.

### *3.4.5.9 Páirc Thionsclaíoch/Teicneolaíochta*

An Cuspóir: Soláthar a dhéanamh d'fhorbairt thionsclaíoch agus oifigí a bhaineann leis an teicneolaíocht faisnéise agus do sheirbhísí coimhdeacha. Is é an cuspóir ná fostaíocht den chineál seirbhísí den chuid is mó a spreagadh ar thimpeallacht champais.

Úsáidí Ceadaithe: Áitribh thionsclaíocha agus tionscail atá lonnaithe in oifigí, Carrchlóis, creiseanna, siopa áise áitiúil, Uathmheaisíní bainc, spásanna oscailte, trádstórais, oideachas tríú leibhéal agus taighde.

Úsáidí a Fhéadfar a Bhreithniú: úsáid/foirgnimh áineasa, suiteálacha seirbhíse poiblí agus saoráidí comhdhála, bialann, stáisiúin aistrithe dramhaíola.

### *3.4.5.10 Páirc Gnó*

An Cuspóir: Soláthar a dhéanamh do ghníomhaíocht tráchtála lena n-áirítear tionscal, forbairt thionsclaíoch agus oifigí a bhaineann leis an teicneolaíocht faisnéise agus seirbhísí coimhdeacha agus trádstóráil miondíola.

Úsáidí Ceadaithe: Carrchlós, saoráid pháirceála agus taistil, saoráid chúram leanaí, saoráid phobail, ionad fiontar, teach tórraimh, tionscal éadrom, comhairligh leighis agus gaolmhara, tionscail atá lonnaithe in oifigí, tionscail atá bunaithe ar an eolaíocht agus ar an teicneolaíocht, seomraí taispeántais carranna, siopa áise áitiúil 100m2 (oll-achar) ar a mhéad, uathmheaisíní bainc, bialann, saoráidí comhdhála, suiteálacha seirbhíse poiblí, óstán, trádstóráil, lena n-áirítear trádstóráil miondíola[35].

Úsáidí a Fhéadfar a Bhreithniú: úsáid/foirgnimh áineasa, suiteálacha seirbhíse poiblí, agus stáisiúin aistrithe dramhaíola.

Ní Cheadaítear: miondíol seachas trádstóráil miondíola

---

[35] Is é an sainmhíniú atá ar thrádstóráil miondíola ná siopaí leibhéal amháin a dhíríonn go sonrach ar dhíol earraí tí toirtiúla nó ar earraí a dhíoltar i mbulc. Is é an sainmhíniú atá ar Earraí Toirtiúla ná:
Earraí a dhíoltar go hiondúil ó thrádstórais mhiondíola ina bhfuil earraí Déan Féin É, nó earraí ar nós troscán leacphaca atá chomh mór agus go dtógtar go hiondúil i gcarranna iad agus nach mbeadh custaiméirí atá ag siúl, ag rothaíocht nó ag tógáil an bhus ábalta iad a láimhseáil, nó go mbeadh gá le hachair urláir mhóra chun iad a thaispeáint m.sh. troscán i bhfoirne seomraí, nó nach bhfuil mór iontu féin ach atá mar chuid de chnuas-cheannach a bheadh toirtiúil m.sh. páipéar balla agus péint. Ar mhaithe le soiléireacht ní áirítear sa sainmhíniú sin míreanna ar nós earraí tí neamh-mharthanacha, deochanna meisciúla agus neamh-mheisciúla, tobac, bia, agus earraí beaga pearsanta agus tí.

Áit a dtugtar cead do thrádstóráil miondíola, beidh coinníollacha ag gabháil leis ionas nach féidir ach earraí toirtiúla a dhíol mar atá sainmhínithe san phlean seo agus cuirfear srian le méid na n-aonad ar leith. Glacfaidh an Chomhairle Contae nó Comhairle Buirge Chill Chainnigh le gníomh forfheidhmiúcháin i gcoinne forbróirí chun a chinntiú go gcomhlíonfar na coinníollacha sin.

### *3.4.5.11 Úsáid Mheasctha*

An Cuspóir: Forbairt na láithreán sna bruachbhailte níos gaire don lár le haghaidh forbairt úsáide measctha a chomhdhlúthú agus a éascú trína mbeifear in ann úsáidí tráchtála agus cónaithe a bhunú.

Úsáidí Ceadaithe: Teaghaisí, spásanna oscailte, ionaid adhartha, saoráidí pobail, láithreáin stad, tithe altranais, Tithe leaba agus bricfeasta, agus tithe aíochta, gníomhaíocht gheilleagrach atá bunaithe sa bhaile, páirceanna agus spásanna oscailte, páirceanna imeartha, carrchlós, saoráid pháirceála agus taistil, saoráid chúram leanaí, saoráid phobail, ionad fiontar, teach tórraimh, tionscal éadrom, comhairligh leighis agus gaolmhara, tionscail atá lonnaithe in oifigí, tionscail atá bunaithe ar an eolaíocht agus ar an teicneolaíocht, siopa áise áitiúil, uathmheaisíní bainc, bialann, saoráidí comhdhála, suiteálacha seirbhíse poiblí, óstán, trádstóráil, lena n-áirítear trádstóráil miondíola[36], siopa bia lascaine.

Úsáidí a Fhéadfar a Bhreithniú: úsáid/foirgnimh áineasa, stáisiúin aistrithe dramhaíola agus teach tábhairne.

### *3.4.5.12 Trádáil Talmhaíochta*

An Cuspóir: Ionad barr feabhais agus ionad ilfhreastail a fhorbairt do thrádáil agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an talmhaíocht ina bhfuil béim ar ghníomhaíochtaí ard-bhreisluacha, trí sholáthar a dhéanamh le haghaidh trádáil talmhaíochta, úsáidí gaolmhara agus gníomhaíochtaí agus seirbhísí coimhdeacha agus iad a fheabhsú agus chun soláthar a dhéanamh le haghaidh fostaíocht thionsclaíoch agus úsáidí gaolmhara.

Úsáidí Ceadaithe: Margadh beostoic, agus úsáidí gaolmhara agus trádáil talmhaíochta, tionscail atá bunaithe ar an teicneolaíocht agus ar an eolaíocht talmhaíochta, siopa áise áitiúil, uathmheaisíní bainc, bialann, feirm/gnó talmhaíochta, Gnó comhairleach feirme, Soláthraithe tréidliachta, cleachtóirí tréidliachta, úsáidí tionsclaíocha ginearálta agus oifigí coimhdeacha, spásanna oscailte, trádstórais, clóis carranna agus feithiclí troma, stáisiúin líonta peitril, ionad taitneamhachtaí pobail/athchúrsála, seomraí taispeántais carranna, déanmhais fógraíochta, áitribh mhórdhíola, scoil súgartha/creis, garáistí deisiúcháin, déanmhas teileachumarsáide, suiteálacha seirbhíse poiblí, stáisiúin aistrithe dramhaíola, ionad garraíodóireachta.

[36] Féach an fonóta thuas chun an sainmhíniú ar thrádstóráil miondíola a fháil.

Ní Cheadaítear: díol earraí comparáide d'ord níos airde a fhaightear i lár na mbailte, leibhéil shuntasacha d'fhorbairt tráchtála/oifigí nach mbaineann le talmhaíocht. Níor chóir go gclúdódh iomlán na n-úsáidí tionsclaíocha agus na n-úsáidí gaolmhara níos mó ná 40% d'achar urláir iomlán na bhfoirgneamh ar an láithreán.

#### *3.4.5.13 Úsáidí neamhchomhréireacha*

Faightear úsáidí ar fud na Cathrach agus Purláin nach bhfuil i gcomhréir leis na cuspóirí criosaithe don limistéar. Féadfar sínithe agus feabhsú na n-áitreabh ina bhfuil na húsáidí sin a cheadú, áit nach ndéanfadh an fhorbairt atá beartaithe díobháil thromchúiseach do thaitneamhachtaí an limistéir nó nach ndéanfaí dochar do phleanáil agus forbairt chuí an limistéir. I gcásanna áirithe, féadfaidh an tÚdarás Pleanála athlonnú na n-úsáidí neamhchomhréireacha a spreagadh, mar shampla trí láithreáin a mhalartú.

#### *3.4.5.14 Limistéir Idirchriosacha*

Cé go léirítear na húsáidí éagsúla a cheadaítear i ngach crios sna cuspóirí criosaithe, tá sé tábhachtach trasdul tobann i scála agus in úsáid a sheachaint ag teorann na gcriosanna úsáide talún atá in aice a chéile. Sna limistéir sin, ní mór forbairtí a dhearadh ar mhodh nach ndéanfadh dochar do thaitneamhachtaí an chreasa is íogaire ó thaobh na timpeallachta de. Mar shampla, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar úsáidí, ar scála, ar dhlús agus ar dhreach tograí forbartha agus ar thograí tírdhreachaithe agus sciata i gcriosanna atá in aice le ceantair chónaithe d’fhonn taitneamhachtaí na gceantar cónaithe sin a chosaint.

### 3.4.6 Cuspóirí na Léarscáile Criosaithe

**Na Cuspóirí Úsáide Talún**

**Z1- Cnoc Riobaird Criosú Úsáide Measctha**

1. Níl ceangal feithiclí le ceadú idir an Scéim Rochtana Lárnaí agus Bóthar Thobar Chainnigh tríd an láithreán.
2. Tá spás oscailte poiblí le cur ar fáil cois na Bréagaí, a bheidh mar chuid de Pháirc Réigiúnach na Bréagaí.
3. Ba chóir go mbeifí in ann teacht ar aon chuid chónaithe den láithreán seo gan stró ón bhfearann páirce.
4. Cuirfear Creatphlean foriomlán den láithreán ar fad isteach ag céim an iarratais phleanála.
5. Ní mór aird chuí a bheith ar thaitneamhachtaí na dteaghaisí cónaithe atá ann cheana i bhforbairt ar bith ar an láithreán seo.

**Z2 - Bóthar Bhaile Átha Cliath Úsáid Mheasctha -** Ní mór tograí forbartha suntasacha a dhéanamh i gcomhthéacs fís fhadtéarmach chun an Crios úsáide measctha ar fad a athfhorbairt mar atá leagtha amach i gcreatlach forbartha a nglacann an tÚdarás Pleanála leis.

**Z3 – Bóthar Hebron-**
Creatphlean Dearaidh Uirbigh a ullmhú do Bhóthar Hebron mar an bpíomhchonair isteach chuig an gCathair.

**Z4 - Muilte Olla Bhóthar an Tuair -** Breathnóidh an Chomhairle ar thograí forbartha ina ndéantar socrú maidir leis an méid seo a leanas:

- úsáid inbhuanaithe as na déanmhais chosanta a bhaint amach,
- Limistéar Caomhantais Speisialta na Feoire a chosaint agus
- na cuspóirí chun Páirc líneach na Feoire a chruthú a bhaint amach

Déanfar aon tograí forbartha den chineál sin ar na tailte a mheasúnú agus gach beartas ábhartha de chuid an Plean Forbartha maidir le hoidhreacht, caomhnú, spás oscailte agus le háineas agus trácht á gcur san áireamh.

**Z5 - Bóthar an Nuintis –** ní mór socrú a dhéanamh i bhforbairt ar bith a dhéanfar ar an láithreán seo maidir le leibhéal cuí spáis oscailte a bheidh deartha agus leagtha amach ar mhodh inar féidir páirc phóca áitiúil a sholáthar le freastal ar an gceantar trí chéile.

**Z6 Newpark Hotel -** beidh forbairt ar bith ag an suíomh seo faoi réir an tÚdarás Áitiúil a bheith sásta nach n-imreofar aon tionchar fadtéarmach ar chóras uisce an tSeascainn agus go bhfeabhsófar rochtain phoiblí ar an Seascann.

**Z7 - Bóthar Phort Láirge -** Ag féachaint do shuíomh na talún ag acomhal Bhóthar Phort Láirge (Bóthar Réigiúnach), Bhóthar an Tondais agus Bhóthar an Nuintis agus in ainneoin go bhfuil siopa miondíola lascaine forbartha ar na tailte agus ag féachaint don chriosú cónaithe ar an láithreán, is féidir a áireamh mar thuilleadh forbartha ag an suíomh seo úsáidí ilghnéitheacha amhail creis, liachtlann, úsáidí neamh-mhiondíola eile amhail seirbhísí pearsanta agus gairmiúla i dteannta úsáid oifige. Is féidir le céatadán na n-úsáidí neamhchónaithe a bheith níos mó ná céatadán na n-úsáidí cónaithe ach ba chóir go mbeadh céatadán mór de na húsáidí ilghnéitheacha atá beartaithe ar an talamh ina n-úsáidí cónaithe. Caithfear aghaidh a thabhairt ar an mbloc ar fad in aon togra forbartha ar an láithreán seo. Ní bhreathnófar ar aon mhiondíol breise don láithreán seo.

**Z8 - Cnoc Riobaird, an Cuarbhóthar -** Ag féachaint do mhéid na forbartha cónaithe sa limistéar seo, áireofar i bhforbairt ag an suíomh seo úsáidí ilghnéitheacha amhail siopa beag, creis, úsáidí neamh-mhiondíola eile amhail siopa gruagaire agus beag beann ar an gcriosú cónaithe, méid beag spás oifige. Féadfaidh líon na n-úsáidí measctha neamhchónaithe a bheith níos mó ná líon na n-úsáidí cónaithe ar an gcoinníoll go gcomhlíonfadh togra ar bith na gnáthchaighdeáin chainníochtúla agus ceanglais bheartais eile de chuid an Phlean Forbartha.

**Z9 - An Pháirc Nua Uachtarach, Bóthar Thobar Eoin** – chun forbairt ar scála cuí a éascú de réir an chriosaithe mar Pháirc Ghnó agus socrú a dhéanamh chun páirc líneach a chruthú cois Abhainn Pococke tríd na tailte seo ag a mbeidh rochtain phoiblí agus naisc chuí.

**Z10 - Ospidéal Naomh Cainneach -** Obair le FSS agus le páirtithe leasmhara eile chun creatphlean a ullmhú le haghaidh na dtalamhúsáidí is feiliúnaí laistigh de thailte Ospidéal Naomh Cainneach. I gcreatphlean den chineál sin, cuirfear na talamhúsáidí ar fad ata ann cheana san áireamh agus forbrófar creatlach le haghaidh na dtalamhúsáidí agus na gcritéar dearaidh uirbigh a fheileann do na tailte.

# 4 Forbairt Gheilleagrach

## 4.1 Réamhrá

Tá an cor geilleagrach in Éirinn athraithe go huile is go hiomlán ón tráth a glacadh leis an bPlean Forbartha deireanach (2008 – 2014). Nuair a thomhaistear í i gcoinne na dtáscairí caighdeánacha, .i. Olltáirgeacht Intíre (OTI), Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN), táirgeacht tithe nua, ioncaim chánach, agus leibhéil dífhostaíochta, feictear go bhfuil feidhmíocht gheilleagrach laghdaithe go géar. Ó shin i leith, tá dífhostaíocht níos airde, géarchéim bhaincéireachta agus cliseadh mhargadh na réadmhaoine tar éis titim amach in Éirinn.

Bíonn ról lárnach ag na húdaráis áitiúla ó thaobh tacú le forbairt gheilleagrach agus le fiontraíocht ar an leibhéal áitiúil. Déanann siad an méid sin ar roinnt bealaí, lena n-áirítear trína mbuiséid chaipitil agus reatha a úsáidtear chun a bhfeidhmeanna lárnacha a mhaoiniú. Áirítear orthu sin pleanáil agus forbairt fhisiciúil, taighde agus anailís shocheacnamaíoch a dhéanamh, bonneagar áitiúil a sholáthar, lena n-áirítear bonneagar iompair agus uisce, rud atá ríthábhachtach d'fhiontair agus do bhonneagar pobail chomh maith. Is gníomhaí tábhachtach iad chomh maith ó thaobh cuspóirí beartais náisiúnta a sholáthar ar bhonn áitiúil.

Ar an leibhéal náisiúnta, thug na Comhairlí aird ar roinnt foilseachán Rialtais nuair a bhí an Plean seo agus an straitéis gheilleagrach sa chaibidil seo á gcur i dtoll a chéile acu, mar seo a leanas:

- Supporting Economic Recovery and Jobs – *Locally*[37]
- Action Plan for Jobs[38]
- Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn[39]
- Delivering our Green Potential - Government Policy Statement on Growth and Employment in the Green Economy[40]
- Fómhar Bia 2020[41]

Tá cosaint an chomhshaoil agus caomhnú na bithéagsúlachta ríthábhachtach ionas go mbainfear amach na spriocanna faoi Fómhar Bia 2020, agus ionas go gcothófar ardcháilíocht beatha agus

[37] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ***Supporting Economic Recovery and Jobs – Locally*** *Local Government Sectoral Strategy to Promote Employment and Support Local Enterprise*, 2012

[38] An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, **Action Plan for Jobs**, 2012

[39] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn, 2012

[40] Rialtas na hÉireann, Delivering our Green Potential - Government Policy Statement on Growth and Employment in the Green Economy, 2012

[41] An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Fómhar Bia 2020, Fís d'agraibhia agus d'iascaigh na hÉireann, 2010

mealltacht cathracha, bailte, sráidbhailte agus suíomhanna eile. Tá sé tábhachtach le haghaidh cinntí infheistíochta ó infheisteoirí gnó eachtracha agus intíre araon.

Is réamhriachtanas é an Plean Forbartha atá mar chrann taca ag forbairt gheilleagrach agus fostaíocht. Tá cuspóirí sa Phlean seo chun cáilíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú agus chun an oidhreacht thógtha agus nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú, rudaí a mheastar a bheith riachtanach ar mhaithe le téarnamh geilleagrach inbhuanaithe a shaothrú.

## 4.2 An Geilleagar Glas

Beidh forbairt an gheilleagair ghlais ina n-aithnítear an méid seo a leanas mar chuid lárnach den iarracht chun téarnamh geilleagrach na hÉireann a shaothrú:

- na deiseanna chun infheistíocht a mhealladh agus jabanna a chruthú in earnálacha atá ag teacht chun cinn amhail fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh agus bainistíocht dramhaíola agus uisce, agus
- go gcuireann an cur chuige inbhuanaithe seo i leith forbairt gheilleagrach le príomhláidreacht an gheilleagair ó thaobh úsáid a bhaint as acmhainní nádúrtha sna hearnálacha talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh, turasóireachta agus fuinnimh.

I measc phríomhghníomhaithe fáis an Gheilleagair Ghlais ar fud an domhain tá, spriocanna chun astuithe a laghdú, an méadú ar phraghsanna breosla iontaise, an laghdú ar acmhainní nádúrtha, tionchar an athraithe aeráide, reachtaíocht chomhshaoil agus roghanna na gcustaiméirí. Tríd an ngeilleagar glas a fhorbairt, tugtar deis do ghnóthaí costais a laghdú, a bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú agus páirt a ghlacadh san athrú chuig paraidím gheilleagrach nua.

Tá an rialtas áitiúil mar chuid den líonra cúnaimh do ghnóthaí agus do thionscail ó thaobh an beart sin a dhéanamh, lena n-áirítear trí ghníomhaíocht faoin bplean gníomhaíochta maidir le soláthar poiblí glas, *Tairiscintí Glasa*[42] agus *Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn* atá faoi lánseol agus ina leagtar amach raon na mbeart comhshaoil, geilleagrach, agus sóisialta a bhfuil gá leo chun fís na gclár oibre seo a fhíorú.

## 4.3 Forbairt Gheilleagrach & Oidhreacht

Tá féiniúlacht agus forbairt gheilleagrach Chontae Chill Chainnigh fite fuaite lena oidhreacht. Is sócmhainní ríthábhachtacha iad sainghné agus cultúr an chontae a chabhraíonn leis an gcontae dul san iomaíocht mar cheann scríbe turasóireachta agus mar shuíomh gnó ar mhaith le hinfheisteoirí é a roghnú.

[42] An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, *Tairiscintí Glasa*: *Plean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Poiblí Glas, 2012*

Tá borradh faoin turasóireacht oidhreachta agus chultúrtha ar fud an domhain agus meastar go gcuireann an turasóireacht chultúrtha €2bn in aghaidh na bliana le geilleagar na hÉireann agus tá sí ar cheann de na hearnálacha turasóireachta is mó fás. In 2011 b'fhiú €5.7bn an turasóireacht i ngeilleagar na hÉireann agus b'fhiú €1.8bn an turasóireacht intíre amháin. I suirbhéanna bliantúla tá sé ráite arís is arís eile ag turasóirí go bhfuil an oidhreacht ar cheann de na nithe is mó a mheallann iad chun cuairt a thabhairt ar Éirinn agus téann beirt as gach triúir cuairteoirí chuig láithreán oidhreachta nó áit is díol spéise do chuairteoirí[43]. I suirbhé ar chuairteoirí a rinne Turasóireacht Chill Chainnigh, chuir 78% de na cuairteoirí in iúl gurbh í an oidhreacht an chúis is mó a bhí acu le cuairt a thabhairt ar Chill Chainnigh[44].

Sa tionscnamh “Invest Kilkenny” ( a bhunaigh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh chun infheistíocht a chur chun cinn agus a éascú ó chuideachtaí nua agus reatha i gCill Chainnigh) aithnítear agus cuirtear chun cinn oidhreacht, saol cultúrtha agus cáilíocht beatha na cathrach agus an chontae. I suirbhé a rinne IPSOS Mori don Oifig Oidhreachta in 2007[45], dúirt 93% de na freagróirí go raibh an oidhreacht an-tábhachtach nó cuibheasach tábhachtach ó thaobh cáilíocht na beatha a fheabhsú i gCill Chainnigh.

I staidéar a choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta[46], leagadh amach an réasúnaíocht gheilleagrach le hinfheistíocht a dhéanamh san oidhreacht thógtha. Aithnítear ann go gcuireann an timpeallacht stairiúil go mór le geilleagar náisiúnta na hÉireann, agus go bhfuil coibhéis beagnach 25,000 post lánaimseartha á gcur ar fáil go díreach dá barr. Nuair a chuirtear na tionchair indíreacha san áireamh, meastar go dtacaíonn an earnáil le coibhéis thart ar 40,000 post lánaimseartha in Éirinn. Ina theannta sin, meastar go gcuireann an timpeallacht stairiúil thart ar €1.5 billiún le hOll-Bhreisluach an náisiúin.Dá bhrí sin, tá buntáistí suntasacha geilleagracha ag baint le cur chun cinn luach na hoidhreachta tógtha agus infheistiú a dhéanamh chun í a bhainistiú, a chosaint agus a fheabhsú.

Déantar Cathair Chill Chainnigh a mhargú mar cheann scríbe oidhreachta agus tá líon mór nithe sa chathair a bhaineann le cúrsaí oidhreachta ar díol spéise do chuairteoirí iad. Tá deiseanna iontacha ann cur le cion na hoidhreachta ar son fhorbairt gheilleagrach Chill Chainnigh. Is é cuspóir an Phlean Forbartha seo tacú go gníomhach le cosaint, le caomhnú agus le feabhsú na hoidhreachta cultúrtha i gCill Chainnigh ar mhaithe le leas mhuintir Chill Chainnigh agus díriú ar an turasóireacht chultúrtha mar mhórghníomhaí geilleagrach sa chontae. Tá an méid sin ag teacht leis an gcur chuige i leith na turasóireachta atá leagtha amach sa straitéis gheilleagrach agus leis an bhfís fhoriomlán don Phlean Forbartha.

[43] Fáilte Éireann, *Tourism Facts 2011,* 2012

[44]Turasóireacht Chill Chainnigh, *Kilkenny Tourism Research Programme,* 2004

[45] IPSOS Mori. *Market Research on Heritage Awareness and Attitudes in Co. Kilkenny,* 2004.

[46] Ecory’s & Fitzpatrick Associates, *Economic Value of Ireland's Historic Environment*, 2012

Sócmhainn shuntasach bhreise don chontae is ea an oidhreacht nádúrtha. Tugann an oidhreacht nádúrtha seirbhísí éagsúla saor in aisce a thugann go leor buntáistí don tsochaí agus don gheilleagar. Tacaíonn timpeallacht nádúrtha ardcháilíochta leis an ngeilleagar trí fhostóirí, cuairteoirí agus infheistíocht isteach a mhealladh chun an chontae. Meastar de réir taighde a choimisiúnaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go gcuireann an bhithéagsúlacht agus éiceachórais €2.6bn le geilleagar na hÉireann gach bliain.[47]

Tá cosaint agus bainistíocht inbhuanaithe leanúnach na bithéagsúlachta riachtanach ionas go leanfar leis an tairbhe a bhaineann léi. Má tá an tairbhe is mó le baint as sócmhainní nádúrtha ba cheart bonneagar glas a chur ar fáil mar chuid lárnach d'fhorbairt inbhuanaithe in éineacht le cineálacha eile bonneagair, mar shampla, fóntais agus gréasáin iompair. Aithnítear ann tábhacht an Bhonneagair ghlais mar shócmhainn ar féidir luach taitneamhachta rí-ard ó thaobh na turasóireachta a bheith aici.[48] Tá rannán faoin mBonneagar Glas i gCaibidil 7.

## 4.4 Straitéis Gheilleagrach do Chill Chainnigh

Ar an leibhéal straitéiseach laistigh de Chathair agus de Chontae Chill Chainnigh, aithníodh cúig earnáil ina bhfuil tionscnaimh forbartha ar leith le cur i gcrích ag na hÚdaráis Áitiúla. Ba iad na réimsí a bhí i gceist ná:

- Forbairt Taighde agus Oideachais Tríú agus Ceathrú Leibhéal
- An Gnó Agraibhia
- Forbairt Seirbhísí
- Turasóireacht, na hEalaíona agus Fóillíocht
- Na hEolaíochtaí Beatha (lena n-áirítear Cógaisíocht agus béim faoi leith ar Belview)

Ghlac an dá údarás áitiúla leis an Straitéis Gheilleagrach sin i Meitheamh 2010. Cé go bhfuil roinnt de na tionscadail a phléitear lonnaithe lasmuigh de limistéar an phlean forbartha don chathair, áirítear iad sa phlean cathrach mar chuid den straitéis gheilleagrach níos leithne don chathair agus don chontae.

### 4.4.1 Forbairt Taighde agus Oideachais Tríú agus Ceathrú Leibhéal

Tá obair curtha i gcrích chun aonad Taighde agus Nuálaíochta 3ú/4ú leibhéal a sholáthar i gColáiste Naomh Ciarán. Is comhfhiontar é seo idir Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (Grúpa Teileachumarsáide, Bogearraí & Córas) agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Tá an lárionad dírithe ar an gcéad ghlúin eile de sheirbhísí idirlín agus nuálaíocht seirbhísí. Cabhrófar leis an lárionad trí chomhoibriú le hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad, agus le hinstitiúidí 3ú leibhéal eile. Beidh lárionad Chill Chainnigh ina mhol do

---

[47] Bullock, C. et al. 2008. *The Economic and Social Aspects of Biodiversity — Benefits and Costs of Biodiversity in Ireland.*

[48] Fáilte Éireann, Historic Towns in Ireland: Maximising Your Tourism Potential

shaineolas teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus don chéad ghlúin eile d'fhorbairt idirlín le haghaidh cuideachtaí sna hearnálacha airgeadais, baincéireachta, agus árachais.

Tá obair ag dul ar aghaidh le coiste stiúrtha Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad chun campas foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt i gColáiste Naomh Ciarán.

I gClár an Rialtais déantar socrú d'Ollscoil Teicneolaíochta de chuid an Oirdheiscirt. Chomh maith leis sin d'fhéadfadh na húdaráis áitiúla taighde agus nuálaíocht a úsáid mar mhodh chun tacú le cruthú jabanna agus chun comhtháthú níos fearr na n-institiúidí áitiúla ó thaobh soláthar tacaíochtaí don earnáil fiontraíochta áitiúil a chur chun cinn. Is féidir le húdaráis áitiúla cur chuige níos réamhghníomhaí a fhorbairt chun gnéithe den obair a dhéanann ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus institiúidí taighde a chomhtháthú agus a ghlacadh chucu féin le linn dóibh a dtacaíochtaí gnó á soláthar agus caidreamh oibre níos fearr a fhorbairt le hinstitiúidí léinn.Tacóidh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh go gníomhach le forbairt Ollscoil Teicneolaíochta do Réigiún an Oirdheiscirt.

**An Cuspóir: Comhoibriú idir Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh, institiúidí tríú leibhéal reatha agus an Ollscoil Teicneolaíochta atá beartaithe don Oirdheisceart a mhéadú chun tacú le cruthú fostaíochta, nuálaíocht agus foghlaim ar feadh an tsaoil.**

### 4.4.2 An Gnó Agraibhia

Bunaíodh grúpa bia ardleibhéil ina bhfuil ionadaithe ón earnáil agraibhia lena n-áirítear Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus LEADER chun dul chun cinn a dhéanamh leis an gcontae faoi Fómhar Bia 2020. Bíonn an grúpa ag plé le ceithre réimse;

a) an soláthar bainne a mhéadú i ndiaidh 2015
b) inbhuanaitheacht bia
c) bealaí níos fearr chun an mhargaidh d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide
d) lárionad/lárionaid feabhais le haghaidh bia a fhorbairt

Bunaíodh meitheal teicniúil freisin ina bhfuil ionadaithe ó Teagasc, ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, ón Roinn Talmhaíochta, ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ón bhFoireann Bainistíochta Abhantraí agus ó na húdaráis áitiúla chun saincheisteanna bainistíochta comhshaoil a scagadh maidir leis an soláthar bainne a mhéadú. Tá naisc idir an grúpa seo le hobair atá á déanamh ar an leibhéal náisiúnta ag an Roinn Talmhaíochta agus ag Bainistíocht Abhantraí. Treoirthionscadal a bheidh i gCill Chainnigh. Déantar rud tábhachtach leis an tionscnamh seo ná Cill Chainnigh a fhorbairt mar láthair táirgeachta ceardbhia agus mar láthair do bhonneagar comhshaoil atá ar thús cadhnaíochta faoi bhranda Fómhar 2020.

**An Cuspóir**

**Cosaint an chomhshaoil ar ardchaighdeán a chinntiú nuair atá measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála ar gach togra forbartha.**

### 4.4.3 Forbairt Seirbhísí

Tá naisc á bhforbairt le cuideachtaí ilnáisiúnta sna hearnálacha Seirbhísí Airgeadais agus Teicneolaíochta Faisnéise. Tá an tionscnamh faoi oideachas agus taighde 3ú/4ú leibhéal dírithe ar na hearnálacha airgeadais, baincéireachta agus árachais. In obair thaighde an Ghrúpa Teileachumarsáide, Bogearraí & Córas féachtar ar an gcéad ghlúin eile d'fheidhmiúcháin sna hearnálacha sin.

A bhuí leis an infheistíocht atá déanta sa Lárionad Taighde agus Nuálaíochta ag Coláiste Naomh Ciarán, is lárionad tábhachtach le haghaidh na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide í Cill Chainnigh den chéad uair agus tá cumas náisiúnta nua inti ó thaobh seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus go háirithe ó thaobh na n-earnálacha airgeadais, baincéireachta agus árachais. Beidh an lárionad ina acmhainn agus ina ionad tarraingteach nua le haghaidh oibríochtaí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus airgeadais na gcuideachtaí móra ar fad.

**An Cuspóir:**

**A chinntiú go bhfuil dóthain talún fostaíochta ar thimpeallacht champais ar fáil laistigh den Chathair don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide agus do thionscail teicneolaíochta atá lonnaithe in oifigí ag na láithreacha straitéiseacha cuí.**

### 4.4.4 Turasóireacht, na hEalaíona agus Fóillíocht

Tá an turasóireacht aitheanta mar ghníomhaí suntasach i bhfás an gheilleagair áitiúil. Tá ról tábhachtach geilleagrach ag an turasóireacht laistigh den chathair agus den chontae, agus scaiptear an t-ioncam a fhaightear ó ghníomhaíocht turasóireachta ar fud raon leathan d'earnálacha geilleagracha. Measann Fáilte Éireann gur chaith cuairteoirí os cionn €360 milliún a bhain leis an tionscal turasóireachta i Réigiún an Oirdheiscirt in 2010 agus go bhfuil 10,000 jab ar a laghad á gcothú aici[49].

Bunaithe ar an méid a bhí ag Cill Chainnigh ó thaobh táirge turasóireachta cheana féin, rinne na húdaráis áitiúla iarracht roinnt tionscnamh don bhonneagar turasóireachta a chur i dtoll a chéile a chuirfeadh luach breise le táirge turasóireachta Chill Chainnigh.

Forbraíodh pacáiste ar a dtugtar 'an Míle Meánaoiseach', atá bunaithe ar 6 thionscadal, mar thoradh air sin. Fuarthas maoiniú deontais ó Fáilte Éireann in 2012. Is iad seo a leanas na tionscadail:

1. Feabhsú an fhearainn phoiblí ón bParáid go dtí an Baile Gaelach
2. Músaem nua, a bheidh ina dhíol spéise náisiúnta agus áitiúil, atá le lonnú i Halla Mhuire nuair a bheidh sé athchóirithe,

[49] Fáilte Éireann, *Destination South-East A Strategic Plan and Work Programme 2011-2013,* Márta 2011

3. Gairdín mór cois dhá bhruach na Feoire idir Droichead Eoin agus Droichead an Ghraoinigh,
4. Teach Evans a athchóiriú chun Dánlann an Bhuitléaraigh nua a áireamh,
5. Oifig turasóireachta nua a bheidh lonnaithe i Halla na Cathrach, agus
6. Déanmhas gairdín ingearach sa Bhaile Gaelach in aice leis an mbealach isteach chuig láithreán grúdlainne Smithwick's.

Tá tús curtha le pleanáil agus comhairliúchán mionsonraithe ar an bhfearann poiblí agus cuireadh tús le hobair dhearaidh ar thionscadal Halla Mhuire freisin. Beidh infheistíocht iomlán €15m i gceist le haghaidh na sé thionscadal ar fad thar shaolré Phlean 2014 go dtí 2020.

Cabhróidh forbairt na nithe is díol spéise seo sa chathair chun an táirge turasóireachta don chathair agus don chontae a fheabhsú as a dtiocfaidh méadú ar líon na dturasóirí agus gníomhaíocht gheilleagrach níos mó.

**An Cuspóir:**

- **Na sé thionscadal a bhaineann le tograí an Mhíle Mheánaoisigh a bhaint amach agus a chur i ngníomh le linn thréimhse feidhme Phlean 2014– 2020 don chathair agus don chontae.**

### 4.4.5 Na hEolaíochtaí Beatha lena n-áirítear Cógaisíocht agus béim faoi leith ar Belview

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh, an tÚdarás Forbartha Tionscail, agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tar éis os cionn €13m a infheistiú i mbonneagar uisce i gcrios forbartha straitéisí Belview. Chomh maith leis sin tá acmhainn shuntasach fhorchoimeádta san ionad cóireála fuíolluisce a fhreastalaíonn ar chathair Phort Láirge atá lonnaithe in Belview.

Mar gheall air sin, tá láithreán agus ceantar máguaird iomlán seirbhísithe ar fáil atá ullamh le haghaidh forbairt straitéiseach agus infheistíocht dhíreach eachtrach. Roghnaigh an chuideachta bia ilnáisiúnta Glanbia ceantar Belview mar láithreán ina ndéanfar infheistíocht €150m mar chuid den leathnú atá beartaithe aige chun soláthar bainne méadaithe a chur ar fáil i ndiaidh 2015. Tá tús curtha leis an obair ar an tionscadal in Belview.

## 4.5 Láithreacha Straitéiseacha d'Fhiontair agus d'Fhostaíocht

Tá dhá láthair straitéiseacha le haghaidh fiontar agus fostaíochta a bhfuil tábhacht náisiúnta agus réigiúnach leo i gContate Chill Chainnigh. Is iad sin Cathair Chill Chainnigh agus na Purláin agus Calafort Belview i bpurláin Chathair Phort Láirge laistigh de Chontae Chill Chainnigh. Chomh maith leis sin comhlíonann na ceithre Bhaile Ceantair ról tábhachtach ó thaobh forbairt laistigh den chontae a bhrú chun cinn.

### 4.5.1 Cathair Chill Chainnigh

Tá go leor láidreachtaí ag Cill Chainnigh mar shuíomh mealltach do thionscail toisc go bhfuil na buntáistí seo a leanas aici:

- Is í príomhchathair riaracháin an Chontae í;
- Tá an chathair agus na purláin réasúnta mór agus daonra 24,423 (in 2011) acu
- Tá sí ainmnithe mar Mhol faoin Straitéis Spáis Náisiúnta;
- Tá ceangail mótarbhealaigh aici le Baile Átha Cliath, Port Láirge agus Calafort Belview.
- Tá bonneagar den scoth inti i dtéarmaí bóithre, iarnród, aerfort agus calafort – níl sí ach 120 km ó aerfort Bhaile Átha Cliath agus 45 km ó na saoráidí calafoirt in Belview i nDeisceart Chill Chainnigh agus ó Aerfort Réigiúnach an Oirdheiscirt i bPort Láirge;
- Taitneamhachtaí sóisialta agus fóillíochta den scoth agus timpeallacht uirbeach agus nádúrtha dea-cháilíochta;
- Tá sí gar do choláistí tríú leibhéal éagsúla san oirdheisceart agus tá naisc tríú leibhéal á bhforbairt le hInstitiúidí Teicneolaíochta Cheatharlach agus Phort Láirge sa chathair. Chomh maith leis sin tá forbairt leanúnach á déanamh ar shaoráidí for-rochtana ó Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad i gCill Chainnigh.

**An Cuspóir:**
**A chinntiú go bhfuil caighdeán agus raon sásúil talún ar fáil d'fhorbairt fiontar agus go soláthraítear an bonneagar feiliúnach.**

### 4.5.2 Calafort Belview

Tá limistéar Chalafort Belview lonnaithe thart ar 5km i dtreo bhéal na habhann ó Chathair Phort Láirge in inbhear na Siúire.Is sócmhainn straitéiseach náisiúnta, réigiúnach agus contae é an Calafort ag Belview a bhfuil naisc mhaithe bhóithre agus iarnród aici. Ba cheart ról agus le stádas an chalafoirt a neartú ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach ar aon dul leis an SSN trí thacú le beartas maidir le hiompar lastais atá ilchórach agus cothrom agus a chosnaíonn tábhacht an iompair iarnróid mar mhodh rochtana ar an gcalafort.

Tá ceangail bhóithre den scoth ag an gcalafort leis an ngréasán náisiúnta mótarbhealaigh trí bhealaí an N29 agus N25 agus tá sé tar éis leas mór, ó thaobh rochtana, a bhaint as soláthar Sheachbhóthar Phort Láirge agus as na ceangail a théann ar aghaidh via mótarbhealach an M9.

## 4.6 Straitéis Miondíola

Ghlac Comhairle Contae Chill Channaigh agus Comhairle Buirge Chill Chainnigh le céad Straitéis Miondíola Cathrach agus Contae Chill Chainnigh in 2002. Tá roinnt athbhreithnithe déanta ar an straitéis ó shin i leith (in 2005 agus arís in 2008). Glacadh le straitéis na bliana 2008 roimh an gcliseadh geilleagrach a tharla i Meán Fómhair na bliana sin.

Bhí straitéis na bliana 2008 ag feidhmiú i raon cúinsí geilleagracha ina raibh ionchais maidir le fás geilleagrach, ioncaim indiúscartha agus fás daonra níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leo in 2007/2008 nuair a ullmhaíodh an straitéis.

Ba chuid thábhachtach den athbhreithniú é an fhaisnéis bhonnlíne a thabhairt cothrom le dáta. Bhí an méid seo a leanas i measc nithe eile i gceist leis:

- Athbhreithniú ar fhigiúirí agus ar réamh-mheastacháin daonra
- An suirbhé ar spás urláir a thabhairt cothrom le dáta
- Suirbhéanna ar theaghlaigh agus ar lucht siopadóireachta
- Measúnacht leathan ar acmhainn i leith an riachtanais a bhaineann le spás urláir miondíola breise
- Na measúnuithe ratha ar Chathair Chill Chainnigh, ar Challainn, ar Chaisleán an Chomair, ar Ghráig na Manach agus ar Bhaile Mhic Andáin a thabhairt cothrom le dáta

Ba é cuspóir an athbhreithnithe ná a chinntiú go gcomhlíonfaí ceanglais na *dTreoirlínte Pleanála Miondíola*[50] sa Phlean Forbartha .i.:

- Deimhniú an ordlathais mhiondíola,
- Príomhlimistéar miondíola lár na mbailte a shainiú,
- Measúnacht leathan ar an riachtanas a bhaineann le spás urláir miondíola breise,
- Treoir straitéiseach maidir le suíomh agus le scála na forbartha miondíola,
- Beartais agus tionscnaimh ghníomhaíochta a ullmhú leis an bhfeabhsú ar lár bailte a spreagadh,
- Critéir a aithint chun forbairtí miondíola a mheasúnú.

### 4.6.1 Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn

Ón tráth a glacadh le Straitéis Miondíola 2008, cuireadh roinnt forbairtí miondíola i gcrích sa chathair agus sa chontae, ina measc, forbairt miondíoltóirí lascaine i gceithre láithreán laistigh de Chathair Chill Chainnigh agus de na purláin, agus i gCallainn. Tá lárionad siopadóireachta Phort an Chalaidh curtha i gcrích ach níor osclaíodh fós é.

Feabhsaíodh tairiscint na siopaí áise sa chathair agus sa chontae trí chéile i rith thréimhse an phlean dheireanaigh. Bunaíodh lárionad siopadóireachta Acomhal Mhic Dhonncha ag deireadh na bliana 2007 agus tá sé ag trádáil ó shin i leith. Tá miondíol ar bhonn comparáide agus miondíol áise breise i láthair ardcháilíochta á dtairiscint do Chathair Chill Chainnigh agus do na Purláin sa lárionad.

### 4.6.2 Ordlathas Miondíola an Chontae

I bhfianaise an athbhreithnithe a rinneadh ar an ordlathas miondíola i straitéis na bliana 2008 i gcomhthéacs na dtosca agus na dtionchar atá athraithe ó glacadh le straitéis na bliana 2008, tá an t-ordlathas seo a leanas beartaithe.

| Tábla 4.1: Ordlathas Miondíola an Chontae | |
|---|---|
| Leibhéal/Feidhm Miondíola | Lár |

[50] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, *Guidelines for Planning Authorities, Retail Planning*, 2012

| | |
|---|---|
| Leibhéal 1 Lár Baile Mhóir/Baile Contae | Cathair Chill Chainnigh agus na Purláin |
| Leibhéal 2<br>Lár Ceantair | Port an Chalaidh (cuid de phurláin Phort Láirge ) |
| Leibhéal 3<br>Baile ceantair/baile contae den dara grád | Callainn<br>Baile Mhic Andáin<br>Caisleán an Chomair<br>Gráig na Manach |
| Leibhéal 4 Lár Comharsanachta | Mar atá ainmnithe do Chathair Chill Chainnigh agus do na Purláin (an Pháirc Nua, an Loch Buí, Loch Mocháisc, na Purláin Thiar) agus do limistéar Phort an Chalaidh/Belview i bPurláin Chathair Phort Láirge |
| Leibhéal 5 Lár Baile Bhig/Sráidbhaile/Ceantar Tuaithe | Cinn éagsúla |

Is iad na mionathruithe ná go bhfuil ainmniú leibhéal 3 simplithe i gcatagóir Baile ceantair/baile contae den dara grád amháin le gach baile ceantair sa chontae a áireamh, agus go bhfuil lárionad siopadóireachta Phort an Chalaidh ainmnithe mar lár ceantair. Tá an t-ordlathas seo ag teacht leis an gcroístraitéis agus leis na *Treoirlínte Pleanála Miondíola*.

### 4.6.3 Príomhlimistéar Miondíola

Deimhnítear leis an athbhreithniú ar na príomhláir laistigh den chontae nach mbaineann an Príomhlimistéar Miondíola ach le Lár Chathair Chill Chainnigh agus nach bhfuil dóthain scála ag baint leis na ceithre Bhaile Ceantair chun cur chuige den chineál sin a ghlacadh. Meastar gur chóir go mbeadh an cur chuige chun na bailte sin a fhorbairt ag teacht le scála agus le sainghné na forbartha atá ann cheana agus ba chóir go mbeadh sé faoi threoir fhorálacha na *dTreoirlínte Pleanála Miondíola* agus an Phlean Limistéir Áitiúil ábhartha. Déanfar athbhreithniú ar an ordlathas miondíola arís le linn raon feidhme an phlean ag féachaint d'fheidhmíocht na mBailte Ceantair le himeacht ama.

Tá an príomhlimistéar miondíola do Lár Chathair Chill Chainnigh agus an teorainn 400 méadar ar imeall an láir léirithe i bhFigiúr 4.1. Tá na sráideanna seo a leanas sa phríomhlimistéar miondíola: An tSráid Ard lena n-áirítear Lárionad Siopadóireachta Chros an Mhargaidh, Sráid an Róisín, agus Sráid Chiaráin.

Deimhnítear ón athbhreithniú seo gur chóir an príomhlimistéar miondíola a choinneáil ar mhaithe le barrleas thodhchaí an mhiondíola i lár na cathrach agus sa chathair agus sa chontae trí chéile.

I measc na bpríomhnithe ar breathnaíodh orthu chun teacht ar an gconclúid sin tá:

- Dá mhéad an príomhlimistéar miondíola atá sainithe is ea is mó deiseanna a bhíonn ann an spáis urláir miondíola a scaipeadh ar cheantar níos leithne.

- Seans go mbeadh coinbhleachtaí beartais agus dáileadh níos leithne spás urláir le fáil mar thoradh air sin.
- D'fhéadfaí an príomhlimistéar siopadóireachta a laghdú seachas a neartú dá bharr.

### 4.6.4 Measúnacht Leathan ar Spás Urláir Miondíola Breise

San athbhreithniú seo clúdaítear an tréimhse 2014 go dtí 2020 agus i dtéarmaí pleanála spásúlachta glactar le léargas níos fadtéarmaí i ndiaidh thréimhse 2020 an phlean. Ní théann an mheasúnacht ar acmhainn í féin níos faide anonn ná an creat ama 2020 i ngeall ar easpa cinnteachta agus ar chorraitheacht na gcúinsí geilleagracha, ar an deacracht a bhaineann le réamh-mheastacháin iontaofa a dhéanamh ar threochtaí geilleagracha san am atá le teacht agus ar an ngá le hathbhreithnithe tréimhsiúla ar an straitéis chun figiúirí daonra leasaithe náisiúnta agus réigiúnacha agus dálaí geilleagracha atá ag athrú a chur san áireamh.

Ceann de na príomhcheanglais sna *Treoirlínte Pleanála Miondíola* is ea gur cheart measúnacht leathan a bheith i straitéisí miondíola ar an spás urláir miondíola breise atá ag teastáil i gcontaetha ar feadh thréimhse feidhme a gcuid straitéisí. Faightear an mheasúnacht leathan ar an riachtanas a bhaineann le spás urláir miondíola breise trí na hathruithe ar an daonra agus an fás faoi chaiteachas tomhaltóirí amach anseo a réamh-mheas. Sa straitéis seo cuirtear san áireamh na hathruithe beartaithe ar an daonra le linn thréimhse an phlean, faisnéis nuashonraithe maidir le caiteachas, spás urláir miondíola, ceadanna pleanála reatha agus torthaí shuirbhéanna teaghlaigh agus lucht siopadóireachta 2010.

Is é cuspóir na réamh-mheastachán treoir leathan a chur ar fáil maidir le méid an tsoláthair bhreise spás urláir comparáide agus spás urláir áise a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Níor chóir go gcaithfí leis na figiúirí sin mar cheanglais saintreoracha ná go gcuirfidís srian leis an iomaíocht in áit an mhargaidh.
Faightear na hionchuir agus na haschuir is mó sa mheasúnacht ar acmhainn bunaithe ar na céimeanna thíos[51]:

Céim 1: Réamh-mheastacháin Daonra agus Caiteachais
Céim 2: Meastacháin Láimhdeachais
Céim 3: Cóimheasa Láimhdeachais
Céim 4: Ollchaiteachas Breise Féideartha
Céim 5: Foinsí na nDíolachán Miondíola Amach Anseo
Céim 6: Acmhainn Fhéideartha

Rinneadh na toimhdeana leathana seo a leanas nuair a bhí an mheasúnacht ar acmhainn á déanamh. Tá ioncaim indiúscartha laghdaithe ó 2008 i leith agus tá cánacha díreacha agus indíreacha tar éis dul i bhfeidhm ar ioncam indiúscartha agus rachaidh siad i bhfeidhm air go ceann tamaill freisin. Ag féachaint don mhéid sin agus ag breathnú siar ar an bhfás tuartha faoin

---

[51] Tá na ríomhanna agus an mhodheolaíocht mhionsonraithe chun an mheasúnacht leathan ar spás urláir miondíola a ríomh ar fáil in Aguisín C

ngeilleagar sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, cinneadh dearcadh coimeádach a ghlacadh maidir le fás caiteachais per capita.

Glactar leis go mbeidh fás caiteachais i leith siopadóireacht áise cothrom le nialas idir 2013 agus 2015. Is amhlaidh atá cúrsaí toisc go bhfuil an chuid is mó de riachtanais na dteaghlach ó thaobh táirgí áise de sásaithe den chuid is mó agus mar gheall ar na ceartúcháin bhuiséadacha náisiúnta. Glactar leis freisin go mbeidh fás caiteachais i leith siopadóireacht áise cothrom le nialas idir 2013 agus 2015 toisc go mbeidh na beartais déine i bhfeidhm go dtí buiséad náisiúnta 2015 agus go mbeidh airgead breise á thógáil ón ngeilleagar anuas ar na cánacha pearsanta indíreacha agus díreacha atá á bhforchur cheana amhail cáin mhaoine, muirir uisce srl, roimh 2013.

Tá sé tuartha ag Banc Ceannais na hÉireann (Feasachán Ráithiúil 2013[52]) go dtiocfaidh laghdú 0.4% ar chaiteachas tomhaltóirí i mbliana (2013) agus méadú 0.2% an bhliain seo chugainn (2014). Is é tuairim na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ERSI) ina Feasachán Ráithiúil Geilleagrach Geimhreadh 2012[53] go dtiocfaidh laghdú breise ar éileamh intíre mar gheall ar choigeartú fioscach agus díghiaráil leanúnach. Ón bliain 2015 i leith, táthar ag súil go mbeidh méadú beag thart ar 2 – 3 per cent in aghaidh na bliana sa gheilleagar náisiúnta.

Glactar leis dá bhrí sin go dtiocfaidh méadú 0.5% ar chaiteachas áise agus méadú 1.5% in aghaidh na bliana ar chaiteachas ar bhonn comparáide ó 2015 go dtí 2020.

Maidir leis an mbliain 2014 glactar leis go mbeidh an t-insreabhadh agus an t-eis-sreabhadh mar a gcéanna le cás 2010. Glactar leis nach dtiocfaidh aon athrú ar insreabhadh agus eis-sreabhadh áise ón mbliain 2015 ar aghaidh toisc nach bhfuil sé beartaithe aon togra áise suntasach a thabhairt chun tosaigh don chathair ná don chontae.

Bunaithe ar na toimhdeana sin, is é seo a leanas an caiteachas per capita tuartha a bheidh ar fáil:

Tábla 4.2: Caiteachas Per Capita Réamh-Mheasta

| | Caiteachas Áise | Caiteachas ar bhonn Comparáide |
|---|---|---|
| 2012 | 3992 | 3312 |
| 2015 | 3992 | 3312 |
| 2020 | 4092 | 3567 |

**Foinse: Measúnacht ar Acmhainn, Aguisín C**

**Caiteachas Iomlán ar Fáil**
Ríomhtar é seo tríd an daonra a iolrú faoin gcaiteachas per capita do gach catagóir.

[52] Banc Ceannais na hÉireann, Q1 Feasachán Ráithiúil an Bhainc Cheannais, Eanáir 13
[53] ESRI, Quarterly Economic Commentary, Geimhreadh 2012

**Daonra**
Is iad seo a leanas na meastacháin daonra don chontae bunaithe ar spriocanna na dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach, agus iad coigeartaithe chun Daonáireamh 2011 na Príomh-Oifige Staidrimh a chur san áireamh.

| **Tábla 4.3 Meastacháin Daonra** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **2011 (iarbhír)** | **2012** | **2014** | **2020** |
| **Daonra an Chontae** | **95,419** | **96,873** | **99,781** | **109,802** |

Foinse: Faightear na réamh-mheastacháin daonra ó Chaibidil 2 den phlean seo.

Is mar seo a leanas atá an caiteachas iomlán atá ar fáil don chontae dá bhrí sin:

| Tábla 4.4 Méid Iomlán atá ar Fáil do Chaiteachas Áise i gContae Chill Chainnigh | |
|---|---|
| Bliain | Iomlán |
| 2012 | €386.71m |
| 2014 | €398.32m |
| 2020 | €449.30m |

Ní bheidh na leibhéil láimhdeachais a bhaineann le hearraí comparáide, mar shampla éadaí agus coisbhearta agus buanearraí teaghlaigh, mar a gcéanna leis na leibhéil a bhainfeadh le hearraí toirtiúla tí a dhíoltar i dtrádstórais mhiondíola. Tá feidhm ar leith ag trádstórais mhiondíola agus bíonn siad suite lasmuigh de lár cathrach nó lár baile de ghnáth. Ní mór an caiteachas comparáide atá ar fáil a dheighilt idir earraí comparáide toirtiúla agus neamhthoirtiúla.

Ag féachaint don tSuirbhéireacht Buiséad Teaghlaigh[54] (as Béarla) agus don eolas atá faighte ó áiteanna eile i ndáil leis seo, meastar go gcaithfear thart ar 20% den chaiteachas comparáide ar earraí toirtiúla tí i dtrádstórais mhiondíola. Bunaithe ar an gcéatadán 20% sin, tá an caiteachas comparáide iomlán atá ar fáil agus é deighilte idir earraí toirtiúla agus neamhthoirtiúla leagtha amach thíos thíos.

| Tábla 4.5: An méid iomlán atá ar fáil do Chaiteachas áise i gCo. Chill Chainnigh | | |
|---|---|---|
| Bliain | Earraí Toirtiúla | Earraí Comparáide gan earraí toirtiúla a áireamh |
| 2012 | €64.17m | €256.67m |
| 2014 | €66.10m | €264.37m |
| 2020 | €78.23m | €312.93m |

Chun na figiúirí spás urláir táscacha a fháil, faightear an barrachas caiteachais, a bhféadfadh spás urláir miondíola breise sa chontae a bheith de dhíth mar thoradh air, trí láimhdeachas an chaiteachais maidir le hearraí áise agus comparáide agus earraí toirtiúla atá ann cheana féin (le

[54] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Household Budget Survey, 2012

haghaidh 2012) a bhaint ón láimhdeachas iomlán a bheidh ar fáil ar bhonn réamh-mheastachán le haghaidh 2014 agus 2020.

D'fhonn na riachtanais maidir le spás urláir miondíola breise sa Chontae a ríomh, déantar láimhdeachas in aghaidh an mhéadair chearnaigh i leith spás urláir miondíola nua a roinnt ar an gcaiteachas barrachais a bheidh ar fáil atá leagtha amach thuas[55].

| Tábla 4.6: Riachtanais Tháscacha Amach Anseo maidir le Spás Urláir | | | |
|---|---|---|---|
| | 2012 | 2014 | 2020 |
| Spás Urláir Áise | 7040m$^2$ | 7701m$^2$ | 10,709m$^2$ |
| Spás Urláir Comparáide | 13,136m$^2$ | 14,415m$^2$ | 22,392m$^2$ |
| Earraí Toirtiúla | - 6820m$^2$ | -5992m$^2$ | -1,400m$^2$ |

Léirítear sa tábla thuas go bhféadfaí spás urláir comparáide agus áise breise a sholáthar sa chontae sa tréimhse idir 2014 agus 2020. Níl san áireamh sna figiúirí sin, áfach, ceadanna reatha ó 2010 i leith a soláthraíodh nó a sholáthrófar le linn thréimhse an chéad phlean eile.

**Spás Urláir Áise**
Ón tráth a cuireadh na figiúirí spás urláir a úsáidtear san anailís seo i dtoll a chéile, bronnadh an spás miondíola áise suntasach seo a leanas i gCathair agus i bPurláin Chill Chainnigh.

- Dhá shiopa lascaine Aldi ina bhfuil spás miondíola glan 1,125m$^2$ agus 1,144m$^2$ .
- Bronnadh siopa lascaine le haghaidh Lidl ina bhfuil spás miondíola glan 1,274m$^2$.

Tá an dá shiopa sin ag trádáil agus is ionann an spás miondíola glan iomlán a chuirtear ar fáil agus 3,543m$^2$.

- Tá siopa Aldi breise ina mbeidh glan-achar miondíola 990m2 á thógáil i gCallainn agus osclófar in 2013 é.

Ní mór a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil 4,577m$^2$ spás urláir áise bronnta i lár Ceantair Phort an Chalaidh agus nár osclaíodh fós é. Glactar leis nach n-osclófar lárionad siopadóireachta Phort an Chalaidh go dtí 2014 ar a luaithe.

**Spás Urláir Comparáide**
Níl aon chead i leith spás urláir comparáide suntasach bronnta sa chontae ón tráth a rinneadh an suirbhé ar spás urláir in 2010. Bhí spás urlár reatha ceadaithe ag Páirc Miondíola Chill Chainnigh an tráth sin. Is ionann an spás sin móide folmhach agus 2991m$^2$ le haghaidh earraí toirtiúla. Bhí 1,549m$^2$ spás urlár folamh in Acomhal Mhic Dhonncha agus tógadh 4,341m$^2$ i bPort an Chalaidh ach meastar nach mbeidh sé i mbun gnó roimh 2014.

[55] Féach an mheasúnacht ar acmhainn mhionsonraithe in Aguisín B

Glactar leis go mbeidh spás urláir Pháirc Miondíola Chill Chainnigh i mbun gnó i ndiaidh 2014. Má chuirtear na figiúirí sin san áireamh sna figiúirí díorthaithe, mar atá leagtha amach i dTábla 4.6, faightear riachtanas coigeartaithe críochnaitheach maidir le spás urláir, mar atá léirithe i dTábla 4.7.

| Tábla 4.7: Riachtanais Choigeartaithe Chríochnaitheacha maidir le Spás Urláir | | | |
|---|---|---|---|
| | 2012 | 2014 | 2020 |
| Spás Urláir Áise | 3,497m$^2$ | -1,409m$^2$ | 1,599m$^2$ |
| Spás Urláir Comparáide | 11,587m$^2$ | 8,525m$^2$ | 16,502m$^2$ |
| Earraí Toirtiúla | - 6820m$^2$ | -5992m$^2$ | -4391m$^2$ |

Ní mór a mheabhrú go bhfaightear na figiúirí sin ar bhonn na spriocanna daonra atá leagtha amach i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt le haghaidh 2016 agus 2020, agus iad coigeartaithe chun Daonáireamh 2011 a chur san áireamh. Léirigh Daonáireamh 2011 go raibh an contae os cionn an mheáin náisiúnta i dtéarmaí fás daonra, ach nár baineadh amach an sprioc atá leagtha síos i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt le haghaidh 2011.

Léiríonn Tábla 4.7 go bhfuil éileamh i láthair na huaire ar 3,497m$^2$ spás miondíola áise laistigh den chontae, fiú nuair a chuirtear san áireamh gur osclaíodh roinnt miondíoltóirí lascaine laistigh den chathair agus de na purláin le dhá bhliain anuas.

Osclófar aonad miondíola lascaine breise i gCallainn in 2013, agus ag glacadh leis go n-osclófar lárionad siopadóireachta Phort an Chalaidh in 2014, beidh cuid mhór den mheasúnacht ar acmhainn áise réamh-mheasta suas le 2020 ídithe. Níl sa mheasúnacht ar acmhainn ach gné amháin de na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thograí miondíola suntasacha. Féach rannán 4.8.2 thíos.

Is ábhar imní é conas a rachfar i bhfeidhm ar acmhainn nuair a bheidh lárionad siopadóireachta Phort an Chalaidh curtha ar áireamh. D'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar fhorbairt spás urláir áise suntasach breise a bheadh á forbairt le linn thréimhse na straitéise.

Ag féachaint d'fhás daonra laistigh den Cathair agus de na Purláin agus do na patrúin siopadóireachta laistigh den chontae mar atá le sonrú sna suirbhéanna ar theaghlaigh agus ar lucht siopadóireachta, meastar go bhfuil spás ann d'acmhainn áise bhreise laistigh de Chathair Chill Chainnigh agus de na Purláin laistigh de thréimhse an phlean in ainneoin na hacmhainne a chuirfear ar fáil nuair a osclófar lárionad siopadóireachta Phort an Chalaidh.

Chaithfí méid an achair urláir sin a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil leorchúis leis in aon iarratas pleanála trí ráiteas tionchair miondíola mionsonraithe.

Maidir le spás urláir áise, tá sé léirithe i dTábla 4.7 go bhfuil acmhainn ann chun spás urláir comparáide breise a bheith ann ón am i láthair go dtí 2020.

Is leor na figiúirí le haghaidh earraí toirtiúla mar chúis leis an réasúnaíocht gan páirceanna trádstórála miondíola breise a cheadú laistigh de Phurláin na cathrach le linn na tréimhse plean deireanaí 2008 – 2014. Meastar go luíonn sé le réasún leanúint ar aghaidh leis an mbeartas sin don tréimhse 2014 – 2020 i bhfianaise na bhfigiúirí sa straitéis leasaithe seo.

## 4.7 Athbhreithniú ar Acmhainneacht Miondíola

### 4.7.1 Cathair Chill Chainnigh agus na Purláin

Le linn na tréimhse plean 2008 – 2014, bhí forbairt miondíola sa Chathair agus sna Purláin dírithe den chuid is mó ar spás urláir áise breise a chur ar fáil i bhfoirm na miondíoltóirí lascaine (Aldi agus Lidl). Tá an dá mhiondíoltóir sin i mbun gnó anois i láir comharsanachta na Páirce Nua agus an Locha Bhuí agus mórthimpeall orthu. Bíonn an straitéis faoi threoir ag an gcur chuige seicheamhach, mar a bhí roimhe seo, le linn athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainneacht na Cathrach agus na purláin. Is féidir an chathair a roinnt ina dtrí limistéar mar seo a leanas:

- Lár na Cathrach (an príomhlimistéar miondíola)
- Imeall an Láir
- Lasmuigh den lár

#### *4.7.1.1 Lár na Cathrach*

Deimhnítear san athbhreithniú seo go bhfuil líon beag láithreán ina bhfuil acmhainneacht miondíola ar fáil sa phríomhlimistéar miondíola. Foirgneamh féideartha amháin sa phríomhlimistéar is ea Stuara Chill Chainnigh ina bhfuil achar urláir 1915$m^2$ agus rochtain ón tSráid Ard ag nascadh le Sráid Shéamais. Is é seo an t-aon láithreán suntasach amháin a bhfuil cuid de folamh laistigh den phríomhlimistéar miondíola. Bhronn an Bord Pleanála cead le déanaí chun stuara cluichíochta a thógáil sa láthair seo.
Anuas air sin tugtar an méid seo faoi deara:

- Níl aon láithreáin ná foirgnimh shuntasacha eile ar fáil d'fhorbairt miondíola laistigh den limistéar a dtugtar an Príomhlimistéar Miondíola air.
- Mar gheall ar na beartais a bhaineann le Limistéar Caomhantais Ailtireachta a chlúdaíonn Lár na Cathrach, ní féidir spás a athfhorbairt ar scála mór laistigh de Lár na Cathrach anois ná amach anseo.
- D'fhéadfaí cur le tairiscint Lár na Cathrach agus í a fheabhsú ó thaobh miondíola agus fóillíochta, trí leas a bhaint as spás urláir folamh, athchóirithe agus líonadh isteach bearnaí agus is féidir tabhairt faoin obair sin faoi na gnáthbheartais agus na gnáthnósanna imeachta rialúcháin.

#### *4.7.1.2 Imeall an Láir*

I bPlean Forbartha 2008 – 2014, aithníodh seanláithreán Mharglann Chill Chainnigh mar láthair a bheadh mar bhonn leis an dara céim de leathnú lár na cathrach. Tá láithreán suntasach eile tagtha chun solais lena hathfhorbairt ó shin i leith. Tá cinneadh déanta ag an gcuideachta deochanna Diageo deireadh a chur le grúdaireacht ag seanláithreán grúdlainne Smithwick's in aice leis an bhFeoir agus leis an mBréagach. Is láithreán thart ar 5.4ha é agus tá rochtain d'fheithiclí ar fáil cheana ón mBaile Gaelach agus ó Ché Bateman.

Bhronn an Bord Pleanála cead i mí na Nollag 2011 chun an Scéim Rochtana Lárnaí a théann trí láithreán Smithwick's a thógáil. Táthar ag súil go gcuirfear deireadh le grúdaireacht ag an láithreán ag deireadh na bliana 2013 agus go nglacfaidh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh seilbh ar an talamh in 2014 tar éis dhíchoimisiúnú an láithreáin. Tá 0.8ha talún atá curtha ar leataobh do pháirceáil ar Ché Bateman atá ar úinéireacht ag Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh cheana féin. Tá an talamh sin tadhlach le láithreán na grúdlainne agus díreach tadhlach leis an bpríomhlimistéar miondíola.

Is láithreán 5.5ha é seanláithreán Mharglann Chill Chainnigh agus tá sé folamh ó 2007 i leith. Dhiúltaigh an Bord Pleanála do chead chun forbairt shuntasach úsáide measctha a thógáil ar an láithreán in 2007. Téann an scéim Rochtana Lárnaí tríd an láithreán.

Fágann sé sin go bhfuil fáil ar dhá láithreán ar imeall an láir agus iad lonnaithe sa Chathair ina bhféadfaí leathnú úsáide measctha a chur i gcrích.

Ag féachaint don chur chuige seicheamhach i leith forbairt miondíola, don chaoi a bhféadfaí sineirge a chruthú idir láithreán Smithwick agus an croílár miondíola atá ann cheana, do na deiseanna chun cuspóirí pleanála eile a bhfuil baint acu leis an bhfearann poiblí agus leis an turasóireacht a bhaint amach agus don chaoi a bhféadfadh láithreán Smithwick's cur le beogacht agus bríomhaireacht limistéar lár na cathrach trí chéile, meastar gur chóir an leathnú miondíola sa chathair agus sna purláin a bheith dírithe ar láithreán Smithwick's le linn thréimhse an phlean. Cinnteofar comhdhlúthú agus leathnú lár na cathrach, limistéar Ché Bateman agus láithreán Smithwick’s sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma trí mheán na straitéise seo.

Tá srianta áirithe le tailte Smithwick's mar shampla baol tuilte agus saincheisteanna oidhreachta. Caithfear breathnú go géar ar na gnéithe sin agus teastóidh anailís agus scrúdú grinn ar na bealaí trína bhféadfaí an leas is mó is féidir a bhaint as acmhainneacht an láithreáin agus na sócmhainní oidhreachta.

**An Cuspóir: Ullmhóidh an tÚdarás Áitiúil creat uirbeach chun cabhrú le forbairt láithreán Smithwick's agus na dtailte in aice láimhe lena n-áirítear na tailte ar Ché Bateman.**

#### *4.7.1.3 Lasmuigh den lár*

Beidh toimhde ghinearálta ann in aghaidh forbairt mhór miondíola lasmuigh den lár, go háirithe na forbairtí sin atá tadhlach le mótarbhealaigh/bóithre nua, beartaithe nó reatha nó atá gar dóibh. Aithnítear sna *Treoirlínte Pleanála Miondíola* nach fusa trádstórais mhiondíola a lonnú i lár an bhaile mar gheall ar a riachtanais mhéide agus ar an ngá le saoráidí páirceála maithe. Aithnítear Cúirt na Páirce Móire (Páirc Miondíola Chill Chainnigh) agus Páirc Miondíola Urumhan mar láithreacha do thrádstóráil miondíola. Tugadh le fios i Straitéis Miondíola 2008 – 2014 nár chóir tuilleadh páirceanna trádstórála miondíola a fhorbairt laistigh den Chathair agus mórthimpeall uirthi. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an acmhainn tháscach spás urláir agus ar an méid spáis trádstórála miondíola atá folamh laistigh den Chathair agus de na Purláin agus mórthimpeall orthu, meastar go luíonn sé le réasún leanúint leis an mbeartas sin ar feadh thréimhse an phlean nua ar na cúiseanna seo a leanas:

- Ba cheart spás urláir comparáide nua a lonnú i Lár na Cathrach agus i láithreáin ar imeall an láir chun feabhas a chur ar mhealltacht agus ar iomaíocht na Cathrach agus an Chontae sna hordlathais mhiondíola Náisiúnta agus Réigiúnacha.
- Is ábhar imní é go mbeadh spás urláir na trádstórála miondíola ag dul san iomaíocht le tairiscintí áise Lár na Cathrach agus na mBaile Ceantair.
- Léiríodh sa mheasúnacht ar acmhainn tháscach go bhfuil an iomarca spás urláir miondíola á sholáthar sa Chathair agus sa chontae.
- Leibhéal an spáis fholaimh sna páirceanna trádstórála miondíola atá ann cheana.

**An Cuspóir:**
**Ní bhronnfar cead do thuilleadh páirceanna miondíola laistigh den Chathair agus de na Purláin agus mórthimpeall orthu le linn na tréimhse 2014 – 2020.**

I dtaca leis seo, glacfar le cur chuige cúramach maidir le forbairtí breise den sórt sin thar thréimhse na straitéise.

### 4.7.2 Port an Chalaidh/Belview (Purláin Chathair Phort Láirge)

Críochnaíodh lárionad siopadóireachta Phort an Chalaidh le linn thréimhse Phlean Forbartha 2008 – 2014. Níl sé oscailte ar mhaithe le húsáid miondíola fós áfach. Tá spás urláir áise ceadaithe 4,577m$^2$ ann agus spás urláir comparáide 4,341m$^2$. Tá acmhainneacht ann freisin raon feidhmeanna seirbhíse miondíola agus neamh-mhiondíola a sholáthar (m.sh. bainc, oifigí poist, oifigí áitiúla, bialanna, tithe tábhairne, saoráidí pobail agus cultúrtha) don phobal ar leibhéal atá ag teacht le feidhm an láir sin i limistéar Phort an Chalaidh/Belview i dTairseach Phort Láirge laistigh de Chontae Chill Chainnigh.

In 2012 d'fhorbair Comhairle Contae Chill Chainnigh oifig ceantair nua agus leabharlann bhrainse sa lárionad. Tá lárionad siopadóireachta Phort an Chalaidh ina lár ceantair laistigh d'ordlathas

miondíola an chontae. Tá sé ainmnithe mar lár ceantair laistigh de straitéis miondíola Chomhairle Cathrach Phort Láirge freisin.

Ceanglaítear leis na *Treoirlínte Pleanála Miondíola* go gcaithfidh údaráis áitiúla Chontae agus Chathair Phort Láirge straitéis miondíola il-údarás nó chomhpháirteach a ullmhú le haghaidh limistéar straitéise Phort Láirge i gcomhar le húdaráis áitiúla Loch Garman, Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann. Ar mhaithe le miondíol inbhuanaithe a bhaint amach laistigh den réigiún agus go háirithe laistigh de Limistéar Spásúil na Tairsí, tá Comhairle Contae Phort Láirge tar éis gealladh go rachaidh siad i dteagmháil le hÚdaráis Áitiúla Chontae Phort Láirge, Chontae Chill Chainnigh, Chontae Thiobraid Árann agus Chontae Loch Garman ar mhaithe le Comhstraitéis Miondíola a ullmhú don Tairseach.

**An Cuspóir:**
**Plé leis na húdaráis áitiúla ábhartha eile laistigh den réigiún chun comhstraitéis miondíola a ullmhú do mhórcheantar Chathair Phort Láirge.**

### 4.7.3 Na Bailte Ceantair

Tá na Bailte ceantair ag leibhéal 3 laistigh d'ordlathas an Chontae. Tá daonraí idir 1,500 agus 2,300 acu a bheag nó a mhór. Is láir iad a chomhlíonann ról tábhachtach ó thaobh freastal ar riachtanais fostaíochta, miondíola agus pobail na gceantar máguaird. Tá plean limistéir áitiúil reachtúil ag gach ceann de na bailte ceantair.

**An Cuspóir: Beogacht agus inmharthanacht ról na gceithre Bhaile Ceantair agus a n-acmhainneacht a chothú agus a fheabhsú.**

## 4.8 Dáileadh Spásúil na Forbartha Miondíola Nua

De réir na *dTreoirlínte Pleanála Miondíola*, soláthraítear i Straitéis Miondíola an Chontae agus na Cathrach an creat beartais straitéisigh maidir le dáileadh spásúil na forbartha miondíola nua. Leagtar an bhéim ar threoir straitéiseach maidir le suíomh agus scála mórfhorbartha miondíola. Ní dhéantar iarracht sa Straitéis srian a chur le forbairt miondíola ar scála beag i láir timpeall an Chontae, go háirithe i láir níos lú. Ba chóir glacadh leis go bhfuil sé intuigthe in aidhmeanna na Straitéise gur chóir forbairtí den chineál sin a spreagadh agus a éascú chun inbhuanaitheacht, beogacht agus inmharthanacht na lár níos lú a fheabhsú, lena n-áirítear na príomhláir níos lú in Ordlathas Miondíola an Chontae. Tá treoir sa mhéid seo a leanas faoin gcaoi a ndéantar dáileadh an spáis urláir miondíola straitéisigh agus neamhstraitéisigh laistigh den ordlathas miondíola a shainmhíniú sa Straitéis Miondíola:

**Leibhéal 1:** Siopaí móra áise agus comparáide, trína n-aithnítear ról Chathair Chill Chainnigh mar Mhol a chomhlíonann feidhm miondíola thábhachtach.

**Leibhéal 2:** Lár Ceantair: Feidhm thábhachtach a chomhlíonadh don phobal áitiúil le raon maith siopadóireachta áise agus siopadóireachta comparáide ar ord meánach i dteannta raon seirbhísí neamh-mhiondíola amhail bainc, leabharlann, oifigí, tithe tábhairne, bialanna a fhreastalaíonn ar an bpobal áitiúil.

**Leibhéal 3:** Bailte ceantair:Bíonn ról tábhachtach ag bailte ceantair laistigh d'ordlathas miondíola an chontae. Cuirtear siopadóireacht áise ar fáil iontu, taobh le leibhéal siopadóireachta comparáide, chun freastal ar dhaonra an cheantair atá díreach in aice leis an mbaile agus na gceantar máguaird, amhail siopaí crua-earraí ar scála beag, cógaslanna miondíola agus siopaí éadaí.

**Leibhéal 4:** Láir chomharsanachta: Siopadóireacht áise bhreise den chuid is mó ach oifigí poist agus siopadóireacht chomparáide ar scála beag freisin, amhail cógaslanna, crua-earraí srl. a fhreastalaíonn ar an gcomharsanacht áitiúil.

**Leibhéal 5:** Lár baile bhig/sráidbhaile/ceantar tuaithe: siopaí sráidbhaile/oifigí poist i gceantair thuaithe.

**Na Cuspóirí:**

- **An sciar den mhargadh áise a choinnítear sa chontae a fheabhsú go dtí 80% i ndiaidh 2020**[56]
- **An sciar den mhargadh comparáide a choinnítear sa chontae a fheabhsú go dtí 75% i ndiaidh 2020**

- **Tarraingt na trádála áise a mhéadú ó 8% go dtí 15% i ndiaidh 2020**
- **Tarraingt na trádála comparáide a choinneáil ag 58% i ndiaidh 2020**

### *4.8.1.1 Treoir Straitéiseach maidir le Suíomh*

Aithníodh go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis na bearta seo a leanas ó thaobh láithreacha straitéiseacha a scagadh san athbhreithniú ar an straitéis miondíola:

[56] Ní chuirtear san áireamh é sa mheasúnacht ar acmhainn. Tá na spriocanna sin le baint amach má thagann tograí chun cinn le haghaidh forbairt mhiondíol shuntasach a mbeadh tionchar aici ar phatrúin insreafa agus eis-sreafa.

- Infheistíocht i mbonneagar straitéiseach reatha agus i mbonneagar straitéiseach ar feitheamh;
- Beogacht lár na cathrach/na mbailte a chur chun cinn trí chur chuige seicheamhach i leith na forbartha,
- Iomaíochas san earnáil mhiondíola a dhaingniú trí chur ar chumas tograí le haghaidh forbairtí dea-chaighdeáin teacht chun cinn i láithreacha feiliúnacha,
- Athrú i dtreo rochtain níos fearr ar mhiondíol ar chóir iompair phoiblí, ar rothair agus de shiúl na gcos a éascú de réir na straitéise Taisteal Níos Cliste,
- Féachaint chuige go bhfuil forbairt miondíola bunaithe ar phlean,
- Torthaí dearaidh uirbigh den scoth a sheachadadh,
- Féachaint chuige go gcoinnítear agus go bhfeabhsaítear láidreacht agus tábhacht Chathair Chill Chainnigh agus na Purláin i bpatrúin siopadóireachta an chontae agus sna patrúin náisiúnta agus réigiúnacha,
- Féachaint chuige go ndéantar na heis-sreafaí caiteachas áise agus comparáide a cheartú le himeacht ama trí mhodhanna a chur ar fail chun mealltacht thairiscint miondíola na Cathrach agus an Chontae a fheabhsú do chónaitheoirí na Cathrach agus an Chontae,
- Féachaint chuige go dtugtar aghaidh ar an laghdú ar insreafaí caiteachas áise trí thairiscint áise na Cathrach agus an Chontae a fheabhsú,
- Féachaint chuige go gcothaítear agus go bhfeabhsaítear na hinsreafaí caiteachas comparáide níos mó ó chuairteoirí chuig an gContae ó chontaetha in aice láimhe agus níos faide i gcéin,
- Beogacht agus inmharthanacht na mBailte Ceantair agus na bearta a theastaíonn chun na gnéithe sin a chothú agus a fheabhsú;
- Ról na trádstórála miondíola i dtairiscint mhiondíola na Cathrach.

### 4.8.2 Na Critéir chun Measúnú a Dhéanamh ar Thograí Miondíola Amach Anseo

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar gach iarratas ar fhorbairt shuntasach miondíola i gcomhthéacs raon critéar.

**Cathair Chill Chainnigh agus na Purláin/Lár Ceantair Phort an Chalaidh/Purláin Chathair Phort Láirge:** Déanfar forbairtí áise 1,000m$^2$ (oll-achar) agus forbairtí comparáide 2,000m$^2$ (oll-achar) atá lonnaithe lasmuigh de phríomhlimistéar miondíola na cathrach nó an Láir Cheantair a thástáil i gcomhthéacs na gcritéar sin.

**Baile Ceantair/Lonnaíochtaí Eile:** Ba cheart tograí le haghaidh forbairtí áise agus comparáide 500 m$^2$ (glan-achar) a bhreithniú i gcomhthéacs na gcritéar.

#### *4.8.2.1 Cur Chuige Seicheamhach*

Is é cuspóir uileghabhálach na *dTreoirlínte Pleanála Miondíola* tacú le beogacht agus le hinmharthanacht lár cathracha agus bailte ina gcuid feidhmeanna ar fad trí fhorbairt sheicheamhach. Is éard is brí le forbairt sheicheamhach:

1. Is iad lár cathracha agus bailte an rogha suímh ar an iomlán d'fhorbairt miondíola nua. D'fhéadfadh forbairt miondíola a bheith feiliúnach freisin laistigh de Láir Cheantair atá sainithe san ordlathas miondíola de réir scála a fheileann do riachtanais an cheantair.
2. Faoi réir na gceanglas thíos, níor chóir láithreán ar imeall an láir a bhreithniú, ach amháin sa chás gur féidir leis an iarratasóir a léiriú agus gur deimhin leis an údarás pleanála, nach bhfuil aon láithreáin ná láithreáin fhéideartha ann laistigh de lár cathrach, lár baile ná lár ceantair ainmnithe. Anuas air sin, níor chóir láithreán lasmuigh den lár a bhreithniú, ach i gcúinsí eisceachtúla inar féidir a léiriú nach bhfuil aon láithreáin ná láithreáin fhéideartha ar fáil sa lár ná ar imeall na lár sin.

Anuas ar an tástáil sheicheamhach, áireofar ar na critéir a bheidh le breithniú nuair a bheidh iarratais shuntasacha á measúnú:

- An acmhainn chaiteachais laistigh den dobharcheantar ábhartha, agus na ceadanna pleanála reatha agus na tograí/deiseanna forbartha ar fad atá aitheanta sna Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach á gcur san áireamh, lena n-áirítear na pleananna le haghaidh Bailte Ceantair agus lonnaíochtaí eile;
- Ní mór go mbeidh an fhaisnéis bhonnlíne agus an mheasúnacht ar acmhainn/ar thionchar oiriúnach don fheidhm agus follasach;
- Tacaíocht don straitéis fhadtéarmach do lár an bhaile/lár na cathrach mar atá leagtha síos sa Straitéis Miondíola nó sa Phlean Forbartha
- An cumas deiseanna fostaíochta a mhéadú agus athbheochan gheilleagrach a chur chun cinn;
- An cumas iomaíocht a mhéadú sa limistéar agus tomhaltóirí breise a mhealladh chuig an limistéar ar an gcaoi sin;
- Freagrófar d'éileamh na dtomhaltóirí ar a thairiscint miondíola agus ní laghdófar an raon seirbhísí agus gníomhaíochtaí ar féidir le lár uirbeach tacú leo de bharr na forbartha;
- Níor cheart go mbeadh drochthionchar ag an bhforbairt ar lár baile/lár cathrach amháin nó níos mó, cibé acu ina haonar nó go carnach i dteannta forbartha a rinneadh le déanaí nó ceadanna pleanála atá fós ann, ionas go ndéanfaí dochar do bheogacht nó d'inmharthanacht lár an bhaile/na cathrach nó dá fheidhm níos leithne maidir le cur chun cinn agus spreagadh na n-ealaíon, cúrsaí cultúrtha agus fóillíochta, nó d'fheidhm fearainn phoiblí lár an bhaile, rud atá ríthábhachtach ó thaobh shaol sóisialta agus geilleagrach an phobail de;

- Níor cheart go mbeadh méadú fadtéarmach le feiceáil ar líon na maoine folmha sa phríomhlimistéar de bharr na forbartha;
- Conas a éascaítear athrú i dtreo rochtain níos fearr ar mhiondíol ar chóir iompair phoiblí, ar rothair agus de shiúl na gcos de réir na straitéise Taisteal Níos Cliste, ionas go mbeidh gach cuid den tsochaí in ann rochtain a fháil ar an togra; agus a léiriú go

bhfuil naisc éifeachtacha aige le lár an bhaile/leis an bpríomhlimistéar miondíola ionas gur dócha go mbeidh sineirge thráchtála ann.

- An méid a chuireann an fhorbairt le hathbheochan an láithreáin nó an limistéir agus an méid a chuireann sí le dearadh uirbeach
- Ról na forbartha ó thaobh feabhas a chur ar iomaíochas agus ar thairiscint miondíola na cathrach i leith lárionad eile atá san iomaíocht.

## 4.9 Monatóireacht & Athbhreithniú

Ceapadh an straitéis miondíola seo chun a chinntiú go n-imríonn an Plean Forbartha ról lárnach ó thaobh iomaíochas san earnáil mhiondíola a chinntiú rud a thugann rogha níos fearr do thomhaltóirí fad agus a chuirtear beogacht agus inmharthanacht lár na cathrach agus na lár bailte sa chontae chun cinn agus a thacaítear leo, a chuirtear le hardchaighdeán dearaidh uirbigh agus a spreagtar úsáid níos fearr as iompar inbhuanaithe. Tá an earnáil mhiondíola ar cheann de na hearnálacha is fuinniúla de chuid an gheilleagair agus athraíonn treochtaí, tionchair agus faisnéis le himeacht ama. Déanfaidh na Comhairlí an méid seo a leanas chun a chinntiú go bhfuil an Straitéis agus a beartais bailí agus cothrom le dáta i gcónaí:

- Monatóireacht bhliantúil a dhéanamh ar chaiteachas agus ar réamh-mheastacháin daonra agus athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis más gá.
- Monatóireacht a dhéanamh ar cheadanna le haghaidh spás urláir miondíola nua agus athrú úsáide chun na sonraí faoi spás urláir a choinneáil cothrom le dáta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar chuspóirí na Straitéise Miondíola arís in 2016.
- Na sonraí ó shuirbhéanna ar lucht siopadóireachta agus ar theaghlaigh a thabhairt cothrom le dáta ag an gcéad athbhreithniú eile.

# 5 Tithíocht agus Pobal

Tá sé ríthábhachtach pobail láidre, chuimsitheacha a fhorbairt ar mhaithe le cuspóirí forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Ní hamháin go mbíonn forbairt gheilleagrach ag teastáil chun pobail inbhuanaithe a chothú, ach chomh maith leis sin teastaíonn soláthar oideachais, seirbhísí tacaíochta sláinte agus pobail, taitneamhachtaí agus seirbhísí fóillíochta a bhfuil rochtain orthu agus timpeallacht thógtha dea-cháilíochta.

Is é ról na Comhairle beartas pleanála a cheapadh do thithíocht, iarratais phleanála ar thithíocht phríobháideach a bhreithniú, féachaint chuige go bhfuil dóthain tailte criosaithe le freastal ar an éileamh tithíochta réamh-mheasta agus tithe a sholáthar nó soláthar tithíochta sóisialta agus tithíochta inacmhainne a éascú do na daoine sin nach bhfuil in ann tithe a fháil dóibh féin. Is iad na Comhairlí an t-údarás tithíochta agus an t-údarás pleanála ar aon. Sna róil sin, tá sé de chumas acu dul i bhfeidhm ar sholáthar, ar shuíomh agus ar scála na tithíochta nua laistigh dá limistéar feidhme.

Is é cuspóir lárnach na gComhairlí maidir le tithíocht a sholáthar ná féachaint chuige go bhfuil cóiríocht ag gach teaghlach a fheileann dá riachtanais, atá suite i dtimpeallacht fheiliúnach, ar phraghas nó ar chíos a bhfuil sé d'acmhainn acu íoc as.

## 5.1 Straitéis Tithíochta

Ceanglaítear le Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go ndéanfaidh údaráis phleanála straitéisí tithíochta a tharraingt suas agus a chomhtháthú lena bpleananna forbartha.

Déanfar an méid seo a leanas sa straitéis tithíochta:

a) meastachán ar an ngá atá le tithíocht faoi láthair agus an gá is dócha a bheidh léi sa todhchaí sa limistéar atá clúdaithe faoin bplean forbartha agus socrú don ghá sin a áireamh. Cinnteoidh an tÚdarás Pleanála go ndéanfar talamh leordhóthanach oiriúnach a chriosú le haghaidh úsáid chónaithe, (nó le haghaidh meascáin d'úsáidí cónaithe agus d'úsáidí eile), faoi chomhair cheanglais na straitéise tithíochta agus chun a chinntiú nach mbeidh ganntanas talún den sórt sin ann aon tráth le linn thréimhse an phlean forbartha.

b) an gá atá ann le cinntiú go mbeidh tithíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil leibhéil éagsúla ioncaim acu a chur san áireamh, agus go háirithe i gcás na ndaoine sin a dteastaíonn tithíocht shóisialta nó tithíocht inacmhainne uathu. Forálfar i straitéis tithíochta go ndéanfar mar bheartas ginearálta céatadán sonraithe, nach mó ná 20% den talamh atá criosaithe i bplean forbartha le haghaidh úsáid chónaithe, nó le haghaidh meascáin d'úsáidí cónaithe agus d'úsáidí eile, a chur in áirithe do thithíocht shóisialta agus/nó do thithíocht inacmhainne.

c) féachaint chuige go ndéanfar meascán de chineálacha tithe agus de mhéideanna tithe a fhorbairt chun go mbeidh siad in oiriúint go réasúnach do riachtanais na gcatagóirí éagsúla líonta tí, de réir mar a chinnfidh an tÚdarás Pleanála, lena n-áirítear riachtanais speisialta daoine scothaosta agus daoine atá faoi mhíchumas.

d) gníomhú i gcoinne leithlisiú míchuí i dtithíocht idir daoine ó chúlraí sóisialta éagsúla. Féadfaidh an t-údarás pleanála a chur in iúl, i leith aon cheantar cónaithe, nach bhfuil tithíocht shóisialta/inacmhainne riachtanach i leith an limistéir sin, nó go bhféadfaidh go mbeidh, ina ionad sin, céatadán níos lú ná an céatadán a shonrófar sa straitéis tithíochta riachtanach.

Tugtar aghaidh ar na riachtanais a bhíonn ag grúpaí éagsúla, lena n-áirítear daoine gan dídean, an lucht siúil agus daoine scothaosta mar chuid den Straitéis Tithíochta.

D'ullmhaigh Comhairle Buirge Chill Chainnigh agus Comhairle Contae Chill Chainnigh Comhstraitéis Tithíochta don tréimhse 2014 - 2020. Tá an Straitéis sin curtha leis an bPlean Forbartha in Aguisín B.

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe a tháinig chun cinn san anailís a chuirtear i láthair sa straitéis tithíochta sin:

- Tá 4,353 líon tí nua ag teastáil chun na spriocanna daonra atá leagtha amach le haghaidh Chontae Chill Chainnigh sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach don tréimhse 2008 go dtí 2014 a chomhlíonadh.

- Tá thart ar 2,852 ar liosta feithimh na n-údarás áitiúil faoi láthair

- Le linn thréimhse na straitéise déanfar 20% den talamh atá criosaithe d'úsáid chónaithe nó do mheascán d'úsáidí talún eile a chur in áirithe do thithíocht shóisialta agus inacmhainne.

- Níltear ag súil go mbeidh soláthar talún criosaithe ina bhac le linn thréimhse Phlean Forbartha 2014 – 2020

Is é tuairim na Rannóige Pleanála gur chóir ceanglais Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 maidir le láithreán áirithe ar bith a chomhtháthú le togra forbartha ar bith go luath sa phróiseas forbartha. Ceanglóidh na Comhairlí dá bhrí sin ar fhorbróirí tithíochta lena mbainfidh an ceanglas 20% plé a dhéanamh ar théarmaí dóchúla chomhaontuithe Chuid V sna comhairliúcháin réamhphleanála. Bheadh na Comhairlí agus an forbróir ar aon intinn sa chaoi sin ar nádúr an comhaontaithe dhóchúil sula ndéanfaí dearaí mionsonraithe a ullmhú d'iarratas pleanála ar bith.

Ceanglófar ar fhorbróirí sna coinníollacha a ghabhann le ceadanna pleanála le haghaidh forbairt cónaithe comhaontú a dhéanamh leis na Comhairlí maidir le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar de réir na straitéise tithíochta.

Aithníodh sa Straitéis Tithíochta freisin go mbeidh gá le meascán níos mó de chineálacha aonaid toisc go bhfuil méadú ar líon na ndaoine singile a bhfuil cóiríocht ag teastáil uathu.

Tá na roghanna tosaíochta seo a leanas ar fáil chun ceanglais na straitéise tithíochta a shásamh:

- Ranníocaíocht a dhéanamh
- Cuid den láithreán a aistriú faoi réir an cheada phleanála,
- Teaghaisí críochnaithe a aistriú áit eile,
- Láithreáin atá seirbhísithe go hiomlán nó go páirteach ar an suíomh a aistriú, rud a chuirfidh ar chumas na Comhairle an líon cuí aonad a sholáthar air,
- Láithreáin sheirbhísithe i suíomh eile a aistriú,
- An líon teaghaisí críochnaithe ar an láithreán a cheanglaítear a aistriú,
- Talamh ag suíomh eile a aistriú,

D'fhéadfadh foráil a dhéanamh i gcomhaontú do mheascán de na rudaí thuas.

Leanfaidh an Chomhairle de fhreastal ar riachtanais tithíochta sóisialta agus inacmhainne i mbailte, i sráidbhailte agus i gceantair thuaithe an chontae ar shlí cothrom agus comhchruinniú rómhór in aon limistéar ar leith á sheachaint.

Aithníonn an Chomhairle an ról tábhachtach a imríonn an earnáil dheonach ó thaobh freastal ar riachtanas tithíochta agus tacóidh sí agus cabhróidh sí le méadú an róil sin.

Féachfaidh an Comhairle le freastal ar an éileamh níos mó ar thithíocht shóisialta agus inacmhainne ar roinnt bealaí mar údarás tithíochta ar na modhanna seo a leanas,

- an scéim chun láithreáin a dhíol,
- an Earnáil Thithíochta Deonaí agus an scéim um Fhóirdheontais Cíosa,
- an scéim um chúnamh caipitil,
- an deontas do dhaoine faoi mhíchumas,
- an deontas deisiúchán riachtanach agus bearta eile, agus
- tionscnamh Fhóram na nDaoine gan Dídean.
- an clár Cóiríochta don Lucht Siúil

### 5.1.1 An Lucht Siúil

Leagtar amach príomhréimsí straitéiseacha sholáthar na cóiríochta don Lucht Siúil sa Chlár Cóiríochta Don Lucht Siúil 2010-2013 ar ghlac Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Comhairle Buirge Chill Chainnigh leis i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2009 faoi seach.

Tá tús curtha le hathbhreithniú ar an gclár de réir Alt 17 (1) (a) d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998.

**Na Cuspóirí:**

- **An Straitéis Tithíochta atá in Aguisín B den Phlean Forbartha a chur i bhfeidhm.**
- **A cheangal go ndéanfar 20% de thalamh arna criosú le haghaidh úsáid chónaithe nó le haghaidh meascáin d'úsáidí cónaithe agus d'úsáidí eile, a chur ar fáil chun tithíocht shóisialta a sholáthar.**
- **A cheangal go ndéanfar meascán de chineálacha aonaid chónaithe agus de mhéideanna aonaid chónaithe a fhorbairt chun go mbeidh siad in oiriúint go réasúnach do riachtanais na gcatagóirí éagsúla líonta tí laistigh den chathair agus den chontae.**
- **An t-athbhreithniú ar an gclár Cóiríochta don Lucht Siúil a thabhairt chun críche**.
- **Tionscadal na gCapall do Lucht Siúil Chill Chainnigh a chur i bhfeidhm**
- **Chun láithreán stad an Bhaile Fhliuch a athfhorbairt mar ghrúpscéim tithíochta.**
- **Forálacha an chláir Cóiríochta don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm**

### 5.1.2 Limistéir Chosanta Tithíochta

Aithníodh roinnt Limistéar Cosanta Tithíochta i limistéar lár na cathrach sa phlean deireanach, agus chuirfí go tréan i gcoinne athrú úsáide na n-aonad cónaithe iontu. Chun lár cathrach beoga a chinntiú, tá sé riachtanach méadú ar a daonra cónaithe a choimeád agus a éascú. Déanfar na limistéir chosanta tithíochta sin a choimeád, dá bhrí sin, agus tá siad léirithe i bhFigiúr 5.1. Cuirfidh an Chomhairle i gcoinne athrú úsáide na n-aonad cónaithe sna "Limistéir Chosanta Tithíochta' ainmnithe.

## 5.2 Forbairt Cónaithe

Deis atá i soláthar na tithíochta breise ar fud na cathrach forbairt nua atá ar ardchaighdeán fisiciúil agus comhshaoil a sholáthar. Agus borradh faoi líon na dtithe, ní mór do na Comhairlí a chinntiú go bhfuil tithe agus comharsanachtaí ardcháilíochta, agus rogha suíomhanna agus tionachtaí ar fáil.

Ciallaíonn ardcháilíocht i dtéarmaí forbairtí uirbeacha timpeallacht thógtha ardchaighdeáin a fhorbairt trí dhearadh uirbeach ardcháilíochta a chur chun cinn. Beidh aird ag an gComhairle ar Sustainable Residential Development in Urban Areas agus ar an doiciméad a ghabhann leis Urban Design Manual: A best practice guide[57] agus cuirfidh sí i bhfeidhm iad, le linn di plé le forbairtí tithíochta agus iad a mheasúnú. Féach rannán 11.3 chun treoir mhionsonraithe a fháil faoi dhearadh cónaithe.

[57] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Urban Design Manual: A Best practice Guide, 2009

## 5.3 Dearadh Uilíoch

Ba cheart go mbeadh daoine ag a bhfuil cumais éagsúla in ann úsáid a bhaint as foirgnimh agus as áiteanna go compordach agus go sábháilte, gan cúnamh speisialta, a mhéid is féidir. Ba cheart go mbeadh daoine in ann a mbealach a aimsiú go héasca, ba cheart go dtuigfidís conas áiseanna foirgnimh ar nós idirchumanna nó ardaitheoirí a úsáid, agus ba cheart go mbeadh a fhios acu cá bhfuil na saoráidí do choisithe, agus cén áit a bhféadfaidís teacht ar thrácht.

I bhfianaise ilghnéitheacht leathan an daonra, má ghlactar le cur chuige an dearaidh uilíoch a fhreastalaíonn ar an raon níos leithne daoine ón tús, is féidir foirgnimh agus áiteanna a fháil a mbíonn gach duine in ann úsáid agus taitneamh a bhaint astu. Cuireann an cur chuige sin deireadh leis an ngá le hathruithe nó le hiarfheistithe costasacha le freastal ar riachtanais grúpaí ar leith níos déanaí.

Beidh sé mar bheartas ag an gComhairle Dearadh Uilíoch agus Tithíocht Saoil a chur chun cinn de réir dea-chleachtais agus de réir na mbeartas agus na bprionsabal a fhaightear in Building for Everyone: A Universal Design Approach[58] agus Sustainable Residential Development in Urban Areas agus sa doiciméad a ghabhann leis Urban Design Manual: A best practice guide.

## 5.4 Eastáit Nach Bhfuil Críochnaithe

In 2011, bhunaigh údaráis áitiúla Chill Chainnigh foireann speisialaithe le díriú ar na heastáit neamhchríochnaithe ina limistéar feidhme a réiteach. Tá na Comhairlí tar éis leas a bhaint as raon cumhachtaí atá ar fáil faoin reachtaíocht maidir le rialú foirgníochta, maidir le hÁiteanna/déanmhais chontúirteacha, faoin reachtaíocht pleanála agus faoi reachtaíocht eile ar bhealach comhtháite agus d'oibrigh siad go réamhghníomhach le fostóirí, le hinstitiúidí airgeadais/leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus le pobail áitiúla chun réiteach sásúil ar na forbairtí tithíochta nach bhfuil críochnaithe a fháil. Déanfaidh na Comhairlí monatóireacht agus measúnú ar fhorbairtí nach bhfuil críochnaithe agus imreoidh siad ról lárnach ó thaobh Pleananna Réitithe Láithreáin a chomhordú le páirtithe leasmhara ríthábhachtacha eile. Beidh aird ag na Comhairlí ar Managing and Resolving Unfinished Housing Developments - Guidance Manual[59], go háirithe rannáin 7.1 agus 7.2 de.

## 5.5 Saoráidí Pobail

[58] An tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Building for Everyone: A Universal Design Approach, 2012

[59] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Managing and Resolving Unfinished Housing Developments - Guidance Manual, 2011

Tá saoráidí pobail ríthábhachtach ó thaobh fholláine agus fheidhmiú na limistéar ina bhfuil daoine. I measc na saoráidí sin tá clinicí sláinte, ospidéil, scoileanna, séipéil, leabharlanna, hallaí pobail agus reiligí.

Is é príomhról an Údaráis Phleanála dóthain tailte a chur in áirithe laistigh de na láithreacha lonnaíochta chun na héilimh is dócha a bheidh ann amach anseo ar bhonneagar pobail a shásamh. Fadhb a bhíonn ann arís agus arís eile maidir le soláthar an bhonneagair seo is ea é a chur ar fáil go tráthúil i dteannta tithíocht nua. Cuirfidh na Comhairlí láithreáin in áirithe do shaoráidí pobail mar is cuí agus féachfaidh siad le heasnaimh sna limistéir fhorbartha atá ann cheana a réiteach. Cuirfidh na Comhairlí saoráidí pobail ar fáil laistigh de lonnaíochtaí atá ann cheana agus in áiteanna ar chóir seirbhís áirithe a bheith ann mar gheall ar na leibhéil daonra, agus rachaidh siad i dteagmháil le grúpaí pobail agus cabhróidh siad le tionscnaimh phobail faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

Is é rogha tosaíochta an Údaráis Phleanála úsáid a bhaint as foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana chun raon úsáidí pobail comhoiriúnacha a éascú agus a sholáthar. Scrúdóidh an tÚdarás Pleanála deiseanna le haghaidh úsáid ilfheidhmeach lena chinntiú go bhfreastalaítear ar phobail ar an dóigh is fearr gan iarrachtaí a dhúbláil. Tá sé tábhachtach go mbaintear an leas is fearr is féidir as foirgneamh chun saoráidí pobail agus fóillíochta á sholáthar atá gar do na ceantair ina bhfuil siad ag teastáil. Cinnteoidh na Comhairlí go mbraislítear le chéile na saoráidí pobail, áineasa agus spáis oscailte, más indéanta, agus na saoráidí pobail a bheith suite in ionaid áitiúla nó comhcheangailte le saoráidí scoile de réir mar is cuí. Ba cheart do na saoráidí pobail a bheith suite gar do thithíocht nó laistigh d'achar shiúl na gcos uaithi, agus iad inrochtana ag gach earnáil den phobal agus ba cheart go n-éascóidís feidhmeanna ilchuspóireacha trína ndearadh agus a leagan amach.

## 5.6 Oideachas & Cúram Leanaí

### 5.6.1 Saoráidí Cúram Leanaí

Aithnítear soláthar saoráidí cúram leanaí agus luathoideachais mar phíosa straitéiseach den bhonneagar sóisialta a theastaíonn chun eispéireas luathoideachais leanaí a fheabhsú agus chun a chur ar chumas daoine páirt níos mó a ghlacadh sa tsochaí, go háirithe ó thaobh rochtain a fháil ar fhostaíocht, ar oideachas agus ar líonraí sóisialta. Tá beartas náisiúnta maidir le saoráidí cúram leanaí leagtha amach in *Childcare Facilities Guidelines for Planning Authorities*[60]. Is é beartas an Rialtais maidir le cúram leanaí caighdeán na seirbhísí cúram leanaí a fheabhsú don phobal. Is é príomhról an Údaráis Phleanála saoráidí cúram leanaí a éascú i suíomhanna feiliúnacha agus ardchaighdeáin forbartha a bheith ag baint leo.

[60] An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, *Childcare Facilities Guidelines for Planning Authorities,* 2001.

Is é aidhm chreat deich mbliana an Rialtais *I dtreo 2016*[61] a chinntiú go mbeidh gach teaghlach in ann teacht ar sheirbhísí cúram leanaí a fheileann do chúinsí agus do riachtanais a gcuid leanaí. Sa doiciméad *An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*[62] leagtar amach roinnt spriocanna maidir le forbairt luath-óige lena n-áirítear soláthar tacaíochtaí ioncaim agus méadú ar sholáthar saoráidí cúram leanaí faoi 100,000 faoin mbliain 2016. Áirítear cuspóirí ríthábhachtacha chun seirbhísí cúram leanaí agus seirbhísí luathoideachais a fhorbairt agus chun infheistíocht san earnáil chúram leanaí a chomhdhlúthú freisin sa doiciméad *Plean Straitéiseach Náisiúnta 2011-2013* (Cláir um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige). Beidh sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil infheistíocht chaipitiúil dírithe ar na háiteanna ina bhfuil sí de dhíth sna cúinsí geilleagracha atá againn faoi láthair. Tá sé mar aidhm ag an *bPlean Straitéiseach Náisiúnta* é sin a bhaint amach trí bhunachar sonraí náisiúnta a fhorbairt ina sainaithnítear soláthar cúram leanaí de réir ceantair agus cineáil, agus úsáid á baint as táscairí ar nós daonra, déimeagrafaic ioncaim agus rátaí breithe réamh-mheasta chun easnaimh agus rósholáthar san earnáil seo a thabhairt chun suntais.

Tá méadú suntasach tagtha ar an soláthar cúram leanaí sa chathair agus sa chontae le deich mbliana anuas le tacaíocht ó infheistíocht rialtais. Tá laghdú tagtha ar an éileamh ar sheirbhísí cúraim lánlae le gairid, áfach, mar gheall ar an méadú ar leibhéil dífhostaíochta. Mar thoradh air sin, tá aon mhaoiniú atá fágtha dírithe anois ar an gcaighdeán a fheabhsú i dtéarmaí an tsoláthair agus ar shaoráidí atá ann cheana a uasghrádú.

Tá an *Plean Straitéiseach Náisiúnta do Chláir um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige 2011-2013* reatha ag teacht chun deiridh agus tá straitéis nua á cur i dtoll a chéile agus táthar ag súil go mbeidh sí críochnaithe in Iúl 2013. Cuirfidh an straitéis sin creat beartais uileghabhálach ar fáil chun cúram leanaí agus luathoideachas a chur ar fáil sa chathair agus sa chontae. Forbraítear pleananna bliantúla áitiúla bunaithe ar thosaíochtaí na straitéise náisiúnta.

Tá Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh tar éis obair le Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill Chainnigh, trína ról ar an mBord Forbartha Contae, chun caighdeán, soláthar agus inacmhainneacht seirbhísí cúram leanaí sa chathair agus sa chontae a fheabhsú. Leanfaidh na Comhairlí orthu ag obair leis an gCoiste Cúram Leanaí Contae ó thaobh freagairt do riachtanais atá ag athrú sa tsochaí i dtéarmaí an éilimh ar chúram leanaí agus seirbhísí cúram leanaí faoi struchtúir nua an Choiste Socheacnamaíoch.

Cinnteoidh na Comhairlí go mbeidh aon saoráidí nua i suíomh feiliúnach, go mbeidh siad ar ardchaighdeán agus go mbeidh siad uilechuimsitheach maidir le gach leanbh, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas. Moltar d'iarratasóirí dul i dteagmháil leis an gCoiste Cúram Leanaí Contae roimh iarratais phleanála a ullmhú d'fhonn na riachtanais áitiúla a chinneadh.

[61] Roinn an Taoisigh, I dtreo 2016

[62] An Oifig um Chuimsiú Sóisialta, *An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016*, 2007

Éascóidh na Comhairlí soláthar saoráidí cúram leanaí agus saoráidí oideachais na luath-óige ar bhealach inbhuanaithe i suíomhanna feiliúnacha, lena n-áirítear na suíomhanna seo a leanas; eastáit tithíochta nua mhóra, eastáit tionscail agus páirceanna gnó, cóngarach do scoileanna, do láir cheantair agus chomharsanachta agus tadhlach le háiseanna iompair phoiblí.

Déanfaidh na Comhairlí, i gcomhar le Coiste Cúram Leanaí Chontae Chill Chainnigh agus leis an gCoiste Socheacnamaíoch nua measúnú ar na riachtanais leanúnacha a bhaineann le saoráidí cúram leanaí agus le saoráidí gaolmhara agus déanfaidh siad athbhreithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis na nithe sin a sholáthar le linn thréimhse an Phlean seo.

### *5.6.1.1 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Cúram Leanaí*

Ceanglóidh na Comhairlí go soláthrófar saoráidí cúram leanaí feiliúnacha de réir na *Childcare Facilities Guidelines for Planning Authorities*[63] .i. ní mór aonad saintógtha do chúram leanaí a sholáthar do chúig theach is seachtó nó níos mó. Nuair is cuí, cuirfidh na Comhairlí ceanglas na dtreoirlínte i bhfeidhm ar bhealach solúbtha ag féachaint do Straitéis Chúram Leanaí Chill Chainnigh.

Déanfar saoráidí cúram leanaí a mheasúnú de réir na gcritéar seo a leanas go hiondúil:

- Oiriúnacht an láithreáin/an áitribh don chineál agus don mhéid saoráide atá beartaithe, agus na héifeachtaí ar na taitneamhachtaí reatha sa limistéar á gcur san áireamh.
- Rochtain leordhóthanach d'fheithiclí agus do choisithe, agus soláthar páirceála leordhóthanach, ina bhféadfadh áiteanna fágála/bailithe sásúla a bheith riachtanach más cuí, le haghaidh custaiméirí agus baill foirne sa chás go bhfuil gá leo mar gheall ar scála na forbartha agus ar dhéine na ngluaiseachtaí feithiclí dá bharr.
- Áit súgartha leordhóthanach lasmuigh a sholáthar laistigh de chúirtealáiste na saoráidí cúram lánlae ar fad. Beidh an áit súgartha faoin aer i suíomh ina mbeidh an tionchar is lú ar thaitneamhacht na maoine mórthimpeall uirthi, go háirithe i gceantair chónaithe agus chomh maith leis sin ba cheart nach mbeidís sa suíomh céanna le limistéir sheirbhísí agus pháirceála.
- Dearadh an déanmhais agus an mbeidh sé in ann luí isteach go sásúil leis an timpeallacht thógtha.
- Rochtain éasca do chách.

Ní mór iarratais ar chreiseanna, ar naíonraí agus ar shaoráidí réamhscoile a bheith ag teacht leis na *Childcare Facilities Guidelines for Planning Authorities*, na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2), 2006 agus na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) (Leasú), 2006 agus *We Like This Place - Guidelines for Best Practice in the Design of Childcare Facilities* (2005) (nó aon chaighdeáin nó reachtaíocht ábhartha eile den chineál sin a achtófar) agus beidh faisnéis maidir le sonraí na rudaí seo a leanas ag gabháil leo;

[63] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Childcare Facilities : Guidelines for Planning Authorities (2001)

na huaireanta oscailte atá beartaithe, an líon leanaí agus an raon aoise, an líon foirne atá beartaithe, an t-achar urláir laistigh a bheidh curtha ar leataobh don chreis, gan áiteanna ar nós cistineacha, leithreas, áiteanna codlata agus áiteanna coimhdeacha eile a áireamh, sonraí na n-áiteanna súgartha lasmuigh agus na socruithe páirceála do thuismitheoirí agus don fhoireann.

## 5.6.2 Oideachas Bunscoile, Iar-bhunscoile & Tríú Leibhéal

### *5.6.2.1 Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna*

Léiríonn Daonáireamh na bliana 2011 gur tháinig méadú 10% ar leibhéal daonra na Cathrach go dtí 24,423 duine, arb ionann é agus méadú 2,244 ó 2006 i leith. Tá próifíl aoise an chontae cosúil le ceann an Stáit.Is díol suntais é gur taifeadadh 4,870 duine sna haoischohóirt 0-14 bliana.

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna go bhfuil infheistíocht chaipitiúil shuntasach beartaithe i saoráidí oideachais in Eanáir 2012[64]; cé nár sainaithníodh aon scoileanna nua a bheidh le tógáil i gcathair nó i gcontae Chill Chainnigh laistigh den tréimhse sin, sainaithníodh roinnt scoileanna a bheidh á leathnú.

Baineann cinntí maidir le riachtanais na todhchaí le haghaidh saoráidí oideachais go príomha leis na hÚdaráis Oideachais. Léirítear, áfach, in Provision of Schools and the Planning System, A Code of Practice for Planning Authorities[65], go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcóras pleanála maidir le forbairt amach anseo a réamh-mheas agus soláthar bonneagar tacaíochta riachtanach a chomhordú, amhail iompar, seirbhísí uisce, scoileanna, saoráidí taitneamhachta agus pobail.

Is é príomhról na Comhairle dóthain tailte a chur in áirithe laistigh de na láir forbartha aitheanta chun an t-éileamh is dócha a bheidh ann amach anseo ar shaoráidí pobail lena n-áirítear oideachas a shásamh. Ba cheart soláthar na saoráidí oideachais a phleanáil agus a chur i bhfeidhm in éineacht leis an bhforbairt cónaithe. De réir Sustainable Residential Development in Urban Areas níor cheart go leanfadh aon fhorbairt cónaithe shuntasach ar aghaidh gan measúnacht ar acmhainn na scoileanna atá ann cheana ná gan saoráidí scoile nua a bheith á soláthar i dteannta leis an bhforbairt.

Sa chás go dteastaíonn scoileanna nua, ba cheart iad a lonnú gar do phríomhcheantair chónaithe an bhaile nó an tsráidbhaile nó laistigh díobh ionas gur féidir leis an oiread leanaí / daltaí is féidir siúl nó rothaíocht chuig an scoil. Ba cheart an deis a thapú chun na scoileanna a thógáil i

---

[64] An Roinn Oideachais agus Scileanna, Preasráiteas 27 Meitheamh 2011 http://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachtaí/Preasráitis/Preasráitis-2011/PR11-06-27.html

[65] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Provision of Schools and the Planning System, A Code of Practice for Planning Authorities, 2008

suíomhanna ina gcuireann siad go nádúrtha le forbairt braistinte pobail i gcomharsanachtaí nua. Ba cheart gréasán cosán agus rotharbhealaí sábháilte a bheith ann le haghaidh na scoileanna sin más féidir.

Déanfaidh na Comhairlí idirchaidreamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus le gach soláthraí oideachais, chun cúnamh a thabhairt más féidir le hionaid oideachais leordhóthanacha a fhorbairt, agus chun soláthar láithreán oiriúnach le haghaidh saoráidí oideachais nua a shainaithint agus a éascú de réir mar is gá.

#### *5.6.2.2 Úsáidí Eile a bhaint as Foirgnimh Scoile*

Is acmhainn luachmhar iad scoileanna agus áitribh oideachais eile ó thaobh tailte agus foirgneamh agus is iondúil nach mbaintear úsáid astu ach ar bhonn páirtaimseartha. Má bhaintear úsáidí eile as saoráidí oideachais, sa chás nach mbeadh sé sin ag teacht salach ar sholáthar na seirbhíse oideachais (.i. lasmuigh d'uaireanta scoile agus le linn laethanta saoire scoile), d'fhéadfaí cabhrú chun riachtanais níos leithne an phobail a shásamh, trí chabhrú chun éileamh ar roinnt gníomhaíochtaí a shásamh.

Sa chás go bhféadfadh an pobal tairbhe a bhaint as na tailte agus na foirgnimh, cuirfidh na Comhairlí úsáidí den chineál sin chun cinn faoi réir acmhainní a bheith ar fáil. Má tá scoileanna nó saoráidí pobail nua beartaithe, lorgófar deiseanna chun a chinntiú go mbeidh siad deartha ar chaoi a n-éascóidh úsáidí éagsúla a bhaint as na foirgnimh.

#### *5.6.2.3 Oideachas Tríú Leibhéal*

Léiríonn Daonáireamh 2011 go raibh cáilíocht oideachais tríú leibhéal faighte ag 21% den daonra os cionn 15 bliana a raibh a gcuid oideachais lánaimseartha tagtha chun deiridh[66]. I gcás na Cathrach 26.5%[67] a bhí san fhigiúr sin, agus é rúinín beag níos airde ná an meán náisiúnta 24.6%.

Tá obair curtha i gcrích chun aonad Taighde agus Nuálaíochta 3ú/4ú leibhéal a sholáthar i gColáiste Naomh Ciarán (Is comhfhiontar é seo idir Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (Grúpa Teileachumarsáide, Bogearraí & Córas) agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach). Tá an lárionad dírithe ar an gcéad ghlúin eile de sheirbhísí idirlín agus nuálaíocht seirbhísí. Cabhrófar leis an lárionad trí chomhoibriú le hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad, agus le hinstitiúidí 3ú leibhéal eile (Féach rannán 4.4.1).

---

66 http://census.cso.ie/sapmap2011/Results..

67 http://census.cso.ie/sapmap2011/Results.

Chomh maith leis sin tá campas for-rochtana de chuid Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad i gCampas Naomh Ciarán.

**An Cuspóir: Comhoibriú idir Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh agus institiúidí tríú leibhéal reatha agus an Ollscoil Teicneolaíochta don Oirdheisceart atá beartaithe a mhéadú chun tacú le cruthú fostaíochta, nuálaíocht agus foghlaim ar feadh an tsaoil.**

## 5.7 Caipiteal Sóisialta

Is féidir Caipiteal Sóisialta a shainmhíniú mar chaipiteal a fhabhraíonn chuig duine nó chuig grúpa mar gheall ar an bpáirt ghníomhach a ghlacann siad i saol a gcuid pobal. Mar shampla, deirtear go bhfaighetear caipiteal sóisialta ó dhea-chomharsanacht, líonrú sa cheantar áitiúil nó obair dheonach.

Tá Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh tiomanta do phróiseas Chlár 21 ina bhforbraítear comhpháirtíochtaí idir údaráis áitiúla agus earnáil na forbartha áitiúla agus earnálacha eile chun beartais áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe le pobail inbhuanaithe a fhorbairt. Fágann an gealltanas sin go mbíonn raon leathan comhairliúcháin phoiblí i gceist sna bearta a dhéanann an t-údarás áitiúil idir phleananna a dhéanamh, beartais a cheapadh agus tionscadail áirithe a chur i bhfeidhm amhail Tionscnamh Chill Chainnigh a thacaíonn le Daoine Breacaosta, Fóram Lánpháirtíochta Chill Chainnigh agus tionscadail chaipitil lena mbaineann ceannaireacht pobail áitiúil. Cuirfidh na Comhairlí forbairt caipitil shóisialta chun cinn trí dheiseanna a chur ar fáil d'idirghníomhú, do rannpháirtíocht agus do sholáthar comhordaithe seirbhísí poiblí.

Foilsíodh *Putting People First: An Action Plan for Effective Local Government*[68] i nDeireadh Fómhair 2012. Leagtar amach ann fís don Rialtas Áitiúil go mbeidh sé mar phríomh-mheán an rialachais agus na seirbhíse poiblí ar an leibhéal áitiúil, ról ina mbeidh forbairt gheilleagrach, shóisialta agus pobail a stiúradh aige agus ionadaíocht á déanamh aige ar shaoránaigh agus ar phobail áitiúla ar bhonn éifeachtach agus cuntasach. I measc na ngníomhartha atá beartaithe aige chun tacú leis an bhfís sin tá Coiste Socheacnamaíoch a bhunú i ngach limistéar Comhairle Contae agus Cathrach a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar na cláir forbartha áitiúla agus pobail ar fad agus iad a phleanáil. Beidh sé de chúram ar na Coistí Socheacnamaíocha plean pobail agus áitiúil Cathrach agus Contae 5 bliana a fhorbairt, ina gcuimseofar na hidirghabhálacha forbartha áitiúla agus pobail ar fad arna maoiniú ag an Stát agus ag an AE. Is ionann ailíniú feabhsaithe an rialtais áitiúil agus na forbartha áitiúla agus athrú suntasach i dtreo cur chuige atá bunaithe ar chomhoibriú níos mó. Deis atá ann freisin díriú níos fearr ar mhaoiniú poiblí agus athrá a sheachaint. Is é an toradh atá á lorg ná go mbeadh pleanáil cheantarbhunaithe níos fearr ann agus go mbeadh maoiniú agus na seirbhísí forbartha áitiúla agus pobail éagsúla níos éifeachtaí, ar mhaithe le saoránaigh agus le pobail.

[68] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, *Putting People First: An Action Plan for Effective Local Government*, 2012

Cé gurb é an Fóram Deonach príomhionadaí na hearnála deonaí i gContae Chill Chainnigh, tá roinnt fóram ag feidhmiú a thugann aghaidh ar shaincheisteanna ar leith lena n-áirítear; Fóram na nDaoine Breacaosta, Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil, An Táscfhórsa Drugaí Áitiúil, Fóram Lánpháirtíochta Chill Chainnigh, agus na Grúpaí ar son Ceartas Sóisialta. Samhlaítear faoi struchtúr nua na gCoistí Socheacnamaíocha go dtiocfaidh na fóraim sin le chéile ina leathnú ar an seanghrúpa um Bearta Cuimsithe Sóisialta a bheidh ionadaíoch do na fóraim agus na grúpaí atá ann cheana féin a fheidhmíonn laistigh den Chontae agus den Chathair ar leibhéal pobail agus contae.

Oibreoidh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh le heagraíochtaí ábhartha, trí na Grúpaí nua leathnaithe um Bearta Cuimsithe Sóisialta agus/nó tríd an gCoiste Socheacnamaíoch agus a bpríomhfhóraim sa chathair agus sa chontae, chun soláthar seirbhísí sóisialta agus poiblí i gceantair bhochta shainaitheanta ar fud an chontae a éascú agus chun forbairt agus cuimsiú sóisialta a chur ar aghaidh trí sheachadadh comhordaithe seirbhísí agus saoráidí sa chathair agus sa chontae a fhorbairt.

Is trí na bearta sin a fhéachfaidh na húdaráis áitiúla le caipiteal sóisialta a fhorbairt laistigh den chathair agus den chontae.

**An Cuspóir:**
**Pleanáil agus forbairt inbhuanaithe an chontae a chomhtháthú maidir le riachtanais shóisialta, phobail agus chultúrtha an chontae agus a dhaonra.**

## 5.8 Cuimsiú Sóisialta

De réir Dhaonáireamh 2011, maíonn 13.5% de dhaonra na hÉireann gur cuid de ghrúpaí eitneacha iad a bhfuil a bhfréamhacha i dtíortha eile agus a bhfuil cultúir acu atá éagsúil le cultúr fhormhór an daonra; fad agus a athdheimhníonn 0.7% eile ar a laghad go bhfuil féiniúlacht ar leith acu mar dhaoine den Lucht Siúil. Tá na figiúirí le haghaidh Chontae Chill Chainnigh beagáinín níos ísle ag 9.4% agus 0.5% faoi seach, ach tá siad chomh suntasach céanna.

Bunaíodh Fóram Lánpháirtíochta Chill Chainnigh in Eanáir 2010 mar fhóram leathan ina bhfuil roinnt páirtithe leasmhara ar spéis leo lánpháirtiú a chur chun cinn. Is ó raon ilghnéitheach de chúlraí éagsúla soláthraithe seirbhísí agus pobail iad baill an Fhóraim agus is é an aidhm fhoriomlán atá aige: Éagsúlacht a aithint agus síth idirchultúrtha a chur chun cinn i gContae Chill Chainnigh trí dheiseanna a sholáthar d'earnálacha pobail, gnó agus reachtúla idirghníomhú go rialta agus tacú le tionscnaimh chomhoibritheacha.

Rinne Fóram Lánpháirtíochta Chill Chainnigh le tacaíocht Bhord Forbartha Contae Chill Chainnigh agus an Lárionaid Lánpháirtíochta, comhordú ar fhorbairt straitéise fadtéarmaí chun lánpháirtiú i gContae Chill Chainnigh a chur chun cinn - *Kilkenny Integration Strategy 2013-2017*[69].

Cuimsítear sa straitéis Plean Gníomhaíochta 2013-2017 atá dírithe ar chúig cheannteideal leathana théamacha, a thig ó pharaiméadair de chuid doiciméid bheartais a comhaontaíodh ar leibhéal an AE: (1) Fostaíocht agus Gníomhaíocht Gheilleagrach, (2) Oideachas agus Oiliúint, (3) Rannpháirtíocht Ghníomhach Phoiblí agus Shibhialta, (4) Cuimsiú Sóisialta (ag plé agus ag idirghníomhú le soláthraithe seirbhíse), (5) Cuimsiú Sóisialta (ag cur cultúir agus féiniúlachta in iúl; ag dul i ngleic le hidirdhealú). Ullmhaíodh aidhmeanna straitéiseacha agus bearta ar leith faoi gach ceann de na teidil, agus aithníodh gníomhaireachtaí comhpháirtíochta straitéiseacha le cabhrú chun na haidhmeanna sin a bhaint amach.

Tacóidh na Comhairlí le Fóram Lánpháirtíochta Chill Chainnigh chun na haidhmeanna agus na cuspóirí atá leagtha amach in *Kilkenny Integration Strategy 2013-2017* a bhaint amach.

## 5.9 An tSeirbhís Leabharlainne

Is é ráiteas misin Leabharlann Chontae Chill Chainnigh seirbhís ardchaighdeáin inrochtana a chur ar fáil a fheabhsaíonn saol na bpobal i gCill Chainnigh, trí acmhainn eolais a chur ar fáil a chuireann an tsamhlaíocht, an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus an cultúr chun cinn.

Is é ról na leabharlainne mar acmhainn pobail:

- Dúil sa léitheoireacht a spreagadh
- Oideachas agus siamsaíocht a chur ar fáil, ag tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus le suaimhneas
- Eolas agus dúshláin a thabhairt do dhaoine, cabhrú leo roghanna saoil eolasacha a dhéanamh, smaointeoireacht chriticiúil
  Saoránacht ghníomhach agus saoirse intleachta
- Cabhrú le forbairt phearsanta
- An litearthacht a leathnú agus cabhrú leis an léitheoir ar a bhfuil drogall
- Dearcadh léitheoireachta níos leithne a fhorbairt
- Lucht léitheoireachta a fhorbairt agus a bheith ina foinse inspioráide agus samhlaíochta do
  na hEalaíona agus don Cheol
- Gníomhaíochtaí geilleagracha agus pobail inbhuanaithe a spreagadh
- Inrochtaineacht agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí ábhair
  i bhformáidí éagsúla agus éagsúlacht pobail a léiriú
- Eolas ar oidhreacht agus ar chultúir áitiúla agus ar oidhreacht agus chultúir eile a mhéadú
- Comhchuimhne Chontae agus Chathair Chill Chainnigh a chaomhnú agus a fheabhsú

[69] Fóram Lánpháirtíochta Chill Chainnigh *Uniting the Diverse – Kilkenny Integration Strategy* 2013.

- Rochtain ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus an úsáid a bhaintear aisti a chumasú agus a chur chun cinn

Leanann an tSeirbhís Leabharlainne d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna agus ar réimsí a aithnítear in *Raon Leathnaithe Feidhme: Plean Forbartha na Leabharlainne 2009-2013* sna réimsí seo a leanas: Rochtain agus Rannpháirtíocht; Bonneagar; Teicneolaíocht Faisnéise; Bailiúchán agus Faisnéis na Leabharlann; Bainistíocht agus Soláthar Foirne; agus Margaíocht agus Cur Chun Cinn.

Tá Leabharlann Cathrach nua beartaithe i Halla an Chontae i gCathair Chill Chainnigh agus tá sé beartaithe go mbeidh sí ina foirgneamh suaitheanta agus ina hacmhainn phobail inrochtana le haghaidh ghlúine an lae inniu agus amach anseo, agus go mbeidh sí ar thús cadhnaíochta ó thaobh teicneolaíochtaí agus seirbhísí nua de.

Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag feabhsú sheirbhís na leabharlainne do chách agus ag forbairt comhpháirtíochtaí inmheánacha agus seachtracha, comhroinnt acmhainní agus seirbhísí atá ar fáil 24 uair an chloig 7 lá na seachtaine.

**An Cuspóir:**
**Tabhairt chun críche agus oscailt na Leabharlainne Cathrach nua i Halla an Chontae a chur ar aghaidh agus a bhaint amach.**

## 5.10 Sláinte

Is iad gníomhaireachtaí poiblí, príobháideacha agus deonacha a sholáthraíonn saoráidí cúram sláinte agus leighis laistigh de Chathair agus de Chontae Chill Chainnigh. Is í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an phríomheagraíocht atá freagrach as cúram sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta a sholáthar do mhuintir Chill Chainnigh. I bhfianaise scála an mhéadaithe sa daonra, bheifeá ag súil go mbeidh éileamh ar shaoráidí cúram sláinte agus leighis breise laistigh den chathair agus den chontae chun freastal ar an daonra cónaithe.

Is é príomhról an Údaráis Phleanála maidir leis an gcúram sláinte a chinntiú go bhfuil creat beartais leordhóthanach ann lena n-áirítear cur in áirithe na dtailte dá dteastódh seirbhísí breise. Ba cheart an soláthar amach anseo a phleanáil agus a chur i bhfeidhm in éineacht leis an bhforbairt cónaithe, go háirithe i gcás go ndéantar é sin i gcomhthéacs na bPleananna Limistéir Áitiúil. Cuirfidh an Chomhairle láithreáin laistigh d’ionaid forbartha in áirithe le haghaidh saoráidí cúram sláinte i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá athrú ó chúram traidisiúnta a chuirtear ar dhaoine in ospidéil le sonrú i gcur chuige beartais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Dírítear níos mó anois ar chúram pobalbhunaithe ina bhfuil béim níos mó ar fhreastal ar riachtanais daoine ar an leibhéal áitiúil le foirne cúraim

phríomhúil. D'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí an Straitéis Náisiúnta um Chúram Príomhúil in 2001, agus is inti a chuirtear chun cinn cur chuige bunaithe ar fhoireann maidir le soláthar seirbhíse, atá deartha chun seirbhís chúraim phríomhúil lán-chomhtháite a chur ar fáil.Is é atá i bhFoireann Chúraim Phríomhúil foireann gairmithe sláinte a oibríonn go dlúth le chéile le freastal ar riachtanais na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sa phobal. Soláthraíonn siad pointe teagmhála amháin chuig an gcóras sláinte don duine. Dá réir sin, spreagtar cleachtaí ar mian leo a n-áitreabh a fhorbairt chun seirbhís "ilfhreastail" chúram sláinte agus pobail príomhúil a sholáthar a bheidh comhtháite i bhfoirgneamh amháin.Spreagfar cleachtaí dochtúra ghinearálta agus liachtlanna cúraim phríomhúil ilfhreastail ag suíomhanna ar féidir le daoine den phobal níos leithne teacht orthu go héasca.

Tá dhá ionad cúram sláinte príomhúil i gContae Chill Chainnigh – ceann i gcathair Chill Chainnigh agus ceann eile i gCallainn. Tá sé fhoireann chúraim phríomhúil bhreise ag feidhmiú ar fud an chontae trí líonra ionaid sláinte a oibríonn le chéile.

D'fhéadfadh saoráidí cúram sláinte a bheith ina n-ionaid sláinte, ionaid lae, aonaid altranais phobail, ionaid acmhainní teaghlaigh, tithe altranais/ionaid téarnaimh, áiteanna cónaithe pobail, saotharlanna do dhaoine éislinneacha, ionaid ghníomhúcháin agus saoráidí cónaithe do leanaí agus d'ógánaigh. Teastaíonn suíomhanna ó na saoráidí sin atá comhtháite le pobail nua agus reatha, agus ba cheart fáil éasca a bheith orthu.

### 5.10.1 Ospidéil

Is iad Ospidéal Lúcais agus Ospidéal Ortaipéideach Lourdes na Cille Críne na hospidéil ghéarmhíochaine sa chathair agus freastalaíonn siad ar an gcontae agus ar an gceantar níos leithne. Tá sé beartaithe síneadh le hOspidéal Ginearálta Lúcais a thógáil ina mbeidh rannóg éigeandála nua, aonad measúnaithe leighis nua agus bardas seirbhísí lae nua. Tá an chéad chéim den síneadh seo á tógáil faoi láthair.

Anuas ar na saoráidí sin, soláthraíonn oibreoirí príobháideacha saoráidí cúram sláinte ag Ospidéal Ginearálta Príobháideach Aut Even.

Is cúlsoláthar talún tábhachtach laistigh den chathair iad ospidéal Naomh Cainneach agus na tailte. Faoi láthair, tá oifigí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Club gailf dhá mhaide na Leacan, agus an seanospidéal agus na foirgnimh lasmuigh lena mbaineann le fáil ann. Deis athbheochana atá sa láithreán ach chaithfí é sin a dhéanamh laistigh de chomhthéacs creat pleanála foriomlán le haghaidh na dtailte. Comhoibreoidh na Comhairlí le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus le páirtithe leasmhara eile chun máistirphlean nó creat pleanála a ullmhú do láithreán ospidéal Naomh Cainneach d'fhonn na talamhúsáidí barrmhaithe don cheantar a chinneadh.

Éascóidh na Comhairlí forbairt agus leathnú na saoráidí cúram leighis agus sláinte sa chathair le freastal ar riachtanais na cathrach agus an cheantair níos leithne, faoi réir na ngnáthchritéar pleanála agus comhshaoil agus na ngnáthchaighdeán um bainistíocht forbartha.

## 5.11 Aosú Dearfach

Tá Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh ag glacadh páirt ghníomhach sa Tionscnamh Contae a thacaíonn le Daoine Breacaosta ó 2010 i leith. Is é contae Chill Chainnigh an dara contae in Éirinn a ainmníodh mar Chontae a thacaíonn le Daoine Breacaosta. Baineann coincheap an Phobail a thacaíonn le Daoine Breacaosta le tionscnamh ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ar cuireadh tús leis in 2007. Féachtar sa tionscnamh Contae a Thacaíonn le Daoine Breacaosta le daoine breacaosta agus lena bpobail a bheith rannpháirteach maidir le háiteanna níos fearr, níos folláine agus níos sábháilte le cónaí agus le déanamh go maith iontu a dhéanamh dá bpobail.

Bunaithe ar chomhairliúchán ar fud an chontae, d'fhorbair an Chomhghuaillíocht a thacaíonn le Daoine Breacaosta *Kilkenny Age Friendly County Strategy* [70]; is é fís na straitéise ná go bhfuil sé chun leasa daoine de gach aois má bhíonn pobail deartha chun tacú le daoine breacaosta, má bhíonn daoine breacaosta ag maireachtáil ar feadh a gcumais, má bhíonn meas ar bhuanna, ar thaithí saoil agus ar ghaois daoine breacaosta agus má bhaintear leas astu[71]. Clúdaítear seacht réimse ar leith sa straitéis ina bhfuil beart le déanamh ar mhaithe le daoine breacaosta - (1) Meas agus Cuimsiú Sóisialta agus Rannpháirtíocht Shóisialta, (2) Iompar, (3) Sa Bhaile, (4) Cumarsáid agus Faisnéis, (5) Seirbhísí Sláinte agus Tacaíocht Pobail, (6) Spásanna Amuigh Faoin Spéir, Timpeallacht Fhisiciúil agus Seirbhísí Poiblí (7) Rannpháirtíocht Saoránaigh agus Fostaíocht. Tá Fóram na nDaoine Breacaosta, a bunaíodh mar chuid den Chlár Contae a thacaíonn le Daoine Breacaosta de chuid Chill Chainnigh, ag gníomhú chun a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na bearta a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis agus tá saincheisteanna ardaithe acu mar chuid den phróiseas comhairliúcháin le haghaidh an phlean seo. Tugtar aghaidh ar shaincheisteanna a ardaíodh sa straitéis agus a d'ardaigh Fóram na nDaoine Breacaosta i rannáin eile de chuid an phlean seo – lena n-áirítear Tithíocht, Iompar, Sláinte, Ceanglais maidir le Forbairt Nua agus Áineas. Chomh maith leis sin glactar le coincheap an Dearaidh Uilíoch sa Phlean (mar a leagadh amach roimhe seo) agus moltar ann gur chóir inrochtaineacht, soghluaisteacht agus rannpháirtíocht daoine de gach aois, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, a éascú ar feadh a saoil i bpleanáil don timpeallacht thógtha.

Maidir leis an timpeallacht thógtha, tá sé aitheanta i roinnt staidéar go gcuirtear ar chumas daoine breacaosta maolghluaiste páirt níos mó a ghlacadh sa tsochaí má bhíonn soláthar sásúil

[70] An Chomhghuaillíocht a thacaíonn le Daoine Breacaosta, *Kilkenny Age Friendly County Strategy*, 2009.
[71] An Chomhghuaillíocht a thacaíonn le Daoine Breacaosta, *Kilkenny Age Friendly County Strategy*, 2009, lch 5.

cosán slachtmhar, soláthar sásúil suíochán in áiteanna poiblí agus i bhfoirgnimh, agus rochtain ar chóracha iompair ar fáil dóibh (go háirithe i gceantair thuaithe).[72]

Tacóidh na Comhairlí le haidhmeanna **Kilkenny Age Friendly County Strategy** agus déanfaidh siad cathair agus contae a thacaíonn le Daoine Breacaosta de Chill Chainnigh.

[72] Shannon, Sinéad, *The New Agenda on Ageing - To Make Ireland the Best Country to Grow Old In*. Ageing Well Network, Baile Átha Cliath, 2012.

# 6 Áineas

Bíonn raon leathan de róil éagsúla ag baint le spás oscailte maidir le feabhas a chur ar tharraingteacht cathracha, bailte, sráidbhailte tuaithe agus áiteanna faoin tuath le cónaí iontu, lena n-áirítear feidhmeanna a bhaineann le taitneamhacht, le bithéagsúlacht, le hoideachas, le buntáistí sóisialta agus pobail agus le buntáistí sláinte. Ní hamháin go bhfuil páirceanna imeartha, páirceanna, gairdíní agus spásanna oscailte neamhfhoirmiúla tábhachtach mar acmhainn áineasa ach is ceantair ghlasa thábhachtacha freisin iad le haghaidh conairí agus gnáthóga fiadhúlra, feidhmíonn siad mar mhaoláin idir talamhúsáidí éagsúla, feabhsaíonn siad taitneamhacht amhairc, go háirithe i gceantair faoi fhoirgnimh, agus cuireann siad le sláinte agus le cáilíocht beatha na saoránach.

Tá na Comhairlí tiomanta do chosaint agus d'fhorbairt inbhuanaithe thaitneamhachtaí na cathrach chun críocha áineasa ar mhaithe le cónaitheoirí na cathrach agus chun cabhrú leis an turasóireacht a chur chun cinn. Bainfidh na Comhairlí úsáid as a gcumhachtaí faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt chun a chinntiú go bhfuil dóthain spásanna oscailte agus saoráidí áineasa curtha ar fáil do gach grúpa den daonra agus iad achar áisiúil óna dtithe agus óna n-áiteanna oibre.

Is féidir le cónaitheoirí Chathair Chill Chainnigh agus cuairteoirí chuici leas a bhaint as oidhreacht nádúrtha shaibhir, lena n-áirítear na gleannta, bogaigh, coillearnacha agus sléibhte sa chontae. Tá na gnéithe sin den oidhreacht nádúrtha i dteannta spásanna oscailte agus páirceanna imeartha mar chuid de líonraí idirnasctha an Bhonneagair Ghlais sa chathair.

## 6.1 Spás Oscailte Poiblí & Saoráidí Áineasa a Sholáthar

Féachfaidh na Comhairlí le soláthar a dhéanamh d'ordlathas páirceanna, spásanna oscailte agus limistéir áineasa laistigh den chathair ionas gur féidir leis an bpobal páirt a ghlacadh i raon leathan caitheamh aimsire gníomhach agus sámh atá gar go leor dá dtithe agus dá n-áiteanna oibre.

Féachfaidh na Comhairlí le cúnamh ón gCoiste Socheacnamaíoch, ó ghníomhaireachtaí agus ó eagraíochtaí spóirt i gCill Chainnigh leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Leibhéil rannpháirtíochta áitiúla a mhéadú, rochtain a fheabhsú agus forbairt deiseanna chun go mbeidh gach grúpa in ann páirt a ghlacadh i gcúrsaí spóirt agus áineasa a chur chun cinn, i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chill Chainnigh (www.krsp.ie.). Tá an aidhm sin an-ábhartha i gcás grúpaí rannpháirtíochta ísle, mar shampla, grúpaí faoi mhíbhuntáiste, daoine breacaosta, cailíní agus mná, daoine faoi mhíchumas, daoine dífhostaithe agus daoine a bhfuil cónaí orthu i bpobail faoi mhíbhuntáiste nó i gceantair ina bhfuil bonneagar taitneamhachta in easnamh.

- Úsáid níos fearr as saoráidí reatha a spreagadh nuair is cuí agus cabhrú chun saoráidí nua a sholáthar.

**An Cuspóir:**
**Féachfaidh an Chomhairle le taitneamhachtaí agus saoráidí taitneamhachta áineasa a chaomhnú agus a fheabhsú, agus déanfaidh sí socrú chun na taitneamhachtaí áineasa sa chathair a mhéadú agus éascóidh sí an méid sin, nuair is cuí, agus faoi réir cúinsí comhshaoil, oidhreachta agus airgeadais.**

### 6.1.1 Spás Oscailte a Chosaint

Ní iondúil go gceadóidh an tÚdarás Pleanála forbairt nach bhfuil ag luí isteach le bonneagar glas nó talamh atá criosaithe chun críocha spás oscailte nó áineasa ná forbairt a gcaillfí na nithe sin dá barr. D'fhéadfaí eisceacht a áireamh, má léirítear go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na riachtanais seo a leanas á gcomhlíonadh:

- Is léir go bhfuil soláthar rómhór páirceanna imeartha nó spásanna oscailte sa cheantar. Ba cheart riachtanais fhadtéarmacha an phobail, cineál, luach áineasa agus taitneamhachta, agus inrochtaineacht an tsoláthair sin a chur san áireamh.
- Déantar soláthar malartach mar chúiteamh atá ar an gcaighdeán céanna nó ar chaighdeán níos fearr agus ar féidir leis an bpobal a bhfuil an spás oscailte atá ann cheana ag freastal orthu teacht air agus an leas céanna nó leas níos fearr a bhaint as.
- B'fhearr cuid bheag den láithreán a athfhorbairt nach ndéanfaidh dochar dá luach foriomlán spóirt, áineasa agus/nó taitneamhachta chun úsáid leanúnach, cothabháil chuí agus feabhsú na taitneamhachta/saoráide a bhaint amach.
- Tá sé léirithe sa phlean forbartha go mbainfear úsáid eile as an láithreán.

### 6.1.2 Ordlathas d'Áineas Uirbeach Spásanna Oscailte - Páirceanna

Is codanna tábhachtacha de dhea-cháilíocht beatha iad áineas, fóillíocht agus spórt agus bíonn impleachtaí móra acu ó thaobh talamhúsáide. Tá sé tábhachtach soláthar sásúil agus inrochtana spáis oscailte agus saoráidí spóirt agus áineasa a áireamh nuair atá measúnú á dhéanamh ar cháilíocht na beatha i mbaile nó i gceantar. Cuirtear spás áineasa ar fáil i bpáirceanna de mhéideanna éagsúla ar fud na cathrach – amhail Páirc an Caisleáin, Páirc Líneach na Feoire agus páirceanna comharsanachta.

Tá catagóiriú déanta ar spás oscailte sa Chathair ar bhonn ordlathais, ina dtéitear ó chinn Réigiúnacha go cinn cheantair nó ó chinn chomharsanachta go cinn áitiúla. Bheadh Páirc an Chaisleáin agus Páirc líneach na Feoire ina bpáirceanna ar an leibhéal réigiúnach, mar shampla.

D'fhéadfadh spásanna oscailte laistigh de cheantair chónaithe feidhmeanna éagsúla a chomhlíonadh, idir fheidhmeanna aeistéitiúla amháin, agus áiteanna súgartha agus áiteanna ciceála thart.

### *6.1.2.1 Páirceanna Réigiúnacha agus Cathrach agus Conairí*

**Páirc an Chaisleáin**
Is páirc thart ar 50 acra í Páirc an Chaisleáin atá suite i dtailte Chaisleán Chill Chainnigh. Tá clós súgartha do leanaí inti agus baintear úsáid aisti go minic le haghaidh siúil, bogshodair agus taitneamhacht éighníomhach. Is píosa bonneagair ghlais tábhachtach í laistigh den Chathair agus de na Purláin. Is leis an stát í agus tá sí á hoibriú ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

**Páirc Líneach na Feoire**
Is sócmhainn áineasa thábhachtach don chathair é tionscadal Pháirc Líneach na Feoire ina soláthraítear gréasán cosán agus rotharbhealaí cois na habhann sa Chathair agus sna Purláin i dteannta sraith spásanna poiblí ardcháilíochta. Laistigh den Chathair, forbraíodh siúlbhealach idir Inse an Talbóidigh agus Droichead Osraí agus athchóiríodh é ionas go mbeadh gach úsáideoir, lena n-áirítear rothaithe, daoine faoi mhíchumas agus daoine atá ag úsáid bugaí in ann teacht air. Tá sé beartaithe freisin an siúlbhealach a fhorbairt mar lúb a mbeidh droichead do choisithe ag teastáil dó in aice le hInse an Talbóidigh, agus ag Droichead Osraí chomh maith. Tá droichead nua do choisithe beartaithe freisin chun Cé Bateman a nascadh le Cé Eoin ag Leabharlann Carnegie.

Mar chuid den infheistíocht a socraíodh faoi thionscadal an Mhíle Mheánaoisigh, (féach Rannán 4.4.4) tá sé beartaithe go bhforbrófar gairdín mór idir Droichead Eoin agus Droichead an Ghraoinigh, gné a bheidh mar chuid de Pháirc Líneach na Feoire. Mar gheall ar mhéid an tionscadail agus an leibhéal costais, beidh sé á chur i gcrích i gcéimeanna thar roinnt blianta; samhlaítear, áfach, go mbeidh sé críochnaithe laistigh de thréimhse feidhme an Phlean seo. Tá Páirc Líneach na Feoire nasctha le conairí tuaithe cois abhann ó dheas freisin, agus is túsphointe Shiúlán Ghleann na Feoire í.

**An Cuspóir: Páirc Líneach na Feoire a chríochnú laistigh de thréimhse feidhme an Phlean.**

**Conairí na Bréagaí agus Abhainn Pococke**
Tá conair na Bréagaí, ó Bheairic an Uisce (siar agus ó dheas) ainmnithe mar spás oscailte don chuid is mó de chúrsa na habhann agus d'fhéadfaí í a fhorbairt mar spás oscailte réigiúnach ina soláthraítear naisc ó na Purláin Thiar go dtí an Chathair.

Tá codanna d'Abhainn Pococke soir ó lár na cathrach ainmnithe mar spás oscailte. D'fhéadfaí limistéir spáis oscailte an Pococke a nascadh leis na forbairtí cónaithe atá ann cheana agus le siúlbhealach na Feoire/Páirc Líneach na Feoire.

Féachfaidh an Chomhairle le páirceanna poiblí a bhunú cois Abhainn Pococke agus na Bréagaí faoi réir acmhainní agus airgead a bheith ar fáil.

Is í an Fheoir an phríomhabhainn a théann trí Chathair Chill Chainnigh, agus i dteannta na Bréagaí agus Abhainn Pococke, tá deiseanna áineasa suntasacha ag baint léi ar thalamh agus san uisce, lena n-áirítear gréasán bealaí siúlóide agus rothaíochta a idirnascann agus a sholáthraíonn rochtain do spóirt uisce amhail snámh, slatiascaireacht, bádóireacht, cadhcáil agus slite dúlra i measc rudaí eile freisin. D'fhéadfaí bealaí cois na habhann a nascadh le conairí eile – ar nós conairí siúlóide, rothaíochta agus tiomána sa chontae agus cuireadh síneadh le bealaí cois na Feoire ionas go dtéann siad amach as cathair Chill Chainnigh chun nascadh le bealaí faoin tuath. Is cuid de líonra Natura 2000 iad an Fheoir agus Abhainn Pococke (féach rannán 7.2).
Cuirfidh an Chomhairle acmhainn taitneamhachta nádúrtha na Feoire, na Bréagaí agus Abhainn Pococke chun cinn d'fhonn forbairt tairbhí taitneamhachta, áineasa, bithéagsúlachta agus turasóireachta don chathair a éascú, agus oibreoidh sí le gníomhaireachtaí agus le pobail chun rochtain agus saoráidí cois na n-aibhneacha i suíomhanna feiliúnacha a fheabhsú má tá acmhainní ar fáil.

Nuair a bhí Plean Oidhreachta Chill Chainnigh á chur i dtoll a chéile, chuir Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh in iúl go bhfuil [73]an Fheoir ar cheann de na hacmhainní oidhreachta is tábhachtaí sa chathair agus sa chontae. Baineann oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha leis an abhainn; tá dlúthbhaint ag an bpobal léi, agus bhí tionchar mór aici ar shaol agus ar fhorbairt na cathrach. Tugadh faoin River Nore Heritage Audit[74] mar bheart de chuid an Phlean Oidhreachta. Sa staidéar soláthraítear tacar sonraí mapáilte cuimsitheach d'oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha an limistéir staidéir, agus acmhainn thábhachtach atá sa tuarascáil (atá ar tí a bheith críochnaithe) agus an bunachar sonraí a thig as le haghaidh grúpaí pobail, oidhreachta agus bailte slachtmhara; d'fhéadfaí í a úsáid chun eolas a chur ar fáil ar mhaithe le pleanáil agus bainistiú an limistéir; agus is bonnlíne í ar féidir athruithe a mheasúnú ina coinne[75].
Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Trail Kilkenny ag obair le chéile agus úsáid á baint acu as torthaí an staidéir sin ar an tionscadal 'Taiscéal an Fheoir' (Explore the Nore) chun cumas áineasa, turasóireachta, oidhreachta agus oideachais na Feoire agus an oidhreacht lena mbaineann a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chosaint tuilleadh.

### *6.1.2.2 Páirceanna Ceantair/Comharsanachta*

I gcathair atá chomh mór le Cill Chainnigh, is sna páirceanna Réigiúnacha agus Cathrach a gheofar na comhchruinnithe taitneamhachta is mó laistigh den chathair. Is i sraith páirceanna ceantair nó comharsanachta a gheofar an soláthar áineasa ó lá go lá do phobail áitiúla, áfach.

[73] Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh, *Draft Kilkenny Heritage Plan 2007-2011*
[74] Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh, *River Nore Heritage Audit*, 2009
[75] http://www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Heritage/

Forbraíodh páirceanna Ceantair nó Réigiúnacha ag an Loch Buí agus ag an bPáirc Nua mar chuid d'fhorbairt na gcomharsanachtaí sin. Sna Purláin Thiar agus i Loch Mocháisc, tá soláthar déanta do shaoráidí comharsanachta de réir mar a fhorbrófar na comharsanachtaí sin.

#### *6.1.2.3 Páirceanna Áitiúla*

Tá sraith spásanna oscailte ar fud na gceantar atá faoi fhoirgnimh i gcathair Chill Chainnigh, agus soláthraíonn siad raon spásanna neamhfhoirmiúla do chaitheamh aimsire sámh agus gníomhach. D'fhéadfaidís a bheith laistigh d'fhorbairtí tithíochta nó de pháirceanna póca beaga nó laistigh den fhearann poiblí níos leithne. Is féidir leo raon feidhmeanna a chomhlíonadh ar nós áiteanna beaga ciceála thart nó feidhm aeistéitiúil agus sin amháin.

Caighdeán um Bainistíocht Forbartha:
Féachfaidh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh le spásanna oscailte atá ann cheana a dhéanamh chomh furasta le húsáid agus is féidir. Ní hamháin gur chóir a chinntiú go bhfuil spás oscailte nua comhtháite go sásúil le forbairt atá beartaithe ach tá sé den riachtanas go mbeidh coisithe, rothaithe agus daoine faoi mhíchumas in ann teacht go héasca ar spás oscailte.

Cinnteoidh an Chomhairle go leanfar de bhainistíocht chuí a dhéanamh ar pháirceanna atá ar úinéireacht phoiblí ionas gur féidir le cónaitheoirí agus turasóirí sa chathair sult a bhaint astu agus iad a úsáid haghaidh áineasa agus taitneamhachta.

### 6.1.3 Forbairt Cois Abhann

Is iad na tosca a chuirfear san áireamh le linn tograí a rachaidh i bhfeidhm ar aibhneacha a bhreithniú:

- Aon ainmniú tírdhreacha nó dúlra, oidhreachta tógtha nó seandálaíochta don limistéar,
- Aon tograí chun méid na rochtana poiblí a mhéadú,
- Méid aon fheabhsuithe timpeallachta ar an timpeallacht uisce agus ar a bhfuil mórthimpeall uirthi,
- Cineál aon úsáide áineasa atá beartaithe; agus
- Aon rud a bheadh ag teacht salach ar thograí do bhealaí siúil nó rothaíochta nó á gcomhlíonadh.

#### *6.1.3.1 Forbairt a bhaineann le Spóirt Uisce*

Is iondúil nach gceadóidh na Comhairlí ach tograí forbartha a bhaineann le spóirt uisce atá tadhlach le huiscebhealaí ina gcomhlíontar na critéir seo a leanas ar fad.

- Tá na saoráidí atá beartaithe ag teacht leis na húsáidí a bhaintear as an uisce faoi láthair, lena n-áirítear úsáidí nach úsáidí le haghaidh áineasa iad;

- Ní bheidh drochthionchar ag an bhforbairt ar aon láithreán Natura 2000, ní dhéanfar damáiste do láithreáin a bhfuil tábhacht chaomhnaithe dúlra leo ná do ghnéithe den oidhreacht seandálaíochta agus thógtha dá barr;
- Is féidir an fhorbairt a chomhtháthú go sásúil leis an tírdhreach nó leis an mbailedhreach atá mórthimpeall uirthi;
- Ní bheidh tionchar do-ghlactha ag an bhforbairt ar thaitneamhacht amhairc; agus
- Ní tharlóidh ró-dhiansaothrú úsáide mar gheall ar an bhforbairt, a bheadh ina chúis le truailliú, torann iomarcach agus núis.

Is iomaí úsáid éagsúil atá cumhdaithe faoi spóirt uisce idir úsáidí suaimhneacha amhail slatiascaireacht, curachóireacht agus rámhaíocht agus ghníomhaíochtaí cumhachtaithe amhail sciáil ar uisce agus úsáidí mótarbháid. Féadfaidh an Chomhairle a cheangal go n-ullmhófar pleananna bainistíochta le haghaidh roinnt limistéir uisce chun aghaidh a thabhairt ar chomhoiriúnacht na n-éileamh éagsúil sin.

**Caighdeán um Bainistíocht Forbartha:**
Beidh cead pleanála ag teastáil d'fhormhór na forbartha a bhaineann le spóirt uisce amhail, fánáin, tithe báid, saoráidí leithris agus feistis, limistéir pháirceála agus rochtain, agus beidh scagadh do Measúnacht Chuí riachtanach dóibh ar fad. Ceanglóidh na Comhairlí go soláthrófar dearadh ardcháilíochta ó thaobh leagan amach, foirgneamh, agus déanmhas eile agus i gcóireáil na dteorainneacha atá tadhlach leis an mbóthar nó leis an uiscebhealach féin. Is iondúil go gceanglóidh na Comhairlí go mbeidh sonraí faoi na cóireálacha tírdhreachaithe agus dromchla ag gabháil le gach iarratas pleanála.
Ceanglóidh siad go gcuirfear tailte ar leataobh do bhealaí áineasa a d'fhéadfaí a nascadh le gréasán níos leithne an bhonneagair ghlais sna forbairtí cois abhann, faoi réir cúinsí comhshaoil agus faoi réir chomhlíonadh na Treorach maidir le Gnáthóga.

## 6.2 Cearta Slí Poiblí

Is é atá i gceart slí poiblí an ceart atá ag duine gabháil ar bhóthar nó ar chosán, fiú mura bhfuil an bóthar nó an cosán ar úinéireacht phoiblí. D'fhéadfaidís a bheith ann toisc go raibh úsáid á baint acu leis na cianta, nó d'fheadfaí iad a chruthú le reacht nó le tiomnú ó úinéir iomlán na talún. Aithníonn an Chomhairle cearta dlíthiúla gach úinéara talún agus aithníonn siad nach féidir na cearta rochtana ar a dtailte a fháil ach le cead uathu sa chás nach bhfuil ceart slí ann cheana féin. Tá liosta de na cearta slí aitheanta atá sa chathair cheana féin in Aguisín D a ghabhann leis an bplean seo agus léirítear iad i bhFigiúr 7.2. Tá na cearta slí aitheanta láithreacha an tráth a scríobhadh an Plean seo liostaithe, ach ní liosta cuimsitheach an liosta seo áfach, agus déanfar tuilleadh oibre le linn shaolré an phlean seo chun liosta níos fairsinge a chur ar fáil.

Bainfidh an Chomhairle leas as a gcumhachtaí faoi na hAchtanna Pleanála chun na cearta slí atá ann cheana a chaomhnú agus a chosaint, chun a fháil amach cá bhfuil na cearta poiblí atá ann cheana agus cén áit ar chóir cearta slí poiblí a chruthú, agus chun úsáid níos fearr as limistéir thaitneamhachta a chur chun cinn – lena n-áirítear pointí rochtana ar an bhFeoir, ar an mBréagach agus ar Abhainn Pococke agus ar limistéir thaitneamhachta eile sa chathair.

Anuas air sin, d'fhéadfadh na Comhairlí iarracht a dhéanamh soláthar cosbhealaí a áireamh mar choinníoll a ghabhann leis an gcead pleanála chun taitneamhachtaí, saoráidí agus áiteanna is díol spéise a nascadh (dearfar aon bhealaí den chineál sin ionas go gcuirfear cosc le hiompar frithshóisialta). Chomh maith leis sin spreagfaidh na Comhairlí soláthar bealaí rochtana chuig limistéir thaitneamhachta i gcomhar le húinéirí talún agus cosnóidh siad limistéir thaitneamhachta ar shárú mar gheall ar fhorbairt mhíchuí. Anuas air sin féachfaidh siad le soláthar páirceanna agus spásanna súgartha áitiúla a fheabhsú agus leathnóidh siad na spásanna agus na cosáin sin a bhféadfaí naisc ghlasa úsáideacha, cosbhealaí agus rotharbhealaí a chruthú astu chun ceantair chónaithe a nascadh le páirceanna agus le spásanna oscailte agus le chéile.

**Caighdeán um Bainistíocht Forbartha**
Cinnteoidh na Comhairlí nach mbeidh forbairt ag cur isteach ar shiúlbhealaí poiblí ná ar chearta slí poiblí.

**An Cuspóir:**

- **Cosnóidh agus caomhnóidh an Chomhairle cearta slí poiblí atá ann cheana a thugann bealach go dtí trá mhara, sléibhte, bruach abhann, nó go dtí áiteanna eile a ngabhann áilleacht nádúrtha leo nó a úsáidtear le haghaidh áineasa.**
- **Suirbhé a dhéanamh ar na cearta slí poiblí atá sa chathair cheana féin agus clár a bhunú laistigh de shaolré an Phlean.**

## 6.3 Beartas Súgartha

Forbraíodh *Play Plan 2007 to 2012*[76] de chuid Fhóram Súgartha Idirghníomhaireachta Chill Chainnigh bunaithe ar an mBeartas Náisiúnta Súgartha *Bí ag Súgradh! Polasaí Náisiúnta Súgartha*[77]. Moltar cur chuige dírithe ar leanaí i leith saoráidí súgartha a fhorbairt sa bheartas. Féachfaidh na Comhairlí le hardcháilíocht agus le sábháilteacht na gclós súgartha agus na n-áiteanna súgartha a chothabháil agus le timpeallacht shábháilte atá ar leas leanaí a chruthú ina n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le súgradh i bhforbairt an linbh.

Forbraíodh roinnt clóis súgartha i suíomhanna éagsúla ar fud na cathrach, mar seo a leanas – Plás na Deastógála, Ionaid an Athar Mhic Craith, Garraí an Chrainn, Clós na Páirce Nua, Láithreán Stad San Caitríona, Cúirt an Talbóidigh agus Baile Mháiréide.

[76] Fóram Súgartha Idirghníomhaireachta Chill Chainnigh, *Kilkenny County Play Policy 2007-2012 & Kilkenny Implementation Plan*, 2007
[77] An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, *Ready, Steady, Play! A National Play Policy*

Déanfaidh na Comhairlí i gcomhar le Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh, áit súgartha do leanaí a sholáthar, a chothabháil agus a bhainistiú i limistéir ina mbeadh sé feiliúnach, agus ar an gcoinníoll go bhfuil an t-airgead agus na hacmhainní a bheith ar fáil. Ceanglóidh na Comhairlí go ndéanfar socrú do shúgradh leanaí nó go ndéanfaidh forbróirí ranníocaíocht i leith saoráidí súgartha do leanaí i dteannta forbairtí cónaithe nua. I gcás forbairtí cónaithe nua a mbeidh go leor teaghlach ag cur fúthu iontu, ba cheart an timpeallacht ar fad laistigh díobh a bheith deartha ionas gur féidir le leanaí súgradh go sábháilte.

## 6.4 Saoráidí do Chaitheamh Aimsire Gníomhach

Aithníonn na Comhairlí go bhfuil spórt i gcroílár an tsaoil ó lá go lá agus go bhfuil ról tábhachtach sóisialta, cultúrtha agus geilleagrach ag baint leis toisc gur caitheamh aimsire taitneamhach é, gur slí bheatha é i gcás roinnt daoine, agus go gcuireann sé cineál saoil sláintiúil chun cinn. Tá an Chomhairle tiomanta do raon agus do chaighdeán na saoráidí spóirt a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil rochtain phoiblí réasúnach le fáil ar spórt agus ar líonra saoráidí. Críochnaíodh lárionad spóirt agus fóillíochta Watershed le linn thréimhse Phlean Forbartha 2008-2014.
Tá líon mór saoráidí áineasa agus spóirt ar fáil ar fud na cathrach trí mheascán de shaoráidí poiblí, príobháideacha, pobail, scoileanna agus eagraíochtaí deonacha – agus idir shaoráidí laistigh agus lasmuigh i gceist. Tá tábhacht mhór mhillteach ag baint leis an iománaíocht ó thaobh shaol sóisialta agus áineasa na cathrach. I measc na saoráidí lasmuigh tá páirceanna imeartha, galfchúrsaí, cúrsaí gailf dhá mhaide, agus raonta reatha lúthchleasaíochta. Tugtar le chéile úsáidí eile i roinnt de na saoráidí sin freisin – amhail na raonta siúil a forbraíodh timpeall páirceanna imeartha agus i gcás roinnt saoráidí faightear saoráidí laistigh sa láthair chéanna, lena n-áirítear linnte snámha, hallaí gleacaíochta agus hallaí pobail agus spóirt ina bhfreastalaítear ar spóirt laistigh – mar a dhéantar sa Watershed.

Comhoibreoidh na Comhairlí le heagraíochtaí forbartha áitiúla, le grúpaí pobail, le heagraíochtaí spóirt agus le páirtithe leasmhara eile chun saoráidí do chaitheamh aimsire gníomhach a fhorbairt ar fud na cathrach agus chun socruithe comhfhiontair a dhéanamh nuair is cuí chun saoráidí den chineál sin a sholáthar.

Tá Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh ag iniúchadh deiseanna chun limistéar áineasa do dhaoine de gach aois a fhorbairt i limistéar uirbeach sa lár i gCathair Chill Chainnigh ar nós Bhealach an Mhéara chun an spás uirbeach atá ann cheana a fheabhsú i gcomhar le Fóram na nDaoine Breacaosta, Comhairle na nÓg agus Grúpa Rochtana Chill Chainnigh.

### 6.4.1 An Prótacal a bhaineann le Saoráidí a Fhorbairt

Seans nach fearr i gcónaí saoráidí nua a sholáthar laistigh den ordlathas toisc go bhféadfadh sé a bheith níos feiliúnaí saoráidí atá ann cheana a uasghrádú, a athchóiriú agus a fheabhsú, go háirithe i limistéir sheanbhunaithe. Bainfear úsáid as an bprótacal seo a leanas chun a chinntiú

go dtarlóidh forbairt ar mhodh ordúil, inbhuanaithe, agus ba cheart breathnú air mar chur chuige seicheamhach i leith saoráidí a fhorbairt nó a fheabhsú (más ann dóibh).

a. Úsáid a bhaint as saoráid iomarcach nó saoráid a úsáidtear go hannamh.
b. Úsáid níos fearr/níos minice a bhaint as saoráidí spóirt atá ann cheana.
c. Nósanna imeachta bainistíochta a fheabhsú laistigh de na saoráidí atá ann cheana.
d. Saoráidí a athchóiriú laistigh den lorg atá ann cheana.
e. Síneadh a chur le saoráidí atá ann cheana.
f. Saoráid neamhspleách nua a sholáthar, atá le breithniú mar an rogha dheireanach nuair a bheidh scagadh déanta ar roghanna (a) go (e).

### 6.4.2 Siúl agus Rothaíocht

D'fhoilsigh an Chomhairle Spóirt *Irish Trails Strategy*[78], ina leagtar amach na buntáistí ar fad a bhaineann le conairí áineasa. Leanfaidh na Comhairlí orthu de shraith siúlbhealaí laistigh den chathair a shainaithint agus a chur chun cinn chun iad sin a nascadh le líonra straitéiseach conairí nuair is féidir. Tá Páirc Líneach na Feoire nasctha le Siúlán Ghleann na Feoire a théann amach faoin tuath. Trí chuid atá i Siúlán Ghleann na Feoire: Chill Chainnigh go dtí Droichead Binéid (curtha i gcrích), Droichead Binéid go dtí Baile Mhic Andáin (á fhorbairt) agus Baile Mhic Andáin go dtí Inis Tíog (curtha i gcrích). Is í Trail Kilkenny an phríomhghníomhaireacht ó thaobh fhorbairt an tsiúláin seo; Leanfaidh na Comhairlí orthu ag cabhrú le forbairt an naisc thábhachtaigh seo idir an chathair agus na ceantair thuaithe.

Leanfaidh na Comhairlí orthu d'iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna agus na féidearthachtaí chun féarbhealaigh agus conairí siúil agus rothaíochta a mhaoiniú sa chathair, lena n-áirítear rotharbhealaí nach bhfuil ar an mbóthar. Leanfaidh na Comhairlí orthu de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach na mbealaí agus na gconairí siúil agus rothaíochta sa chathair agus den fhorbairt sin a éascú i gcomhar le gníomhaireachtaí de leithéid Trail Kilkenny (féach http://www.trailkilkenny.ie) agus ar an gcoinníoll go mbeidh na hacmhainní ar fáil tacóidh siad leis na tograí atá leagtha amach sa *Trail Kilkenny Development & Business Plan*[79].

Déanfaidh an Chomhairle scagadh ar na deiseanna a bhaineann le rotharbhealaí a fhorbairt i bpáirceanna agus i limistéir áineasa i gCill Chainnigh agus ar bhruacha na n-aibhneacha faoi réir cúinsí comhshaoil, oidhreachta agus geilleagracha. Ní mór a léiriú i bhforbairt ar bith cois na n-aibhneacha nach mbeidh drochthionchair aici ar láithreán Natura 2000 de réir cheanglais na Treorach maidir le Gnáthóga.

## 6.5 Bainistíocht Forbartha agus Áineas

[78] An Chomhairle Spóirt, *Irish Trails Strategy Promoting and developing activity in the Irish outdoors*, 2007

[79] http://www.trailkilkenny.ie/about-us/trail-kilkenny-development-and-business-plan/

### 6.5.1 Mórshaoráidí Diana Spóirt

I measc na saoráidí diana spóirt tá, staidiamaí, ionaid fóillíochta, hallaí spóirt, linnte snámha agus saoráidí spóirt laistigh agus lasmuigh eile ina soláthraítear raon leathan gníomhaíochtaí chomh maith le saoráidí a mheallann lucht féachana mór agus a úsáidtear lasmuigh de ghnáth-thréimhsí spóirt. Is minic a bhíonn sé ina chnámh spairne cén áit a lonnófar saoráidí spóirt diana. D'fhéadfaidís líon mór daoine a mhealladh, go háirithe um thráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaidís leibhéil arda torainn a chruthú, a bheith ar oscailt go déanach agus ar feadh uaireanta fada, líon mór gluaiseachtaí feithiclí a mhealladh agus d'fhéadfadh limistéir pháirceála mhóra a bheith ag teastáil dóibh. D'fhéadfadh ábhair imní áirithe teacht chun cinn freisin nuair atá tuilsoilsiú beartaithe.

Is iondúil go gceadóidh na Comhairlí tograí forbartha le haghaidh saoráidí spóirt diana ina gcomhlíontar na critéir seo a leanas ar fad.

- Tá an togra ag teacht leis na criosuithe sa phlean forbartha.
- Ní imreofar aon drochthionchar ar thaitneamhacht chónaithe.
- Tá an togra i suíomh ar féidir leis an daonra ina dhobharcheantar teacht air agus tugtar tús áite do shiúl, do rothaíocht, agus d'iompar poiblí agus ní chruthaítear leibhéil do-ghlactha tráchta.
- Tá an togra deartha chun an tionchar a bheidh ag truailliú de dheasca torainn agus solais a íoslaghdú.
- Ní dhéanfaí dochar mór don timpeallacht nádúrtha ná do ghnéithe den oidhreacht thógtha ná seandálaíochta.
- Tá dearadh ardcháilíochta ag baint leis an togra agus tá sé ag teacht agus cuireann sé leis an suíomh agus leis an mbailedhreach ina bhfuil sé.
- Cuirtear rochtain phoiblí ar fáil.
- Cuirtear saoráidí coimhdeacha ar fáil de leithéid saoráidí cúram leanaí.

### 6.5.2 Spóirt a mbíonn Torann de thoradh orthu

Nuair atá tograí le haghaidh gníomhaíochtaí ar nós raonrásaíocht carranna á meas, ní mór aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bheidh ag torann. Níl sé éasca láithreáin a bheadh feiliúnach do na spóirt sin ar bhonn rialta a shainaithint agus beidh sé ag brath ar an gcineál gníomhaíochta, ar thon, ar leibhéal agus ar fhad aon torainn a dhéanfaí, ar an topagrafaíocht áitiúil agus ar an méid sciata atá ann cheana agus atá beartaithe. Ní ghlacfar le tograí do spóirt thorannacha ach amháin sa chás gur féidir an tionchar is dócha a bheidh ann a mhaolú agus a íoslaghdú trí thírghné nó trí choillearnacha. Is iad talamh dhíghrádaithe, seanoibreacha mianraí nó talamh atá tadhlach le foinse torainn reatha samplaí de láithreáin eile a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí a mheas gur chuí gan ach cead sealadach a bhronnadh

chun deis a thabhairt measúnú níos iomláine a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag leibhéil torainn agus ag aon chur isteach nó núis a d'fhéadfadh a bheith ann.

Ní iondúil go gceadóidh na Comhairlí tograí forbartha le haghaidh úsáidí spóirt nó áineasa a mbeidh leibhéil arda torainn ann dá mbarr mura gcomhlíontar na critéir seo a leanas.

- Ní chuirfear isteach go míchuí ar chónaitheoirí áitiúla.
- Ní chuirfear isteach go míchuí ar bheostoc feirme ná ar an bhfiadhúlra.
- Ní rachfar i gcoimhlint le taitneamhacht na limistéar a úsáidtear le haghaidh caitheamh aimsire neamhfhoirmiúil.
- Tá an leibhéal torainn thimpeallaigh sa limistéar ard cheana féin agus ní bheidh ceannas ag an torann is dóigh a dhéanfar de bharr na gníomhaíochta nua.

### 6.5.3 Saoráidí Áineasa a Thuilsoilsiú

Is iondúil nach gceadóidh an Chomhairle tograí chun saoráidí áineasa a thuilsoilsiú ach amháin sa chás nach gcuirfí isteach go mór ar thaitneamhachtaí na gcónaitheoirí in aice leo agus nach ndéanfaí dochar do thaitneamhacht amhairc ná do shainghné an cheantair.

### 6.5.4 Spás Oscailte i bhforbairt cónaithe nua

Ceanglófar ar iarratasóirí socrú a dhéanamh do bhonneagar spóirt agus áineasa a bheidh i gcomhréir leis na riachtanais a bheidh ann de thoradh aon fhorbartha agus le cumas na saoráidí láithreacha sa limistéar freastal ar na riachtanais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.

Féach Rannán 11.6.3 chun sonraí a fháil faoi na ceanglais a bhaineann le spás oscailte a sholáthar laistigh d'fhorbairtí cónaithe

### 6.5.5 Garraithe Scóir

Talamhúsáid nua atá ag teacht chun cinn is ea forbairt na ngarraithe scóir. Bíonn grúpa daoine in ann a gcuid glasraí féin a shaothrú i gceapacha/ i ndáileachtaí talún ar leith ar thailte atá ar úinéireacht ag duine aonair príobháideach eile nó ag comhlacht. D'fhéadfadh an cheapach/dáileacht a bheith beag nó mór agus is minic a bhíonn seid sna ceapacha le haghaidh uirlisí agus dídine. Is féidir le roinnt buntáistí a bheith i gceist le garraithe scóir, ina measc, cineálacha saoil sláintiúla agus bithéagsúlacht a chur chun cinn agus foinse bia shaor, áitiúil agus inbhuanaithe a chur ar fáil. Tacóidh na Comhairlí le forbairt garraithe scóir agus éascóidh siad iad laistigh den Chathair agus de na Purláin.

## 6.6 Turasóireacht

Tá mórchuid le tairiscint ag Cathair Chill Chainnigh mar cheann scríbe do thurasóirí, go háirithe a hoidhreacht, nádúrtha, fhisiciúil, agus chultúrtha shaibhir agus an saol beoga cathrach. Chomh maith leis sin, bíonn féilte bliantúla ar chaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta ar siúl.

Mar is amhlaidh i gcás réimsí eile den gheilleagar, bhí dúshláin mhóra le sárú ag an earnáil turasóireachta le blianta beaga anuas. Léiríonn staitisticí ó Fáilte Éireann go bhfuil laghdú mór tagtha ar líon na gcuairteoirí chuig Éirinn ó 2007 i leith, i ngeall gur thit líon iomlán na gcuairteoirí ó thar lear a thug cuairt ar Éirinn ó 7.7 milliún in 2007 go dtí 5.9 milliún in 2010; méadaíodh líon na gcuairteoirí ó thar lear go dtí 6.3 milliún in 2011 áfach[80]. Cuireadh fáilte roimh thart ar 685,000 cuairteoir ó thar lear san Oirdheisceart in 2010 agus chaith siad €175 milliún. Thug 206,000 duine díobh cuairt ar Chill Chainnigh óna bhfuarthas ioncam €30 milliún[81].

In 2011, gineadh caiteachas thart ar €1,822 milliún mar thoradh ar an turasóireacht intíre (is é sin, cónaitheoirí na hÉireann a thugann cuairt ar láithreáin nó a théann ar saoire in Éirinn); mealladh thart ar 14% den turasóireacht intíre chuig an Oirdheisceart[82]. Bhain Cill Chainnigh tairbhe i gcónaí as margadh na turasóireachta intíre, go háirithe le haghaidh cuairteanna gearra, agus is dócha go mbeidh tábhacht an mhargaidh seo ag méadú[83].

Tacóidh an Chomhairle le forbairt na turasóireachta inbhuanaithe mar ghné bhunriachtanach i gCill Chainnigh. Bainfear an méid sin amach trí chomhoibriú idir Fáilte Éireann, Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh, Turasóireacht Chill Chainnigh, Comhpháirtíocht LEADER Chill Chainnigh agus contaetha in aice láimhe i Réigiún an Oirdheiscirt.

### 6.6.1 Turasóireacht Inbhuanaithe

Faightear táirge ardcháilíochta ón turasóireacht inbhuanaithe atá bunaithe ar thimpeallacht thógtha agus nádúrtha ardcháilíochta agus atá ag luí isteach léi. Déantar drochthionchair ar phobail áitiúla, ar an oidhreacht thógtha, ar thírdhreacha, ar ghnáthóga agus ar speicis a íoslaghdú fad agus a dhéantar na buntáistí geilleagracha do phobail áitiúla a uasmhéadú.

Ní féidir straitéisí don turasóireacht a fhorbairt mar chás ar leith atá scoite ó chreat foriomlán chun an timpeallacht thógtha agus nádúrtha a bhainistiú. D'fhéadfadh turasóireacht nach bhfuil bainistithe a bheith ina baol mór do shainghné an tírdhreacha agus na timpeallachta áitiúla.

Baintear úsáid níos mó agus níos mó as an téarma "Bonneagar Glas" le tagairt do na líonraí idirnasctha talún agus uisce mórthimpeall orainn a chothaíonn cáilíocht chomhshaoil agus a shaibhríonn ár gcáilíocht beatha. Áirítear air sin na limistéir chaomhantais dúlra, na páirceanna,

---

[81] Fáilte Éireann, *Tourism to the South East (Preliminary Data) 2010*
[82] Fáilte Éireann, Tourism Facts 2011, Nollaig 2012
[83] Fáilte Éireann, *Destination Kilkenny A Strategic Plan and Work Programme 2011/2013*

na spásanna oscailte, na haibhneacha, na tuilemhánna agus na bogaigh atá scaipthe ar fud na cathrach agus mórthimpeall uirthi. Is ionann na gnéithe sin agus bunchlocha thurasóireacht Chill Chainnigh agus saibhríonn siad eispéireas an turasóra sa chathair, rud a bhfuil buntáistí geilleagracha ag baint leis ar a uain. Ní mór acmhainní nádúrtha na cathrach a chosaint chun fás geilleagrach a chothú.

Luaitear san fhoilseachán *Historic Towns in Ireland*[84] de chuid Fáilte Éireann gur chóir go méadódh forbairt na Turasóireachta Inbhuanaithe ioncam do ghnóthais an bhaile agus gur chóir freisin go mbainfí amach spriocanna caomhantais, comhshaoil agus sóisialta dá barr.

Éascóidh na Comhairlí bearta chun méadú inbhuanaithe a chur ar líon na gcuairteoirí, ar ioncam in aghaidh an chuairteora, ar a meántréimhse fanachta agus ar raon na séasúr ina dtagann siad; agus ag an am céanna chun an oidhreacht thógtha agus an bonneagar glas, arb ionann iad agus na hacmhainní ar a bhfuil tionscadal turasóireachta na cathrach bunaithe, a chosaint. Tacóidh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh le cur i bhfeidhm na Straitéisí Forbartha *Strategic Marketing Plan for Kilkenny Tourism*[85] de chuid Turasóireacht Chill Chainnigh agus *Destination South East*[86] agus *Destination Kilkenny*[87] de chuid Fáilte Éireann.

### 6.6.2 An Táirge Turasóireachta

Tá raon éagsúil nithe is díol spéise do thurasóirí i gCill Chainnigh ar féidir leas a bhaint astu chun tionscal turasóireachta láidir, ardcháilíochta ó cheann ceann na bliana a chruthú.

Léiríodh i dtaighde de chuid Fáilte Éireann in 2008 gur gineadh os cionn €2.2 billiún ó chuairteoirí chuig láithreáin is díol spéise ó thaobh cúrsaí staire/cultúrtha in Éirinn[88]. Cuireann an turasóireacht chultúrtha/oidhreachta 54% le hiomlán an ioncaim turasóireachta ó thar lear, fad agus a chuireann na gníomhaíochtaí atá bunaithe ar bhonneagar glas an chontae i dteannta a chéile 18% leis an ioncam ó thar lear, lena n-áirítear fánaíocht agus siúl, galf, rothaíocht, slatiascaireacht agus eachaíocht[89]. Chomh maith leis sin is iondúil go bhfanann turasóirí oidhreachta agus cultúir níos faide in Éirinn agus go gcaitheann siad níos mó airgid[90]. Dá bhrí sin bíonn buntáistí díreacha geilleagracha don chathair agus don chontae ag baint le hoidhreacht an chontae agus ní mór cúram a ghlacadh chun forbairt na sócmhainní seo a bhainistiú agus ag an am céanna a chinntiú go ndéantar iad a chosaint agus a chaomhnú freisin.

---

[84] Fáilte Éireann, *Historic Towns in Ireland. Maximising Your Tourism Potential*, 2012
[85] Turasóireacht Chill Chainnigh, *Strategic Marketing Plan for Kilkenny Tourism*, 2012
[86] Fáilte Éireann, *Destination South East A Strategic Plan and Work Programme 2011-2013*
[87] Fáilte Éireann, *Destination Kilkenny A Strategic Plan and Work Programme 2011/2013*
[88] Fáilte Éireann, *Historic Towns in Ireland. Maximising Your Tourism Potential*,2012
[89] Fáilte Éireann, *Historic Towns in Ireland. Maximising Your Tourism Potential*,2012
[90] Fáilte Éireann, *Historic Towns in Ireland. Maximising Your Tourism Potential*,2012

Léiríodh i suirbhéanna ar chuairteoirí a rinne Fáilte Éireann in 2010 gur mealladh 192,777 cuairteoir chuig Caisleán Chill Chainnigh agus go raibh sé ar na 10 n-ionad is mó a mheall cuairteoirí i Réigiún an Oirdheiscirt[91].

Tá na hEalaíona ina gcuid lárnach d'fhorbairt chultúrtha, turasóireachta agus gheilleagrach an chontae freisin agus pléitear é seo go mion níos déanaí sa chaibidil seo.

### 6.6.3 Féilte

Bíonn deiseanna ollmhóra do mhiondíoltóirí ag baint le himeachtaí ar nós féilte, aonach, agus ceolchoirmeacha agus ba cheart an méid sin a áireamh maidir le forbairt imeachtaí nua a spreagadh agus clár gníomhaíochtaí a fhorbairt do chuairteoirí. Tá féilte amhail Féile Ealaíon Chill Chainnigh, Féile Ghrinn The Cat Laughs, an Fhéile Rhythm and Roots, an Fhéile Savour Food, an Fhéile Cheilteach agus Kilkenomics tar éis iomrá Chathair Chill Chainnigh mar cheann scríbe turasóireachta a mhéadú. Tacóidh na Comhairlí le forbairt na bhféilte atá ann cheana agus tacóidh siad le bunú feilte nua i suíomhanna feiliúnacha áit ar féidir a léiriú go bhfuil éileamh orthu agus margadh ann dóibh, chun turasóireacht mhiondíola níos mó a chur chun cinn ar fud na Cathrach.

### 6.6.4 Tionscadail Shuaitheanta

Cabhróidh forbairt mór-iontas turasóireachta agus nithe eile is díol spéise do thurasóirí le héagsúlú an táirge turasóireachta – lena n-áirítear tionscadail ilghnéitheacha, mar shampla, an Míle Meánaoiseach (a pléadh i gCaibidil 4), Siúlbhealach na Feoire agus Teach an Rútaigh.

### 6.6.5 An Oidhreacht Ailtireachta

Tá foirgnimh stairiúla a bhfuil athchóiriú álainn déanta orthu agus fánáin chasta ina sainghné de chuid Chathair Chill Chainnigh agus is cathair bheag dhlúth í ionas gur féidir le cuairteoirí an chathair a thaiscéaladh de shiúl na gcos. Cuireann sainghné fhoriomlán na Cathrach agus cáilíocht iontach roinnt de na gnéithe mionscála amhail aghaidheanna siopaí, tithe, fánáin, ballaí cloiche agus sonraí ailtireachta ar na foirgnimh go mór le mealltacht lár na cathrach. Chomh maith leis sin tá roinnt foirgneamh sa chathair ar díol suntais iad ó thaobh cúrsaí ailtireachta agus staire freisin lena n-áirítear Caisleán Chill Chainnigh, Ardeaglais Chainnigh, agus Teach an Rútaigh.Spreagfaidh na Comhairlí forbairt turasóireachta atá bunaithe ar shaintréithe agus ar ghnéithe sainiúla stair, chultúr agus thimpeallacht na Cathrach.

### 6.6.6 An Oidhreacht agus an Bonneagar Glas

Tá oidhreacht shaibhir ag Cill Chainnigh - idir oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha agus is bunchloch na turasóireachta í. Mealltar go leor turasóirí, idir thurasóirí idirnáisiúnta agus

[91] Fáilte Éireann, *Tourism to the South East (Preliminary Data) 2010*

intíre, chun an chathair a fheiceáil mar gheall ar bhonneagar glas na cathrach, lena n-áirítear a cuid aibhneacha agus a spásanna oscailte.

Aithníonn na Comhairlí an tábhacht a bhaineann le Caisleán Chill Chainnigh agus le Páirc an Chaisleáin ó thaobh shainghné agus mealltacht lár na cathrach agus déanfaidh siad a seacht ndícheall chun obair a dhéanamh le hOifig na nOibreacha Poiblí chun sainghné ar leith an Chaisleáin a fheabhsú.

Baintear tairbhe as an bhFeoir freisin sa chathair. Téann an abhainn trí lár na cathrach agus is iomaí deis le haghaidh taitneamhachtaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann léi, lena n-áirítear siúl feadh Pháirc Líneach na Feoire agus gníomhaíochtaí atá bunaithe san uisce. Éascóidh an Chomhairle bearta chun turasóireacht atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí a spreagadh agus a chur chun cinn sa chathair lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus gníomhaíochtaí atá bunaithe san uisce.

### 6.6.7 Ceardaíocht agus Seirbhísí

San 20ú haois, tháinig borradh faoi Chill Chainnigh mar lárionad cruthaitheachta, agus tá go leor siopaí ceardaíochta agus dearthóireachta lonnaithe sa chathair. Is díol spéise tábhachtach do thurasóirí é Ionad Dearthóireachta agus Ceardlanna Chill Chainnigh (Kilkenny Design Centre).
Tá lár cathrach fuadrach sa chathair freisin ina bhfuil go leor seirbhísí ar fáil, mar shampla, óstáin, tithe aíochta, bialanna, siopaí, amharclanna, gailearaithe agus imeachtaí cultúrtha. Chomh maith leis sin tá dé de chumas ag an gcathair comhdhálacha agus an gnó lena mbaineann a mhealladh. Tacóidh na Comhairlí le bearta chun Cathair Chill Chainnigh agus na Purláin a chur chun cinn mar lárionad comhdhálacha ainmnithe i Réigiún an Oirdheiscirt. Éascóidh na Comhairlí, nuair is cuí, teacht le chéile táirgí turasóireachta chun naisc laistigh den gheilleagar áitiúil agus caillteanais uaidh a laghdú.

### 6.6.8 Bonneagar agus Saoráidí Turasóireachta

Tá bonneagar agus saoráidí ardcháilíochta, sábháilte i suíomh maith riachtanach chun eispéireas maith a chruthú do chuairteoirí. Áirítear ar an méid sin bonneagar amhail conairí siúil agus rothaíochta, bonneagar atá bunaithe ar aibhneacha don tslatiascaireacht agus do thaitneamhachtaí abhann, iompar agus comharthaíocht. I bPlean Léirmhinithe na Cathrach a chuir Fáilte Éireann[92] i dtoll a chéile, leagtar béim ar phríomhthéamaí a bheidh mar bhunús le léirmhíniú na cathrach do chuairteoirí agus a úsáidfear chun an chathair a fhorbairt agus a bheochan.

Spreagfaidh na Comhairlí comhlachtaí forbartha agus turasóireachta agus cabhróidh siad leo chun bonneagar leordhóthanach áineasa agus turasóireachta a sholáthar agus chun saoráidí atá dírithe ar thurasóirí a fhorbairt tuilleadh sa Chathair agus sa Purláin, amhail comharthaí, athchóiriú an fhearainn phoiblí, saoráidí páirceála do chóistí agus bainistíocht tráchta.

[92] Fáilte Éireann, *Kilkenny City – The Experience for Visitors 15th May 2012 Workshop Outcomes*

## 6.7 Forbairt na nEalaíon agus Forbairt Chultúrtha

Tá traidisiún beo bríomhar, fairsing agus iomráiteach ag Contae agus Cathair Chill Chainnigh ó thaobh na n-ealaíon de. Tá na healaíona fós i lár an aonaigh i gCill Chainnigh agus cuireann siad go mór le dul chun cinn thodhchaí shóisialta, chultúrtha, chruthaitheach, gheilleagrach agus pholaitíochta Chill Chainnigh.

Feictear go bhfuil forbairt chultúrtha i gcroílár fhorbairt fhoriomlán na cathrach. Tá cultúr contae, cathrach nó baile ar cheann de na gnéithe ríthábhachtacha trína ndéantar idirdhealú idir iad agus contaetha nó cathracha eile agus tá an cumas pobail a athbheochan agus aird agus infheistíocht an domhain a tharraingt bunaithe go mór ar thairiscintí cultúrtha na cathrach. Cruthaíonn forbairt chultúrtha oidhreacht chultúrtha.

Oibríonn Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chill Chainnigh chun gníomhaíocht ealaíonta a fhorbairt, a chomhordú, a spreagadh agus a chumasú ar fud an chontae agus ar fud na cathrach. Cuireann an oifig na healaíona chun cinn mar ghníomhaíocht fhiúntach do chách, agus cuireann sí comhairle agus tacaíocht ar fáil do ghrúpaí agus do dhaoine aonair agus do shaothair chun staid Chill Chainnigh mar ionad barr feabhais le haghaidh na n-ealaíon a neartú agus chun timpeallacht ealaíon atá rathúil agus faoi bhláth a chinntiú. Oibríonn na Comhairlí chun a chinntiú go gcuirtear tacaíocht leanúnach ar fáil san earnáil seo, ní hamháin mar gheall ar a thábhachtaí is atá sí inti féin, ach mar ghníomhaí mórfhorbartha geilleagraí.

### 6.7.1 Eagraíochtaí Ealaíon

Tá raon ilghnéitheach disciplíní agus gníomhaíochtaí faoi chúram eagraíochtaí cultúrtha agus ealaíon Chill Chainnigh, ina measc, Compántas Téatair Barnstorm, Dánlann an Bhuitléaraigh, Féile Ealaíon Chill Chainnigh, An Dánlann Náisiúnta Ceardaíochta, Féile Ghrinn The Cat Laughs, An Fhéile Savour Food, Kilkenomics, Ionad Ealaíon cuimsitheach Chomharghrúpa Chill Chainnigh do Thallann Ealaíon (KCAT), Scannánóirí Óga na hÉireann, Compántas Téatair Devious agus Cartoon Saloon. Bíonn ról tábhachtach acu sin go léir laistigh d'fhorbairt ealaíon agus chultúrtha na cathrach agus an chontae, agus tá siad tar éis a próifíl a ardú sa tír seo agus thar lear. Tuigeann na Comhairlí céard atá ar siúl i ndáiríre sa mhargadh suíomhanna agus go bhfuil cathracha agus réigiún san iomaíocht le chéile chun gnóthais, infheistíochtaí díreacha agus tallanna cruthaitheacha a mhealladh. Ionas go mbeidh rath orthu, tá sé tábhachtach tairiscintí cultúrtha ilghnéitheacha agus cáilíocht beatha agus cineál saoil a thairiscint. Tá an dá rud sin an-tábhachtach don tsochaí sa lá atá inniu ann. Tá tacaíocht na n-eagraíochtaí agus na dtionscal cruthaitheach atá ann cheana ríthábhachtach agus meallann gníomhaíocht ghnó agus chultúrtha ar a bhfuil rath gnó breise agus tionscadail chomhlántacha le lonnú agus athlonnú i réigiúin ar leith. I mbeagán focal, neartaíonn ár gcultúr staid na cathrach agus feidhmíonn sé mar ambasadóir spreagúil, saibhrithe agus mealltach.

### 6.7.2 An Bonneagar Ealaíon

Tá raon spásanna taispeántais, taibhléirithe agus ionaid ghinearálta le fáil i gCill Chainnigh, lena n-áirítear Dánlann an Bhuitléaraigh, a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi, an Dánlann Náisiúnta Ceardaíochta (Comhairle Cheardaíochta na hÉireann), Amharclann Watergate, Teach an Rútaigh, Ardeaglais Chainnigh, tobspásanna, agus na leabharlanna. Sa *Straitéis do na hEalaíona*[93] aithníodh go bhfuil gá le hionad beag solúbtha sa chontae chun roinnt ról a chomhlíonadh, idir spás do ghrúpaí pobail, damhsa, cleachtadh le haghaidh bannaí ceoil, cleachtadh téatair, taibhléiriú agus saoráidí stórála.

**An Cuspóir:**

- **Ionad ealaíon laistigh den chontae a fhorbairt chun roinnt úsáidí ealaíonta a chomhlíonadh.**
- **Straitéis do na hEalaíona Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh a chur i ngníomh**.

[93] Comhairle Contae Chill Chainnigh, *Straitéis do na hEalaíona 2005-2009*

# 7 An Oidhreacht

## 7.1 Réamhrá

Tá acmhainn oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha atá ilghnéitheach agus saibhir ag Cathair Chill Chainnigh agus na Purláin. Is cuid dár n-oidhreacht nádúrtha iad aibhneacha, crainn, coillearnacha, fálta sceach, geolaíocht, tírdhreach, plandaí agus ainmhithe. Tá foirgnimh agus déanmhais amhail tithe, siopaí, séipéil, droichid agus muilte agus láithreáin seandálaíochta chomh maith ina ngnéithe dár n-oidhreacht thógtha. Áirítear ar ár n-oidhreacht chultúrtha gnéithe oidhreachta, mar shampla, traidisiúin, cleachtais, eolas agus scileanna atá mar léiriú ar ár gcultúr.

Is cathair uathúil í Cill Chainnigh mar gheall ar a cuid oidhreachta agus is í oidhreacht na cathach is bun le sainghné ar leith agus 'ómós áite' Chill Chainnigh. Is acmhainn gheilleagrach thábhachtach í. Is í bunchloch thionscadal turasóireachta Chill Chainnigh í, agus tá buntáistí geilleagracha suntasacha ag an gcontae agus ag an gcathair dá barr. Tá an oidhreacht ríthábhachtach freisin d'fholláine, do shláinte agus do cháilíocht beatha na bpobal.

Sna foilseacháin an Plean Náisiúnta Oidhreachta agus an *Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta 2011-2016*[94] aithnítear an ról lárnach a imríonn na húdaráis áitiúla, agus gníomhaíocht atá faoi stiúir an phobail áitiúil, maidir le feasacht agus bainistíocht ar an oidhreacht. Is gné thábhachtach den dá phlean é ról níos mó i mbainistíocht na hoidhreachta a thabhairt do na húdaráis áitiúla, rud a bhainfear amach trí mheán Pleananna Oidhreachta Contae agus Pleananna Gníomhaíochtaí Bithéagsúlachta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Faoin sainchúram seo, féachfaidh na Comhairlí le cosaint, bainistíocht inbhuanaithe agus, nuair is féidir, feabhsú na hoidhreachta i gCathair Chill Chainnigh a bhaint amach ar mhaithe leis an nglún atá ann agus leis na glúine atá le teacht. Tá iarracht á déanamh againn ár dtimpeallacht agus ár n-oidhreacht chultúrtha a choimeád slán agus a chothú mar chuid dár bhféiniúlacht trí shaintréithe na Cathrach agus na Purláin a chaomhnú.

Cuirfidh an Chomhairle feasacht níos fearr ar oidhreacht an chontae chun cinn trína cuid beartas agus gníomhartha.

**NA CUSPÓIRÍ**

- Plean Oidhreachta Contae agus Plean Bithéagsúlachta Contae a chur i bhfeidhm, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chill Chainnigh agus leis na páirtithe leasmhara ar fad.

[94] An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, *An Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta 2011-2016*, 2011

## 7.2 An Oidhreacht Nádúrtha

Cuimsítear faoin Oidhreacht Nádúrtha an beathra ilghnéitheach a fheicimid mórthimpeall orainn gach lá, ar a dtugtar an bhithéagsúlacht go minic, lena n-áirítear aibhneacha agus coillearnacha, fálta sceach, mamaigh, éin agus plandaí. Tá an gheolaíocht agus an tírdhreach mar chuid di freisin.

Tá buntáistí geilleagracha móra don chathair agus don chontae ag baint lenár n-oidhreacht nádúrtha. Tá sí mar bhonn agus mar thaca ag earnálacha geilleagracha tábhachtacha ar nós na hearnála turasóireachta agus áineasa, agus is dlúthchuid de bhonneagar glas na cathrach í. Meastar go bhfuil sé den riachtanas acmhainní nádúrtha na cathrach agus an chontae a chosaint chun fás geilleagrach a chothú[95].

Is é aidhm na Comhairle oidhreacht nádúrtha na cathrach a chaomhnú, a fheabhsú agus a bhainistiú, lena n-áirítear a cuid bithéagsúlachta, oidhreachta geolaíochta agus a tírdhreacha agus chun tuiscint agus rochtain inbhuanaithe uirthi a chur chun cinn.

### 7.2.1 An Bhithéagsúlacht a chosaint i gCill Chainnigh

Tá roinnt limistéar i gCathair Chill Chainnigh agus sna Purláin sainaitheanta mar limistéir a bhfuil tábhacht ar leith leo don fhiadhúlra ar leibhéal náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta. Tá na limistéir sin cosanta faoin reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach. Anuas air sin, meastar gur speicis neamhchoitianta nó leochaileacha iad speicis áirithe plandaí, ainmhithe agus éan a fhaightear sa chathair agus sna purláin agus cosnaítear le dlí na hÉireann iad.

#### *7.2.1.1 Limistéir Chosanta a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta Leo: Natura 2000*

Tá Limistéir Chaomhantais Speisialta agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta ainmnithe (nó tá siad á n-ainmniú) chun gnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht Eorpach leo a chaomhnú de bhun Threoracha an AE maidir le hÉin agus Gnáthóga. Tá na láithreáin seo mar chuid de líonra uile-Eorpach ar a dtugtar Natura 2000. Ainmnítear Limistéir Chaomhantais Speisialta chun gnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht Eorpach leo a chaomhnú agus is é is aidhm le Limistéir faoi Chosaint Speisialta a ainmniú ná éin atá neamhchoitianta, i mbaol a ndíothaithe nó atá leochaileach i leith athruithe sa ghnáthóg, agus a dteastaíonn cosaint uathu, a chosaint.

Is faoi rannóg na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta atá sé na láithreáin seo a ainmniú. Tá eolas cothrom le dáta faoi na láithreáin seo le fáil ar láithreán Gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (www.npws.ie). Tá na láithreáin Natura 2000 reatha i gCathair Chill Chainnigh agus sna Purláin liostaithe i dTábla 8.1 agus léirithe ar Fhigiúr 7.1.

**Measúnacht Chuí**

[95] Delivering our Green Potential, 2012 lch. 5

Mar ata leagtha amach i gCaibidil 1, ciallaíonn measúnacht chuí measúnacht, bunaithe ar an eolas eolaíochta is fearr, ar na tionchair a d'fhéadfadh plean nó tionscadal, cibé áit a bhfuil sé, a imirt ar na cuspóirí caomhantais atá ag aon láithreán Natura 2000 agus, nuair is gá, bearta maolaithe nó seachanta a áireamh chun éifeachtaí díobhálacha a chosc.

Cinnteoidh an Chomhairle go ndéanfar Measúnacht Chuí i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus le hAirteagal 6(4) maidir le haon phlean nó tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige leis an láithreán nó nach bhfuil riachtanach do bhainistíocht an láithreáin ach ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach aige ar láithreá(i)n Natura 2000, leis féin nó in éineacht le pleananna nó le tionscadail eile, i bhfianaise chuspóirí caomhantais an láithreáin.

### *7.2.1.2 Limistéir Chosanta a bhfuil Tábhacht Náisiúnta Leo*

Ainmníodh Limistéir Oidhreachta Nádúrtha chun speicis agus gnáthóga a bhfuil tábhacht náisiúnta leo a chaomhnú faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000. Is faoi rannóg na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta atá sé na láithreáin seo a ainmniú. Seans go n-athródh teorainneacha na limistéar cosanta le linn thréimhse feidhme an phlean, agus d'fhéadfadh sé go n-ainmneofar limistéir bhreise. Tá eolas cothrom le dáta faoi na láithreáin seo le fáil ar láithreán Gréasáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (www.npws.ie). Tá láithreáin chosanta reatha a bhfuil tábhacht náisiúnta leo i gCathair Chill Chainnigh agus sna Purláin liostaithe i dTábla 7.1 agus léirithe ar Fhigiúr 7.1.

### *7.2.1.3 Speicis Neamhchoitianta agus Chosanta agus a gCuid Gnáthóg*

Tá speicis áirithe plandaí, ainmhithe agus éin neamhchoitianta agus faoi bhagairt agus cosnaítear iad leis an dlí. Áirítear anseo speicis plandaí atá liostaithe san Ordú um Flora (Cosaint), 1999 (nó in Orduithe eile dá samhail) agus a ngnáthóga; ainmhithe agus éin atá liostaithe san Acht um Fhiadhúlra, 1976 agus in ionstraimí reachtúla ina dhiaidh sin, ainmhithe agus plandaí atá liostaithe in Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga, agus éin atá liostaithe in Aguisín 1 den Treoir maidir le hÉin. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi speicis chosanta agus a gcuid gnáthóg féach www.npws.ie.

Rachaidh an tÚdarás Pleanála i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (a) maidir le haon fhorbairt bheartaithe i gcás ina bhféadfadh an fhorbairt sin tionchar a imirt ar limistéar cosanta a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta nó náisiúnta leis, nó ar speiceas cosanta agus a ngnáthóga, agus (b) cuirfidh sé aon cheanglais cheadúnaithe san áireamh, nuair a bheidh forbairt á déanamh, nó á faomhadh ar dóigh di difear a dhéanamh do speicis plandaí, ainmhithe nó éan a chosnaítear le reachtaíocht náisiúnta nó Eorpach.

**Na Cuspóirí**

- Na speicis plandaí agus ainmhithe agus a gcuid gnáthóg atá sainaitheanta faoin Reachtaíocht Eorpach (Treoir an AE maidir le Gnáthóga, Treoir an AE maidir le hÉin) a chosaint agus, más féidir, a fheabhsú.
- Na láithreáin oidhreachta nádúrtha atá ainmnithe sa Reachtaíocht Náisiúnta (na hAchtanna um Fhiadhúlra agus an tOrdú um Flora (Cosaint)) a chosaint, agus más féidir, a fheabhsú. Beidh aon athruithe ar láithreáin nó láithreáin bhreise a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn thréimhse feidhme an phlean seo faoi réir ag an gcosaint sin freisin.

**Caighdeán um Bainistíocht Forbartha**

Féachaint chuige go ndéantar measúnacht tionchair éiceolaíochta ar aon fhorbairt bheartaithe ar dóigh di tionchar suntasach a imirt ar speicis neamhchoitianta agus faoi bhagairt lena n-áirítear na speicis sin a chosnaítear leis an dlí agus a gcuid gnáthóg. Féachaint chuige go n-áirítear bearta maolaithe agus seachanta cuí i dtograí forbartha mar chuid d'aon mheasúnacht tionchair éiceolaíochta.

| Tábla 7.1 Láithreáin Oidhreachta Nádúrtha Chosanta a bhfuil Tábhacht Náisiúnta agus Idirnáisiúnta Leo | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ainm an Láithreáin | Láithreán Cód/Tag | Limistéar Caomhantais Speisialta is iarrthóir | Limistéar faoi Chosaint Speisialta | Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Beartaithe |
| An Bhearú & an Fheoir | 002162 | ✓ | | ✓ |
| An Fheoir | 004233 | | ✓ | |
| Garrán an Áirséaraigh | 002051 | | | ✓ |
| Coimpléacs an Dúin Mhóir | 001859 | | | ✓ |
| Loch Mocháisc | 001914 | | | ✓ |
| Riasc na Páirce Nua | 000845 | | | ✓ |

Féach www.npws.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoi limistéir chosanta.

### 7.2.2 Bonneagar Glas

Is féidir an téarma Bonneagar Glas a shainmhíniú mar líonraí spásanna glasa agus uisce atá pleanáilte go straitéiseach agus idirnasctha agus ar féidir leo seirbhísí éiceachórais agus buntáistí maidir le cáilíocht na beatha a sholáthar do dhaoine. Moltar i dTreoirlínte um Pleanáil Réigiúnach an Oirdheiscirt cur chuige maidir le bonneagar glas a fhorbairt ar gach leibhéal sa chóras pleanála agus go n-ullmhófaí Straitéisí maidir leis an mBonneagar Glas ar leibhéal an Chontae/na Cathrach.

Tá an Bonneagar Glas deartha agus bainistithe chun an méid seo a leanas a sholáthar agus a éascú:

- timpeallacht ardcháilíochta lena dtabharfar buntáistí geilleagracha trí infheistíocht isteach agus gnó nua a mhealladh
- spásanna oscailte ardcháilíochta lena dtugtar buntáistí sóisialta agus sláinte do dhaoine trí áiteanna súgartha, agus limistéir agus bealaí sábháilte agus mealltacha inar féidir bualadh le daoine, siúl agus rothaíocht a sholáthar
- deiseanna agus spás chun teagmháil a dhéanamh leis an dúlra, rud a mheastar a bheith tábhachtach ar mhaithe le sláinte mhaith agus folláine
- dul in oiriúint do na tionchair a imríonn an t-athrú aeráide agus tuilte.
- táirgeadh bia áitiúil - i ngarraithe scóir, i ngairdíní agus trí thalmhaíocht
- spás inar féidir leis an mbithéagsúlacht (an dúlra agus an fiadhúlra) teacht i dtreis
- ómós áite agus sainiúlacht áitiúil

Tháinig pleanáil don Bhonneagar Glas chun cinn mar fhreagra don tuiscint atá ag méadú go bhfuil go leor buntáistí don tsochaí ag baint le spás glas, agus go bhfuil gá le pleanáil a dhéanamh chun é a chosaint, a sholáthar agus a bhainistiú i dteannta pleananna d'fhás agus

d'fhorbairt. Tá ról tábhachtach le himirt aige ó thaobh cabhrú chun láithreáin Natura 2000 agus an bhithéagsúlacht a chosaint.

Chuir Comhairlí Chathair agus Chontae Chill Chainnigh suirbhé ar ghnáthóga agus ar an mbonneagar[96] glas i gCathair Chill Chainnigh agus na purláin i dtoll a chéile, ina n-aithnítear agus a mapáiltear gnáthóga ríthábhachtacha agus bonneagar glas, féach Figiúr 7.2. Tá torthaí na suirbhéanna sin ríthábhachtach ó thaobh an tuiscint atá againn ar an acmhainn bhithéagsúlachta sa chathair agus sna purláin a fheabhsú, agus bainfear úsáid astu chun eolas a chur ar fáil do phróiseas na Bainistíochta Forbartha agus do Straitéis um Bonneagar Glas ar bith a dhéanfar amach anseo.

**Na Cuspóirí**

- **Straitéis um Bonneagar Glas a ullmhú do chathair Chill Chainnigh agus na Purláin, má tá na hacmhainní ar fáil, agus tacú le cur i bhfeidhm na straitéise.**

### 7.2.3 Caomhnú an Dúlra Lasmuigh de Limistéir atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta agus Náisiúnta

Tá cuid mhór den bhithéagsúlacht agus go leor dár ngnéithe tírdhreacha tábhachtacha sa chathair le fáil i limistéir atá lasmuigh de láithreáin atá faoi réir ag cosaint dhlíthiúil faoi dhlíthe Náisiúnta nó faoi dhlíthe de chuid an AE. Tá na gnáthóga agus na gnéithe sin an-tábhachtach mar gheall ar an gcaoi a gcuireann siad le bithéagsúlacht, luach tírdhreacha agus ómós áite na cathrach agus purláin. Chomh maith leis sin, bíonn ról tábhachtach le himirt acu mar “conairí” nó “clocha cora”, eadhon, cuireann siad ar chumas na speicis gluaiseacht, agus cabhraíonn siad le cothú na ngnáthóg, agus na bhfeidhmeanna agus próiseas éiceolaíochta a bhfuil gá leo chun an bhithéagsúlacht a choimeád agus a fheabhsú. Cuireann siad naisc agus conairí ríthábhachtacha ar fáil chun gur féidir le plandaí agus ainmhithe gluaiseacht trí líonra na láithreán cosanta. I measc na ngnéithe sin tá: crainn, fálta sceach, gairdíní, claíocha agus bruacha, ballaí cloiche, coillearnacha, fearann páirce, aibhneacha, srutháin agus criosanna bruachánacha lena mbaineann, linnte agus canálacha. Tá ár mBonneagar Glas bunaithe ar chonairí nó ar líonraí idirnasctha den chineál sin. Tá sé tábhachtach go mbeidh na limistéir seo caomhnaithe agus bainistithe go maith.

In Airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga, leagtar amach ár n-oibleagáidí maidir leis an oidhreacht nádúrtha faoin tuath. Foráiltear leis go ndéanfaidh Údaráis Phleanála iarracht comhtháthú éiceolaíochta líonra Natura 2000 a fheabhsú, trí bheartais phleanála agus forbartha talamhúsáide, agus go spreagfaidh siad bainistiú na dtréithe tírdhreacha a bhfuil tábhacht ollmhór leo d'fhána agus do fhlóra fiáin. Is iad na gnéithe sin na gnéithe atá riachtanach, de bhua a bhfeidhme agus a struchtúir, d’imirce, do scaipeadh agus do mhalartú géiniteach speiceas fiáin agus atá ina gcuid de líonra an bhonneagair ghlais.

[96] Comhairlí Chathair agus Chontae Chill Chainnigh, Habitat Survey and Mapping of Kilkenny City, 2010.

**NA CUSPÓIRÍ**

Gnáthóga fiadhúlra agus gnéithe tírdhreacha a ghníomhaíonn mar chonairí/líonraí éiceolaíochta agus mar chora chlocha, mar shampla, conairí abhann, fálta sceacha, gairdíní agus ciumhaiseanna bóthair a chosaint, agus más féidir, a fheabhsú, agus caillteanas gnáthóg agus gnéithe den tuath níos leithne (amhail linnte, bogaigh, crainn) nach bhfuil laistigh de láithreáin ainmnithe a íoslaghdú. Sa chás nach féidir caillteanas gnáthóg agus gnéithe den tuath níos leithne a sheachaint mar chuid d'fhorbairt, a chinntiú go gcuirtear bearta cuí maolaithe agus/nó cúitimh i bhfeidhm, chun an bhithéagsúlacht agus sainghné an tírdhreacha agus líonraí bonneagair ghlais a chaomhnú agus a fheabhsú.

## 7.2.4 An Oidhreacht Gheolaíochta

### *7.2.4.1 Suíomhanna Geolaíochta an Chontae*

Tá Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann tar éis measúnú a dhéanamh ar oidhreacht gheolaíochta Chontae Chill Chainnigh agus chuir siad dhá thuarascáil i dtoll a chéile dar teideal *The Geological Heritage of Kilkenny (2007)* agus *An Audit of Geological Sites in County Kilkenny, Phase 2 (2012).* Tá an dá thuarascáil ar fáil ar láithreán Gréasáin na Comhairle (www.kilkennycoco.ie). Sna tuarascálacha sin, shainaithin Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann láithreáin a bhfuil tábhacht gheolaíoch agus gheomoirfeolaíoch leo sa chathair agus sa chontae agus mhol siad go gcosnófaí iad mar Láithreáin Gheolaíochta Contae. Tá ceann amháin de na láithreáin sin sa chathair - Cairéal Gharrán an Áirséaraigh, cairéal bunaidh de chuid Chairéil Mharmair Dhuibh Chill Chainnigh.

B’fhéidir go n-ainmneoidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann roinnt de na láithreáin mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha toisc gur díol spéise náisiúnta iad ó thaobh na geolaíochta de. Idir an dá linn, féachfaidh an Chomhairle le luach geolaíoch an láithreáin seo a choinneáil, agus le luachanna oidhreachta geolaíocha agus geomoirfeolaíocha an Láithreáin Gheolaíochta Contae seo a chosaint, agus nuair is cuí a fheabhsú.

Caighdeán um bainistíocht forbartha

- Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann nuair atá breithniú á dhéanamh aici i dtaobh forbairtí ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do láithreáin gheolaíochta a chur i gcrích, a fhaomhadh nó a údarú.

## 7.2.5 Coillearnacha, Crainn agus Fálta Sceach

Is sócmhainn chomhshaoil, gheilleagrach, taitneamhachta, agus tírdhreacha iad coillearnacha agus crainn a bhfuil tábhacht ollmhór ag baint leo. Cuireann siad go mór le bithéagsúlacht agus le sainghné tírdhreacha na cathrach agus purláin agus is cuid de líonra gnáthóg, agus ‘conairí’ agus ‘clocha cora’ éiceolaíochta iad atá riachtanach ionas gur féidir leis an bhfiadhúlra teacht i

dtreis agus gluaiseacht idir gnáthóga agus laistigh díobh. Is cuid thábhachtach dár mbailedhreacha freisin iad.

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh suirbhé ar na crainn aibí sa Chathair ar fiú iad a chaomhnú[97]. Bainfear úsáid as an tuarascáil seo, i dteannta faisnéis ábhartha eile, chun eolas a sholáthar chun crainn bhreise a chur leis na hOrduithe Slánchoimeádta Crann amach anseo. Tá cóip den tuarascáil ar fáil ón Rannóg Páirceanna de Chomhairle Contae Chill Chainnigh agus tá an liosta crann ar áireamh in Aguisín E.

Is é atá i gClár Crann na hÉireann bunachar sonraí na gcrann den scoth in Éirinn a chuir Comhairle Crann na hÉireann i dtoll a chéile. Sainaithníodh crainn shuntasacha sa chathair agus sa chontae i gClár Crann na hÉireann, bunaithe ar shaintréithe amhail aois, airde, trastomhas, agus ar an mbaint atá acu le cúrsaí staire nó béaloidis. Tá cóip den Chlár le haghaidh Chill Chainnigh le fáil le breathnú uirthi ón Rannóg Páirceanna de Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

Sainaithníodh acmhainneacht taitneamhachta na gcoillearnach sa chontae i Suirbhé ar Choillearnacha Chill Chainnigh, a choimisiúnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh in 1997. Tá cóip den suirbhé le fáil le breathnú uirthi ón Rannóg Páirceanna de Chomhairle Contae Chill Chainnigh.

Tá roinnt beart reachtúil ann ina n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le crainn agus le coillearnacha agus foráiltear leo chun iad a chosaint. Ina measc siúd, tá:

i. Orduithe Slánchoimeádta Crann

   Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ceadaítear leis na hOrduithe Slánchoimeádta Crann go gcosnófar crainn, grúpa crann agus coillte a bhfuil tábhacht taitneamhachta leo. Ní féidir crainn, atá faoi réir ag Ordú Slánchoimeádta Crann, a leagan mura bhfuil cead pleanála ag an úinéir freisin. Féach Aguisín F chun liosta de na hOrduithe Slánchoimeádta Crann reatha sa chathair a fháil. Is féidir cur leis an liosta sin le linn thréimhse an Phlean seo. Iarr ar Rannóg na bPáirceanna den Chomhairle Contae chun an liosta is deireanaí a fháil. Caomhnóidh an Chomhairle crainn thábhachtacha, grúpa crann nó coillearnacha, trí leas a bhaint as Orduithe Slánchoimeádta Crann, mar is cuí.

ii. Leagan Crann

   Faoi Acht Foraoiseachta 1946, maille le heisceachtaí áirithe, tá sé neamhdhleathach aon chrann a thochailt nó a leagan mura bhfuil fógra á rá go bhfuil sé ar intinn amhlaidh a dhéanamh tugtha de réir an Achta. Tabharfaidh an Chomhairle treoir d'úinéirí talún

[97] Fennell, A. 2007. A Survey of Mature Trees in Kilkenny City and Environs (Tuarascáil nach bhfuil foilsithe le haghaidh Chomhairle Contae Chill Chainnigh.)

maidir leis na ceanglais agus na nósanna imeachta dlíthiúla i ndáil le leagan crann d'fhonn sainghné tírdhreacha agus bithéagsúlacht an chontae a fheabhsú.

#### *7.2.5.1 Fálta Sceach*

Cuireann fálta sceach le bithéagsúlacht agus le sainghné tírdhreacha phurláin Chathair Chill Chainnigh. Is gnáthóga tírdhreacha iad, is conairí fiadhúlra idir gnáthóga iad, agus chomh maith leis sin tá tábhacht stairiúil leo mar theorainneacha bailte fearann agus páirce agus d'fhéadfadh feidhm thábhachtach feirmeoireachta a bheith acu freisin.
Cosnaítear fálta sceach leis an Acht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000, lena gcuirtear cosc ar bhearradh fálta le linn aimsir ghoir na n-éan (1 Márta -1 Meán Fómhair).

Tá suirbhéanna ar fhálta sceacha déanta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh mar chuid de Shuirbhé ar Ghnáthóga Chathair Chill Chainnigh agus Purláin. Féach Rannán 7.2.3 Caomhnú an Dúlra Lasmuigh de Limistéir atá faoi Chosaint Idirnáisiúnta agus Náisiúnta.

**Caighdeáin um bainistíocht forbartha**

- Coillearnacha, crainn agus fálta sceach láithreacha a bhfuil tábhacht taitneamhachta nó bithéagsúlachta leo a chosaint agus/nó cuir le sainghné tírdhreacha na cathrach agus purláin, agus a chinntiú go ndéantar foráil chuí chun iad a chosaint agus a bhainistiú, nuair atá forbairt á cur i gcrích, á faomhadh nó á húdarú.

- Chun a chinntiú go gcuirtear dóthain eolais ar fáil chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar na tionchair ar choillearnacha, ar chrainn, agus ar fhálta sceacha nuair atá forbairt á cur i gcrích, á faomhadh nó á húdarú.

  - Aird a thabhairt (a) ar chaomhnú láithreán suntasach atá sainaitheanta i Suirbhé ar Choillearnacha Chill Chainnigh 1997, agus (b) ar chaomhnú na gcrann i gContae Chill Chainnigh atá sainaitheanta i gClár Crann na hÉireann agus an méid sin a lorg

  - A cheangal go ndéanfar aon chrainn aibí atá sainaitheanta sa Suirbhé ar Chrainn Aibí i gCathair Chill Chainnigh agus sna Purláin a choinneáil agus a chosaint nuair atá iarratais phleanála á meas.

- Fálta sceach, agus aon chóireáil teorann dhearscnaitheach eile ar nós ballaí cloiche a choinneáil, nuair atá forbairt á cur i gcrích, a húdarú, nó á faomhadh; murar féidir cailleadh na teorann reatha a sheachaint mar chuid d'fhorbairt, a chinntiú go gcuirtear fál sceach nua ina n-úsáidtear speicis dhúchasacha, agus speicis ó fhoinsí áitiúla le dul in ionad an fháil sceach reatha agus/nó go n-atógtar an balla trí úsáid a bhaint as cloch na háite agus dearadh dúchasach na háite.

- Cosc a chur ar leagan crann aibí chun forbairt a éascú, go háirithe na crainn sin atá liostaithe sa suirbhé ar chrainn aibí, ach amháin sa chás gur gá iad a leagan ar chúiseanna sábháilteachta.

- A cheangal go ndéanfar speicis leathanduilleacha dhúchasacha, agus speicis ó fhoinsí áitiúla, a chur i bhforbairtí nua mar is cuí. Féach Aguisín G chun liosta de na crainn agus na toir dhúchasacha a fháil.

**An Cuspóir**

- Cuirfidh an Chomhairle plandáil speicis áitiúla chrann agus tor chun cinn, trí ghealltanas a thabhairt speicis dhúchasacha a úsáid (ó fhoinsí áitiúla más féidir) ina cuid oibre tírdhreachaithe agus ar mhaoin na Comhairle.

### 7.2.6 Uiscí intíre, Aibhneacha, Srutháin, Coillearnacha agus Screamhuisce

Tá na haibhneacha agus srutháin, na bogaigh agus an screamhuisce i gCathair Chill Chainnigh agus sna Purláin tábhachtach don bhithéagsúlacht agus cuireann siad acmhainní taitneamhachta agus áineasa ar fáil, lena n-áirítear an turasóireacht slatiascaireachta. Tá screamhuisce tábhachtach chun uisce a sholáthar agus chun na bogaigh agus sreafaí abhann a chothú le linn triomaigh. Tá aibhneacha agus srutháin ina ngné lárnach dár mBonneagar Glas freisin (féach rannán 7.2.2).

Is í an Fheoir, i dteannta a fo-aibhneacha an Bhréagach agus abhainn Pococke, an phríomhabhainn a théann trí chathair Chill Chainnigh. Is láithreán oidhreachta cosanta í faoin reachtaíocht Eorpach. (Féach Rannán 7.2.1.1 thuas.) Tá aibhneacha soghabhálach i leith tionchar ó fhorbairtí a dhéantar i limistéir atá i bhfad ó theorainn an láithreáin chosanta, trí naisc hidreolaíocha leis an láithreán cosanta, lena n-áirítear astarraingt uisce, scaoileadh amach ó ionaid chóireála fuíolluisce, maolú uisce dromchla nó screamhuisce.

Tá rochtain níos fearr le fáil ar an gconair uiscebhealaí mar gheall ar fhorbairt na siúlán cois abhann, fad agus a bhaintear úsáid as na haibhneacha iad féin ar mhaithe le caitheamh aimsire uisce lena n-áirítear slatiascaireacht, bádóireacht, curachóireacht agus cadhcáil, agus snámh. Chomh maith leis sin, cuireann na haibhneacha suíomh saibhir tírdhreacha ar fáil don chathair agus is ionann iad agus príomhlíonra an bhonneagair ghlais sa chathair.

Tá buntáistí geilleagracha suntasacha ag baint leis na haibhneacha. In 2010, bhí slatiascaireacht ar bun ag 127,000 cuairteoirí ó thar lear nuair a bhí siad in Éirinn, as ar tháinig caiteachas €89 milliún[98]. Tá iniúchadh oidhreachta ar an bhFeoir déanta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh, inar sainaithníodh agus mapáladh oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha chonair na Feoire i gContae Chill Chainnigh. Tá na sonraí ón iniúchadh á n-úsáid chun eolas a chur ar fáil chun straitéis léirmhínitheach do chonair na Feoire a ullmhú, arna maoiniú ag Comhairle Contae Chill Chainnigh agus Trail Kilkenny.

---

[98] Fáilte Éireann. *Activity Product Usage among Overseas Visitors in 2010*

Déanfar a gcuid conairí agus aibhneacha a chosaint agus a chothú dá luachanna bithéagsúlachta agus tírdhreacha, lena n-áirítear cosaint ar thuilte, nuair is féidir. Is limistéir mhaolánacha agus limistéir mhaolaithe tuilte iad na tuilemhánna nádúrtha cois na n-aibhneacha. I gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, le hIascaigh Intíre na hÉireann, le hUiscebhealaí Éireann agus le páirtithe leasmhara eile, éascóidh an Chomhairle rochtain agus tuiscint ar chonairí uiscebhealaí agus ar bhogaigh más féidir agus más cuí.

Caighdeán um bainistíocht forbartha

- Dul i gcomhairle le hIascaigh Intíre na hÉireann agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra roimh aon oibreacha nó forbairt a d'fhéadadh tionchar a bheith acu ar aibhneacha, ar shrutháin agus ar uiscebhealaí a chur i gcrích, a fhaomhadh nó a údarú.
- Ní mór a léiriú i dtograí nach mbeidh drochthionchar acu ar aon ghnáthóga ná speicis ar díol spéise iad agus nach gcuirfidh siad as d'fheidhm na habhann mar chonair de chuid an bhonneagair ghlais.

### 7.2.7 Speicis Ionracha

Is baol mór don bhithéagsúlacht iad speicis plandaí agus ainmhithe ionracha neamhdhúchasacha (ainmhithe agus plandaí a tugadh de thaisme nó d'aonghnó go dtí timpeallacht nádúrtha nach gnách dóibh a bheith inti). Is féidir leo drochthionchar a imirt ar speicis dhúchasacha, athrú ó bhonn a dhéanamh ar ghnáthóga, éiceachórais a chur i mbaol agus fadhbanna móra a chruthú don chomhshaol, d'fhoirgnimh agus don gheilleagar. Meastar go gcosnaíonn speicis ionracha in Éirinn €261 milliún in aghaidh na bliana faoi láthair[99]. Tá an baol ann go leathnófar speicis ionracha le linn oibreacha forbartha agus gníomhaíochtaí áineasa. Faightear roinnt speiceas ionrach i gCill Chainnigh. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi speicis ionracha féach (www.invasivespeciesireland.com). Cuirfidh an Chomhairle dea-chleachtas ó thaobh speicis ionracha a shrianadh chun cinn agus músclóidh sí feasacht orthu.

**Caighdeán um bainistíocht forbartha**

A chinntiú, a mhéid is féidir, go mbreathnaítear ar an gcaoi go bhféadfadh speicis ionracha leathnú mar chuid d'aon iarratas.

### 7.2.8 Speicis Plandaí Dúchasacha

Ba cheart síolta agus plandaí dúchasacha ó fhoinsí síolta dúchasacha a úsáid i ngach forbairt agus tionscadal/cóireáil tírdhreacha, más féidir. Tá sé tábhachtach amhlaidh a dhéanamh ar na cúiseanna seo a leanas:

[99] Kelly J.,Tosh D K., agus Jodson A., 2013. *The economic cost of invasive species in Ireland and Northern Ireland*. Tuarascáil a ullmhaíodh do Ghníomhaireacht Comhshaol Thuaisceart Éireann (Northern Ireland Environment Agency) agus don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra mar chuid de Speicis Ionracha Éireann.

- Cuireann sé le gealltanais náisiúnta maidir leis an éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú trí ghnáthóga dúchasacha a bhunú agus plandú agus scaipeadh plandaí neamhdhúchasacha a laghdú
- Cinntíonn sé go laghdaítear an baol a bhaineann le lotnaidí agus galair a iompórtáil a iompraítear ar ábhar plandaí neamhdhúchasacha (agus a fuarthas ó fhoinsí neamhdhúchasacha), a d'fhéadfadh dul i gcion go mór ar an bhflóra agus ar an bhfána dúchasach, ar an tírdhreach, ar thalmhaíocht agus ar fhoraoiseacht
- Déanann sé cúiteamh i gcaillteanas gnáthóige nó cuireann sé ar ais í
- Coinníonn sé féiniúlacht réigiúnach, sainghné tírdhreacha agus éagsúlacht

**Caighdeán um Bainistíocht Forbartha**

- Úsáid as plandaí agus síolta dúchasacha ó fhoinsí síolta dúchasacha a chur chun cinn i ngach tionscadal tírdhreacha

## 7.3 An Oidhreacht Thógtha

Cuimsítear faoin oidhreacht thógtha gach gné, foirgneamh agus déanmhas de dhéantús an duine sa timpeallacht. Tá ár n-oidhreacht shaibhir agus ilghnéitheach seandálaíochta agus ailtireachta san áireamh inti. Is í cáilíocht lár na cathrach an chuid is suntasaí de thimpeallacht thógtha Chill Chainnigh. Is ón suíomh agus leagan amach uathúil lena mbaineann gnéithe ar leith a fhaightear an tsainghné sin. Ar an gcéad dul síos, ceannasacht a mórfhoirgneamh – Ardeaglais Chainnigh, Caisleán Chill Chainnigh agus Ardeaglais Mhuire – atá nasctha trí mheán sráideanna de chineálacha agus de shainghnéithe éagsúla, agus go leor díobh ceangailte le chéile trí mheán lánaí cúnga (fánáin). Ar an dara dul síos, faightear foirgnimh d'úsáidí, de cháilíocht ailtireachta agus de chúlraí staire éagsúla, lena n-áirítear na foirgnimh amhail Teach Déirce Uí Shé, Teach an Rútaigh, an Pálás Easpaig, an Mhainistir Dhubh srl. atá tábhachtach ó thaobh na staire de agus chomh maith leis sin go leor samplaí de thithe cónaithe traidisiúnta. Cuireann an Fheoir le gréasán na sráideanna agus na lánaí, agus tá an abhainn, i dteannta na mbruach a bhfuil crainn ar a dtaobh agus na spásanna oscailte in aice láimhe, ina gné nádúrtha thábhachtach i sainghné bailedhreacha iomlán na cathrach.

Tá iarracht á déanamh againn ár dtimpeallacht agus ár n-oidhreacht chultúrtha a choimeád slán agus a chothú mar chuid dár bhféiniúlacht trí shaintréithe na Cathrach agus na Purláin a chaomhnú.

### 7.3.1 An Oidhreacht Seandálaíochta

Is é an sainmhíniú atá ar sheandálaíocht ná staidéar ar na daoine ón am atá thart trí mheán na rianta fisiciúla a d'fhág siad ar an tírdhreach, go minic i bhfoirm séadchomharthaí, láithreán, earraí, nó gnéithe. Cuireann ár n-oidhreacht seandálaíochta go mór leis an tuiscint atá againn ar an am atá thart agus lenár sócmhainní cultúrtha, oideachais agus turasóireachta. Bíonn láithreáin agus séadchomharthaí seandálaíochta éagsúil óna chéile ó thaobh foirme agus dáta. Ina measc tá láithreáin eaglasta luath-Chríostaí, séipéil, reiligí, foirgnimh mheánaoiseacha,

caisleáin, seandálaíocht thionsclaíoch, créfoirt (m.sh. ráthanna), láithreáin mheigiliteacha, Fulachta Fiadh, agus láithreáin faoi uisce. Ní gá go mbeadh iarsmaí seandálaíochta ina bhfríotha nó ina láithreáin ar leithlis ach b'fhéidir go mbíodh baint acu tráth le séadchomharthaí seandálaíochta eile a bhí gar dóibh nó uaireanta i bhfad uathu – rud a chruthaíonn tírdhreacha stairiúla. Spreagfaidh an Chomhairle feasacht ar oidhreacht seandálaíochta Chathair Chill Chainnigh agus Purláin agus éascóidh sí rochtain uirthi. Chomh maith leis sin tabharfaidh sí treoir d'fhorbróirí agus d'úinéirí maoine maidir leis na himpleachtaí a bheadh ag forbairtí beartaithe ó thaobh na seandálaíochta de.

Tá Criosanna Fógartha na Séadchomharthaí Taifeadta i gCathair Chill Chainnigh agus sna Purláin léirithe i bhFigiúirí 7.3 agus 7.4 faoi seach.

Déantar foráil in Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004, do chosaint na hoidhreachta seandálaíochta. Sna prionsabail atá leagtha amach in *Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage* (1999) , tugtar an creat beartais náisiúnta maidir leis an oidhreacht seandálaíochta.

Tá leibhéil chosanta éagsúla do shéadchomharthaí i gceist faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta. Tá leibhéal cosanta uilíoch ag dul do gach séadchomhartha atá liostaithe sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna. Faigheann líon níos lú séadchomharthaí leibhéal níos airde cosanta, eadhon, cuirtear cuid acu ar Chlár na Séadchomharthaí Stairiúla, agus meastar go bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint le cuid acu agus is Séadchomharthaí Náisiúnta iad. Cé go bhfuil na láithreáin os cionn agus faoi bhun na talún arb eol go bhfuil siad ann liostaithe sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna, mar gheall ar an réise ama agus dlús na lonnaíochta daonna i gcathair Chill Chainnigh, bíonn deis i gcónaí ann go n-aimseofaí seandálaíocht nár taifeadadh roimhe seo.

Is féidir cóipeanna den Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna do Chathair agus do Chontae Chill Chainnigh a fháil le breathnú orthu ó Rannóg Pleanála na Comhairle agus tá siad ar fáil ar líne ón láithreán Gréasáin de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta www.archaeology.ie.

Tá liosta de Shéadchomharthaí Náisiúnta agus de Shéadchomharthaí Stairiúla Cláraithe le fáil in Aguisín H[100]. Tá Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Chúram an Stáit nó faoi réir Orduithe Slánchoimeádta liostaithe in Aguisín I.

D'fhéadfaí a mheas, i gcásanna áirithe, gurb ionann déanmhais seandálaíochta agus oidhreacht ailtireachta agus, mar sin, d'fhéadfaidís a bheith ar an Taifead ar Shéadchomharthaí agus

[100] I gcás na séadchomharthaí ar fad eile atá ar úinéireacht phríobháideach agus phoiblí, is féidir soiléiriú a fháil i dtaobh cibé an meastar nó nach meastar gur séadchomharthaí náisiúnta iad trí dhul i dteagmháil le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Áiteanna agus ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta. Ciallaíonn sin go bhfuil na déanmhais sin faoi chosaint ag Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta agus ag na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2010 araon.

#### *7.3.1.1 Bailte Múrtha*

Tógadh ballaí cathrach Chill Chainnigh sna meánaoiseanna, agus bhídís ina líne chosantach mórthimpeall an bhaile mheánaoisigh ar dtús. Inniu níl ach cuid de na ballaí ina seasamh agus tá cuid acu faoin talamh. Meastar gur séadchomharthaí iad córacha cosanta baile chun chríocha Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004. Tacóidh an Chomhairle leis an bPolasaí Náisiúnta maidir le Córacha Cosanta Bailte[101] ina leagtar amach an beartas náisiúnta maidir le córacha cosanta bailte agus cathracha a chosaint, a bhuanchoimeád agus a chaomhnú.

### 7.3.2 An tSeandálaíocht Thionsclaíoch

Tá flúirse láithreáin seandálaíochta tionsclaíche i gCill Chainnigh - láithreáin ina mbíodh gníomhaíocht thionsclaíoch ar bun san am atá thart. Ina measc tá, láithreáin agus innealra a bhaineann leis na tionscail eastóscacha (m.sh. mianaigh agus cairéil), le déantúsaíocht (m.sh. muilte arbhair agus teicstílí), le tionscail seirbhíse (m.sh. príomhdhraenáil, soláthar uisce, gás, leictreachas), le cumhacht (muilte gaoithe, muilte uisce, innill gaile) agus le hiompar agus cumarsáid (m.sh. bóithre, droichid, iarnróid, canálacha, cuanta, aerpháirceanna). Cé go dtéann cuid den oidhreacht sin siar go dtí aimsir na réamhstaire, baineann formhór na hoidhreachta atá tagtha slán leis an 250 bliain atá imithe thart, an tréimhse inar tharla tionsclú na hÉireann de réir a chéile.

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh suirbhé ar an tseandálaíocht thionsclaíoch i gCill Chainnigh in 1990 agus sainaithníodh láithreáin shuntasacha ann atá curtha leis an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta ó shin. Déan teagmháil le hOifig Oidhreachta na Comhairle Contae chun tuilleadh sonraí a fháil.

**AN CUSPÓIR**

- Séadchomharthaí agus láithreáin seandálaíochta (lena n-áirítear a suíomh), seandálaíocht faoi uisce, agus earraí seandálaíochta a chosaint, lena n-áirítear na cinn sin atá liostaithe sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna, agus sa Suirbhé Seandálaíochta Uirbí ar Chontae Chill Chainnigh nó iarsmaí seandálaíochta faoin dromchla nó faoi uisce a aimsíodh le déanaí.

**Caighdeáin um bainistíocht forbartha**

- Iarracht a dhéanamh gach séadchomhartha seandálaíochta, cibé acu ar thalamh nó faoi uisce, atá liostaithe sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Áiteanna, agus aon láithreáin, gnéithe, nó earraí seandálaíochta a aimsíodh le déanaí a chaomhnú in situ, trína cheangal go sainaithneofar iarsmaí seandálaíochta agus go mbreithneofar

[101] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. 2008. Polasaí Náisiúnta maidir le Córacha Cosanta Bailte.

go hiomlán iad go luath sa phróiseas forbartha agus go gceapfar scéimeanna chun tionchar ar an oidhreacht seandálaíochta a sheachaint.

- A cheangal go ndéanfar measúnacht, suirbhéanna, tochailt tástála agus/nó monatóireacht seandálaíochta d'iarratais phleanála i limistéir a bhfuil tábhacht seandálaíochta leo más dócha go mbeidh tionchar ag togra forbartha ar shéadchomharthaí seandálaíochta in-situ, ar a suíomh agus ar iarsmaí seandálaíochta.
- A cheangal go ndéanfar forbairt i bhfíorchóngar Séadchomhartha Thaifeadta a láithreánú agus a dhearadh go cuí ionas nach mbainfidh sí go mór ó shuíomh na gné ná óna crios seandálaíochta féideartha. D'fhéadfadh measúnú tionchair ó thaobh amhairc a bheith de dhíth in aon áit a bhfuil iarsmaí Séadchomhartha Thaifeadta ina seasamh chun an tionchar a bheadh ag aon fhorbairt bheartaithe a chinneadh go hiomlán.
- A cheangal go ndéanfar ceapacha agus patrúin sráideanna meánaoiseacha atá tar éis teacht slán a choinneáil agus taifeadadh fianaise ar theorainneacha agus ar leaganacha amach ársa srl. a éascú le linn forbartha.
- An tábhacht a bhaineann le tírdhreacha seandálaíochta nó stairiúla suntasacha a chosaint ar fhorbairtí a chuirfeadh isteach ar an ngaol, ar an nascacht agus nó ar an idirléargas idir láithreáin nó a dheilfí iad.

### 7.3.3 Pleananna Caomhantais

Tá Pleananna Caomhantais ullmhaithe do láithreáin shuntasacha seandálaíochta agus ailtireachta i gCathair Chill Chainnigh. Ina measc tá Ballaí Chathair Chill Chainnigh[102], Teach an Rútaigh[103], agus Teampall Mhuire agus an Reilig. [104]

**An Cuspóir**

Cur i bhfeidhm na bpleananna caomhantais reatha agus pleananna caomhantais amach anseo a ullmhófar le linn thréimhse feidhme an Phlean seo a éascú agus tacú leo, de réir na n-acmhainní atá ar fáil.

### 7.3.4 Reiligí Stairiúla

Tá reiligí stairiúla Chill Chainnigh ina gcuid thábhachtach d'oidhreacht an Chontae. Tá raidhse gnéithe ailtireachta agus seandálaíochta iontu agus is tearmainn iad do roinnt mhaith speicis plandaí agus ainmhithe. Faigheann formhór na reiligí stairiúla cosaint dhlíthiúil faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) nó faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt.

---

[102] Oxford Archaeology. 2005. Kilkenny City Walls. An Chomhairle Oidhreachta

[103] Ozmin, E, Sharma, B., Wait, G. 2002. Rothe House, Parliament Street, County Kilkenny. An Chomhairle Oidhreachta.

[104] The Integrated Conservation Group. 2005. St. Mary's Church and Graveyard. An Chomhairle Oidhreachta.

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Chill Chainnigh fardal ar na reiligí stairiúla sa chathair agus sa chontae. Tá na sonraí ón suirbhé sin mapáilte agus is féidir breathnú orthu ar láithreán Gréasáin na comhairle[105]. Anuas air sin, bhailigh grúpaí pobail taifeadtaí ar na clocha cinn i reiligí stairiúla le tacaíocht ón gComhairle agus is féidir teacht orthu sin ag www.historicgraves.ie.
Tá dhá reilig stairiúla dhéag sa Chathair agus sna Purláin mar seo a leanas:

1. Ardeaglais Chainnigh
2. Mainistir Phroinsias
3. Teampall Shan Mall
4. Eaglais Chainnigh
5. An Mhainistir Dhubh
6. Ardeaglais Mhuire
7. Teampall Mhuire (Eaglais na hÉireann)
8. An Mhainistir Chaipisíneach
9. Teampall Roc
10. Eaglais Eoin (Eaglais na hÉireann)
11. Eaglais Eoin
12. Teampall Phádraig

In "*Guidance for the Care, Conservation and Recording of Historic Graveyards*" (An Chomhairle Oidhreachta 2010), soláthraítear treoir agus comhairle dea-chleachtais maidir le haire a thabhairt de reiligí stairiúla agus iad a thaifeadadh[106]. Caomhnóidh agus cosnóidh an Chomhairle reiligí agus séipéil stairiúla laistigh de Chill Chainnigh agus spreagfaidh sí cothabháil na reiligí agus na séipéal sin de réir cuspóirí caomhantais agus de réir na n-acmhainní atá ar fáil.

### 7.3.5 Gairdíní Stairiúla agus Tírdhreacha Deartha

Tá tábhacht oidhreachta nádúrtha, seandálaíochta, tírdhreacha, chultúrtha agus staire le gairdíní stairiúla agus tírdhreacha deartha. Anuas air sin, is minic a bhíonn Déanmhas Cosanta iontu chomh maith. Is maoin dá leithéid é Lóiste na Cille Críne siar ón gcathair.

Rinne an Fardal Náisiúnta ar an Oidhreacht Ailtireachta réamhshuirbhé ar na gairdíní stairiúla agus na tírdhreacha deartha in 2003-2005. Sainaithníodh 196 láithreán gairdíní stairiúla agus tírdhreacha dheartha féideartha ar an iomlán i gContae Chill Chainnigh. Le tuilleadh eolais a fháil féach http://www.buildingsofireland.ie/Surveys/Gardens/

---

105 http://www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Digital_Mapping/Google_Maps_Applications/Burial_Grounds/

106 http://www.heritagecouncil.ie/fileadmin/user_upload/Publications/Archaeology/Guidance_Historic_Graveyards.pdf

**Caighdeán um bainistíocht forbartha**

Féachaint le gairdíní stairiúla suntasacha, fearann páirce agus tírdhreacha deartha sa chathair agus sna purláin, a suíomhanna agus na radhairc orthu agus uathu a chosaint agus a fheabhsú.

### 7.3.6 Tuilsoilsiú

Is minic a bhíonn daoine den tuairim gur féidir leas a bhaint as tuilsoilsiú chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le déanmhas agus bród mór an phobail as láithreáin agus déanmhais oidhreachta ar leith a léiriú. D'ainneoin sin, tá sé de chumas ag tuilsoilsiú tionchar diúltach a bheith aige ar an oidhreacht nádúrtha agus thógtha araon. D'fhéadfadh sé cur le truailliú de dheasca solais, cur isteach ar speicis chosanta ar nós ialtóg, agus difear a dhéanamh don tábhacht ailtireachta nó seandálaíochta a bhaineann le láithreán.

Tá dréacht-treoir "*Guidelines on the Floodlighting of Monuments*" ullmhaithe ag Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, agus Gaeltachta. Ba cheart dul i dteagmháil leis an Roinn chun tuilleadh sonraí a fháil.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha**

- A cheangal go ndéanfar measúnacht ar na tionchair ó thaobh cúrsaí amhairc, oidhreachta agus comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag tograí chun foirgnimh agus déanmhais a thuilsoilsiú.
- Féachaint chuige go gcosnófar sainghné ar leith agus suíomh na ndéanmhas cosanta, na Limistéar Caomhantais Ailtireachta agus na Séadchomharthaí Taifeadta nuair atá tograí do thuilsoilsiú á mbreithniú.

## 7.4 An Oidhreacht Ailtireachta

### 7.4.1 Struchtúr Uirbeach

Tá flúirse láithreán stairiúil fíorshuimiúil i gCill Chainnigh a bhfuil cáil uirthi mar phríomhchathair mheánaoiseach na hÉireann. Tá cuid mhór den chreatlach mheánaoiseach tar éis teacht slán i lár uirbeach stairiúil Chathair Chill Chainnigh. Tá foirgnimh shuntasacha amhail Teach Déirce Uí Shé, Teach an Rútaigh agus foirgneamh mórthaibhseach Chaisleán Chill Chainnigh ar na foirgnimh thuata is mó cáil, fad agus atá roinnt mhaith foirgneamh reiligiúnach ón meánaois, amhail Ardeaglais Chainnigh, an Mhainistir Dhubh Dhoiminiceach agus Mainistir Phroinsias tar éis teacht slán freisin. Tá foirgnimh den chineál sin, agus déanmhais mheánaoiseacha níos déanaí nach mbeadh an oiread sin aithne orthu agus atá ceilte taobh thiar d'aghaidheanna Seoirseacha agus Victeoiriacha ina ngné den sráid-dreach mheánaoiseach atá tagtha slán.

I bprionsabal, beidh sé mar bheartas ag Comhairle Contae agus Comhairle Buirge Chill Chainnigh sainghné bhunúsach na cathrach stairiúla a choinneáil agus a fheabhsú, agus ag an am céanna cabhrú le forbairt leanúnach rialaithe, feabhsú, agus cothabháil na cathrach.

Eascraíonn sainghné Chill Chainnigh as roinnt ghnéithe i dteannta a chéile; gnéithe nádúrtha na habhann agus na topagrafaíochta, na spásanna sráide, an chreatlach thógtha agus an líon mór foirgneamh agus déanmhas suntasach a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na staire agus na seandálaíochta de.

Is iad an Caisleán agus Ardeaglais Chainnigh poil urchomhaireacha an láir. Cruthaítear dromlach an láir ó iamhchríocha an dá fhoirgneamh sin agus na spásanna a nascann iad – an Baile Gaelach, Sráid na Parlaiminte agus an tSráid Ard.

Tá an príomh-dhromlach comhthreomhar leis na comhrianta den chuid is mó fad agus a théann lánaí agus mionsráideanna tharstu, agus aicearraí á gcruthú acu go minic. Is gné ar leith de chuid bhailedhreach Chill Chainnigh iad na lánaí cúnga seo, nó “fánáin” mar a thugann muintir na háite orthu. Ní i gcuid acu ach cosbhealaí, atá ina n-aicearraí trasna leithead na mbloc cathracha an-fhada agus níl éadanas na lánaí sin forbartha. Is sráideanna cúnga iad cuid eile acu agus tá foirgnimh orthu.

Laistigh den lár, is iondúil gur spásanna caola iad na sráideanna a bhfuil déanmhais ón 18ú haois agus ón 19ú haois ar an dá thaobh. De ghnáth bíonn na haghaidheanna comhréirithe go hingearach agus bíonn éadan caol orthu. Bíonn corrfhoirgneamh ar scála níos mó agus níos ornáidí, go minic aghaidh bainc nó institiúide poiblí eile, le feiceáil i measc na sraitheanna de dhéanmhais dhúchasacha. Tá na foirgnimh a bhfuil mórthábhacht phoiblí leo, mar shampla, an Caisleán, Halla na Cathrach agus Teach na Cúirte éagsúil leis na déanmhais dhúchasacha ó thaobh scála agus ábhair de, agus anuas air sin bíonn siad coinnithe siar nó tugtha chun tosaigh maidir leis an líne foirgníochta ghinearálta.

Is iomaí athrú atá déanta ar an lár stairiúil toisc gur athfhorbraíodh roinnt láithreán mór laistigh de lár na cathrach, amhail Clós an Mhargaidh (Dunnes Stores), Scoil na Toirbhearta (Coimpléacs Siopadóireachta Chros an Mhargaidh), an River Court Hotel in aice le Sráid Eoin agus an carrchlós ilstórach, an t-óstán agus na hárasáin in aice le Sráid Phádraig. Is iondúil gur tógadh na forbairtí móra sin ar láithreáin fhairsinge i limistéir talún cúil nach raibh á n-úsáid níos mó. Cé gur forbairtí móra iad sin, tá sainghné bhailedhreacha bhunúsach lár na cathrach, mar atá leagtha amach thuas, fós soiléir.

Ní féidir forbairt ar mhórscála a thógáil go leanúnach sa lár áfach, go háirithe sa chás go mbeadh ceapacha foirgníochta stairiúla á gcreimeadh dá mbarr.

### 7.4.2 An Fearann Poiblí

Ní hamháin go mbíonn an tsainghné ailtireachta de chuid cathrach ag brath ar an tábhacht atá le foirgnimh ar leith agus grúpaí foirgneamh, ach bíonn sí ag brath freisin ar cháilíocht na spásanna a chruthaíonn na foirgnimh – tá tábhacht ag baint leis na cosáin, na sráideanna, na cearnóga, na páirceanna, na radhairc agus na léargais ar fad agus is cuid lárnach den struchtúr uirbeach iad.

Is é an cur síos is fearr ar an bhfearann poiblí ná foirm agus úsáid na limistéar agus na spásanna lasmuigh a bhfuil teacht ag an bpobal orthu. Áirítear air sin go leor cineálacha áiteanna ar ghnátháiteanna iad amhail sráideanna, cearnóga, páirceanna, carrchlóis, chomh maith leis na naisc eatarthu, agus le foirgnimh.

Tá an fearann poiblí i gCill Chainnigh ilghnéitheach, idir an spás cathartha galánta sa Pharáid agus na corrspásanna níos lú agus an líon mór sráideanna agus fianán de chuid na cathrach meánaoisí. Beidh sé tábhachtach le linn iarratais phleanála a mheasúnú breathnú ar na tionchair a bheidh ag na forbairtí beartaithe ar cháilíocht na spásanna poiblí atá tadhlach leo agus na deiseanna a bheidh ann spásanna nua poiblí a chruthú. Tabharfar tús áite do choisithe ó thaobh úsáid an fhearainn phoiblí ar fud na cathrach stairiúla.

### 7.4.3 Radhairc agus Léargais

Tá roinnt láithreán, limistéar agus láithreacha amhairc sa Chathair agus sna Purláin, a bhfuil radhairc bhreátha ar an gCathair le fáil uathu, féach Figiúr 7.5. Tá láithreacha amhairc laistigh den Chathair freisin óna bhfuil radhairc an-mhaith le fáil ar na foirgnimh phoiblí agus ar na gnéithe tírdhreacha nádúrtha is tábhachtaí de chuid na Cathach. Tá tábhacht nach beag ag baint leis na radhairc ar an gCaisleán, ar na hArdeaglaisí, ar an bhFeoir agus uathu.

I measc na radharc tá:

1. Radharc lánléargais ar ghleann na Feoire ó Bhóthar an Tuair
2. Radharc ar Ardeaglais Chainnigh agus Ardeaglais Mhuire ó Bhóthar Thulach Ruáin
3. Radharc (ó thuaidh) ar an bhFeoir agus ar an bPáirc Líneach ó Dhroichead an Ghraoinigh
4. Radharc ó Shráid Mhichíl go dtí Caisleán Chill Chainnigh
5. Radharc ar Ardeaglais Chainnigh, ar Halla na Cathrach agus ar Ardeaglais Mhuire ó Uimh. 30-35 Shráid Mhichíl
6. Radharc ar Ardeaglais Mhuire ó Bhóthar Thobar Chainnigh
7. Radharc lánléargais ó limistéar Bhóthar Bhaile Átha Cliath/Chnoc Bhearna na Gaoithe ar an bhFeoir agus ar spéirlíne na cathrach
8. Radharc ar Pháirc an Chaisleáin, tuath oscailte ón gCaisleán
9. Radharc ar ghleann na Feoire soir ó Dhroichead Osraí
10. Radharc ar ghleann na Feoire siar ó Dhroichead Osraí
11. Radharc ar Ardeaglais Mhuire ó Bhóthar Challainn
12. Radharc ar Chaisleán Chill Chainnigh ó Dhroichead Eoin
13. Radharc ar an gcathair ó Bhóthar Bhaile an Dúinínigh

**Bainistíocht Forbartha**

- Na radhairc agus na hamhairc atá sainaitheanta ar Fhigiúr 7.5 a chosaint trína cheangal ar fhorbairtí nua nó ar shíntí le forbairtí reatha a bheith deartha agus suite ionas nach mbeidh tionchar suntasach acu ar a sainghné.

- Spreagadh a thabhairt do leaganacha amach sráide i limistéir nuafhorbartha lena gcruthaítear radhairc nua ar shainchomharthaí nua agus reatha, go háirithe laistigh de láithreáin athfhorbraíochta, de na Purláin Thiar agus laistigh de thailte Plean Limistéir Áitiúil Loch Mocháisc.

- Sa chás gurb é tuairim na Comhairle go bhféadfadh forbairt cur le radhairc shuntasacha ar an gcathair agus na purláin agus/nó uathu nó iad a laghdú, féadfaidh sí a cheangal go ndéanfar measúnacht tionchair ó thaobh amhairc sula dtabharfar faoi fhorbairt ar aon láithreán.

### 7.4.4 Taifead ar Dhéanmhais Chosanta

Is feidhm thábhachtach de chuid an údaráis phleanála é an oidhreacht ailtireachta a chosaint, go háirithe i gcathair de leithéid Chill Chainnigh ina bhfuil ról láidir le himirt ag an oidhreacht thógtha ó thaobh rathúnas geilleagrach leanúnach an cheantair a chinntiú. Ní mór cuspóirí beartais a áireamh i ngach plean forbartha chun cosaint a thabhairt do dhéanmhais nó do chodanna de dhéanmhais ar díol spéise ar leith iad laistigh dá limistéar feidhme. Is é an príomh-mhodh chun an méid sin a bhaint amach ná Taifead ar Dhéanmhais Chosanta a áireamh don limistéar feidhme laistigh den phlean forbartha. Tá dualgas ar údarás pleanála a áireamh sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta gach déanmhas ar díol spéise é ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, nó cúrsaí sóisialta nó teicniúla ina thuairim.

Folaítear i ndéanmhas cosanta, mura bhfuil a mhalairt ráite sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, an taobh istigh den dhéanmhas, na tailte atá laistigh den chúirtealáiste, aon déanmhais eile atá laistigh den chúirtealáiste sin agus an taobh istigh díobh, i dteannta na ndaingneán agus na ngnéithe go léir is cuid den taobh istigh nó den taobh amuigh de cheann ar bith de na déanmhais sin.
Ní mór cead pleanála a fháil le haghaidh aon oibreacha a mbeadh tionchar ábhartha acu ar shainghné an déanmhais chosanta i dtuairim an údaráis phleanála. D'fhéadfadh na daoine sin a bhfuil leas acu i ndéanmhas cosanta Dearbhú a lorg faoi Alt 57(2) ina mbeadh treoir phraiticiúil le fáil maidir leis an déanmhas a chosaint. Foráiltear le hAlt 57(10)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 nach mbronnfar cead chun déanmhas cosanta a scartáil ach in imthosca eisceachtúla.

Tá an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (a bhí ceart an tráth a foilsíodh an tuarascáil seo) liostaithe in Aguisín J den ráiteas scríofa seo. Coinneofar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta ar

láithreán Gréasáin an údaráis phleanála nó is féidir féachaint air san Oifig Pleanála i Halla na Cathrach agus beidh daoine in ann aon ábhar a chuirfear leis nó a bhainfear de i rith thréimhse feidhme an phlean seo a fheiceáil air.

Cuirfidh na Comhairlí an tábhacht a bhaineann le cothabháil rialta na ndéanmhas atá liostaithe sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta chun cinn chun a chinntiú go gcosnófar an oidhreacht ailtireachta. Tabharfar faisnéis d'úinéirí na ndéanmhas cosanta nuair a bheidh deisiúcháin agus cothabháil riachtanach á déanamh acu ar dhéanmhais chosanta. Cuirfidh na Comhairlí prionsabail an dea-chleachtais maidir le caomhnú na hoidhreachta tógtha chun cinn trí bheith in bhfeighlithe eiseamláireacha ar na Déanmhais Chosanta atá faoi chúram/úinéireacht na Comhairle.

### 7.4.5 An Fardal Náisiúnta ar an Oidhreacht Ailtireachta

Foilsíodh suirbhé an Fhardail Náisiúnta ar an Oidhreacht Ailtireachta do Chill Chainnigh in 2006. Tá sé de dhualgas ar an údarás pleanála aon fhoirgnimh atá rátaithe ag an bhFardal mar fhoirgnimh a bhfuil tábhacht Réigiúnach, Náisiúnta, nó Idirnáisiúnta leo a bhreithniú lena n-áireamh sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta. Tá gach foirgneamh de chuid an Fhardail atá molta ag an Aire lena n-áireamh sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta fós á bpróiseáil, ar bhonn céimnithe, ag Comhairle Contae agus Comhairle Cathrach Chill Chainnigh lena gcur leis. Is féidir é seo a dhéanamh mar chuid den athbhreithniú ar an bplean forbartha nó mar phróiseas ar leith faoi Alt 55 den Acht um Pleanáil agus Forbairt.

**Na Cuspóirí**

- A chinntiú go ndéanfar oidhreacht ailtireachta Chathair Chill Chainnigh agus na Purláin a chosaint trí gach déanmhas a mheastar gur díol spéise ar leith iad ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, nó cúrsaí sóisialta nó cúrsaí teicniúla a áireamh sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta.
- Freagairt do mholtaí an Aire déanmhais a áireamh sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, ar déanmhais iad a sainaithníodh go raibh tábhacht Réigiúnach, Náisiúnta, nó Idirnáisiúnta leo i suirbhé an Fhardail Náisiúnta ar an Oidhreacht Ailtireachta ar an gcathair agus ar an gcontae a foilsíodh in 2006.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta do limistéar feidhme Chathair Chill Chainnigh agus na Purláin

**Bainistíocht Forbartha**

- Aird a thabhairt ar na Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities[107] nuair atá tograí á measúnú le haghaidh forbairtí a dhéanfadh difear do dhéanmhas cosanta.

[107] An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities, 2004

- Prionsabail an dea-chleachtais maidir le caomhnú a chur chun cinn i dtéarmaí úsáid a bhaint as ábhair agus teicnící deisiúcháin feiliúnacha trí riaradh Chiste na nDéanmhas i mBaol a sholáthraíonn an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.
- A cheangal go gcoinneofar, go n-athúsáidfear agus go n-athshlánófar go comhbháidheach Déanmhais Chosanta agus a suíomhanna.
- A cheangal go ndéanfar measúnacht tionchair ailtireachta/ráiteas faoin modh caomhantais ailtireachta le haghaidh forbairtí atá laistigh de thailte eastáit na dtithe móra agus ar Déanmhais Chosanta iad.

### 7.4.6 Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

Ní mór cuspóir beartais a áireamh i ngach plean forbartha chun cosaint a thabhairt do shainghné na Limistéar Caomhantais Ailtireachta laistigh dá limistéar feidhme. Is éard is Limistéar Caomhantais Ailtireachta ann áit, limistéar, grúpa déanmhas nó bailedhreach, ina gcuirtear línte agus airdí foirgneamh san áireamh, ar díol spéise ar leith é nó í ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, nó cúrsaí sóisialta nó teicniúla nó a chuireann leis an tuiscint ar dhéanmhas cosanta, agus a bhfuil sé mar chuspóir den phlean forbartha a sainghné nó a shainghné a chaomhnú.

Shainaithin Comhairle Buirge Chill Chainnigh naoi limistéar laistigh den Chathair agus de na Purláin atá ainmnithe mar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta aici. Tá sraith beartas ginearálta do gach Limistéar Caomhantais Ailtireachta laistigh den Chathair agus de na Purláin leagtha amach thíos. Ceapadh ráiteas maidir le sainghné do gach Limistéar Caomhantais Ailtireachta chun soiléiriú a dhéanamh i dtaobh na nithe atá sé ar intinn ag an údarás pleanála a chaomhnú. Ní féidir a mheas gur forbairtí díolmhaithe iad aon oibreacha atá beartaithe laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta a dhéanfadh difear do shainghné ar leith an limistéir ná aon oibreacha lasmuigh den Limistéar Caomhantais Ailtireachta a dhéanfadh difear do shuíomh an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta. Mar shampla, ní forbairt dhíolmhaithe é fuinneoga mhíchuí (m.sh. pvc neamhphlaistithe) a chur in ionad saisfhuinneoga adhmaid i Limistéar Caomhantais Ailtireachta agus ní forbairt dhíolmhaithe í forbairt lasmuigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta a d'fhéadfadh cur isteach ar radhairc ar an Limistéar Caomhantais Ailtireachta nó uaidh agus a chuirfeadh isteach ar a shainghné ar leith dá bhrí sin. Tá treoir maidir leis na critéir a úsáidfidh an t-údarás pleanála chun measúnú a dhéanamh ar thograí le haghaidh forbairtí nua agus ar thograí le haghaidh scartlála laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta le fáil i rannán 3.10 de na Architectural Heritage Protection Guidelines.

#### *7.4.6.1 Cuspóirí Ginearálta do gach Limistéar Caomhantais Ailtireachta i gCathair Chill Chainnigh agus sna Purláin*

- A chinntiú go gcaomhnófar sainghné ar leith gach Limistéir Chaomhantais Ailtireachta go háirithe maidir le scála foirgnimh, comhréireanna, méideanna ceapaí stairiúla, línte

foirgníochta, airde, talamhúsáid ghinearálta, ábhair thógála, troscán agus pábháil sráide stairiúil.

- Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a ainmniú nuair is cuí agus creat beartais áitiúil a sholáthar chun na limistéir sin a chaomhnú.

Beidh feidhm ag na treoirlínte bainistíochta forbartha ginearálta seo a leanas maidir le gach ceann de na naoi Limistéar Caomhantais Ailtireachta.

**Treoir Ghinearálta um Bainistíocht Forbartha maidir leis na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta**

- Aird a thabhairt ar na Architectural Heritage Protection Guidelines nuair atá tograí le haghaidh forbairtí a dhéanfadh difear do Limistéar Caomhantais Ailtireachta á meas.
- A chinntiú go ndéanfar gnéithe bunaidh/luatha i bhfoirgnimh a chuireann le sainghné Limistéar Caomhantais Ailtireachta, m.sh. próifílí dín, stoic simléir, clúdaigh dín, cóireálacha ballaí seachtracha, doirse agus fuinneoga, aghaidheanna siopaí, aghaidheanna tithe tábhairne a choinneáil, a dheisiú seachas a athsholáthar, agus a chothabháil go rialta agus a chinntiú go n-úsáidfear ábhair agus teicnící deisiúcháin fheiliúnacha nuair atá deisiúcháin á gcur i gcrích.
- Caomhnú na bhfuinneog adhmaid bunaidh/luath a chinntiú agus a chinntiú nach ndéanfar ábhair mhíchuí amhail fuinneoga, doirse, éadain, earraí báistí pvc neamhphlaistithe srl. a thabhairt isteach i bhfoirgnimh atá laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta.
- Caomhnú aghaidheanna siopaí agus aghaidheanna tithe tábhairne stairiúla a chinntiú
- A cheangal go n-úsáidfear dearadh agus ábhair ardcháilíochta chomhaimseartha in aghaidheanna siopaí/aghaidheanna tithe tábhairne a chaithfear a athsholáthar agus dá bhfuil cinn nua beartaithe agus aghaidheanna siopaí/aghaidheanna tithe tábhairne meascra a sheachaint.
- D'fhonn caomhnú sainghné ar leith an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a chinntiú nuair atá tograí le haghaidh fógraíochta á meas, a cheangal nach féidir níos mó ná comhartha starrach amháin a chur suas i ngach áitreabh tráchtála chun tranglam amhairc a sheachaint, agus soilsiú agus soilsiú daite ar aghaidheanna a shrianadh.
- A cheangal go n-úsáidfear dearadh agus ábhair chomhaimseartha ardcháilíochta nuair a bheidh foirgnimh nua á dtógáil i Limistéar Caomhantais Ailtireachta agus a cheangal go gcoinneofar an scála agus na méideanna ceapaí stairiúla.
- Míreanna stairiúla de throscán sráide a choinneáil sa chás ina gcuireann siad le sainghné an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.
- Baint cáblaí lastuas a éascú ar fud an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.
- Féachaint le crainn aibí/plandú suntasach a choinneáil (má tá siad faoi dhea-bhail) a chuireann le sainghné an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.

### 7.4.7 Limistéir Caomhantais Ailtireachta i gCathair Chill Chainnigh

Tá naoi Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) sa chathair. Tugtar cur síos, ráiteas maidir le sainghné agus sraith beartas i leith gach limistéir.

1. Lár na Cathrach
2. Caisleán Chill Chainnigh
3. Ardeaglais Chainnigh
4. Sráid Eoin
5. Sráid Phádraig
6. Shráid Mhichíl agus Sráid Wolfe Tone
7. Ardeaglais Mhuire
8. An Leacain
9. Inse an Talbóidigh

#### *7.4.7.1 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Lár na Cathrach*

**Cur síos agus cúlra stairiúil**

Is é atá i Limistéar Caomhantais Ailtireachta lár na cathrach lár meánaoiseach Chill Chainnigh. Is ionann na teorainneacha agus líne bhalla na cathrach ar an taobh thiar agus ó thuaidh, an abhainn ar an taobh thoir agus Sráid an Róisín ó dheas (féach Figiúr 7.6). Is iad na tréithe is suntasaí de chuid an limistéir seo ná dromlach lárnach na cathrach a théann feadh na Sráide Airde agus Shráid na Parlaimint i dteannta na bhfánán meánaoiseach a théann soir idir an tSráid Ard agus Sráid Chiaráin agus na ceapacha burgáiste atá tagtha slán ar chúl na n-áitreabh ar an tSráid Ard agus ar Shráid na Parlaiminte. Sa chuid seo den Chathair faightear roinnt de na déanmhais is tábhachtaí sa chathair ó thaobh na staire agus na hailtireachta de, lena n-áirítear Mainistir Phroinsias, an Mhainistir Dhubh, Teampall Mhuire, Teach an Rútaigh, Teach Déirce Uí Shé, agus Ciorcad an Bhaile Aird de na ballaí cathrach, iarsmaí de rathúnas na cathrach sna $14^{ú}$, $15^{ú}$, agus $16^{ú}$ haoiseanna. Tá foirgnimh shuntasacha ón $18^{ú}$ haois, ná Halla na Cathrach agus Teach na Cúirte sa limistéar seo freisin. Seachas na foirgnimh agus na déanmhais shuntasacha seo (a bhfuil céatadán an-mhór díobh i gceantar an-bheag), téann creatlach thógtha sheachtrach na sráideanna seo siar go dtí na $18^{ú}$ agus na $19^{ú}$ haoiseanna. Fiú sna sráideanna sin áfach, tá go leor iarsmaí beaga den stair mheánaoiseach le feiceáil i gcuid mhór de dhéanmhais na cathrach, go háirithe ar an tSráid Ard, agus is rídhócha go bhfuil creatlach mheánaoiseach bhreise i bhfolach iontu.

Is iad na saintréithe is mó atá ag stíl dhúchasach uirbeach roinnt mhaith de Lár na Cathrach ná aghaidheanna péinteáilte agus rindreáilte le cóimheasa dea-chomhréirithe idir fuinneoga agus ballaí agus saisfhuinneoga adhmaid a tháinig slán mar an gcineál fuinneoige is coitianta. Bíonn an chuma sin ar na láir tráchtála i bhformhór na mbailte in Éirinn. Tá an taobh thoir de Shráid na Parlaiminte éagsúil ón stíl sin toisc go bhfaightear roinnt tithe Seoirseacha brící dearga ina bhfuil ceithre hurlár agus atá os cionn íoslaigh ar an tsráid sin. In aice leo tá iarsma an-tábhachtach de thionscal grúdaireachta an $19^{ú}$ haois ná Grúdlann Mhainistir Phroinsias.

**Ráiteas maidir le sainghné**

Forbraíodh Limistéar Caomhantais Ailtireachta lár na cathrach sna meánaoiseanna mar an mBaile Ard, ina raibh áiteanna cónaithe na bprionsaí trádála, an teach custaim/Halla na Cathrach, an chros mhargaidh agus níos déanaí teach na cúirte. Tá cuid mhór den phatrún sráideanna meánaoiseach tagtha slán agus é le feiceáil sna príomhshráideanna a théann feadh dromlaigh lárnaigh thuadh theas, sna fánáin chúnga nach bhfaightear ach i gCill Chainnigh a théann le fána soir ón bpríomhshráid agus sna ceapacha burgáiste fada a théann soir-siar ar chúl na n-áitreabh ar an tSráid Ard agus ar Shráid na Parlaiminte. Is éard a fhaightear sa limistéar inniu ná líon mór foirgneamh suntasach meánaoiseach ón $18^{ú}$ haois atá suite i sráid-dreach tráchtála $18^{ú}$ agus $19^{ú}$ haois d'aghaidheanna rindreáilte dhá agus trí stór ina bhfuil cóimheasa dea-chomhréirithe idir fuinneoga agus ballaí agus go leor sean-aghaidheanna siopaí agus tithe tábhairne atá tagtha slán ar an urlár talún. Is gné thábhachtach d'oidhreacht thionsclaíoch Chill Chainnigh ón $19^{ú}$ haois é láithreán grúdaireachta Mhainistir Phroinsias atá i gcúinne thoir thuaidh an limistéir.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Limistéar Caomhantais Ailtireachta atá bunaithe ar mheasúnú ar shainghné ar leith.**

- LCA Lár na Cathrach 1 Nuair atá tograí do chur i láthair áitribh thráchtála á meas, ceanglófar go gcoinneofar na fíor-aghaidheanna siopaí/fíor-aghaidheanna tithe tábhairne luatha/bunaidh, agus go soláthrófar dearadh comhaimseartha ardcháilíochta nuair a bheidh aghaidheanna siopaí/aghaidheanna tráchtála nua beartaithe,
- LCA Lár na Cathrach 2 Ardchaighdeán cur i láthair a choinneáil ar na hurláir talún agus ar na hurláir uachtaracha trí mhéid, líon agus comhdhéanamh na bhfógraí ar fhoirgnimh a shrianadh chun tranglam amhairc sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta a chosc agus a laghdú. Ní féidir comharthaíocht phlaisteach ná neoin a bhreithniú sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta.
- LCA Lár na Cathrach 3 An patrún sráideanna meánaoiseach atá fágtha agus an snáithe cúng uirbeach a chosaint, go háirithe na ceapacha burgáiste ar chúl na Sráide Airde agus Shráid na Parlaiminte agus srian a chur le forbairtí mórscála inar ghá na ceapacha foirgníochta stairiúla níos lú a thabhairt le chéile, agus anuas air sin scála reatha na bhfoirgneamh trí stór agus ceithre stór a choinneáil.
- LCA Lár na Cathrach 4 An chuma atá ar an limistéar páirceála ag Clós an Mhargaidh a fheabhsú agus dearadh ailtireachta ardchaighdeán a chinntiú i gcás aon fhorbairtí ag Cé Bateman.

### *7.4.7.2 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Chaisleán Chill Chainnigh*

**Cur síos agus cúlra stairiúil**
Trí phríomhchuid atá i Limistéar Caomhantais Ailtireachta Chaisleán Chill Chainnigh – An Caisleán agus a chuid tailte, an spás oscailte poiblí ar a dtugtar an Pharáid a nascann an caisleán leis an tSráid Ard, agus na ceantair chónaithe atá díreach tadhlach le ballaí teorann Pháirc an Chaisleáin. Féach Figiúr 7.7.

Séadchomhartha mórthaibhseach atá sa Chaisleán, ní hamháin mar gheall ar mhéid agus scála an fhoirgnimh, ach mar gheall ar an suíomh ard agus an gaol idir an caisleán agus an Pharáid, an spás cathartha is suntasaí sa chathair. Tá an Caisleán é féin lonnaithe i suíomh fairsing na nGairdíní agus fhearann páirce an Chaisleáin ina bhfuil breis agus 50 acra. Tá na foirgnimh tarae i dTailte an Chaisleáin cois na Feoire sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta seo freisin. Tá codanna de Bhallaí Cathrach meánaoiseacha Chill Chainnigh (Ciorcad an Bhaile Aird) sa limistéar seo freisin.

Spás oscailte mórthaibhseach atá sa Pharáid a théann ó Thailte an Chaisleáin go dtí an tSráid Ard. Tá tithe Seoirseacha galánta brící donnrua ón 18ú haois ina bhfuil ceithre hurlár agus atá os cionn íoslaigh le feiceáil uirthi. Chomh maith leis sin sa 18ú haois tógadh clós stábla an chaisleáin mar mhír sheasta ailtireachta a léiríonn iarracht an ailtireacht chlasaiceach a chur i bhfeidhm ar an mbóthar isteach aneas go dtí an Caisleán.
Léiríonn an seanfhoirgneamh bainc, déanmhas cloiche mórthaibhseach ar chúinne na Paráide teacht chun cinn na mbanc mar institiúid i lár an 19ú haois. Tá an Pharáid fós ina mír ailtireachta mhórthaibhseach sa lá atá inniu ann, agus le blianta beaga anuas tá sí curtha in oiriúint do choisithe trí dheireadh a chur le páirceáil agus pábháil a chur síos arís.

Ar an taobh ó thuaidh den Pharáid, faightear Bealach an Mhéara a bhfuil Balla Ghairdíní na Rós ar thaobh amháin de agus líne crann a plandáladh sa 20ú haois ar an taobh eile de. Tá dhá bhealach isteach geata fhoirmiúla ón 18ú haois ann chuig Bealach an Mhéara, is de chloch ghearrtha agus d'iarann saoirsithe iad agus tá ceann amháin ag taobh Shráid an Róisín agus ceann eile ag taobh an Chaisleáin. Is saothair an-ghalánta iad a bhfuil tábhacht ó thaobh na hailtireachta leo agus cuireann siad go mór le sainghné an limistéir.

Is spás glas tábhachtach laistigh den chathair iad tailte an chaisleáin. Is taitneamhacht luachmhar iad do chónaitheoirí na cathrach agus do chuairteoirí araon, agus nasctar fearann páirce oscailte le siúlán cois na Feoire iontu. Is suíomh tábhachtach iad tailte an chaisleáin chun foirgnimh an chaisleáin a chur ar taispeáint agus tá sé ríthábhachtach iad a áireamh sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta chun suíomh ceann de na sainchomharthaí tíre is mó a thugtar cuairt uirthi i gCill Chainnigh a chosaint. Ina theannta sin tá na foirgnimh tarae cois na habhann, ar gné an-tábhachtach d'oidhreacht ailtireachta na cathach iad, i dtailte an Chaisleáin freisin. Tógadh iad sa chéad leath den 18ú haois agus d'fhéadfadh sé go bhfuil creatlach coimpléacs muilinn roimh 1650 ar áireamh iontu freisin, ach eascraíonn siad ó mhuileann a tógadh anseo sa 13ú haois.

Ar an taobh ó thuaidh de thailte an chaisleáin idir balla teorann coinneála thailte an chaisleáin agus an abhainn tá Siúlán na Canálach. Athchóiríodh agus feabhsaíodh an siúlán le haghaidh coisithe le déanaí ar nós na n-oibreacha a rinneadh ar an bParáid, agus tá pábháil agus ráillí athnuaite ar an éadan le habhainn. Cuireann an limistéar seo go mór le suíomh an Chaisleáin anois. Cuireann ballaí teorann coinneála thailte an chaisleáin de spallaí fánacha ar an taobh ó dheas de Shiúlán na Canálach go mór le sainghné an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.

Tá crann mhór aibí crónghiúise sa cheantar cónaithe de Ghairdíní an Chaisleáin a bhíodh mar chuid de thailte an Chaisleáin tráth. Tógadh na teaghaisí scoite sna 1950í agus na 1960í agus níl aon tábhacht ailtireachta leo astu féin, ach cuirtear iad ar áireamh sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta mar chrios maolánach do thailte an chaisleáin.

Is é atá i dTeach Déirce Switzer ar Bhóthar an Chaisleáin ná ardán ina bhfuil cúig theach dhá stór trí bhá le peidiméid os cionn an tí sa lár. Tá tábhacht mhór ailtireachta leis an ngrúpa foirgneamh a thóg James Switzer, an conraitheoir tógála ag Dún Míleata Chathair Chill Chainnigh, sa bhliain 1803. Is gné thábhachtach den choimpléacs é an geata clasaiceach mórthaibhseach de chloch ghearrtha agus spallaí.

**Ráiteas maidir le Sainghné**

Is iad na gnéithe is suntasaí de Limistéar Caomhantais Ailtireachta Chaisleán Chill Chainnigh, an caisleán meánaoiseach agus an suíomh atá aige i bhfearann páirce agus a mhuilte, na ballaí teorann de spallaí fánacha aolchloiche a théann timpeall na dtailte ar na taobhanna ó dheas agus ó thuaidh, an Pharáid i dteannta an ardáin chónaithigh Sheoirsigh ón 18ú haois (Bealach an Mhéara), Siúlán na Canálach, Teach Déirce Switzer agus limistéar cónaithe Ghairdíní an Chaisleáin. Is é spás oscailte poiblí a fhaightear sa limistéar seo den chuid is mó agus tá roinnt foirgneamh suntasach ar sainchomharthaí tíre iad ann, lena n-áirítear an Caisleán, a mhuilte, ardán agus promanáid brící donnrua Sheoirseach, clós stábla an chaisleáin, tithe déirce Switzer agus ballaí teorann aolchloiche fada. Tá meascán úsáidí ann idir thaitneamhacht phoiblí, úsáidí cónaithe agus tráchtála. Tá sé tábhachtach nach mbainfidh na húsáidí tráchtála ar an bParáid ó shainghné an tsuímh atá acu.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Limistéar Caomhantais Ailtireachta atá bunaithe ar mheasúnú ar shainghné ar leith.**

- LCA Chaisleán Chill Chainnigh 1 Sainghné ailtireachta agus stairiúil an Chaisleáin agus an suíomh ar leith atá aige a chosaint.
- LCA Chaisleán Chill Chainnigh 2 Taitneamhacht nádúrtha Pháirc an Chaisleáin a chosaint mar limistéar áineasa agus gnáthóg fiadhúlra thábhachtach.
- LCA Chaisleán Chill Chainnigh 3 Déanmhais Mhuileann Urumhan a chosaint agus a chomhdhlúthú agus an suíomh atá acu ar bhruacha na Feoire a chosaint.

- LCA Chaisleán Chill Chainnigh 4 Ardchaighdeán cur i láthair a choinneáil ar na hurláir talún agus ar na hurláir uachtaracha trí mhéid, líon agus comhdhéanamh na bhfógraí ar fhoirgnimh a shrianadh chun tranglam amhairc sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta a chosc agus a laghdú. Ní féidir comharthaíocht phlaisteach ná neoin a bhreithniú sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta.
- LCA Chaisleán Chill Chainnigh 5 Úsáidí feiliúnacha a chinntiú do na foirgnimh ar an bParáid, nach mbainfidh ó shainghné an limistéir.
- LCA Chaisleán Chill Chainnigh 6 Sláine stairiúil bhallaí na cathrach a chosaint agus a choinneáil de réir an phlean caomhantais do Bhallaí na Cathrach.
- LCA Chaisleán Chill Chainnigh 7 Sainghné cónaithe ísealdlúis ar leith cheantar cónaithe Ghairdíní an Chaisleáin a chosaint.
- LCA Chaisleán Chill Chainnigh 8 Caomhnú bhallaí na cathrach atá mórthimpeall ar thailte an chaisleáin a chinntiú.

### *7.4.7.3 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Ardeaglais Chainnigh*

**Cur síos agus cúlra stairiúil**

Is í Ardeaglais Chainnigh as a dtagann ainm Chill Chainnigh sainchomhartha lárnach an limistéir seo. Cuimsítear limistéar ann a théann ó Fhaiche na mButaí san iarthar go dtí an Fheoir san oirthear agus is í líne a théann ó Bhóthar Achadh Úr siar go dtí Bóthar na nGráinseach an teorainn thuaidh (Féach Figiúr 7.8). Tugtar an Baile Gaelach ar an limistéar seo agus ba í an Bhréagach a bhíodh á dheighilt ón mBaile Ard i gcónaí, abhainn atá i mbaol ó thulcaí ag tréimhsí áirithe den bhliain, agus atá ina teorainn nádúrtha idir an dá limistéar. Tá iarsmaí a clóis fós mórthimpeall ar Ardeaglais Chainnigh an 13ú haois, lena n-áirítear an cloigtheach 11ú haois, an Pálás Easpaig, Teach an Déin, leabharlann Chainnigh, na tithe déirce agus céimeanna Chainnigh. Is coimpléacs foirgneamh é a bhfuil tábhacht ollmhór leis don chathair ó thaobh na staire, na hailtireachta agus an chultúir de. Is iad lánaí agus sráideanna cúnga a fhaightear sa limistéar seo den chuid is mó, agus iad mórthimpeall ar an mullóg ar ar tógadh an ardeaglais - Sráid an Deagánaigh, Plás Chainnigh, Sráid an Bhiocáire agus Lána an Treoigh. Tá codanna de Bhallaí Cathrach meánaoiseacha Chill Chainnigh (Ciorcad an Bhaile Ghaelaigh) sa limistéar seo freisin.

Tá Mainistir Phroinsias ón 13ú haois sa chúinne thoir theas de láithreán grúdlainne Smithwick's. Tá an déanmhas tar éis teacht slán den chuid is mó cé go bhfuil sé lonnaithe i lár láithreán grúdlainne atá á oibriú ach tá straitéis de dhíth chun aon fhorbairtí nua a bheidh beartaithe ar an láithreán seo a chomhtháthú amach anseo.

Sainchomhartha tíre tábhachtach eile sa limistéar is ea Eaglais Chaitliceach Chainnigh, ag a bhfuil suíomh suntasach an-fheiceálach ar cheann eile de chúig chnoc Chill Chainnigh, agus í ag bun an radhairc siar ar Shráid an Deagánaigh. Thóg an tUrramach Jacob Gorman í in 1824-47 sa stíl Ghotach. Tá cáilíocht ag baint le scála na heaglaise agus na mionghnéithe míne ar fud an

fhoirgnimh nach bhfeictear ach go hannamh i séipéil a tógadh roimh Fhuascailt na gCaitliceach (1829), rud a léiríonn an chaoinfhulaingt reiligiún i gCill Chainnigh agus pobal áitiúil a bhí measartha saibhir.

Téann roinnt lánaí beaga a bhfuil ballaí cloiche arda ar gach taobh díobh tríd an limistéar seo. Is limistéar cónaithe an limistéar seo den chuid is mó agus tá roinnt foirgneamh institiúide agus líon beag siopaí ar Shráid an Deagánaigh.

Téann líne na Scéime Rochtana Lárnaí tríd an limistéar agus faomhadh droichead nua trasna na Feoire sa taobh thoir theas den Limistéar Caomhantais Ailtireachta.
Limistéar úsáidí measctha is ea Sráid an Ghraoinigh a théann soir ó Shráid an Bhiocáire i dtreo Dhroichead an Ghraoinigh agus tá roinnt foirgneamh folamh tráchtála ann a d'fhéadfaí a athchóiriú agus a athúsáid.

**Ráiteas maidir le Sainghné**
Is é seo an limistéar as a dtagann ainm chathair Chill Chainnigh. Tá sé deighilte ón Ard Baile meánaoiseach – toisc go bhfuil sé lonnaithe lasmuigh de na ballaí agus an Baile Gaelach á thabhairt air - agus is é an foirgneamh is suntasaí atá ann ná Ardeaglais Chainnigh de chuid Eaglais na hÉireann, atá ina déanmhas gotach mórthaibhseach sa lá atá inniu ann a théann siar go dtí an 13ú haois. Tá coimpléacs d'fhoirgnimh ghaolmhara mórthimpeall ar an séipéal a bhfuil tábhacht mhór leo ó thaobh na hailtireachta agus na staire don chathair. Tá na foirgnimh a ghabhann leis ar chnoc, agus is gné shuntasach eile a chuireann le sainghné an limistéir iad na sráideanna agus na lánaí cliathacha a théann mórthimpeall air agus a thrasnaíonn é. Soir ón gcoimpléacs seo tá an limistéar gar don abhainn ina bhfuil an chuid sin den láithreán grúdlainne 19ú haois ina bhfaightear fothracha Mhainistir Phroinsias ón 13ú haois. Tá Eaglais Chaitliceach Chainnigh, séipéal sa stíl ghotach ó na 1820í ina bhfuil mionghnéithe míne, siar ón Ardeaglais Phrotastúnach, agus is sainchomhartha tíre feiceálach í ar na bóithre isteach go dtí an chathair. Is limistéar cónaithe é an limistéar mórthimpeall ar na foirgnimh shuntasacha seo den chuid is mó, seachas Sráid an Deagánaigh, Sráid an Ghraoinigh agus an láithreán grúdlainne.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Limistéar Caomhantais Ailtireachta atá bunaithe ar mheasúnú ar shainghné ar leith.**

- LCA Ardeaglais Chainnigh 1 Sainghné ailtireachta agus stairiúil Ardeaglais Chainnigh agus an suíomh ar leith atá aici a chosaint agus an grúpa foirgneamh in bhfuil an Ardeaglais, an Leabharlann, Teach an Déin agus foirgnimh eile a bhaineann le riaradh na hardeaglaise a chosaint.
- LCA Ardeaglais Chainnigh 2 Sláine stairiúil bhallaí na cathrach a chosaint agus a choinneáil, de réir an phlean Caomhantais do Bhallaí Cathrach Chill Chainnigh.
- LCA Ardeaglais Chainnigh 3 Oiriúnú agus athúsáid aon fhoirgneamh in anchaoi agus tearcúsáidte ar Shráid an Ghraoinigh a spreagadh agus a éascú.

- LCA Ardeaglais Chainnigh 4 Féachaint chuige go mbeidh na foirgnimh a bheidh beartaithe nuair a bheidh togra na Scéime Rochtana Lárnaí críochnaithe deartha ar bhealach nach mbainfidh ó shainghné ar leith an limistéir agus go mbeidh siad ag teacht le scála reatha na forbartha laistigh den limistéar.
- LCA Ardeaglais Chainnigh 5 Caomhnú Mhainistir Phroinsias agus a suímh a lorg
- LCA Ardeaglais Chainnigh 6 Féachaint chuige go mbeidh aon fhorbairt a thógfar cois na Feoire íogair ó thaobh an dearaidh de agus go dtabharfar aird ar a ghaire is atá sí don abhainn.

### *7.4.7.4 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Shráid Eoin*

**Cur síos agus cúlra stairiúil**

Bhí bruachbhaile pharóiste Eoin ar bhruach thoir na Feoire, agus é nasctha leis an mBaile Ard trí Dhroichead Eoin. Limistéar ceathairuilleach a bheag nó a mhór a bhí ann agus é lonnaithe mórthimpeall ar ais Shráid Eoin, féach Figiúr 7.9. Bhí Ciorcad Pharóiste Eoin de bhalla méanaoiseach na cathrach, a bhfuil codanna de fós ann, mórthimpeall ar an limistéar seo. Ba é Prióireacht Agaistíneach Eoin an foirgneamh ba shuntasaí sa limistéar agus cuireann fothracha móra rómánsúla na prióireachta atá fós ina seasamh go mór le sainghné an limistéir seo. Tá na fothracha sin mórthimpeall ar Theampall Eoin Bhord na gCéadtorthaí (1817), agus cruthaíonn siad cúlra mórthaibhseach don séipéal sin. Is sainchomharthaí tíre suntasacha iad Tithe Déirce Evans, foirgnimh aolchloiche gearrtha sonraithe ón Athbheochan Ghréagach in aice leis an Mainistir a dhear William Roberston. Go dtí le déanaí bhí siad i bhfolach i dtalamh chúil an limistéir ach tá aird á tabhairt orthu faoi láthair i dtionscadal forleathan caomhantais agus athnuachana atá dírithe orthu agus atá á chur i gcrích ag Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh agus Dánlann an Bhuitléaraigh.

Tá sainghné 19$^{ú}$ haois den chuid is mó ag baint le Sráid Eoin í féin fós agus is é a fhaightear ann ná foirgnimh rindreáilte dhá stór agus trí stór ina bhfuil aonaid tráchtála ar urlár na talún. Tá an t-ochtú haois déag le sonrú go láidir i Halla an Chontae agus a gheata clasaiceach chuig Sráid Eoin agus is déanmhas tábhachtach bijoux ó thús an fichiú haois í Leabharlann Carnegie a chuireann le sainghné an éadain le habhainn sa limistéar. Is sainchomhartha tíre suntasach ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath í Eaglais Chaitliceach Eoin. Tógadh í ó 1900-1910 bunaithe ar dhearaí le William Hague agus is foirgneamh mórthaibhseach ón Athbheochan Ghotach í. Tá tábhacht mhór seandálaíochta leis an reilig níos faide síos an bóthar seo. Tá marcóirí inti ó roinnt céadta éagsúla agus tá baint aici le hospidéal lobhar ón 14$^{ú}$ haois agus eaglais chaitliceach ón 17$^{ú}$ haois. Tá ceangal idir fothracha an túrthí ar Shráid Mhaidilín ar a dtugtar Caisleán Mhaidilín (tar éis 1500) agus an t-ospidéal lobhar a raibh baint aige le fada an lá le Prióireacht Agaistíneach Eoin (De réir an tseanchais bhí ceangal idir lobhair agus San Máire Mhaigdiléana - truaillithe go Maidilín).

**Ráiteas maidir le Sainghné**

Tá sainghné tráchtála ón $19^{ú}$ haois ag baint leis an limistéar ar Shráid Eoin den chuid is mó, agus is sainghné chónaithe atá i gceist ar Shráid Mhaidilín, ar Ché Eoin agus ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Tá foirgnimh shuntasacha an limistéir suite siar píosa maith ón mbóthar nó i bhfolach i dtailte cúil agus tá déanmhais mheánaoiseacha suntasacha tagtha slán i gcás Phrióireacht Eoin agus Chaisleán Mhaidilín. Cuireann seanséipéal de chuid Bhord na gCéadtorthaí ó thús an $19^{ú}$ haois, a bhfuil fothracha breátha Phrióireacht Eoin mar chúlra aige, go mór le sainghné Shráid Eoin, fad agus atá tionchar dheireadh an $18^{ú}$ haois agus thús an $19^{ú}$ haois le sonrú freisin i ndéanmhas Theach Déirce Evans ar chúl Phrióireacht Eoin, agus i seanfhoirgneamh clasaiceach Choláiste Chill Chainnigh arb é Halla an Chontae anois é. Is foirgnimh thábhachtacha ó thús an fichiú haois iad an Eaglais Chaitliceach mhór mhillteach ón Athbheochan Ghotach ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus Leabharlann Carnegie bijoux ar Ché Eoin.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Limistéar Caomhantais Ailtireachta atá bunaithe ar mheasúnú ar shainghné ar leith.**

- LCA Shráid Eoin 1 Ardchaighdeán cur i láthair a choinneáil ar na hurláir talún agus ar na hurláir uachtaracha trí mhéid, líon agus comhdhéanamh na bhfógraí ar fhoirgnimh a shrianadh chun tranglam amhairc sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta a chosc agus a laghdú. Ní féidir comharthaíocht phlaisteach ná neoin a bhreithniú sa Limistéar Caomhantais Ailtireachta.
- LCA Shráid Eoin 2 Nuair atá tograí do chur i láthair áitribh thráchtála á meas, ceanglófar go gcoinneofar na fíor-aghaidheanna siopaí/fíor-aghaidheanna tithe tábhairne luatha/bunaidh, agus go soláthrófar dearadh comhaimseartha ardcháilíochta nuair a bheidh aghaidheanna siopaí/aghaidheanna tráchtála nua beartaithe.
- LCA Shráid Eoin 3 Sa chás gur cuireadh pvc neamhphlaistithe nó alúmanam in ionad na bhfuinneog ar na hurláir uachtaracha d'áitribh thráchtála roimhe seo, beidh ceanglas ann go gcuirfear fuinneoga adhmaid feiliúnacha ina n-ionaid i gcás ina bhfuil cead pleanála de chineál ar bith á lorg don déanmhas.
- LCA Shráid Eoin 4 Méideanna ceapaí stairiúla a chosaint ar Shráid Eoin Uachtarach agus Íochtarach agus comhdhlúthú láithreán d'fhoirgnimh nua a sheachaint.
- LCA Shráid Eoin 5 Sláine stairiúil bhallaí na cathrach a chosaint agus a choinneáil, de réir an phlean Caomhantais do Bhallaí Cathrach Chill Chainnigh (An Chomhairle Oidhreachta, 2005).
- LCA Shráid Eoin 6 A chinntiú go mbeidh aon fhorbairtí nua ó dheas ó Shráid Mhaidilín ag teacht le scála na bhfoirgneamh mórthimpeall orthu agus go mbeidh aon athfhorbairt amach anseo ar an seanstáisiún peitril agus na láithreáin tadhlach leis ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath ag teacht le scála na bhfoirgneamh mórthimpeall air.
- LCA Shráid Eoin 7 Caomhnú na ngairdíní tosaigh agus na ráillí ar na tithe i bPlás Eoin ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn agus a chinntiú nach gceadófar tograí chun páirceáil chónaithe a chur ar fáil a mbeadh tionchar acu orthu sin.

- LCA Shráid Eoin 8 Breathnú ar chothromaíocht na n-úsáidí ar Shráid Eoin nuair atáthar ag plé le hiarratais ar athrú úsáide.

### *7.4.7.5 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Shráid Phádraig*

**Cur síos agus cúlra stairiúil**

Tá reilig Phádraig, díreach ó dheas ón mbaile meánaoiseach, suite ag láithreán na bunaíochta Críostaí is sine i gCill Chainnigh, atá fiú amháin níos sine ná Eaglais Chainnigh ag an taobh eile den bhaile. Bhí Buirg Dhomhnach Mór i gcomharsanacht Eaglais Phádraig agus í ag síneadh feadh Shráid Phádraig, agus tagraítear di den chéad uair in 1245. Bhí a háit mhargaidh agus cros mhargaidh féin aici, is dócha ag an acomhal idir an tSráid Nua agus Sráid Phádraig agus tugann na tagairtí do gheata lasmuigh Eaglais Phádraig le tuiscint go raibh an lonnaíocht iata. Níl aon chuid d'Eaglais Phádraig na meánaoise tagtha slán ach tugann an tsraith álainn de leaca ón tríú agus ón gceathrú haois déag sa reilig le tuiscint go raibh sí faoi phátrúnacht shaibhir. Féach Figiúr 7.10 chun na teorainneacha den Limistéar Caomhantais Ailtireachta seo a fheiceáil.

Is éard a fhaightear i Sráid Phádraig den chuid is mó anois ná tithe dhá agus trí stór ón ochtú agus naoú haois déag, agus iad ina meascán de thithe cónaithe agus tráchtála, a théann ón bParáid go dtí Bóthar Phort Láirge trí Sheangheata Phádraig. Cruthaíonn cuar na sráide bóthar aneas aoibhinn go dtí an chathair.

Tá codanna de bhalla cathrach meánaoiseach na cathrach (Ciorcad an Bhaile Aird) tagtha slán ar Bhóthar Urumhan, go háirithe Túr an Talbóidigh ar a ndearnadh oibreacha caomhantais le déanaí. Cuireann Coláiste Urumhan, modhscoil ón Athbheochan Sheacaibíneach a tógadh in 1853, go mór leis an sráid-dreach seo agus cuireann an tSean-Eaglais Phreispitéireach, a tógadh de réir dearaí le Charles Anderson sna 1840í, go mór leis freisin.

Tá formhór na bhfoirgneamh in iarthar an limistéir seo ina n-institiúidí reiligiúnacha agus oideachais, lena n-áirítear Coláiste Naomh Ciarán, coláiste mórthaibhseach mórscála i stíl phictiúrtha na hAthbheochana Túdaraí a tógadh thart ar 1840 agus atá rátaithe mar fhoirgneamh a bhfuil tábhacht Náisiúnta leis san Fhardal Náisiúnta ar an Oidhreacht Ailtireachta; Clochar San Camillus (1885-90) agus Eaglais Chaitliceach Phádraig i stíl na hAthbheochana Gotaí a tógadh sna deich mbliana dheireanacha den naoú haois déag agus atá ina sainchomhartha tíre mórthaibhseach ar shuíomh feiceálach ar chúinne. Is ó Bhóthar an Choláiste, ascaill leathan a bhfuil crainn ar gach taobh di, atá rochtain ar na láithreáin sin ar fad.

**Ráiteas maidir le Sainghné**

Is sráid mheasctha chónaithe agus tráchtála í Sráid Phádraig ar a bhfuil roinnt mhaith foirgneamh clasaiceach ardcháilíochta. Téann sí ó Acomhal na Paráide go dtí Bóthar Phort Láirge trí Sheangheata Phádraig.

Tá formhór na bhfoirgneamh in iarthar an limistéir seo ina n-institiúidí reiligiúnacha agus oideachais. Is foirgnimh mhórthaibhseacha iontu féin iad tailte Choláiste Naomh Ciarán, Clochar Eoin Dé agus Eaglais Chaitliceach Phádraig. Is ó Bhóthar an Choláiste, ascaill leathan a bhfuil crainn ar gach taobh di, atá rochtain ar gach ceann díobh. Tá codanna de Bhallaí Cathrach meánaoiseacha Chill Chainnigh (Ciorcad an Bhaile Aird) sa limistéar freisin.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Limistéar Caomhantais Ailtireachta atá bunaithe ar mheasúnú ar shainghné ar leith.**

- LCA Shráid Phádraig 1 Suíomh na bhfoirgneamh suntasach go léir sa limistéar a chosaint lena n-áirítear na foirgnimh mhóra eaglasta agus oideachais ón naoú haois déag amhail Eaglais Phádraig, Coláiste Naomh Ciaráin, Coláiste Urumhan, agus an tSean-Eaglais Phreispitéireach.
- LCA Shráid Phádraig 2 Sainghné Bhóthar Urumhan agus Bhóthar an Choláiste a fheabhsú mar bhóithre isteach chuig lár na cathrach.
- LCA Shráid Phádraig 3 Sláine stairiúil bhallaí na cathrach a chosaint agus a choinneáil, de réir an phlean Caomhantais do Bhallaí Cathrach Chill Chainnigh (An Chomhairle Oidhreachta, 2005), go háirithe an t-iarsma suntasach de Chiorcad an Bhaile Aird ó na meánaoiseanna - Túr an Talbóidigh.
- LCA Shráid Phádraig 4 A chinntiú go mbeidh aon fhorbairtí amach anseo ar Shráid Iacóib ag cloí le líne foirgníochta fhoirmiúil agus go mbeidh siad ina bhforbairtí cónaithe den chuid is mó.
- LCA Shráid Phádraig 5 An gaol ó thaobh amhairc idir Teach an Bhuitléaraigh, Ionad Dearthóireachta Chill Chainnigh agus Caisleán Chill Chainnigh a chosaint.
- LCA Shráid Phádraig 6 Forbairtí talún cúil a mbeadh tionchar diúltach acu ar shainghné an limistéir a sheachaint.

### *7.4.7.6 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Shráid Mhichíl/Shráid Wolfe Tone*

**Cur síos agus cúlra stairiúil**

Tá an limistéar seo ó thuaidh ó Limistéar Caomhantais Ailtireachta Shráid Eoin agus is ionann an Fheoir agus an teorainn thoir agus Sráid Wolfetone agus an teorainn thiar. Is limistéar cónaithe den chuid is mó é toisc gur forbraíodh ag deireadh an 19ú haois é, féach Figiúr 7.11.

Is sráid chónaithe í Sráid Mhichíl a théann ó Shráid Eoin go dtí Sráid Dhroichead an Ghraoinigh. Tithe sraithe rindreáilte dhá stór ó na 1880í atá sna tithe agus tá radharc uathu ar an bhFeoir agus ar an bpáirc líneach. Tá na gairdíní cúil fada agus caol agus téann siad siar chomh fada leis

na gairdíní ar chúl Shráid Wolfetone. Is limistéar talún cúil mór é seo ina bhfuil spás glas príobháideach a chuireann le bithéagsúlacht lár chathair Chill Chainnigh. Cuireann Scoil Eoin Naofa, an t-aon fhoirgneamh poiblí mór amháin sa limistéar, a tógadh in 1930, go mór leis an gcuma mhealltach atá ar Shráid Mhichíl agus ar Ché Eoin.

Tá reilig Shan Mall ina bhfuil marcóirí cloiche gearrtha ó dheireadh an 18ú haois ar Shráid Dhroichead an Ghraoinigh, agus cuireann an balla teorann de spallaí fánacha aolchloiche le sainghné na sráide.

Tithe sraithe dormánta atá sna tithe ar Shráid Wolfetone den chuid is mó agus tá gairdíní cúil fada acu freisin a théann siar chomh fada leis na cinn ar chúl Shráid Mhichíl. Tá an tseanmhonarcha bróg faoi dhíon sábhfhiaclach ó na 1930í, ina bhfuil Padmore and Barnes anois, suite ar an taobh eile den tsráid lasmuigh de theorainn an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta agus cuireann sí go mór le suíomh agus le sainghné an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.

Is spás oscailte poiblí suntasach í Faiche Eoin, a ndearnadh oibreacha uasghrádaithe uirthi le déanaí, agus cuireann stuanna aolchloiche na líne iarnróid (1865) go mór le sainghné na faiche. Is déanmhas tábhachtach ó lár an ochtú haois déag í Otharlann Chontae Chill Chainnigh (a bhí á húsáid mar bhrú go dtí le déanaí ach atá folamh anois). Tá sí ar chúinne Fhaiche Eoin agus Shráid Wolfetone agus is ionann í agus ceann de na hinstitiúidí sláinte poiblí saintógtha is sine atá tagtha slán sa limistéar. Ar an taobh thall den iarnród, tadhlach leis an láithreán seo, tá Teach Urumhan, tithe déirce 19ú haois i stíl na hAthbheochana Túdaraí.

Ardán tarraingteach ina bhfuil tithe dhá stór ó dheireadh an 19ú haois agus ina bhfuil ráillí iarainn os comhair na ngairdíní tosaigh beaga is ea Ardán Eoin ar Ché Eoin – tá na tithe tadhlach le Leabharlann Carnegie agus tá siad díreach os comhair na habhann.

Tá Droichead Ghraoinigh ina shainchomhartha tíre suntasach ó thaobh na hailtireachta de sa limistéar. Is droichead spallaí aolchloiche cúig stua é trasna na habhann a thóg William Colles in 1766 de réir dearaí a d'ullmhaigh George Smith bunaithe ar an Droichead Rómhánach ag Rimini, a rinne Andrea Palladio cur síos air ina shaothar I quattro libri dell'architettura*.* Tá sé i measc roinnt droichead a tógadh tar éis Thuile Mór 1763, lena n-áirítear Droichead Chaisleán an Chomair, Droichead Bhaile Mhic Andáin, Droichead Ghráig na Manach, agus Droichead Inis Tíog. Tá cóirithe aolchloiche atá snoite go mín ina léirítear saoirseacht chloiche ardcháilíochta le feiceáil ar an droichead. Tá rátáil mar dhéanmhais a bhfuil tábhacht Náisiúnta leo ag na droichid seo i suirbhé an Fhardail Náisiúnta ar an Oidhreacht Ailtireachta.

**Ráiteas maidir le Sainghné**

Is limistéar cónaithe é an limistéar seo den chuid is mó agus tá spás glas príobháideach mór ar chúl na dtithe ar Shráid Mhichíl agus ar Shráid Wolfetone. Tá an Fheoir ríthábhachtach ó thaobh shuíomh na dtithe ar Shráid Mhichíl agus is sainchomhartha tíre tábhachtach é Droichead an Ghraoinigh a théann siar go dtí an 18ú haois. Cuireann ardán na dtithe brící dearga ar Ché Eoin i

dteannta na ngairdíní tosaigh agus ráillí go mór le sainghné an limistéir agus tá Faiche Eoin ina spás oscailte poiblí suntasach agus na stuanna iarnróid atmaisféaracha agus ballaí teorann na hOtharlainne 18ú déag mórthimpeall uirthi. Cuireann an tseanmhonarcha bróg shábhfhiaclach ó na 1930í atá tagtha slán ar Shráid Wolfetone go mór le suíomh an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Limistéar Caomhantais Ailtireachta atá bunaithe ar mheasúnú ar shainghné ar leith.**

- LCA Shráid Mhichíl 1 Caomhnú ghairdíní tosaigh na dtithe ar Ardán Eoin agus ar Ché Eoin a chur chun cinn agus a chinntiú nach gceadófar tograí chun páirceáil chónaithe a sholáthar a mbeadh tionchar acu orthu sin.
- LCA Shráid Mhichíl 2 Dearadh ailtireachta ar ardchaighdeán a chinntiú in aon fhorbairt ar chúl Shráid Mhichíl agus Shráid Wolfe Tone, agus a chinntiú go mbeidh sí ag teacht leis an limistéar láithreach ó thaobh scála agus ábhar de.
- LCA Shráid Mhichíl 3 Athchóiriú agus athúsáid fheiliúnach foirgneamh folamh nó in anchaoi a chur chun cinn, go háirithe an foirgneamh Otharlainne 18ú haois ar Fhaiche Eoin.
- LCA Shráid Mhichíl 4 Ní mór suíomh an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta agus an tábhacht a bhaineann leis an tseanmhonarcha bróg ó na 1930í a chur san áireamh in aon tograí le haghaidh forbairt nua sa seanláithreán marglainne.
- LCA Shráid Mhichíl 5 I gcás ina bhfuil socrú á dhéanamh maidir le nasc siúil chuig an láithreán marglainne ba cheart go mbeadh sé sin ag teacht le sainghné an Limistéir Caomhantais Ailtireachta agus lena shuíomh.
- LCA Shráid Mhichíl 6 Ba cheart dearadh comhaimseartha a úsáid in aon fhorbairt nua cois na habhann agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar an suíomh taobh leis an uisce.
- LCA Shráid Mhichíl 7 Socrú a dhéanamh maidir le caomhnú Dhroichead an Ghraoinigh, ar déanmhas cosanta é a bhfuil tábhacht Náisiúnta leis.

### *7.4.7.7 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Ardeaglais Mhuire*

**Cur síos agus cúlra stairiúil (féach Figiúr 7.12)**

Tá an limistéar seo suite siar ón mbaile múrtha agus is ionann an teorainn ar an taobh thoir agus teorainn Limistéar Caomhantais Ailtireachta Lár na Cathrach. Is é an foirgneamh is suntasaí ann ná Ardeaglais Mhuire, a bhí suite díreach lasmuigh de Sheangheata San Séamas. Is í an sainchomhartha tíre tábhachtach eile an Mhainistir Dhubh, eadhon, an Mhainistir Dhoiminiceach, atá sa chúinne thoir thuadh den limistéar ar thalamh íseal tadhlach leis an mBréagach. Thóg William Marshal óg an mhainistir thart ar 1225. Tá go leor sráideanna cónaithe mórthimpeall ar Ardeaglais Mhuire sa limistéar seo freisin, lena n-áirítear Faiche Shan

Séamas, Sráid Chiceam, Sráid an Mhuilinn Duibh, Sráid Dhoiminic, Sráid Mhic Stiofáin, agus ag dul siar go dtí Bóthar Thobar Chainnigh.

Is ardeaglais mhórthaibhseach mhórscála a bhfuil tábhacht Náisiúnta léi í Ardeaglais Mhuire, a tógadh 1843-57 de réir dearaí le William Deane Butler sa Stíl Ghotach Luath-Shasanach. Tógadh í ar láithreán cúinne ar thalamh ard, agus is ionann í agus an foirgneamh is mó agus is feiceálaí sa chathair. Cuireann Faiche Shan Séamas ar an taobh thiar, a bhfuil tithe sraithe 19ú agus 20ú haois ar gach taobh di, agus Cléirtheach Mhuire, a dhear William Hague i stíl na hAthbheochana Túdaraí agus a tógadh in 1861, ar an taobh thoir di go mór le suíomh na hardeaglaise.

Tá tréimhse forbartha ocht gcéad bliain le sonrú san fhoirm chasta agus i mórdhlúthú na Mainistreach Duibhe mar a fheictear inniu í. Is mar thoradh ar chlár athfhorbartha cuimsitheach a cuireadh i gcrích faoi stiúir James Joseph McCarthy i lár an naoú haois déag atá comhdhéanamh na Mainistreach inniu. Gné thábhachtach d'oidhreacht seandálaíochta Chill Chainnigh atá sa Mhainistir. Tá foirgneamh na Prióireachta Doiminicí a théann siar go dtí na 1890í tadhlach léi agus cuireann sí lena suíomh.

Cuireann Stáisiún na nGardaí sa stíl nua-Sheoirseach ar Shráid Dhoiminic a dhear Oifig na nOibreacha Poiblí sna 1940í le sainghné an limistéir.

**Ráiteas maidir le Sainghné**

Is iad príomhthréithe an limistéir seo ná líon mór sráideanna cónaithe ina bhfuil tithe ón 19ú agus ón 20ú haois agus is pointí lárnacha ar díol spéise mór ó thaobh na hailtireachta agus na seandálaíochta sa limistéar iad Eaglais Mhuire agus an Mhainistir Dhubh. Is spás glas poiblí tábhachtach í Faiche Shan Séamas a fheabhsaíonn suíomh na hArdeaglaise agus na hardáin bheaga tithe atá mórthimpeall uirthi. Tá an Bhréagach mar theorainn thuaidh an limistéir seo, rud a chuireann spás glas oscailte breise ar fáil cois na habhann agus mórthimpeall ar shuíomh Thobar Cheannaigh. Leanann teorainn thoir an láithreáin líne Chiorcad an Bhaile Aird den Bhalla Cathrach, fad agus a léiríonn Stáisiún na nGardaí brící dearga nua-Sheoirseach (1940-45) ar Shráid Dhoiminic tionchar an 20ú haois ar an mbruachbhaile seo de chuid na seanchathrach.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Limistéar Caomhantais Ailtireachta atá bunaithe ar mheasúnú ar shainghné ar leith**

- LCA Ardeaglais Mhuire 1 Suíomh Ardeaglais Mhuire agus na Mainistreach Duibhe a chosaint agus a fheabhsú.
- LCA Ardeaglais Mhuire 2 Sainghné chónaithe, suíomh agus dreach na dteaghaisí ar Shráid Parnell, ar Fhaiche Shan Séamas, ar Shráid Chiceam, ar Sráid Dhoiminic, ar Shráid Mhic Stiofáin, ar Ardán an Rútaigh agus ar Bhóthar Thobar Chainnigh a chosaint. Nuair a bhaintear ballaí agus ráillí na ngairdíní tosaigh, is é an tionchar carnach go ndéantar dochar do shainghné agus do dhreach na sráideanna agus na mbóithre fo-uirbeacha sin. Ní mór tograí le haghaidh páirceáil eas-sráide a chothromú in aghaidh an méid taitneamhachta a chaillfí dá bhrí sin. Is iondúil nach gceadófar ballaí agus ráillí na

ngairdíní tosaigh a bhaint i gcás go mbeadh tionchar diúltach aige ar shainghné na sráid-dreach. Féach na treoirlínte maidir le pleananna forbartha i gCaibidil 11 le haghaidh na gcritéar nach mór a chomhlíonadh nuair a dhéantar tograí le haghaidh páirceáil eas-sráide laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta.

- LCA Ardeaglais Mhuire 3 Tobar Cheannaigh agus a shuíomh agus an spás oscailte tadhlach leis cois na Bréagaí a chosaint.
- LCA Ardeaglais Mhuire 4 Sláine stairiúil bhallaí na cathrach a chosaint agus a choinneáil, de réir an phlean Caomhantais do Bhallaí Cathrach Chill Chainnigh (An Chomhairle Oidhreachta, 2005).
- LCA Ardeaglais Mhuire 5 Taitneamhacht amhairc na Bréagaí a chosaint agus a chinntiú go dtabharfar aird ar an suíomh cos abhann in aon fhorbairtí amach anseo tadhlach léi.

### *7.4.7.8 Limistéar Caomhantais Ailtireachta na Leacan*

**Cur síos agus cúlra stairiúil**

Tá Limistéar Caomhantais Ailtireachta na Leacan soir ó Limistéar Caomhantais Ailtireachta Shráid Eoin agus is í an Fheoir an teorainn theas agus thiar, is é an Cuarbhóthar an teorainn thoir agus is é atá sa teorainn thuaidh ná Bóthar Bhaile Átha Cliath, féach Figiúr 7.13. Tá sé tábhachtach mar an suíomh do shlí isteach mórthaibhseach anoir go dtí an chathair stairiúil toisc go bhfuil an bóthar ar thalamh ard a théann le fána mór síos go dtí bruacha na habhann. Tá radhairc mhórthaibhseacha le fáil trasna na Feoire agus Chaisleán Chill Chainnigh nuair atáthar ag teacht isteach sa chathair ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Tá Muilte Arbhair na Leacan ó dheireadh an 18ú haois tadhlach leis an abhainn agus iad i bhfolach. Tá túr Ospidéal Naomh Cainneach ón Athbheochan Eilíseach le feiceáil ó Bhóthar Bhaile Átha Cliath agus cuireann an coimpléacs fairsing foirgneamh seo atá lonnaithe i dtailte seanbhunaithe a théann síos go dtí an abhainn go mór le sainghné an limistéir. Ar an taobh thuaidh de Bhóthar Bhaile Átha Cliath tá roinnt seanardán tithe agus tithe móra laistigh dá dtailte féin ina bhfuil crainn aibí a chuireann le sainghné an limistéir seo freisin.

**Ráiteas maidir le Sainghné**

Tagann sainghné an limistéir seo ó na radhairc mhórthaibhseacha síos go dtí an Fheoir agus trasna go dtí Caisleán Chill Chainnigh ag teacht anoir ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Is déanmhais thábhachtacha a chuireann le sainghné an limistéir iad coimpléacs Ospidéal Naomh Cainneach agus Muilte Arbhair na Leacan. Ar an taobh thuaidh den limistéar ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath tá roinnt seanardán tithe agus tithe móra laistigh dá dtailte féin ina bhfuil crann aibí a chuireann le sainghné an limistéir seo.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Limistéar Caomhantais Ailtireachta atá bunaithe ar mheasúnú ar shainghné ar leith**

- LCA na Leacan 1 Suíomh na Feoire agus na radhairc trasna go dtí Caisleán Chill Chainnigh ag teacht anoir ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath a chosaint.
- LCA na Leacan 2 Oidhreacht seandálaíochta thionsclaíoch Mhuilte Arbhair na Leacan agus an suíomh atá acu ar bhruacha na Feoire a chosaint.
- LCA na Leacan 3 An coimpléacs foirgneamh ón 19ú haois a bhaineann le hOspidéal Naomh Cainneach agus a bhfuil tábhacht Náisiúnta leo a chosaint.
- LCA na Leacan 4 Suíomh na dtithe móra ina dtailte féin ina bhfuil crainn aibí a chosaint.

### *7.4.7.9 Limistéar Caomhantais Ailtireachta Inse an Talbóidigh*

**Cur síos agus cúlra stairiúil & Ráiteas maidir le Sainghné (féach Figiúr 7.14)**

Sampla uathúil den phleanáil chónaithe is ea Inse an Talbóidigh. Tógadh an modhshráidbhaile in 1904 le haghaidh Ellen Odette Desart, ceathrú cuntaois Desart de réir dearaí a d'ullmhaigh William Alphonsus Scott (1871-1921) i sainstíl Ealaíon agus Ceardaíochta. Is limistéar cónaithe fós é beagnach an limistéar ar fad agus tá na saintréithe ar leith dearaidh agus ceardaíochta fós ann. Cuireann an spás glas oscailte sa lár a bhfuil ráillí iarainn simplí mórthimpeall air go mór le sainghné an limistéir.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Limistéar Caomhantais Ailtireachta atá bunaithe ar mheasúnú ar shainghné ar leith.**

- LCA Inse an Talbóidigh 1 Sainghné shráidbhaile Inse an Talbóidigh mar mhodhshráidbhaile a chosaint.
- LCA Inse an Talbóidigh 2 Ní cheadófar aon tograí chun gairdíní tosaigh a athchóiriú lena n-úsáid mar pháirceáil eas-sráide.
- LCA Inse an Talbóidigh 3 Spás glas oscailte fhaiche Inse an Talbóidigh a chosaint mar ghné thábhachtach a chuireann go mór le suíomh na dtithe agus pleanáil stairiúil an tsráidbhaile.
- LCA Inse an Talbóidigh 4 A chinntiú go dtabharfar aird in aon tograí chun an láithreán cúinne a fhorbairt i gcúinne thoir theas an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta ar shuíomh an tsráidbhaile agus a shainghné agus go mbeidh siad ag teacht leo.

### *7.4.7.10 An Oidhreacht Thógtha Dhúchasach*

Is é atá san oidhreacht thógtha dhúchasach foirgnimh agus lonnaíochtaí a chruthaigh daoine ó ábhair agus acmhainní áitiúla le freastal ar riachtanais áitiúla de réir na dtraidisiún áitiúil. Tá teicnící tógála éagsúla ann ó réigiún go réigiún, agus is minic gur miondifríochtaí a bhíonn i gceist, mar gheall ar an bhfreagairt don timpeallacht áitiúil. Is minic nach mbíonn meas mar is ceart ar an gcineál foirgnimh seo toisc nach ionann iad agus 'ailtireacht mhór le rá' agus toisc go samhlaítear go mbaineann siad leis an mbochtanas agus go bhfuil siad imithe i seandacht. Tá na foirgnimh seo tábhachtach mar gheall ar an tsainiúlacht agus ar an bhféiniúlacht réigiúnach a

bhronntar ar na háiteanna ina bhfuil siad agus toisc go léiríonn siad gaois agus traidisiúin chultúrtha charntha na ndaoine a thóg iad agus a chuir fúthu iontu.

Déanfaidh an Chomhairle na prionsabail agus na treoirlínte caomhantais atá leagtha amach sa Chairt maidir leis an Oidhreacht Thógtha Dhúchasach de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Shuíomhanna (Meicsiceo 1999) a chur i ngníomh go hiarbhír le linn dóibh breithniú a dhéanamh ar thograí chun foirgnimh dhúchasacha a oiriúnú do chaighdeáin bheatha agus riachtanais chomhaimseartha.

Cuirfidh an Chomhairle coinneáil agus athúsáid na hoidhreachta tógtha dúchasaí chun cinn trí fheasacht an phobail a mhúscailt ar na deiseanna chun í a athúsáid agus a chur in oiriúint d'athruithe.

## 7.5 An Oidhreacht Chultúrtha

Áirítear ar an oidhreacht chultúrtha gnéithe oidhreachta, mar shampla, traidisiúin, cleachtais, eolas agus scileanna atá mar léiriú ar ár gcultúr. I gCill Chainnigh tá seanchas, logainmneacha, béaloideas, stair áitiúil agus spórt mar chuid dár n-oidhreacht chultúrtha. Áirítear inti freisin gnéithe is díol spéise ó thaobh na hoidhreachta cultúrtha de, amhail carraigeacha Aifrinn, cosáin Aifrinn, bilí agus geataí dúchasacha ar díol suntais áitiúil iad agus a chuireann le sainghné ar leith agus ómós áite an cheantair. Caomhnóidh, cosnóidh agus, más gá, feabhsóidh an Chomhairle míreanna oidhreachta suntasacha agus/nó gnéithe cultúrtha suntasacha eile atá mar chuid d'oidhreacht chultúrtha an Chontae.

### 7.5.1 Logainmneacha

Is cuid thábhachtach d'ár n-oidhreacht chultúrtha iad logainmneacha agus tá siad ag dul chun fánaí. Is nasc leis an am atá thart iad agus léiríonn siad oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha ceantair. Níl mórán taifeadtaí scríofa ar logainmneacha agus ainmneacha garraithe traidisiúnta toisc gurbh iondúil gur tugadh ar aghaidh ó ghlún go glún de bhriathar béil iad. Tá suirbhéanna déanta ag Comhairle Contae Chill Chainnigh i gcomhar le pobail áitiúla, chun logainmneacha agus ainmneacha garraithe traidisiúnta a thaifeadadh agus a mhapáil trí thionscadal na mBailte Fearainn agus tríd an Iniúchadh Oidhreachta ar an bhFeoir.

Féach http://www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Heritage/Townlands_Project.html agus http://www.kilkennycoco.ie/eng/Services/Heritage/Heritage_Audit_of_the_River_Nore_.html

Tá sé tábhachtach go léireoidh logainmneacha na bhforbairtí nua ar fad an topagrafaíocht, an stair, an cultúr, an éiceolaíocht nó daoine agus imeachtaí suntasacha áitiúla agus go mbainfear úsáid as logainmneacha traidisiúnta Gaeilge ón gceantar. I measc na n-acmhainní chun cabhrú le hainmniú forbairtí nua tá leabhrán Fhoras na Gaeilge dar teideal "*Name your place* –

*Logainmneacha Cuid dár nOidhreacht*" féach www.logainm.ie agus an an Coimisiún Logainmneacha www.coimisineir.ie.

**Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha**

- Féachaint chuige go léireoidh ainmneacha na bhforbairtí nua ar fad gnéithe a bhaineann le stair, le hoidhreacht nó le cultúr na háite.
- Úsáid logainmneacha agus comharthaí Gaeilge agus dátheangacha a spreagadh.

# 8 An Bonneagar agus an Comhshaol

## 8.1 Seirbhísí Uisce

### 8.1.1 An Méid atá Bainte Amach

Le linn thréimhse feidhme an phlean dheireanaigh, cuireadh oibreacha feabhsúcháin suntasacha i gcrích ar bhonneagar seirbhísí uisce sa chathair. Deisíodh an ligean uisce ag Taiscumar Bhaile Rád in 2012 agus bhí buntáistí suntasacha le sonrú de thoradh ar an gClár Caomhnaithe Uisce.

Comhaontaítear beartú tosaíochta na hinfheistíochta leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus tá an infheistíocht leagtha amach i gClár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010-2013. Déanfaidh an Chomhairle iarracht seirbhísí uisce a leathnú le freastal ar riachtanais tís, thráchtála agus thionsclaíocha atá ag méadú sa Chontae agus chun soláthar na seirbhísí uisce a fheabhsú sna ceantair sin ina bhfuil easnaimh faoi láthair.

### 8.1.2 Soláthar Uisce

Soláthraítear uisce do Chathair Chill Chainnigh agus do na Purláin ó ionaid chóireála ag Coill an Treoigh agus Baile Rád. Tá tábhacht ollmhór ag baint le cáilíocht ár soláthairtí uisce óil. Déanann an Chomhairle monatóireacht laethúil ar cháilíocht an uisce, de réir cheanglais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Déanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Saotharlann Uisce Réigiúnach na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil tástáil ar bhonn gníomhaireachta freisin.

Tá tús áite tugtha do Scéim Soláthar Uisce Réigiúnach Chathair Chill Chainnigh faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010-2013.

### 8.1.3 Caomhnú Uisce

Is acmhainn thearc agus chostasach iad soláthairtí uisce. Tá Clár Caomhnaithe Uisce ar bun ar fud an chontae faoi láthair. Sa chéad chuid den tionscadal seo roinneadh na scéimeanna soláthair uisce ina gcriosanna éagsúla agus cuireadh méadair isteach. Is é an dara céim ná rialú gníomhach ar ligean uisce, lena n-áirítear ligean a aimsiú agus a dheisiú. Is é an tríú céim ná athshlánú píobáin. Tá an clár tar éis Uisce gan tásc a laghdú go dtí faoi bhun 40%, agus tá an leibhéal seirbhíse ar an iomlán feabhsaithe dá bharr. Leanfar den chlár seo.

### 8.1.4 Seirbhísí Fuíolluisce

Soláthraíonn Ionad Cóireála Fuíolluisce Inse an Phuirséalaigh na saoráidí cóireála fuíolluisce don Chathair agus dá purláin. Is é an cumas atá ceaptha d'Ionad Cóireála Fuíolluisce Inse an Phuirséalaigh ná coibhéis áitritheora 107,000.

Tá uasghrádú ar an ionad atá ann cheana beartaithe mar chuid de Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce de chuid na gComhairlí. Tá dul chun cinn maith déanta maidir leis an obair dearaidh agus tá an Bord Pleanála tar éis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta a fhaomhadh.

#### *8.1.4.1 Na Cuspóirí Seirbhísí Uisce:*

- An clár a chur i bhfeidhm mar at sé leagtha amach i gClár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce.
- Tús áite a thabhairt d'uasghrádú ionad cóireála fuíolluisce Inse an Phuirséalaigh.
- Na ceanglais atá sa Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus sa Chreat-Treoir Uisce ón A.E. a chomhlíonadh ina n-iomláine.

### 8.1.5 Bainistíocht sloda

Ullmhaíodh Plean um Bainistíocht Sloda do Chill Chainnigh in 2003. Sa Phlean um Bainistíocht Sloda, breithníodh na cineálacha slodaí neamhghuaiseacha ar fad atá sa Chontae nó atá tuartha a bheith sa Chontae go ceann 20 bliain agus moladh straitéisí um bainistíocht inbhuanaithe dóibh. Leanfaidh an Chomhairle den Phlean um Bainistíocht Sloda a chur i bhfeidhm, agus dá réir, déantar an sloda ar fad a ghintear sa chontae a dhiúscairt mar leasachán faoi láthair.

## 8.2 An Comhshaol

### 8.2.1 Rialú ar Thruailliú

Aithnítear an tábhacht a bhaineann le comhshaol glan do shaol geilleagrach agus sóisialta na cathrach. Chuige sin, ní mór monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach leanúnach a dhéanamh maidir le bearta rialaithe ar thruailliú agus leanfar leo ar feadh thréimhse an Phlean seo.

#### *8.2.1.1 Cáilíocht an Aeir*

Is é ról na Comhairle ó thaobh cháilíocht an aeir de ná laghdú ar thruailliú aeir a chur chun cinn, trí chur i bhfeidhm na reachtaíochta ábhartha agus trí chomhairle agus treoir maidir le dea-chleachtas a sholáthar. Chomh maith leis sin cuireann an Chomhairle forálacha an Achta um Thruailliú Aeir, 1987 agus forálacha na Rialachán fán Acht um Thruailliú Aeir (Gléasra Tionscail a Cheadúnú), 1988 i bhfeidhm.

#### *8.2.1.2 Mapáil Torainn*

In 2006, rinne an Rialtas rialacháin a bhaineann le Torann comhshaoil (I.R. 140 de 2006). Sainmhínítear torann comhshaoil sna Rialacháin mar thorann lasmuigh nach bhfuiltear ag iarraidh nó atá díobhálach, a cruthaíodh trí ghníomhaíochtaí an duine, lena n-áirítear torann arna astu ó chóracha iompair, ó thrácht ar bhóithre, ó thrácht iarnróid, ó aerthrácht, agus ó láithreáin ina bhfuil gníomhaíocht tionscail.

Ceanglaítear leis na rialacháin go gcaithfear tagairt i bPlean Gníomhaíochta um Mapáil Torainn d'áiteanna in aice le mórbhóithre, le mór-iarnróid, agus le mór-aerfoirt, agus laistigh d'aon cheirtleán ábhartha. Tugadh Plean Gníomhaíochta Torainn[108] chun críche do Chill Chainnigh in 2009. Tá na limistéir seo a leanas i gcathair Chill Chainnigh laistigh de chritéir ábhair na Rialachán:

- Codanna den N10 i bPurláin Chathair Chill Chainnigh
- Codanna den N77 i bPurláin Chathair Chill Chainnigh

Is iad dhá chuspóir an Phlean Gníomhaíochta;

- Drochthionchair shuntasacha ar an tsláinte de dheasca torainn a sheachaint agus
- Cáilíocht torainn chomhshaoil a chothú sa chás go bhfuil sí go maith

Tá an Plean Gníomhaíochta Torainn á thabhairt cothrom le dáta faoi láthair.

### *8.2.1.3 Rialú torainn*

D'fhéadfadh leibhéil torainn agus deataigh iomarcacha drochthionchar a imirt ar thimpeallacht na cathrach. Féachfaidh an Chomhairle le torann a íoslaghdú tríd an bpróiseas pleanála trína chinntiú go mbeidh bearta chun tarchur creathaidh agus torainn a chosc agus a mhaolú, nuair is cuí, mar chuid de dhearadh forbairtí amach seo.

### *8.2.1.4 Truailliú De Dheasca Solais*

Fad agus atá soilsiú sásúil riachtanach ionas go mbeidh timpeallacht shlán agus shábháilte ann, tá sé aitheanta arís is arís eile go bhféadfadh doirteadh solais ó shoilsiú iomarcach nó ó shoilsiú atá deartha go dona a bheith ina núis do na maoine mórthimpeall air agus ina bhaol don fhiadhúlra, go bhféadfadh sé a bheith ina ghuais tráchta, agus gur féidir leis infheictheacht spéir na hoíche a laghdú. D'fhéadfadh áiteanna uirbeacha agus tuaithe araon a bheith thíos leis an bhfadhb seo. D'fhéadfadh colúin soilsithe agus daingneáin eile tionchar suntasach a bheith acu ar an gcuma atá ar fhoirgnimh agus ar an gcomhshaol.

### *8.2.1.5 Cuspóir maidir le Rialú ar Thruailliú*

Nuashonrú a dhéanamh ar Mhapáil Torainn i gcomhréir le tairseacha athbhreithnithe nó nuashonraithe maidir le Mapáil Torainn.

### *8.2.1.6 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Rialú ar Thruailliú*

- Féachaint chuige go bhfuil forbairtí atá faoi réir cheanglais an Achta um Thruailliú Aeir, 1987 agus na Rialachán fán Acht um Thruailliú Aeir (Gléasra Tionscail a Cheadúnú), 1988

[108] Comhairlí Contae agus Buirge Chill Chainnigh, *Noise Action Plan 2008*, 2009

nó aon rialachán dá n-éis ag teacht le caighdeáin astúcháin iomchuí agus le caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha eile.

- Féachaint le torann agus deatach a íoslaghdú tríd an bpróiseas pleanála trína chinntiú go mbeidh bearta chun tarchur deataigh, torainn agus creathaidh a chosc agus a mhaolú, nuair is cuí, mar chuid de dhearadh forbairtí.
- Féachaint chuige go mbeidh soilsiú deartha go cúramach agus go híogair
- A cheangal go laghdófar an doirteadh solais agus an truailliú de dheasca solais sa timpeallacht trí dhearadh an tsoilsithe sheachtraigh.
- Féachaint chuige go mbreithneofar leibhéil torann tráchta mar chuid de gach forbairt nua ar an N77 agus N10, nó ar bhóithre eile atá sainaitheanta sa Phlean Gníomhaíochta Torainn.

### 8.2.2 Talamh a d'Fhéadfadh a bheith Éilithe

Meastar tríd is tríd gurb ionann talamh éilithe agus tailte ina bhfuil substaintí a d'fhéadfadh dochar mór a dhéanamh don chomhshaol agus/nó an tsláinte a chur i mbaol. I measc na dtalamhúsáidí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le truailliú den chineál sin tá; oibreacha gáis, láithreáin líonadh talún agus clóis chonamair.

#### *8.2.2.1 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha*

Déanfar forbairt a spreagadh agus a éascú más féidir a thaispeáint go mbeidh buntáiste áineasa agus sóisialta á fháil ag an bpobal/an gceantar áitiúil mar thoradh ar fhorbairt an láithreáin a d'fhéadfadh a bheith éilithe ar an gcoinníoll go gcuirtear bearta leasúcháin sainaitheanta do na tailte i gcrích. Ceanglóidh an Chomhairle go gcuirfear iniúchadh sonraithe i gcrích agus go ndéanfar bearta cuí chun a chinntiú go gcuirfear cóireáil cheart ar an talamh sula ndéanfar forbairt.

### 8.2.3 Cáilíocht an Uisce

#### *8.2.3.1 An Chreat-Treoir Uisce*

Mar fhreagairt do bhagairt an truaillithe atá ag méadú agus d'éileamh an phobail atá ag méadú ar aibhneacha, ar lochanna agus ar thránna níos glaine, d'fhorbair an AE An Chreat-Treoir Uisce[109]. Bunaítear creatlach leis an treoir chun na huiscí ar fad a chosaint, lena n-áirítear aibhneacha, lochanna, inbhir, uiscí cósta, screamhuisce, canálacha agus dobharlaigh shaorga eile chun leasa do chách. Tá cosaint an uisce don fhiadhúlra agus dá ngnáthóga ar áireamh faoin treoir freisin.

[109] Treoir 2000/60/CE an 23 Deireadh Fómhair 2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creatlach i gcomhair gnímh ag an gComhphobal sa réimse a bhaineann le beartas uisce

Ní mór bainistiú acmhainní uisce a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, trí Phleananna Bainistíochta, ar bhealach ina mbainfear amach an chothromaíocht is fearr is féidir idir cosaint agus feabhsú na timpeallachta uisce agus leasanna na ndaoine sin a bhíonn ag brath uirthi dá slí bheatha agus dá gcáilíocht beatha.

Ar mhaithe leis an gCreat-Treoir Uisce a chur i bhfeidhm, roinneadh Éire ina n-ocht gceantar abhantraí a dhraenálann abhainn mhór nó roinnt aibhneacha. Tá Contae Chill Chainnigh lonnaithe i gCeantar Abhantraí an Oirdheiscirt. Foilsíodh Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt *(Ceisteanna Uisce)* 2009-2015 in 2010[110]. Leagtar amach ann na caighdeáin agus na cuspóirí do cháilíocht an uisce san abhantrach.

Tá an Chomhairle freagrach as na huiscí go léir a chosaint lena áirítear aibhneacha, lochanna, uiscí inbhir agus screamhuisce. Áirítear ar an obair sin bearta rialaithe ar thruailliú a chur i bhfeidhm, doirteadh eisiltigh a cheadúnú, an reachtaíocht chomhshaoil a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta sin, agus bearta teagmhasachta maidir le truailliú a dhréachtú.

Aithníodh eotrófú na n-úiscebhealaí mar dhúshlán straitéiseach atá le sárú ó thaobh chomhshaol na hÉireann. Tagann eotrófú chun cinn mar gheall ar ionchur iomarcach cothaitheach (nítrigin agus fosfar) san uisce a mbíonn fás plandaí iomarcach, ídiú ocsaigine agus díghrádú gnáthóige mar thoradh air. Is iad na foinsí móra as a dtagann na cothaithigh a théann isteach san uisce ná doirteadh talmhaíochta agus séarachais, agus cuireann foinsí eile leis freisin.

Leanfaidh an Chomhairle de bhearta cuí a ghlacadh maidir le forbairt talmhaíochta, tionscail agus cónaithe d'fhonn truailliú screamhuisce agus uisce dromchla a chosc agus cuirfidh sí Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt i bhfeidhm.

#### *8.2.3.2 Screamhuisce*

Úsáidtear screamhuisce chun uisce a sholáthar do roinnt scéimeanna soláthair uisce, agus úsáideann teaghlaigh a bhíonn ag brath ar thoibreacha príobháideacha freisin é. Bíonn roinnt grúpscéimeanna uisce ag brath ar screamhuisce freisin (uiscígh). Déantar uiscígh faoi thalamh a shaothrú ar bhonn tráchtála d'uisce buidéalaithe, rud is féidir a bheith ina acmhainn gheilleagrach shuntasach. Cuireann screamhuisce leis an abhainnchóras chomh maith.

Tá Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann tar éis Scéim chun Screamhuisce a Chosaint do Chontae Chill Chainnigh[111] a chur i gcrích. Is é aidhm fhoriomlán na Scéime chun Screamhuisce a

[110] Ceantar Abhantraí an Oirdheiscirt, *Plean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt (Ceisteanna Uisce) 2009-2015*, 2010

[111] Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, Comhairle Contae Chill Chainnigh, *County Kilkenny Groundwater Protection Scheme Volume I: Main Report*, 2002

Chosaint cáilíocht an screamhuisce a chaomhnú, d'uisce óil, d'éiceachórais uisce dromchla agus talún, ar mhaithe leis an nglúin atá ann agus leis na glúine atá le teacht. Tá na scéimeanna chun screamhuisce a chosaint bunaithe ar fhaisnéis a chuirtear ar fáil i sraith léarscáileanna, lena n-áirítear:

- Criosanna cosanta screamhuisce, sonraí hidrigeolaíocha
- Uiscígh
- Leochaileacht
- Lomán agus doimhneacht go dtí an bhuncharraig
- Geolaíocht fo-ithreacha
- Geolaíocht bhuncharraige

Faoin Scéim chun Screamhuisce a Chosaint cuirtear treoir ar fáil do Chomhairle Contae Chill Chainnigh nuair atá cinntí á ndéanamh faoi shuíomh, faoi chineál agus faoi rialú forbairtí agus gníomhaíochtaí d'fhonn screamhuisce a chosaint. Beidh an mhapáil leochaileachta don Chontae á nuashonrú ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann in 2013.

#### 8.2.3.2.1 Limistéir Chosanta Foinse

Tá tábhacht ollmhór ag baint le foinsí screamhuisce go háirithe do sholáthraithe poiblí, grúpscéime agus tionsclaíocha. Tá Limistéir Chosanta Foinse leagtha amach mórthimpeall ar fhoinsí screamhuisce dá bhrí sin chun cosaint a thabhairt trí rialuithe níos déine a chur ar ghníomhaíochtaí laistigh de na limistéir sin. Tá Limistéir Chosanta Foinse roinnte ina Limistéir Chosanta Istigh agus Limistéir Chosanta Amuigh.

Beidh forbairt laistigh de Limistéir Chosanta Foinse faoi réir ceanglais diana de réir na Scéime chun Screamhuisce a chosaint agus na nAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2007 & 2012. Beidh forbairtí ina bhfuil cóireáil fuíolluisce ar an láthair i Limistéir Chosanta Foinse Istigh atá Fíor-Leochaileach faoi réir caighdeáin dhiana maidir le Bainistíocht Forbartha.

I dtéarmaí praiticiúla, is féidir cosaint an screamhuisce a bhaint amach trí dea-chleachtas a spreagadh i ngníomhaíochtaí talmhaíochta agus tionsclaíocha agus trí dhea-chleachtas maidir le suiteáil agus úsáid na gcóras cóireála fuíolluisce.

### *8.2.3.3 Cuspóirí maidir le Cáilíocht an Uisce*

- Comhlíonadh caighdeán agus cuspóirí comhshaoil a chur chun cinn, ar caighdeáin agus cuspóirí iad a bunaíodh—
    - i leith léinseach uisce dromchla, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Dromchla) 2009;
    - i leith screamhuisce, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Screamhuisce) 2010;

agus ar caighdeáin agus cuspóirí iad atá ar áireamh i bPlean Bainistíochta Abhantraí an Oirdheiscirt.

- Mapáil na limistéar cosanta foinse a chur i gcrích agus Limistéir Chosanta Foinse a mhapáil do scéimeanna soláthair uisce poiblí nua ar bith mar is cuí.
- A chinntiú go n-aithnítear Limistéir Chosanta Foinse le haghaidh forbairtí tithíochta ilaonad ar bith ag a bhfuil soláthairtí uisce príobháideacha.

### *8.2.3.4 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Cáilíocht an Uisce*

- I gcásanna nach féidir ceangal leis an séarach poiblí, measúnú a dhéanamh ar iarratais ar thithe de réir lámhleabhar na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil dar teideal *Code of Practice – Wastewater Treatment and Disposal Systems serving Single Houses*[112] (coibhéis áitritheora ≤ 10), ar a dtugtar EPA 2009 freisin nó cibé treoir a chuirfear in ionad na treorach sin. Beidh an duine a dhéanann an measúnú cáilithe mar is cuí, agus i dtuairim an údaráis áitiúil, beidh sé inniúil chun an obair sin a dhéanamh.
- A chinntiú go bhfuil an fhorbairt thionsclaíoch ar fad i suíomh cuí, laghdú eisiltigh agus 'táirgeadh glan' a lorg más féidir, agus a cheangal go bhfuil na saoráidí cóireála fuíolluisce dóthanach, agus go gcóireáiltear agus go ndoirtear eisiltigh ar mhodh sásúil.
- Aird a thabhairt ar an Scéim chun Screamhuisce a Chosaint agus ar na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce 2007 & 2012 nuair atá cinntí á ndéanamh faoi shuíomh, faoi chineál agus faoi rialú forbairtí agus gníomhaíochtaí d'fhonn screamhuisce a chosaint.

### 8.2.4 Tuile

Is feiniméan nádúrtha den chiogal hidreolaíoch é tuile. Tá mórán tosca ann a chuireann isteach ar iompar tuile agus céimeanna an riosca atá ann. Cosúil le próisis nádúrtha eile, ní féidir tuilte a dhíothú ar fad, ach is féidir tionchair tuilte a íoslaghdú trí bhainistiú réamhghníomhach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Is é an fhreagairt bheartais náisiúnta a nglactar leis do chosaint ar thuilte anois ná an baol don bheatha agus do mhaoin a bhainistiú ar dhóigh chomh hinbhuanaithe agus is féidir agus riosca tuilte agus na tionchair bhainteacha ar an bhforbairt a bhreithniú ar bhonn abhantraí, seachas ar bhonn suímh ar leith. Éascóidh sé sin forbairt inbhuanaithe trí dhamáiste ó thuillte amach anseo a laghdú, agus ar an dóigh sin laghdófar na costais gheilleagracha agus shóisialta ghaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann.

Is í Oifig na nOibreacha Poiblí an ghníomhaireacht atá i gceannas ar bhainistíocht riosca tuilte in Éirinn. Foilsíodh *Planning System and Flood Risk Management – Guidelines for Planning Authorities* in 2009 agus tá siad curtha san áireamh anseo.

Sna Treoirlíne leagtar amach na trí phríomhphrionsabal ar chóir do na húdaráis réigiúnacha, na húdaráis áitiúla, na forbróirí agus a gcuid gníomhairí glacadh leo nuair atá riosca tuilte á bhreithniú acu. Is iad sin:

[112] An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, *Code of Practice – Wastewater Treatment and Disposal Systems serving Single Houses*, 2009

- An riosca a sheachaint, nuair is féidir,
- Úsáidí nach bhfuil chomh leochaileach a chur ina ionad, sa chás nach féidir é a sheachaint, agus
- *An riosca a mhaolú agus a bhainistiú i gcás nach féidir é a sheachaint ná úsáidí eile a chur ina ionad*

**Forbairt i limistéir ina bhfuil riosca tuilte a sheachaint**

Is ionann criosanna tuile agus limistéir gheografacha a bhfuil an dóchúlacht go dtarlóidh tuilte i raon áirithe laistigh díobh agus is uirlis ríthábhachtach iad maidir le bainistíocht ar riosca tuilte laistigh den phróiseas pleanála agus i bpleanáil d'éigeandálaí agus rabhadh tuilte. Chun críocha na dtreoirlínte, sainmhínítear trí chineál nó leibhéal criosanna tuile:

- Crios tuile A – ina bhfuil an dóchúlacht is mó go mbeidh tuilte ann (níos mó ná 1% nó 1 in 100 i gcás tuilte abhann nó 0.5% nó 1 in 200 i gcás tuilte cósta) agus ina mbeadh raon leathan gabhdóirí leochaileach;
- Crios tuile B – ina bhfuil dóchúlacht mheasartha go mbeidh tuilte ann (idir 0.1% nó 1 in 1000 agus 1% nó 1 in 100 i gcás tuilte abhann nó idir 0.1% agus 1 in 1000 agus 0.5% nó 1 in 200 i gcás tuilte cósta) agus
- Crios tuile C – ina bhfuil an dóchúlacht go mbeidh tuilte ann íseal (níos lú ná 0.1% nó 1 in 1000 i gcás tuilte abhann agus cósta).

Tá Measúnacht Straitéiseach ar Riosca Tuilte déanta don Chathair mar chuid den Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta. Sainaithníodh Crios Tuile A agus limistéir eile ann ina mbeidh tograí forbartha faoi réir ag Measúnacht ar Riosca Tuilte a bhaineann go sonrach le láthair. Beidh an Mheasúnacht ar Riosca Tuilte seo feiliúnach don scála agus don chineál forbartha a bheidh beartaithe agus déanfar í de réir na dTreoirlínte.

### *8.2.4.1 Cuspóir maidir le Bainistíocht Riosca Tuilte*

Glacadh le cur chuige cuimsitheach pleanála atá bunaithe ar riosca i leith bainistíocht tuilte chun riosca tuilte a bheidh ann amach anseo a chosc nó a íoslaghdú. De réir na dTreoirlínte, is é an phríomhfhreagairt a bheidh ann ná forbairtí a sheachaint i limistéir inar sainaithníodh riosca tuilte.

### *8.2.4.2 Caighdeán um Bainistíocht Forbartha*

I gcás ina bhféadfadh riosca tuilte a bheith ina fhadhb d'aon fhorbairt bheartaithe amach anseo, déanfar measúnú ar riosca tuilte a bheidh feiliúnach do scála agus do chineál na forbartha agus do na rioscaí a thiocfaidh chun cinn. Déanfar an Mheasúnacht ar Riosca Tuilte seo de réir na dTreoirlínte maidir le Bainistíocht Riosca Tuilte.

## 8.2.5 Draenáil Uisce Dromchla

Tá córais draenála uisce dromchla deartha chun uisce stoirme (uisce báistí) a chlasú go dtí an chéad abhainn eile atá oiriúnach. Is iondúil go gcuirtear báisteach a thiteann ar dhromchlaí neamh-thréscaoilteacha i dtreo córais draenála uisce dromchla. Is é an dea-chleachtas ná an córas draenála uisce dromchla a dheighilt ón gcóras draenála uisce bhréin chun éifeachtúlacht ár n-ionad cóireála fuíolluisce a uasmhéadú.

Tá córais draenála uisce dromchla éifeachtach ó thaobh uisce dromchla a aistriú go tapa, ach d'fhéadfaidís an méid uisce sa sruthchúrsa glactha a mhéadú níos tapa agus riosca tuilte a mhéadú dá bhrí sin. D'fhéadfadh Córais Draenála Inbhuanaithe ról a imirt chun rith chun srutha chuig córais draenála uisce dromchla a laghdú agus a bhainistiú agus chun cáilíocht an uisce a fheabhsú.

### *8.2.5.1 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha*

- Caithfear a áireamh i bhforbairtí, a mhéid is indéanta le réasún, an socrú is mó is féidir chun ráta agus méid an reatha chun srutha a laghdú m.sh..:-
    - Ba cheart limistéir chruadhromchlaithe (carrchlóis, srl.), a thógáil as ábhair thréscaoilteacha nó leath-thréscaoilteacha,
    - Ba cheart linnte uisce stoirme ar an láthair chun rith chun srutha breise ón bhforbairt a stóráil agus/nó a mhaolú a chur ar fáil,
    - Ba cheart poill súite nó draenacha spallaí a sholáthar chun insíothlú a mhéadú agus rith chun srutha breise a íoslaghdú.
- Beidh d'oibleagáid ar fhorbairtí ar leith, i ngach cás ina bhfuil gá le bearta draenála don uisce dromchla, córas draenála uisce dromchla a sholáthar atá deighilte ón gcóras draenála uisce bhréin.
- I gcás teaghaisí aonair nó síntí, seachas i gcúinsí ina bhfuil córas draenála uisce dromchla ar fáil cheana féin don láithreán atá sé beartaithe a fhorbairt, agus ina bhfuil, i dtuairim an údaráis phleanála, acmhainn leordhóthanach chun freastal ar an ualú uisce dromchla atá sainaitheanta, déanfar an t-uisce dromchla a dhiúscairt, ina iomláine, laistigh de chúirtealáiste an láithreáin forbartha trí mheán poill súite de mhéideanna feiliúnacha.
- I gcás cabhsán, soláthrófar bearta draenála ina bhfuil leibhéal mionsonraí lena nglacfaidh an tÚdarás Pleanála ionas gur féidir rith chun srutha ón láithreán go dtí an bóthar poiblí atá tadhlach leis a sheachaint.
- I gcás na bhforbairtí ar fad ar láithreáin úrnua trí chéile, caithfear uisce dromchla a ritheann chun srutha a choinneáil de réir na leibhéal réamhfhorbartha. I gcás inar féidir le forbróir a léiriú go soiléir go bhfuil acmhainn ann freastal ar leibhéil uisce dromchla a ritheann chun srutha atá os cionn na leibhéal d'fhorbairtí ar láithreáin úrnua, breithneoidh an t-údarás pleanála na tograí sin de réir an cháis.
- I gcás na bhforbairtí ar láithreáin athfhorbraíochta, fad agus a chuirfear bearta draenála uisce dromchla reatha san áireamh, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt bearta maolúcháin don uisce dromchla de rogha an údaráis phleanála ar mhaithe le forbairt chothrom agus inbhuanaithe.
- I gcomhréir leis na ceanglais thuas, breithneoidh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh na tograí draenála ar fad atá ag teacht leis na Córais Draenála Inbhuanaithe.

- I gcás forbairtí atá tadhlach le sruthchúrsaí lena mbaineann acmhainn shuntasach iompair, ní mór gach déanmhas (lena n-áirítear tírdhreachú crua) a bheith suite siar ó imeall an tsruthchúrsa ionas gur féidir teacht orthu chun cainéil a ghlanadh/a chothabháil. Tá slánachar 5m-10m ag teastáil ag brath ar leithead an tsruthchúrsa. Is iondúil nach gceadófar forbairtí ina bhfuil sé i gceist claífort, piaraí leathana droichid, nó déanmhais dá samhail a thógáil i gcainéil abhann, i dtuilemhánna nó tharstu.
- Caithfear gach forbairt nua a dhearadh agus a thógáil chun na caighdeáin íosta um dhearadh tuile seo a leanas a chomhlíonadh:-
    - Sa chás ina bhfuil srutháin, draenacha oscailte nó sruthchúrsaí eile á lintéarú - is é an trastomhas lintéir is lú is féidir a bheith ann ná 900mm. (Ba cheart rochtain chun críocha cothabhála a sholáthar mar is cuí.)
- D'fhonn an t-athrú aeráide a chur san áireamh go leordhóthanach nuair a bheidh tograí uisce dromchla á ndearadh, cuirfear fachtóir iolrúcháin 1.2 i bhfeidhm maidir le gach tréimhse athfhillte abhann suas le 100 bliain, ach amháin i gcúinsí ina bhfuil Oifig na nOibreacha Poiblí tar éis comhairle a thabhairt inar sonraíodh an fachtóir iolrúcháin ar leith le haghaidh tréimhsí athfhillte suas le 100 bliain. I gcás báistí, cuirfear fachtóir iolrúcháin 1.1 i bhfeidhm maidir le déine báistí chun riachtanais an athraithe aeráide a chur san áireamh.
- Le linn córais uisce dromchla a dhearadh, tabharfar aird ar Chód Cleachtais Réigiúnach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath le haghaidh Oibreacha Draenála[113] agus ar na doiciméid theicniúla lena ngabhann.

### 8.2.6 Bainistiú Dramhaíola

Rialaítear bainistiú dramhaíola in Éirinn leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 arna leasú. Tá Comhphlean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnach do Réigiún an Oirdheiscirt[114] curtha i dtoll a chéile ag údaráis áitiúla Chontae Cheatharlach, Chontae Chill Chainnigh, Chontae agus Chathair Phort Láirge, Chontae Loch Garman, agus Chontae Thiobraid Árann Theas.

Rinneadh measúnú ar na treoirlínte in 2012 agus is é toradh an mheasúnaithe sin ná go gcaithfear an Plean a athbhreithniú. Déanfar an t-athbhreithniú in 2013, faoi na struchtúir Réigiúnacha nua ina mbeidh Cill Chainnigh mar chuid de Réigiún Deiscirt méadaithe. Tabharfar aird sa phlean a chuirfear ina ionad ar an mbeartas náisiúnta bainistithe dramhaíola mar atá leagtha amach in *Deis Acmhainne, Beartas Bainistithe Dramhaíola in Éirinn*[115].

Foráiltear le hAlt 4 den Acht um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 2001, go measfar go mbeidh ar áireamh sa Phlean Forbartha atá i bhfeidhm i limistéar na cuspóirí sa phlean bainistithe

[113113]Údaráis Áitiúla Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, Cód Cleachtais Réigiúnach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath le haghaidh Oibreacha Draenála, 2006

[114] Údaráis Áitiúla Réigiún an Oirdheiscirt, *Joint Waste Management Plan for the South East region*, 2006

[115] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil *Deis Acmhainne, Beartas Bainistithe Dramhaíola in Éirinn, 2012*

dramhaíola atá déanta ag an údarás áitiúil. Meastar go bhfuil sa phlean seo, dá bhrí sin, beartais agus cuspóirí an Chomhphlean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnaigh arna ionadú.

#### 8.2.6.1 An Cuspóir maidir le Bainistiú Dramhaíola

An Comhphlean Bainistithe Dramhaíola Réigiúnach do Réigiún an Oirdheiscirt a chur i bhfeidhm.

#### 8.2.6.2 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Bainistiú Dramhaíola

Aird a thabhairt ar an dramhaíl a tháirgtear i bhforbairtí beartaithe lena n-áirítear cineál agus méid na dramhaíola a tháirgtear agus an modh diúscartha atá beartaithe.

- Ní mór go mbeidh forbairtí tithíochta agus árasán leagtha amach mar is cuí ionas gur féidir córais bhailithe trí araid a chur i bhfeidhm.
- Ní mór go mbeidh bonneagar ann le freastal ar fhorbairtí árasán, tithíochta agus tráchtála nó ní mór socrú cuí a dhéanamh d'ionaid *fág anseo* ina leagan amach. Cuirfear na láithreáin ar fáil don Chomhairle ar chostas an fhorbróra féin agus déanfaidh an Chomhairle nó a cuid gníomhairí iad a chothabháil. Caithfear rochtain leordhóthanach a sholáthar i bhforbairtí le freastal ar *ionaid fág anseo* atá beartaithe.
- I gcás tionscadail mhóra tógála/scartála, áireoidh an forbróir pleananna bainistithe dramhaíola a bhaineann le tógáil agus scartáil, a bheidh le hullmhú de réir na *Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction and Demolition Projects*[116]. Ba chóir go bhféachfaí sna pleananna seo le díriú ar an líon dramhaíola a choinneáil chomh híseal agus is féidir tríd is tríd agus ar dheiseanna chun dramhaíl a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil a uasmhéadú, agus déanfar socrú iontu chun gur féidir an dramhaíl tógála ar fad a scagadh ina n-ábhair dramhaíola in-athnuaite, in-bhithmhillte, agus iarmharacha.
- I gcás forbairt ar bith, cinnteoidh an forbróir go ndéanfar na hoibríochtaí ar fad ag an láithreán le linn na céime tógála agus scartála a bhainistiú agus a sceidealú ar shlí a laghdóidh táirgeadh dramhaíola agus go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm le déileáil le haon bhruscar a bheidh ann.

### 8.2.7 An Treoir maidir le Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí (Treoir Seveso II)

Sa Treoir maidir le Mórthionóiscí[117] (ar a dtugtar Treoir Seveso II), déantar iarracht laghdú a dhéanamh ar an mbaol go dtarlóidh timpistí i saoráidí déantúsaíochta agus stórála ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist agus iarmhairtí na dtimpistí sin do dhaoine agus don timpeallacht a theorannú.

Tá láithreán amháin de chuid Seveso (An Treoir maidir le Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí) sa chathair; Grassland Fertilisers (Cill Chainnigh) Ltd. Baile an Fhalmairigh ar Bhóthar Thulach

---

[116] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, *Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction and Demolition Projects* (2006)

[117] AE, An Treoir maidir le Mórthionóiscí (96/82/CE), 1996

Ruáin. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb é seo an t-aon láithreán amháin atá sainaitheanta faoi láthair agus go mb'fhéidir go n-ainmneofar láithreáin bhreise amach anseo.
Tá foráil in Airteagal 12 den Treoir go gcaithfear nósanna imeachta comhairliúcháin ábhartha a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh comhairle theicniúil le fáil ag na hÚdaráis Phleanála maidir leis na bunaíochtaí ábhartha, sula ndéanfar cinntí. Soláthraíonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (nó an tÚdarás Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde, NAOSH) an chomhairle sin nuair is cuí maidir le hiarratais phleanála atá laistigh d'fhad áirithe ó pharaiméadar na láithreán sin.

#### *8.2.7.1 Cuspóir Seveso*

Na nithe seo a leanas a rialú chun an baol go dtarlóidh mórthionóisc a laghdú nó chun na hiarmhairtí a bheadh aici a theorannú:
- Láithreánú na Láithreán Guaise Mórthionóisce
- Athrú ar Láithreán Guaise Mórthionóisce atá ann cheana
- Forbairt atá cóngarach do Láithreán Guaise Mórthionóisce

#### *8.2.7.2 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha Soveso*

Rachaidh na Comhairlí i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar thograí chun láithreáin atá sainaitheanta faoin Treoir maidir le Mórthionóiscí (Seveso II) a fhorbairt nó chun forbairtí a chur i gcrích ar na láithreáin sin nó gar dóibh.

### 8.2.8 An tSeirbhís Dóiteáin

Is é Comhairle Contae Chill Chainnigh an tÚdarás Dóiteáin do Chathair agus do Chontae Chill Chainnigh. Tá stáisiúin i gCathair Chill Chainnigh, in Achadh Úr, i gCaisleán an Chomair, in Áth na nUrlainn, i nGráig na Manach, i mBaile Mhic Andáin agus i gCallainn. Déanfaidh an Chomhairle stáisiúin dóiteáin a fheabhsú agus a ionadú agus trealamh agus feithiclí a ionadú agus cinn nua a sholáthar de réir mar is gá.

## 8.3 Fuinneamh

Tá infhaighteacht fuinnimh ríthábhachtach maidir le forbairt nua a éascú.

### 8.3.1 An Líonra Náisiúnta Tarchurtha/Dáileacháin

Is é atá sa líonra tarchurtha reatha i gContae Chill Chainnigh ná ciorcaid 110 cileavolta (kV) den chuid is mó agus ciorcad 220 kV amháin i ndeisceart an chontae. Tá fostáisiún tarchurtha amháin ann, Cill Chainnigh, ar a bhfreastalaíonn dhá líne lastuas 110 kV. Aithníonn Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh nach mór an bonneagar leictreachais a mhéadú.

Is é Grid25[118] an clár náisiúnta atá á chur i bhfeidhm de réir a chéile ag Eirgrid, an t-oibreoir tarchurtha neamhspleách ar úinéireacht an Stáit. Tá dhá thionscadal á bhforbairt ag Eirgrid, atá i gCill Chainnigh nó a bhfuil tionchar acu ar an gcathair mar seo a leanas;

- Tionscadal Atreisiúcháin Laoise-Chill Chainnigh le feabhas a chur ar shlándáil agus ar cháilíocht an tsoláthair chuig limistéar ina n-áirítear Contae Cheatharlach, Contae Chill Dara, Contae Chill Chainnigh, Contae Chill Mhantáin, agus Contae Laoise, agus
- Grid Link, a nascfaidh Corcaigh agus Cill Dara tríd an tOileán Mór i Loch Garman le líne 400 kV.

Seans go dtiocfaidh tionscadail nua eile chun cinn chun méadú ar an éileamh ar leictreachas a éascú agus tionscadail giniúna leictreachais nua a nascadh.

### 8.3.2 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir leis an nGreille

Éascóidh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh soláthar líonraí fuinnimh i bprionsabal, ar an gcoinníoll gur féidir an méid seo a leanas a léiriú –

- go bhfuil gá leis an bhforbairt chun soláthar nó coinneáil bonneagair shuntasaigh shóisialta nó gheilleagraigh a éascú;
- gur sainaithníodh an bealach atá beartaithe agus aird chuí á tabhairt ar an tionchar sóisialta, comhshaoil agus cultúrtha;
- go bhfuil an dearadh leagtha amach ar bhealach lena mbainfear amach an tionchar comhshaoil is lú agus ag an am céanna gan costas iomarcach a thabhú;
- i gcás gur léir go mbeidh tionchar ann, go bhfuil gnéithe maolaithe curtha san áireamh;

## 8.4 Teileachumarsáid

Aithníonn na Comhairlí an tábhacht a bhaineann le bonneagar ardchumarsáide do shochaí atá bunaithe ar fhaisnéis, agus mar thacaíocht ríthábhachtach do thaighde, do ghnó agus d'oideachas. Tacóidh agus cabhróidh na Comhairlí le soláthar líonraí agus seirbhísí ardchumarsáide a mhéid is gá chun cur le hiomaíochas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus chun infheistíocht isteach a mhealladh.

### 8.4.1 Leathanbhanda

Tá leathanbhanda a chur i bhfeidhm faoi chúram na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. In 2012, d'fhoilsigh an Roinn plean náisiúnta leathanbhanda dar teideal "*Sochaí Cheangailte a Sholáthar: Plean Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn*"[119]. Sa phlean

---

[118] Eirgrid, *Grid 25, A Strategy for the Development of Ireland's Electricity Grid for a Sustainable and Competitive Future*,

[119] An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha; *Sochaí Cheangailte a Sholáthar*: *Plean Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn*, 2012

aithníodh go bhfuil nascacht leathanbhanda ardluais ag croílár an iomaíochais agus leagadh amach spriocanna chun luasanna níos airde a bhaint amach.

#### *8.4.1.1 Líonraí Achar Cathrach*

Is é atá sa Líonra Achar Cathrach ná líonra cáblaí snáthoptaice agus duchtra a cuireadh síos laistigh de limistéar cathrach is féidir le roinnt gnóthas agus eagraíochtaí éagsúla a úsáid chun seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear teileachumarsáid, rochtain Idirlín, teilifís, teileamaitic agus Teilifís Chiorcaid Iata ach gan a bheith teoranta do na nithe sin.

Tá na Líonraí Achar Cathrach ar úinéireacht phoiblí, agus tá rochtain oscailte ag na hoibreoirí teileachumarsáide ar fad orthu. Is líonra snáithínbhunaithe athléimneacha iad agus tá siad neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, rud a chinnteoidh go mbeidh dóthain acmhainne ann le haghaidh na nglún atá le teacht. Críochnaíodh Líonra Achar Cathrach Chathair Chill Chainnigh in 2005.

### 8.4.2 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le Leathanbhanda

- Tacú le suiteáil duchtra atá neodrach ó thaobh iompróra de le linn oibreacha bonneagair phoiblí móra amhail bóithre, uisce agus séarachas, nuair is féidir.
- A chinntiú go bhfuil ar áireamh i dtograí forbartha soláthar duchtra atá neodrach ó thaobh iompróra de le haghaidh seirbhísí sonraí snáithínbhunaithe agus go háirithe seirbhísí leathanbhanda, de réir mar is cuí.
- A chinntiú go ndéantar an socrú d'fhorbairt maidir le teileachumarsáid ar bhealaí ina mbainfear an úsáid is fearr is féidir as crainn agus láithreáin atá ann cheana d'fhonn tionchar na forbartha a theorannú.

### 8.4.3 Aeróga Teileachumarsáide

Aithníonn na Comhairlí an tábhacht a bhaineann le seirbhís teileachumarsáide ardcháilíochta agus féachfaidh siad le cothromaíocht a bhaint amach idir soláthar seirbhísí teileachumarsáide a éascú ar mhaithe le dul chun cinn sóisialta agus geilleagrach agus taitneamhachtaí cónaithe agus cáilíocht chomhshaoil a chothú.

#### *8.4.3.1 Caighdeáin um Bainistíocht Forbartha maidir le hAeróga Teileachumarsáide*

Le linn don Chomhairle tograí le haghaidh crainn agus aeróga teileachumarsáide agus trealamh coimhdeach a bhreithniú, tabharfaidh sí aird ar na nithe seo a leanas:

a) an éifeacht ó thaobh amhairc a bheidh ag an trealamh atá beartaithe ar an timpeallacht nádúrtha nó thógtha, go háirithe i limistéir atá íogair ó thaobh an tírdhreacha de nó a bhfuil tábhacht stairiúil leo;
b) na deiseanna chun trealamh a chomhshuí ar chrainn atá ann cheana; agus
c) Telecommunications Antennae and Support Structures - Guidelines for Planning Authorities[120] agus Imlitir PL 07/12[121].

Cinnfear oiriúnacht na láithreán do dhéanmhais teileachumarsáide de réir an méid seo a leanas:

- An gá le taitneamhachtaí cónaithe agus pobail a chosaint
- An gá le taitneamhachtaí amhairc a chosaint

Agus measúnú á dhéanamh ar thograí aonair, cuirfidh an Chomhairle an tionchar ar na cearta slí agus ar na siúlbhealaí san áireamh.

Spreagfaidh na Comhairlí comhshuí aeróg ar dhéanmhais tacaíochta atá ann cheana agus éileoidh siad fianaise dhoiciméadach a léiríonn nach bhfuil an rogha sin ar fáil i dtograí le haghaidh déanmhais nua.

Ní mór a thaispeáint i dtograí laistigh den Chathair le haghaidh aeróga teileachumarsáide agus déanmhais tacaíochta:

a) na láithreáin eile a breithníodh agus cén fáth nach raibh na roghanna eile sin feiliúnach,
b) líon na gcrann atá sa Chathair cheana féin,
c) pleananna fadtéarmacha an fhorbróra sa Chathair agus an acmhainn crainn nua a thógáil,
d) pleananna tionscnóirí eile agus aon chomhairliúcháin a bhí ag an bhforbróir le húinéirí crainn eile roimh ré.

### *8.4.3.2 An Cuspóir maidir le hAeróga Teileachumarsáide*

Cár ina liostaítear na déanmhais teileachumarsáide fhaofa a bhunú agus a choimeád a bheidh úsáideach nuair a bheidh forbairtí teileachumarsáide á measúnú amach anseo agus a bheadh úsáideach freisin chun na deiseanna do chomhroinnt agus do chomhshuíomh crann amach anseo a uasmhéadú.

[120] An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil *Telecommunications Antennae and Support Structures - Guidelines for Planning Authorities*, 1996

[121] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Imlitir PL 07/12, 2012

# 9 Straitéis Fuinnimh In-Athnuaite

Sainmhínítear foinsí fuinnimh in-athnuaite anseo mar acmhainní nádúrtha nach n-ídeofar riamh agus a fhaightear go nádúrtha agus arís is arís eile sa timpeallacht. I measc na bhfoinsí sin tá an ghaoth, na haigéin, beatha phlandúil agus uisce ag titim.

Ullmhaíodh an Straitéis Fuinnimh In-Athnuaite i gcomhar le Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh, ag féachaint don *Methodology for Local Authority Renewable Energy Strategies*[122].

## 9.1 Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh

Bunaíodh Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh chun faisnéis, tacaíocht agus seirbhísí maidir le fuinneamh inmharthana a sholáthar do mhuintir Cheatharlach agus Chill Chainnigh, do ghnóthais agus do ghrúpaí pobail áitiúla agus do na hÚdaráis Áitiúla. Baintear amach cuspóirí na Gníomhaireachta trí chúig réimse fócais:

1. Feachtais scaipthe agus feasachta fuinnimh
2. Bainistíocht Fuinnimh do na Comhairlí
3. Éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite
4. Oiliúint i bhfuinneamh inmharthana
5. Forbairt beartais fuinnimh

Tá taithí os cionn deich mbliana ag Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh ar thacaíocht a thabhairt do thionscadail atá tíosach ar fhuinneamh agus do thionscadal fuinnimh in-athnuaite do chliaint phríobháideacha agus phoiblí, go háirithe d'fhorbairtí pobail.

## 9.2 Fóram Fuinnimh Inmharthana Chill Chainnigh

Bunaíodh Fóram Fuinnimh Inmharthana Chill Chainnigh ag tús na bliana 2007, mar thoradh ar ghníomh a sainaithníodh faoi Straitéis Bhord Forbartha an Chontae 2002-2012. Is é atá san Fhóram ná comhlachtaí reachtúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ionadaithe tionscail agus tógála éagsúla agus dreamanna eile nach iad. Tá sé mar aidhm ag an bhFóram úsáid fuinnimh inmharthana a chur chun cinn i gCill Chainnigh, trí thacú le tionscnaimh fuinnimh inmharthana, agus eiseamláirí dea-chleachtais á gcur ar fáil trí abhcóideacht.

## 9.3 An comhthéacs beartais

Is í an príomhspreagthach ó thaobh chur i bhfeidhm an bheartais fuinnimh inmharthana ná an Treoir um Fhuinneamh Inmharthana[123]. Tá oibleagáid ar Éirinn a chinntiú gurb ó fhoinsí in-athnuaite a thiocfaidh ar a laghad 16% den fhuinneamh ar fad a ídeofar sa stát faoin mbliain 2020, agus fosprioc


[122] Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, *Methodology for Local Authority Renewable Energy Strategies, Draft for Public Consultation*, 2012

[123] An Treoir um Fhuinneamh Inmharthana (2009/28/CE) maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn

10% i gceist don earnáil iompair. Ceanglaítear leis an treoir seo go nglacfaidh gach Ballstát le plean gnímh náisiúnta um fhuinneamh in-athnuaite a bheidh le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

Cuireadh *Plean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-Athnuaite*[124] na hÉireann faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Iúil 2010. Leagtar amach sa phlean spriocanna náisiúnta maidir leis an sciar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a ídeofar i gcúrsaí iompair, i leictreachas agus i dteas agus i bhfuarú in 2020, i dteannta na mbeart chun an sprioc fhoriomlán náisiúnta a bhaint amach (Figiúr 9.1: Spreagthaigh bheartais Náisiúnta agus Eorpacha).

Sa *Straitéis d'Fhuinneamh In-Athnuaite 2012-2020*[125] leagtar amach cur chuige an Rialtais maidir le hathnuaiteáin a fhorbairt i dtéarmaí spriocanna straitéiseacha agus gníomhartha ríthábhachtacha. Áirítear ar na spriocanna straitéiseacha níos mó fuinnimh a fháil ó chumhacht na gaoithe de réir a chéile agus earnáil um Bithfhuinneamh inbhuanaithe a bhunú. Tacaítear le hathnuaiteáin in Éirinn tríd an taraif Fotha Fuinnimh In-Athnuaite (REFIT)[126]. Fógraíodh REFIT ar dtús in 2006 agus cuireadh trí scéim REFIT i bhfeidhm go dtí seo, agus tá siad go léir tar éis tacaíocht a chur ar fáil do theicneolaíochtaí in-athnuaite.




### 9.3.1 Plean Feidhmithe Bithéagsúlachta Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt

---

[124] An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, *Plean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-Athnuaite*, 2010

[125] An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, *Straitéis d'Fhuinneamh In-Athnuaite 2012-2020*, 2012

[126] Chun tuilleadh eolais a fháil faoi REFIT, féach láithreán Gréasáin na Roinne ag http://www.dcenr.gov.ie/Energy/Sustainable+and+Renewable+Energy+Division/REFIT.htm

Ar an leibhéal réigiúnach, chuir Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt *Bioenergy Implementation Plan 2008-2013*[127] i dtoll a chéile. Leagadh amach ann sprioc 5% d'Ídiú Deiridh Iomlán sa réigiún a sholáthrófar ón mbithfhuinneamh faoin mbliain 2010, sprioc a ardófar go dtí 17% faoin mbliain 2020. Tá an Plean sin á thabhairt cothrom le dáta faoi láthair. Is é sprioc fhoriomlán an tionscadail feasacht a mhúscailt agus táirgeadh agus ídiú bithfhuinnimh a mhéadú sa Réigiún.

Tacóidh na Comhairlí le cur i bhfeidhm spriocanna náisiúnta agus réigiúnacha maidir le fuinneamh in-athnuaite agus oibreoidh siad leis na gníomhaireachtaí ábhartha ar fad chun tacú le forbairt foinsí malartacha fuinnimh.

Fuinneamh In-Athnuaite

Tá Cathair Chill Chainnigh agus na Purláin teoranta ó thaobh an cumas atá iontu fuinneamh gaoithe in-athnuaite a ghiniúint. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na foinsí seo a leanas a bheith i measc príomhfhoinsí an fhuinnimh in-athnuaite, fuinneamh gréine, bithfhuinneamh, córais teasa ó fhoinse talún agus tríd an timpeallacht thógtha.

## 9.4 Fuinneamh Gaoithe

Téitear an domhan go míchothrom ón ngrian, agus cruthaítear sruthanna aeir. D'fhonn teochtaí cothroma a bhaint amach timpeall an domhain, bogann na pócaí aeir sin mórthimpeall an domhain mar ghaoth dhomhanda. Is féidir fuinneamh a thaistealaíonn sa ghaoth a ghabháil agus a thiontú chun leictreachas a sholáthar trí thuirbíní. Is dócha go mbeadh an cumas fuinneamh gaoithe a ghiniúint i gCathair Chill Chainnigh teoranta do tháirgeadh fuinneamh gaoithe ar leibhéal áitiúil nó ar leibhéal mionscála tís i gcomhar le foinsí fuinnimh in-athnuaite eile, seachas i bhforbairt feirmeacha gaoithe ar mhórscála.

Ullmhaíodh straitéis um Fhuinneamh Gaoithe don Chontae mar chuid de Dhréachtphlean Forbartha an Chontae 2014-2020. Tagann Cathair Chill Chainnigh agus na Purláin faoin gcatagóir 'An Chuid eile den Chontae' agus breithneofar tuirbíní aonair agus tuirbíní uatáirgeora dá bhrí sin.

(a) Tuirbíní Gaoithe Aonair

Aithnítear go mb'fhéidir go mbeadh úinéirí talún ag iarraidh fuinneamh gaoithe a ghabháil lena úsáid go príobháideach. Breithneofar iarratais phleanála ar thuirbíní gaoithe aonair (teoranta go dtí ceann amháin sa ghabháltas) sa chathair agus sna purláin.

Tabhair faoi deara:

Leagtar amach in I.R. Uimh. 83 de 2007[128], na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, go meastar gur "forbairt dhíolmhaithe" é tuirbín gaoithe aonair lena gcomhlíontar na caighdeáin atá leagtha amach (lena n-áirítear airde tuirbín nach mó ná trí mhéadar déag, agus trastomhas rótair sé mhéadar agus na caighdeáin eile atá leagtha amach sna Rialacháin), agus ní bheidh cead pleanála ag teastáil má chuirtear é laistigh de chúirtealáiste an tí.

[127] Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt, *Bioenergy Implementation Plan* 2008-2013

[128] http://www.irishstatutebook.ie/2007/en/si/0083.html

Leagtar amach in I.R. Uimh. 235 de 2008[129], na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, go meastar gur "forbairt dhíolmhaithe" é tuirbín gaoithe aonair lena gcomhlíontar na caighdeáin atá leagtha amach (lena n-áirítear airde tuirbín nach mó ná fiche méadar, agus trastomhas rótair ocht méadar agus na caighdeáin eile atá leagtha amach sna Rialacháin), agus ní bheidh cead pleanála ag teastáil má chuirtear é laistigh de ghabháltas talún.

(b) Uatáirgeoir
Is é atá in "Uatáirgeoir" ná nuair a úsáideann úsáideoir tionscail/mórúsáideoir fuinnimh tuirbín gaoithe chun fuinneamh a sholáthar a ídeoidh siad féin nó a fhorlíonfaidh a ídiú fuinnimh.

Tabhair faoi deara: Leagtar amach in I.R. Uimh. 235 de 2008[130], na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, go meastar gur "forbairt dhíolmhaithe" é tuirbín gaoithe aonair lena gcomhlíontar na caighdeáin atá leagtha amach (lena n-áirítear airde tuirbín nach mó ná fiche méadar, agus trastomhas rótair ocht méadar agus na caighdeáin eile atá leagtha amach sna Rialacháin), agus ní bheidh cead pleanála ag teastáil má chuirtear é laistigh den chúirtealáiste de chuid foirgnimh áitribh thionsclaíoch nó gnó éadroim.

Breithneofar iad sin ar fud an chontae faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
- Tá an tuirbín suite laistigh de chúirtealáiste na saoráide nó díreach in aice leis.
- Tá forbairt shuntasach sa láithreán cheana chun éifeacht ó thaobh amhairc an tuirbín/na dtuirbíní a laghdú.

**Bainistíocht Forbartha**
- Beidh aird ag an Údarás Pleanála ar *na Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe*[131] agus ar aon leasú ar na treoirlínte le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar thograí forbartha le haghaidh tuirbíní gaoithe.

## 9.5 Bithfhuinneamh

Is féidir bithfhuinneamh a shainmhíniú mar an fuinneamh a fhaightear ó bhithmhais. Is é an sainmhíniú atá ar bhithmhais sa Treoir um Fhuinneamh Inmharthana an codán in-bhithdhíghrádaithe de tháirgí, de dhramhaíl agus d'iarmhar ón talmhaíocht (lena n-áirítear substaintí plandúla agus ainmhíocha), ón bhforaoiseacht agus ó thionscail ghaolmhara, lena n-áirítear iascach agus dobharshaothrú, mar aon leis an gcodán in-bhithdhíghrádaithe de dhramhaíl tionscail agus chathrach. Is féidir bithmhais a úsáid chun leictreachas, teas agus breoslaí iompair a ghiniúint.

129 http://www.irishstatutebook.ie/2008/en/si/0235.html

130 http://www.irishstatutebook.ie/2008/en/si/0235.html

131 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, *na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe*, 2006

Sa chomhthéacs mionscála nó tís, is iad seo a leanas príomh-chomhpháirteanna na gcóras Bithmhaise:-

- Seachadadh breoslaí
- Saoráidí stórála
- Soirn/Coirí – le huisce te agus teas a sholáthar don fhoirgneamh
- Múchán / eastóscadh fuinseoige
- Píbobair nasctha

Foilsíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann acmhainn, ar a dtugtar an Córas Mapála Bithfhuinnimh[132], ina dtugtar faisnéis faoin suíomh ina bhfuil barra bithfhuinnimh, bithmhais foraoise agus láithreacha dramhaíola agus ina bhféadfaidís a bheith. Aithníonn Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh nach mór tacú le forbairt acmhainní bithfhuinnimh.

### 9.5.1 Slabhra Soláthar an Fhuinnimh Adhmaid

Tá breoslaí adhmaid ar fáil i roinnt foirmeacha cineálacha. Ina measc tá bruscarnach adhmaid, fuíoll foraoise agus barra fuinnimh. Déantar roinnt breoslaí adhmaid a phróiseáil chun táirge ardcháilíochta agus so-úsáidte a sholáthar ar nós millíní adhmaid agus sliseanna adhmaid. Tá roinnt bunaíochtaí nach bunaíochtaí tís iad sa chathair ina n-úsáidtear breoslaí adhmaid, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Tá coire ina n-úsáidtear millíní adhmaid mar bhreosla suiteáilte i gColáiste Chill Chainnigh, Bóthar Chaisleán an Chomair.
- Tá coire sliseanna adhmaid sa WaterShed (Ionad Fóillíochta).

### 9.5.2 Barra fuinnimh

Is é an barr fuinnimh is mó a fhástar in Éirinn ná Mioscantach. Is féar é Mioscantach is féidir a úsáid mar bhreosla i gcoirí Mioscantaigh speisialta a dhéantar chun é a láimhseáil agus a dhó go héifeachtach. Is féidir é a dhó freisin in aonaid Bhithmhaise Cumhachta is Teasa in éineacht agus do chomhlasadh i stáisiúin chumhachta.

Tá staitisticí faoin mborradh faoi bharra fuinnimh le fáil ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a oibríonn Scéim Deontais Bithfhuinnimh don tSaileach agus do Mhioscantach[133]. Idir 2007 agus 2010, bhí deontas bunaithe Mioscantaigh ann do 223 heicteár talún ar an iomlán, arb ionann é agus 7% d'achar iomlán Mioscantaigh na tíre.

### 9.5.3 Bithbhreoslaí Leachtacha

Faightear bithbhreoslaí leachtacha ó bharra bithmhaise nó ó fhotháirgí atá feiliúnach lena n-úsáid in innill feithiclí nó i gcórais teasa. Is féidir bithbhreoslaí a bhreithniú mar bhreoslaí a d'fhéadfaí a chur

[132] http://maps.seai.ie/bioenergy/

[133] Staitisticí ó Scéim Deontais Bithfhuinnimh don tSaileach agus do Mhioscantach na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara a fuarthas i mí Eanáir 2013

in ionad breoslaí mianracha amhail díosal nó peitreal, nó a d'fhéadfaí a úsáid mar bhreiseoirí dóibh. Is féidir iad a fhoroinnt i roinnt catagóirí, is iad an dá phríomhcheann ná:

1. Olaí plandúla/saillte ainmhíocha is féidir a úsáid i bhfoirm neamhphróiseáilte nó a thiontú go bithdhíosal;
2. Bitheatánól a tháirgtear trí ábhair orgánacha amhail biatas siúcra, gránbharra, srl. a choipeadh.

Tá soláthraí bithbhreosla amháin sa chontae; Goldstar Oils Ltd. sa tSeanchúirt, Inis Tíog. Déanann an chuideachta seo Ola phlandúil Ghlan. Is é atá in Ola Phlandúil Ghlan ná cineál bithdhíosail a tháirgtear trí shíolta ola a bhrú ó shíol ráibe agus an ola a thagann astu a scagadh. Is bunábhair féideartha iad olaí eile amhail ola shoighe agus ola phailme chomh maith. Is féidir an ola a úsáid mar bhreosla in inneall díosail ina bhfuil pacáiste feistiúcháin modhnaithe cuí feistithe san inneall.

### 9.5.4 Díleá Anaeróbach

Is é a bhíonn i gceist leis an bpróiseas Díleá Anaeróbaigh ná go mbriseann baictéir agus einsím ábhar orgánach síos i dtimpeallacht gan ocsaigin. Is é táirge deiridh an phróisis seo ná bithghas arb ionann é agus gás ina bhfuil leibhéal ard meatáin. Is féidir an meatán sin a ghabháil agus a dhó chun teas, leictreachas nó meascán den dá rud a tháirgeadh.

Bíonn sé á úsáid go forleathan san earnáil talmhaíochta i gcruth díleáiteoirí beaga ar an bhfeirm a tháirgeann bithghas chun tithe feirme agus foirgnimh feirme eile a théamh. Is iad na príomhchineálacha bunábhair orgánaigh a úsáidtear i nDíleá Anaeróbach ná:

- sloda camrais
- sciodar feirme
- dramhaíl sholadach chathrach

Is iondúil go mbíonn na nithe seo a leanas le fáil in ionad Díleá Anaeróbaigh:

- umar díleáiteora
- foirgnimh do threalamh coimhdeach amhail gineadóir, umar stórála bithghais
- simléar bladhaire (3-10m ar airde)
- píbobair ghaolmhar.

Is minic nach ionann na hionaid ó thaobh scála idir scéimeanna beaga ina gcóireáiltear an dramhaíl ó fheirm aonair, saoráidí meánmhéide láraithe, agus ionaid thionsclaíocha mhóra díleá anaeróbaigh ina láimhseáiltear méideanna móra de dhramhaíl sholadach chathrach.

Úsáideann pobal Camphill i mBealach an Tóibínigh, gar do Challainn, díleáiteoir anaeróbach, a dhéanann comhdhíleá láraithe ar shloda feirme le dreamhbhia measctha. Gineann sé sin fuinneamh (teas agus cumhacht) le freastal ar riachtanais an 90 duine a bhfuil cónaí orthu i bpobal Camphill Bhealach an Tóibínigh.

### 9.5.5 Cumhacht is Teas in Éineacht

Is teicneolaíocht í Cumhacht is Teas in Éineacht (CTÉ) a úsáideann an fuinneamh a tháirgtear le linn breosla a dhó chun fuinneamh teasa agus leictreachas úsáideach a ghiniúint. D'fhéadfadh sé go mbeadh CTÉ ag tagairt do CTÉ gasbhreoslaithe nó do CTÉ bithmhaise. Is cineál fuinnimh in-athnuaite é CTÉ bithmhaise. In Éirinn dóitear gás i bhformhór na n-ionad CTÉ. Is é a bheidh i gCórais CTÉ ná na príomh-chomhpháirteanna seo a leanas:-

- Seachadadh breosla agus saoráidí stórála (má táthar á mbreoslú ag bithmhais)
- Coire/tuirbín
- Píbobair nasctha
- Malartóir teasa/gineadóir gnóthaithe teasa

Tá ionaid CTÉ ar fáil i raon scálaí, idir fheidhmiúcháin tís micrea-CTÉ, ionaid CTÉ mhionscála, ionaid mheánmhéide a fhreastalaíonn ar cheap oifigí, feidhmiúcháin thionsclaíocha mhóra agus ionaid CTÉ a fhreastalaíonn ar scéimeanna teasa ceantair. Níl aon ionaid CTÉ mhórscála ná mheánscála sa chontae.

### 9.5.6 Gnóthú Fuinnimh ó Dhramhaíl

De réir mar a thagann méadú ar ár riachtanas fuinnimh, rachadh gnóthú fuinnimh atá sáite i bhfuíolllábhar chun tairbhe na timpeallachta trí fhuinneamh a fháil ó fhoinsí neamh-inathnuaite. Fiú tar éis go leor athchúrsáil a dhéanamh, tá roinnt mhaith ábhair indóite fós le fáil do ghnóthú fuinnimh i sruth na dramhaíola iarmharaí.

Sa *Joint Waste Management Plan for the South East Region 2006 – 2011* leagtar amach na beartais maidir le fuinneamh ó dhramhaíl, agus is beartas lárnach de chuid an phlean sin é go bhforbrófar saoráid dramhaíola chomhtháite sa réigiún ina gcuirfear cóireáil theirmeach agus gnóthú fuinnimh i gcrích. (Rinneadh measúnú ar an bPlean in 2012 agus is é toradh an mheasúnaithe sin ná go gcaithfear é a athbhreithniú. Déanfar an t-athbhreithniú in 2013.)

### Treoir um Bainistíocht Forbartha

- Ba cheart do dhuine ar bith atá ag smaoineamh ar thionscadal bithfhuinnimh a dhéanamh breathnú ar *Phlean Feidhmithe Bithfhuinnimh* reatha Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt.
- I gcás Chathair Chill Chainnigh agus Purláin, má thagann tionscadal d'ionad bithfhuinnimh chun cinn ordófar é a lonnú i limistéir thionsclaíocha nó ar thailte atá curtha in áirithe d'úsáidí tionsclaíocha sa phlean forbartha.
- Ba cheart go mbeadh aon ionad bithfhuinneamh tráchtála gar don phointe éilimh agus ba cheart go mbeadh bóithre poiblí ag freastal air ina bhfuil dóthain acmhainne chun na sruthaí tráchta níos mó a ghlacadh chucu féin agus ba chóir go mbeadh sé in aice le conairí iompair.

### Cuspóir bithfhuinnimh

- Iniúchadh a dhéanamh féachaint an bhféadfaí saoráidí díleá anaeróbaigh a shuiteáil ag ionad cóireála fuíolluisce Inse an Phuirséalaigh.

## 9.6 Hidreachumhacht

Is é atá i hidrileictreachas leictreachas a fhaightear ón gcumhacht a ghabhtar ó shreabhadh uisce atá ag titim, go hiondúil ó shrutháin agus aibhneacha meara, ó ghaibhniú uisce, nó i bhfoirm hidreachumhachta pumpáilte.

D'fhoilsigh Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh tuarascáil faoin gcumas hidreachumhachta sa chontae, dar teideal *Reclaiming Lost Power, Kilkenny's Potential Hydro power sites* in 2010[134]. De réir na tuarascála sin, oibríonn Inch Mills ar Bhóthar Shióin i gCill Chainnigh, díreach lasmuigh de theorainn na forbartha, scéim hidrileictreach ina bhfuil acmhainn 40 kW.

D'fhoilsigh an Roinn Fuinnimh doiciméad dar teideal *Small-scale Hydroelectric Potential of Ireland* in 1985[135]. Sa doiciméad sin, sainaithníodh 32 láithreán hidreachumhachta féideartha i gContae Chill Chainnigh. In *Reclaiming Lost Power*, rinneadh measúnú ar an 32 láithreán sin agus sainaithníodh 20 ceann le tús áite a thabhairt dóibh. Sainaithníodh láithreán amháin ar an bhFeoir laistigh de theorainn forbartha na Cathrach, ag Móinéar an Diúic, ar an láithreán ar a mbíodh Muillean Olla Urumhan.

### Treoir um Bainistíocht Forbartha

Agus tograí le haghaidh scéimeanna hidrileictreacha á meas ag na Comhairlí, beidh aird acu ar fhorálacha na *Guidelines on the Planning, Design, Construction and Operation of Small Scale Hydro-Electric Schemes and Fisheries*[136], nó ar aon doiciméad a chuirfear ina ionad nó lena leasófar é. Anuas air sin, moltar gur chóir do dhuine ar bith atá ag smaoineamh ar thionscadal hidrileictreach a chur i gcrích féachaint ar na doiciméid seo a leanas (nó aon nuashonruithe orthu);

- *Reclaiming Lost Power, Kilkenny's Potential Hydro power sites*
- *Requirements for the protection of Fisheries Habitat during Construction and Development Works at River Sites*[137]

Anuas ar na héifeachtaí ar iascach atá cumhdaithe sna Treoirlínte, tá tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag forbairtí hidreafhuinnimh leagtha amach i dTábla 9.1 thíos.

[134] Gníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh *Reclaiming Lost Power, Kilkenny's Potential Hydro power sites*, 2010

[135] An Roinn Fuinnimh, *Small-scale Hydroelectric Potential of Ireland* , 1985

[136] An Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha, & an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, *Guidelines on the Planning, Design, Construction and Operation of Small Scale Hydro-Electric Schemes and Fisheries*, 2007

[137] Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirthir, *Requirements for the protection of Fisheries Habitat during Construction and Development Works at River Sites*, 2009

| Tábla 9.1: Achoimre ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag scéim hidreachumhachta | |
|---|---|
| **Saincheist** | Tionchar féideartha |
| **Tionchar ó thaobh amhairc** | An tionchar ar shainghné an tírdhreacha, ar radharc áite (tithe tuirbín, claífoirt, déanmhais, bealaí rochtana agus línte cumhachta) |
| **Éiceolaíocht** | An tionchar ar ghnáthóga, líon na n-iasc agus na speiceas cosanta amhail madraí uisce agus ialtóga, agus cuspóirí caomhantais na limistéar caomhantais speisialta (An Fheoir i gCathair Chill Chainnigh) |
| **Hidreolaíocht** | Truailliú a d'fhéadfadh a bheith ann, an éifeacht ar an réisím uisce agus ar cháilíocht an uisce, ní mór a léiriú go bhfuil an Plean Bainistíochta Abhantraí á chomhlíonadh |
| **Torann** | Le linn í a thógáil agus a oibriú |
| **Seandálaíocht** | D'fhéadfadh seandálaíocht faoi uisce a bheith ann |
| **Oidhreacht Ailtireachta** | Is déanmhais chosanta iad go leor coraí agus muilte |

Ó *Generating your own Energy, Hydropower*, Rialtas Thionól na Breataine Bige, 2011 Leathanaigh 5-7

D'fhéadfadh sé go mbeidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta ag teastáil le haghaidh roinnt scéimeanna hidrileictreacha de réir Sceideal 5 Cuid 2(h) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. D'fhéadfadh sé freisin go mbeidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta ag teastáil le haghaidh scéimeanna nach gcomhlíonann an tairseach sin, ach áit a measann an Chomhairle go mbeadh gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta mar gheall ar an tionchar a d'fhéadadh a bheith acu ar an timpeallacht.

Tá an Fheoir ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta is iarrthóir agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta beartaithe (féach Rannán 7.2.1.1). Mar is amhlaidh i gcás gach forbartha, i gcás aon suímh laistigh de láithreán Natura 2000 nó cóngarach dó, beidh measúnú faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga ag teastáil. (Féach Rannán 1.3).

Mar chuid d'aon iarratas pleanála ar scéim hidrileictreach, beidh Plean Bainistíochta Timpeallachta ag teastáil le tabhairt faoi na saincheisteanna comhshaoil ar fad a thiocfaidh chun cinn le linn an scéim a oibriú agus a thógáil.

## 9.7 Fuinneamh Gréine

Is iad na trí phriomhchineál fuinnimh gréine Dearadh Gréine Éighníomhach, Téamh Gréine agus Leictreachas Gréine.

### 9.7.1 Dearadh Gréine Éighníomhach

Faightear fuinneamh agus solas saor in aisce ón ngrian i mbeagnach gach foirgneamh; is é an cuspóir atá ag dearadh gréine éighníomhach ná an tionchar sin a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as cineálacha cur chuige dearaidh simplí a chuireann ar chumas foirgneamh feidhmiú ar bhonn níos éifeachtaí agus timpeallacht chompordach a sholáthar le maireachtáil nó le hobair inti. Bhí Dearadh Gréine Éighníomhach i gcónaí ina ghné den ailtireacht dhúchasach thraidisiúnta. Ní dócha go gcosnódh déanmhas ina n-úsáidtear Dearadh Gréine Éighníomhach níos mó ná déanmhas a thógtar gan é. Tá dearadh, bonneagar agus leagan amach an láithreáin ríthábhachtach chun forbairt atá éifeachtach ó

thaobh fuinnimh a bhaint amach trí neartú gréine éighníomhach a bharrfheabhsú i bhfoirgnimh tís agus tráchtála. Tá an Dearadh Gréine Éighníomhach ina phrionsabal lárnach in *Guidelines for Planning Authorities on Sustainable Residential Development in Urban Areas*[138]

### 9.7.2 Téamh Gréine

Is é atá i dtiomsaitheoir grianteasa ná feiste a ghabhann teas na gréine agus a aistríonn é chun uisce a théamh, den chuid is mó chun uisce te sláintíochta a tháirgeadh, nó i gcásanna ina bhfuil éileamh teasa an-íseal ag foirgneamh, úsáidtear go minic é chun spás agus uisce a théamh. Is féidir teicneolaíochtaí teirmeacha gréine gníomhacha mórscála a úsáid freisin d'fhuarú agus chun gal a tháirgeadh. Is féidir gal a tháirgtear ar an gcaoi seo a úsáid le tuirbíní a thiomáint chun leictreachas a tháirgeadh.

Tá dhá chineál tiomsaitheora ann; tiomsaitheoirí leacaithe grianteasa nó tiomsaitheoirí feadáin fholmhaithe. Is féidir tiomsaitheoirí leacaithe grianteasa foirgnimh a shuí sa díon nó ar an díon mar gheall ar an struchtúr atá acu (bosca trom, láidir agus docht). Mar gheall ar éifeachtúlacht na dtiomsaitheoirí leacaithe grianteasa, tá siad an-oiriúnach do shuiteálacha tís nó do shuiteálacha nach bhfuil teochtaí an-ard ag teastáil ina leith.

Ní mór tiomsaitheoirí feadáin fholmhaithe foirgnimh a shuí ar an díon toisc go bhfuil struchtúr éadrom acu, ina bhfuil feadáin ar leith suite ar fhráma den chuid is mó. Beidh toradh thart ar 20% níos mó in aghaidh an $m^2$ le fáil ó thiomsaitheoirí feadáin fholmhaithe ná mar a fhaightear ó thiomsaitheoirí leacaithe grianteasa, rud a fhágann go bhfuil níos lú achair shuiteáilte ag teastáil ná mar a theastódh ó aschuir teasa dá samhail.

### 9.7.3 Leictreachas Gréine

Bítear ag brath go mór ar theicneolaíocht ghréine ghníomhach chun leictreachas gréine a tháirgeadh. Is é an córas chun leictreachas gréine a tháirgeadh is mó a fheictear ná córas fótavoltach gréine. Is é fótavoltach gréine (ar a dtugtar "PV" go minic) an téarma a thugtar ar fhuinneamh solais a thiontú go leictreachas agus cuireann sé síos freisin ar an teicneolaíocht ghréine ghníomhach (Córais fhótavoltacha ghréine) trína dtáirgtear leictreachas ó radaíocht na gréine agus úsáid á baint as grianchealla atá ceangailte le chéile i bpainéil ar a dtugtar modúil fhótavoltacha ghréine.
Baineann córais fhótavoltacha ghréine leas as tiontú díreach sholas an lae go leictreachas i bhfeiste leathsheoltóra, arb é an cineál is coitianta ná roinnt cealla leathsheoltóra atá idirnasctha agus a chruthaíonn grianphainéal nó grianmhodúl. Bíonn cuma éagsúil ar chuid mhór acu, ach bíonn dath dorcha ar roinnt mhaith grianmhodúl agus ní bhíonn siad frithchaiteach. Is iondúil go mbíonn grianmhodúil ó 0.5 go dtí $1m^2$ agus is é an buaic-aschur leictreachais atá acu ná 70 go dtí 160 vata. Is gnách go mbíonn roinnt modúl ceangailte le chéile i sraith, agus d'fhéadfadh cúpla méadar cearnach nó na céadta méadar cearnach a bheith san achar. D'fhéadfadh sé go mbeadh achar 9 go dtí $18m^2$ i ngnáthshraith ar mhaoin tís, agus thairgfí buaic-aschur 1 go dtí 2 kW[139].

---

[138] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, *Guidelines for Planning Authorities on Sustainable Residential Development in Urban Areas (Cities, Towns and Villages)*, *2009*

[139] *Technical Advice Note 8: Planning for Renewable Energy*, Planning Policy Wales, Rialtas Thionól na Breataine Bige, Iúl 2005, Leathanach 46-47

**Treoir um Bainistíocht Forbartha**

Spreagfaidh agus éascóidh an tÚdarás Pleanála forbairt tograí do dhearadh gréine éighníomhach le haghaidh na forbartha trí chéile agus bainfidh siad leas as na *Guidelines on Sustainable Residential Development in Urban Areas* d'fhorbairt cónaithe

Breithneoidh na Comhairlí an tionchar a bheadh ag plúchadh ar éifeachtúlacht na dteicneolaíochtaí gréine atá ann cheana agus iarratais phleanála á measúnú acu.

Is é an tionchar is mó a bhíonn ag suiteáil teicneolaíochtaí fuinneamh géine ná tionchar ó thaobh amhairc de. Má dhéantar grianphainéil a shuiteáil ar fhoirgneamh, d'fhéadfaí tionchar a imirt ar shainghné an fhoirgnimh. Tá díolúintí sna Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 go dtí 2008 (I.R. Uimh. 83 de 2007 agus I.R. Uimh. 235 de 2008), maidir le teicneolaíocht ghréine a shuí ar dhéanmhais tís, agus ar fhoirgnimh a úsáidtear chun críocha tionscail, tionscal éadrom, gnó agus talmhaíochta nó a bhfuil baint acu leis na húsáidí sin, faoi réir critéir áirithe. Tá cead pleanála ag teastáil chun teicneolaíocht ghréine a shuiteáil ar Dhéanmhas Cosanta. Tá dearadh agus suíomh íogair tábhachtach ionas nach mbaintear ón tsainghné fhoriomlán.

Níl foirgnimh phoiblí agus scoileanna ar áireamh sna Rialacháin. Tacóidh an Chomhairle le hiarratais chun grianphainéil a shuiteáil ar na foirgnimh sin laistigh den chontae má bhíonn deis ann.

**Cuspóir maidir le Fuinneamh Gréine**

Cuirfidh an tÚdarás Pleanála comhairle maidir le Dearadh Gréine Éighníomhach ar fáil i gcomhairliúcháin réamhphleanála d'fhoirgnimh thís agus thráchtála.

## 9.8 Fuinneamh Geoiteirmeach

Is é atá i bhfuinneamh geoiteirmeach ná fuinneamh teasa atá stóráilte sa talamh. Soláthraítear teas don talamh ó dhá fhoinse. Is iad sin croí te an phláinéid agus an ghrian.

Baineann córais teaschaidéil an teas atá stóráilte sa talamh (teaschaidéil foinse talún), i ndobharlaigh (teaschaidéil foinse uisce) nó san aer (teaschaidéil foinse aeir). Is féidir úsáid a bhaint as an teas sin ansin chun na spásanna i bhfoirgnimh a théamh, chun uisce a théamh nó ionas gur féidir foirgneamh a fhuarú.Is féidir le teaschaidéal an rud céanna a dhéanamh is a dhéanann gnáthchoire gáis nó ola, .i. spás a théamh agus uisce te sláintíochta a tháirgeadh, agus tá an chuma chéanna air freisin. I gcás gach aonaid leictreachais a úsáidtear chun an teaschaidéal a oibriú, gintear suas le ceithre aonad teasa.

Oibríonn teaschaidéil foinse talún de réir an phrionsabail go gcoinnítear teocht sheasta idir 11$^{o}$C agus 13$^{o}$C sa talamh, roinnt méadar faoin dromchla. Úsáideann teaschaidéil foinse talún córas lúbiata uisce/frithreo chun teas na hithreach a bhailiú. I dtéarmaí ginearálta is ionann an t-achar talún atá ag teastáil don tiomsaitheoir agus lorg an tí nó an fhoirgnimh atá le téamh a bheag nó a mhór[140].

[140] CSA Group, Geothermal Energy Resource Map of Ireland, Final Report; 2004; Report prepared for Sustainable Energy Ireland, 2004, Leathanach 17

Úsáideann teaschaidéal foinse aeir an t-aer mórthimpeall mar fhoinse teasa chun foirgneamh a théamh. D'fhéadfadh teaschaidéil foinse aeir a bheith sa spás dín nó ar thaobh an fhoirgnimh. Tá an chuma chéanna orthu is atá ar bhoscaí aerchóirithe.

Baineann teaschaidéil foinse uisce teas ó dhobharlaigh mhóra nó ó aibhneacha.Is iondúil gur tiomsaitheoirí lúboscailte iad, .i. téann an t-uisce tríd agus cuirtear ar ais é, murab ionann agus na córais lúbiata.

## 9.9 Inbhuanaitheacht & Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh

De réir an AE, ídítear 40% den ídiú iomlán fuinnimh san Aontas chun foirgnimh a théamh[141].Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú chun spriocanna na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach.

### 9.9.1 Éifeachtúlacht Fuinnimh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh

Ghlac Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh Straitéis um Athrú Aeráide agus Plean Gníomhaíochta um Bainistíocht Fuinnimh 2010-2014 a forbraíodh ar aon dul leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012. Bunaíodh Coiste Inmheánach um Athrú Aeráide chun é sin a chur i bhfeidhm.

Chláraigh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh le hoiliúint ar Mhapa Fuinnimh agus le Plean Gníomhaíochta um Bainistíocht Fuinnimh arna sheachadadh ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann . Bunaíodh foireann Fuinnimh faoin gClár um Mapa Fuinnimh ina gcuimsítear pearsanra as na ranna éagsúla. Tríd an gcomhaontú sin a shíniú tá Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh tiomanta dá n-ídiú fuinnimh a laghdú faoi 33% faoin mbliain 2020. Tá sé aitheanta nach féidir le húdarás áitiúil éifeachtúlacht fuinnimh ná bainistíocht fuinnimh a chomhtháthú ina mheon agus a nósanna imeachta ach trína áirithiú go mbíonn fostaithe ó gach cuid den eagraíocht páirteach ann.

**An Cuspóir**

Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na Straitéise um Athrú Aeráide, tuarascálacha a ullmhú faoin dul chun cinn go dtí seo, agus ina dhiaidh sin straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus plean gníomhaíochta a ullmhú ar aon dul le beartas náisiúnta.

### 9.9.2 Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh

Tá raon forálacha i dTreoir an AE maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh[142] ón mbliain 2002 atá dírithe ar fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, idir

141 Treoir 2002/91/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh

142 Treoir 2002/91/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh

fhoirgnimh nua-thógtha agus fhoirgnimh atá ann cheana. Glacadh an Treoir sin i ndlí na hÉireann mar na Rialacháin maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (I.R. Uimh. 666 de 2006).

Ó 2013 i leith, gabhfaidh an Treoir athmhúnlaithe maidir le Feidhmíocht Fuinneamh Foirgneamh[143] in ionad na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinneamh Foirgneamh. Faoin Treoir athmhúnlaithe, ní mór do na Ballstáit riachtanais íosta fuinnimh a chinneadh agus a chur i bhfeidhm d'fhoirgnimh nua-thógtha agus d'fhoirgnimh atá ann cheana, deimhniú ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chinntiú agus a cheangal go ndéanfar iniúchadh rialta ar choirí agus ar chórais aerchóirithe i bhfoirgnimh. Anuas air sin, ceanglaítear leis an Treoir go mbeidh ar na ballstáit a chinntiú go mbeidh gach foirgneamh nua a thógfar ina fhoirgneamh atá 'nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh', mar a thugtar air, faoin mbliain 2021 agus go mbeidh foirgnimh nua atá áitithe agus ar úinéireacht ag údaráis phoiblí ina bhfoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh faoin mbliain 2019. (Ciallaíonn foirgneamh atá neodrach ó thaobh fuinnimh foirgneamh ag a bhfuil feidhmíocht fuinnimh an-ard. Ba cheart cuid mhór den fhuinneamh an-íseal nó den fhuinneamh neodrach atá ag teastáil a fháil ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a tháirgtear ar an láthair nó gar di.)

In Éirinn faightear an chreatlach rialála don am i láthair ó na Rialacháin maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (I.R. Uimh. 666 de 2006).

### *9.9.2.1 Córais Fuinnimh Mhalartacha d'Fhoirgnimh Mhóra*

I gcás foirgnimh mhóra os cionn 1,000m$^2$, ceanglaítear le I.R. Uimh. 666 de 2006 go mbeidh aird chuí tugtha ar a indéanta atá sé ó thaobh cúrsaí teicniúla, comhshaoil agus geilleagracha córais fuinnimh mhalartacha a shuiteáil san fhoirgneamh beartaithe, agus go mbeidh úsáid na gcóras sin curtha san áireamh, a mhéid is indéanta, i ndearadh an fhoirgnimh sin.

Is é an mhodheolaíocht roghnaithe chun indéantacht na gcóras fuinnimh malartach sin a mheasúnú ná uirlis bhogearraí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann nó modheolaíocht inghlactha eile mar atá sainmhínithe in (I.R. Uimh. 666 de 2006).

Beidh feidhm aige sin chomh maith maidir le gach iarratas pleanála nua ar scéimeanna tithíochta ina bhfuil deich n-aonad nó níos mó.

### *9.9.2.2 An Nós Imeachta chun Fuinneamh Teaghaisí a Mheasúnú*

Is é atá sa Nós Imeachta chun Fuinneamh Teaghaisí a Mheasúnú (DEAP) ná an nós imeachta oifigiúil in Éirinn chun feidhmíocht fuinnimh teaghaisí a ríomh agus a mheasúnú. Foilsíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann an nós imeachta agus cuirtear san áireamh ann an fuinneamh atá ag teastáil chun spás agus uisce a théamh, d'aerú, agus do shoilsiú lúide coigilteas ó theicneolaíochtaí giniúna fuinnimh. Ríomhann sé an ráta astaithe CO2 agus an t-ídiú fuinnimh in aghaidh na bliana. Is uirlis úsáideach é do dhearthóirí nuair atá siad ag breathnú ar roghanna chun astú CO2 a laghdú agus fuinneamh a chaomhnú agus ag cur na roghanna sin i gcomparáid le chéile. Má dhéantar na cinntí cearta maidir leis na nithe seo a leanas; cineál foirgnimh, leagan amach na teaghaise, leibhéil

[143] Treoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlaithe)

inslithe, treoshuíomh agus an méid gloinithe, úsáid fhuinneamh na gréine, córas teasa agus cineál breosla, úsáid pasáistí séideáin, ábhair thógála, agus bearta chun uisce inólta a chaomhnú, is féidir cur go mór leis an inbhuanaitheacht. Anuas air sin, gearrfar siar ar chostais san fhadtéarma mar thoradh orthu, agus beidh áititheoirí na teaghaise níos compordaí.

Úsáidtear an DEAP freisin chun Rátáil Fuinnimh Foirgnimh teaghaise a ríomh. Is é atá i Rátáil Fuinnimh Foirgnimh ná lipéad ar a dtaispeántar feidhmíocht fuinnimh na teaghaise, arna shloinneadh mar úsáid príomhfhuinnimh in aghaidh achar urláir aonaid in aghaidh na bliana (kWh/m2/sa bhliain) agus arna léiriú mar Rátáil Fuinnimh (A1, A2, A3, B1, B2, B3, srl.) don teaghais, áirítear ann freisin Táscaire Astuithe Dé-ocsaíd Charbóin (CO2) (kgCO2/m2/bl) a bhaineann leis an úsáid fuinnimh sin agus tuairisc chomhairleach.

Tá treoir agus cúnamh maidir leis na cúrsaí sin agus cúrsaí eile nach iad a bhaineann le húsáid inmharthana fuinnimh le fáil ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus ó Ghníomhaireacht Fuinnimh Cheatharlach-Chill Chainnigh.

### 9.9.3 Dearadh foirgnimh

San *Urban Design Manual*[144] leagtar amach conas ba chóir cúinsí fuinnimh inmharthana a áireamh i ngach céim den phróiseas dearaidh.

Sna Rialacháin Foirgníochta, Cuid L – Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú – leagtar amach na ceanglais do theaghaisí agus d'fhoirgnimh nach teaghaisí iad[145][146]. Chun a chinntiú go gcuirfear na Rialacháin Foirgníochta san áireamh go hiomlán nuair a bheidh aon teaghais bheartaithe á dearadh, beidh sé mar cheanglas go mbeidh deimhniú sealadach um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh ag gabháil le gach iarratas pleanála ina mbeidh sé luaite go bhfuil an teaghais bheartaithe de réir an Treoirdhoiciméid Theicniúil L reatha - Breosla agus fuinneamh a chaomhnú.

#### *9.9.3.1 Tithe Éighníomhacha*

Is é atá i dteach éighníomhach[1] ná foirgneamh atá tíosach ar fhuinneamh agus atá compordach ó cheann ceann na bliana ina bhfuil dea-dhálaí timpeallachta laistigh gan úsáid a bhaint as córais ghníomhacha téite ná fuaraithe spáis. Is é atá i gCaighdeán Passivhaus ná caighdeán tógála a d'fhorbair an Passivhaus Institut sa Ghearmáin *(http://www.passiv.de/en/index.php)*. Is féidir an Caighdeán a chomhlíonadh trí roinnt straitéisí dearaidh, teicneolaíochtaí agus modhanna tógála éagsúla a úsáid agus tá feidhm aige maidir le gach cineál foirgnimh.

---

[144] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, *Urban Design Manual, A best practice guide* 2009

[145] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Building Regulations 2011 Technical Guidance Document L Conservation of Fuel and Energy – Dwellings

[146] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Building Regulations 2008 Technical Guidance Document L Conservation of Fuel and Energy – Buildings other than dwellings

**Treoir um Bainistíocht Forbartha maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgnimh**

- A cheangal go mbeidh deimhniú sealadach um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh ag gabháil le gach iarratas pleanála, ina léireofar conas a chomhlíonfaidh an togra Cuid L de na Rialacháin Foirgníochta
- A cheangal go léireofar in iarratais phleanála ar fhoirgnimh mhóra, arna sainiú leis na Rialacháin maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, gur tugadh aird chuí ar a indéanta atá sé ó thaobh cúrsaí teicniúla, comhshaoil agus geilleagracha córais fuinnimh mhalartacha a shuiteáil san fhoirgneamh beartaithe, agus go bhfuil úsáid na gcóras sin curtha san áireamh, a mhéid is indéanta, i ndearadh an fhoirgnimh sin. Beidh feidhm aige sin chomh maith maidir le hiarratais ar dheich n-aonad nó níos mó.
- I gcás foirgnimh mhóra os cionn 1,000$m^2$, agus i gcás forbairtí tithíochta ina bhfuil 10 dteach nó níos mó, beidh sé mar cheanglas a léiriú gur tugadh aird chuí ar a indéanta atá sé ó thaobh cúrsaí teicniúla, comhshaoil agus geilleagracha córais fuinnimh mhalartacha a shuiteáil.

# 10 Iompar

Is aidhm straitéiseach de chuid an Phlean seo é iompar agus pleanáil talamhúsáide a chomhordú, chun an t-éileamh ar iompar agus an spleáchas ar charranna príobháideacha a laghdú agus iompar poiblí, rothaíocht agus siúl a thabhairt isteach ina n-áit.

## 10.1 Iompar Inbhuanaithe/Taisteal Níos Cliste

In 2009 d'fhoilsigh an Rialtas *Taisteal Níos Cliste, Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe - Polasaí Iompair Nua d'Éirinn 2009-2020*[147]. Is iad príomhchuspóirí an phlean sin ná:

1) Taisteal níos cliste a spreagadh, .i. an t-éileamh taistil iomlán a laghdú,
2) An chuid is fearr a bhaint as éifeachtúlacht an ghréasáin iompair,
3) Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus astuithe ó chóracha iompair a laghdú dá réir, agus
4) Rochtain ar iompar a fheabhsú.

### 10.1.1 Plean Bainistíochta Soghluaisteachta Chill Chainnigh

In 2009, glacadh le Plean Bainistíochta Soghluaisteachta[148] le haghaidh chathair Chill Chainnigh. Ba é cuspóir an Phlean sin ná plean foirmiúil soghluaisteachta agus bainistithe tráchta a bhunú ina bpléitear le haistriú cóir iompair[149] agus le hinrochtaineacht. Bhí roinnt tograí ar áireamh sa Phlean sin inar clúdaíodh rothaíocht, páirceáil, bainistiú tráchta agus seirbhísí bus. Déanfar athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Soghluaisteachta in 2013 agus cuirfear Plean nua ina ionad le haghaidh 2015-2020.

Bunaíodh Grúpa um Thaisteal Níos Cliste sa Chathair in 2010 chun monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean Bainistíochta Soghluaisteachta seo. Tá ionadaithe ó na húdaráis áitiúla, ó FSS, ón gComhpháirtíocht Spóirt agus ó Institiúid Theicneolaíochta Phort Láirge sa ghrúpa sin. D'fhorbair an grúpa sin an Clár um Thaisteal Níos Cliste do Chill Chainnigh, a bhí bunaithe ar an bprionsabal gur cathair deich nóiméad í Cill Chainnigh, agus dírítear ar cheithre phríomhréimse:

- Feabhsuithe ar an mBonneagar
- Feasacht a Mhúscailt
- Athrú ar Iompar
- Monatóireacht agus measúnú

---

[147] An Roinn Iompair, *Taisteal Níos Cliste, Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe - Polasaí Iompair Nua d'Éirinn 2009-2020*, 2009

[148] Comhairlí Chathair agus Chontae Chill Chainnigh, Mobility Management Plan 2009-2014, 2009

[149] Is é atá in aistriú cóir iompair ná athrú ar úsáid cóir iompair, m.sh. ó charr go siúl

Tá coincheap na cathrach deich nóiméad bunaithe ar an gcoincheap go mbeifeá in ann na saoráidí áitiúla ar fad a rochtain trí thuras rothaíochta nó siúil 10 nóiméad ó do theach. Mar shampla tá Cill Chainnigh thart ar 3km ar leithead agus 4.5km ar fad. Is beag turas a dhéantar sa chathair atá os cionn 2.5km ar fad; agus má ghlactar leis gurb é 15km san uair an meánluas rothaíochta, is ionann sin agus 10 nóiméad. Ar an gcaoi chéanna tá croílár tráchtála na cathrach thart ar 0.5 km ar leithead faoi 0.5 km ar fad, fágann sé sin gur féidir siúl trasna na cathrach, ag glacadh leis gurb é 4km san uair an luas siúil, i 10 nóiméad a bheag nó a mhór.

Cuirfidh an Chomhairle siúl, rothaíocht, iompar poiblí agus cineálacha eile iompair inbhuanaithe chun cinn mar rogha ar an gcarr príobháideach, chomh maith le forbairt an bhonneagair is gá agus cur chun cinn na dtionscnamh atá in 'Taisteal Níos Cliste, Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe 2009 – 2020'.

An Cuspóir maidir le hIompar Inbhuanaithe

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Bainistíochta Soghluaisteachta (2009) agus glacadh le Plean Bainistíochta Soghluaisteachta nua don tréimhse 2015-2020.

### 10.1.2 Siúl agus Rothaíocht

Má chruthaítear timpeallacht dheas do choisithe sa chathair, bíonn buntáistí ollmhóra i gceist i dtéarmaí na turasóireachta, an gheilleagair, agus cháilíocht na beatha. Ar aon dul le Taisteal Níos Cliste, cuirfear rothaíocht agus siúl chun cinn tríd an bPlean mar chineálacha iompair atá éifeachtach, tapa agus measartha saor. Spreagfar daoine chun dul ag súil agus ag rothaíocht trí ghréasán cosán agus rotharbhealaí sábháilte, áisiúla agus dea-shoilsithe a sholáthar laistigh de cheantair chónaithe nua le naisc chuig scoileanna, ionaid chomharsanachta áitiúla, stadanna iompair phoiblí agus láithreacha oibre.

Ar mhaithe le soghluaisteacht a bhainistiú, aithníodh trí limistéar laistigh den chathair:

- An limistéar cathrach lárnach
- Lár na Cathrach
- Na bruachbhailte

Tá an **limistéar cathrach lárnach** léirtheoranta trí na gnéithe a baineann leis an 'Tairseach Coisithe' - teorannú do choisithe nó dromchla comhthosaíochta (Féach Figiúr 10.1).

Tá 'Tairseacha' a bhfuil srianú luais 30km san uair i bhfeidhm laistigh díobh (Féach Figiúr 10.1) mar phíomhthréithe **Lár na Cathrach**. Is ionann na Tairseacha sin agus na pointí isteach chuig gréasán lánaí agus sráideanna lár na cathrach. Tá moilliú tráchta i i bhfeidhm laistigh den limistéar seo, amhail trasrianta coisithe ardaithe, cúngú bóithre agus dromchlú 'speisialta' - spás comhroinnte d'fheithiclí agus do rothair le cosáin thiomnaithe do choisithe.

Tá **Na Bruachbhailte** sainithe tríd an gcuarbhóthar agus tríd an srianú luais 50km san uair. Tá spásanna deighilte d'fheithiclí agus do rothair laistigh den limistéar seo (.i. lánaí rothar nó raonta rothar mar is cuí) le cosáin thiomnaithe do choisithe (nó cosán/rotharbhealach comhroinnte ó am go chéile).

Beidh tosaíocht ag gluaiseachtaí coisithe agus rothaithe ar thrácht feithiclí laistigh den chroílár miondíola agus i lár na cathrach.

#### *10.1.2.1 Rothaíocht*

Foilsíodh Creat Polasaí Rothaíochta Náisiúnta[150] in 2009. Leagtar amach sraith idirghabhálacha agus gléasanna ann chun an laghdú ar líon na rothaithe a iompú droim ar ais, lena n-áirítear bearta pleanála agus bonneagair. Is é atá sa chur chuige a mholtar ná ordlathas beart, lena n-áirítear:

- méid an tréthráchta a laghdú, go háirithe HGVanna, i lár bailte agus cathracha agus go háirithe i gcomharsanacht scoileanna agus coláistí;
- trácht a mhoilliú / luasanna ísle tráchta a chur i bhfeidhm i gceantair uirbeacha;
- acomhail a dhéanamh sábháilte do rothaithe agus fáil réidh le córas na sráideanna aontreo le roinnt lánaí nach bhfeileann do rothaithe.

I measc na n-idirghabhálacha eile tá:

- Beidh an Creat Polasaí Rothaíochta Náisiúnta dírithe go mór ar scoileanna.
- Tacú le gréasáin raonta rothar tuaithe tiomnaithe ar a mbeidh cuaillí eolais a sholáthar chun cur le Strategy to Develop Irish Cycling Tourism de chuid Fáilte Éireann. Freastalóidh sé seo ar rothaithe caitheamh aimsire agus ar chuairteoirí.
- A chinntiú go mbeidh gach dromchla a úsáideann rothaithe á chothabháil de réir ardchaighdeáin agus dea-shoilsithe.
- A chinntiú go mbeidh cuaillí eolais ardchaighdeáin ar na gréasáin raonta rothar ar fad – idir ghréasáin uirbeacha agus ghréasáin tuaithe.
- Tacú le páirceáil shlán do rothaithe a chur ar fáil ag gach ceannphointe a bhfuil tábhacht ag baint leis do rothaithe.

I gCill Chainnigh, foilsíodh Staidéar ar Ghréasán Raonta Rothar agus Siúil den chéad uair in 2002[151]. Chuir an Plean Bainistíochta Soghluaisteachta leis an Staidéar sin. Is é atá sa ghréasán raonta rothar i gCill Chainnigh sraith príomhbhealaí gathacha agus cuarbhealach amháin ar an gcuarbhóthar, i dteannta bealaí beaga ar leithlis a chuireann leis an ngréasán raonta rothar foriomlán. Tá stádas na mbealaí ar fad leagtha amach i dTábla 10.1 thíos (Féach Figiúr 10.1).

[150] An Roinn Iompair, *Céad Chreat Polasaí Rothaíochta Náisiúnta na hÉireann*, 2009

[151] Arup Consulting Engineers, *Kilkenny City and Environs, Pedestrian and Cycle Network Study*, 2002

| Tábla 10.1: Stádas na Rotharbhealaí | |
|---|---|
| **Rotharbhealach** | **Stádas** |
| **Rotharbhealach Choláiste Chill Chainnigh/Bhóthar Chaisleán an Chomair** | Curtha i gcrích |
| **Rotharbhealach Shráid an Bhaile Bhoicht/Bhóthar Thobar Eoin/Bhóthar an Mhachaire Ghailf** | Curtha i gcrích |
| **Rotharbhealach Bhóthar Hebron** | Curtha i gcrích |
| **Rotharbhealach Bhóthar Bhaile Átha Cliath** | Curtha i gcrích den chuid is mó, go dtí Sráid Mhaidilín |
| **Rotharbhealach Bhóthar Dhroichead Binéid** | Curtha i gcrích |
| **Rotharbhealach Bhóthar Phort Láirge** | Curtha i gcrích |
| **Rotharbhealach Bhóthar an Choláiste** | Curtha i gcrích |
| **Rotharbhealach Bhóthar na nGráinseach** | Curtha i gcrích |
| **Rotharbhealach Bhóthar Achadh Úr** | Curtha i gcrích den chuid is mó |
| **Cuarbhóthar Chill Chainnigh** | Le bheith curtha i gcrích in 2013 |
| **Bealach Líneach na Feoire** | An clárchosán curtha i gcrích go dtí Droichead Osraí |

Mar atá ráite thuas, tá lár na cathrach léirtheoranta ag na Tairseacha ar chóir go mbeadh tosaíocht ag coisithe agus rothaithe laistigh de. Baineann scéimeanna éagsúla bainistithe tráchta agus dearaidh uirbigh le tairseacha. Le linn thréimhse an Phlean seo tabharfar sainiú na dtairseach chun críche.

Tá soláthar bonneagar tacaíochta ríthábhachtach ó thaobh gréasán raonta rothar a bhfuil rath air a sholáthar. Cuireadh áiseanna páirceála slána do rothair ar fáil ag ceannphointí lárnacha amhail, an Pharáid, Faiche Eoin, Cé Bateman, Sráid Chiaráin, agus an tSráid Ard. Beidh páirceáil rothar fós riachtanach mar chuid d'aon togra forbartha ábhartha.

### *10.1.2.2 Gluaiseacht Coisithe*

I dtéarmaí ginearálta, ba cheart naisc siúil phríomhúla nua agus uasghrádaithe a sholáthar bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- Nasctha: Ag nascadh na n-áiteanna a mbíonn daoine ag triall orthu.
- Áisiúil: Ba chóir go leanfadh bealaí díreacha mianlínte, ina bhfuil trasrianta atá furasta le húsáid.
- Compordach: Cosáin dea-cháilíochta atá leathan go leor agus saor ó bhacainní.
- Tarraingteach: Mealltach, dea-shoilsithe agus slán, ina bhfuil tírdhreacha agus radhairc de chineálacha éagsúla ar an mbealach.
- Feiceálach: Bealaí atá éasca le leanúint ar a bhfuil comharthaíocht chabhrach.

### *10.1.2.3 Tús Áite do Choisithe*

Is gné lárnach den Phlean Bainistíochta Soghluaisteachta é go mbeadh tosaíocht ag coisithe agus rothaithe ar thrácht feithiclí, laistigh de na tairseacha. D'fheadfaí an tosaíocht sin a léiriú ar roinnt bealaí, lena n-áirítear teorannú do choisithe, dromchlaí comhroinnte agus coincheap an spáis chomhroinnte. Nuair a bheidh an Scéim Rochtana Lárnaí críochnaithe, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar bhealaí chun an tosaíocht sin a bhaint amach.

### *10.1.2.4 Trasrianta Abhann beartaithe*

Tá roinnt nasc nua beartaithe trasna na Feoire, a nascfaidh na siúlnaisc agus na naisc rothar atá ann cheana, féach Figiúr 10.1. Beidh Cé Bateman nasctha le Cé Eoin trí Nasc na Cé agus soláthróidh Bealach Dhroichead an Ghraoinigh trasrian coisithe/rothaíochta níos faide suas an abhainn ó Dhroichead an Ghraoinigh. Tá nasc breise beartaithe ag Droichead Osraí, chun an Clárchosán ar an taobh ó thuaidh den abhainn a nascadh leis an bPáirc Líneach ar an taobh ó dheas agus san fhadtéarma nasc i gcomharsanacht Inse an Talbóidigh.

Is féidir le tionscnaimh áitiúla cabhrú chun borradh a chur faoin méid a bhíonn daoine ag siúl agus ag rothaíocht. Sampla amháin de na tionscnaimh sin is ea an Bus siúil, ina mbíonn daoine fásta ag siúl le grúpaí daltaí chuig agus ar ais ón scoil ar bhealaí socraithe, agus leanaí ag dul ar an mbus siúil ag ionaid bhailithe éagsúla ar an mbealach. Trí mheán an chláir seo, spreagtar leanaí chun dul ag siúl, agus cleachtadh a fháil ar an modh taistil sin ar an gcaoi sin.

### *10.1.2.5 Lánaí*

Tá gréasán lánaí cúil i gCathair Chill Chainnigh, trína nasctar ceantair chónaithe le lár na cathrach. Tá an Chomhairle ag tabhairt faoi fheabhsuithe ar na lánaí cúil sin, tríd an soilsiú agus an dromchla a fheabhsú. Críochnaíodh Lána an Chútaigh agus Sconsa Shráid Mhic Stiofáin le déanaí. Is é an chéad lána eile a bheidh á fheabhsú ná ó Chearnóg an Athar Uí Mhurchú go dtí Cnoc Riobaird.

**Cuspóirí maidir le Siúl agus Rothaíocht**

- Léirtheorannú na dTairseach mar atá léirithe ar an mapa a chríochnú agus tús áite a thabhairt do ghluaiseacht coisithe agus rothaithe laistigh de na Tairseacha.
- Iniúchadh a dhéanamh arís ar na roghanna chun tús áite a thabhairt do choisithe i lár na cathrach tar éis an Scéim Rochtana Lárnaí a chur i bhfeidhm.
- Na feabhsuithe ar na lánaí cúil a chur i gcrích, lena n-áirítear an lána ó Chearnóg an Athar Uí Mhurchú go dtí Cnoc Riobaird.
- Droichead Nasc na Cé a sholáthar trasna na Feoire ag Leabharlann Carnegie.
- Pleanáil a dhéanamh chun Bealach Dhroichead an Ghraoinigh agus nasc Dhroichead Osraí a sholáthar.

**Caighdeán um Bainistíocht Forbartha**

A cheangal go léireofar in iarratais phleanála inrochtaineacht an togra forbartha do choisithe agus do rothaithe. Beidh sé riachtanach an méid seo a leanas a dhéanamh in iarratais phleanála ar fhorbairtí cónaithe/tráchtála nó úsáidí measctha:

i. Leaganacha amach agus dearadh mionsonraithe a thaispeáint ina léirítear an tábhacht a bhaineann le siúl agus le rothaíocht trí rochtain dhíreach agus shlán ar sheirbhísí áitiúla agus ar chóracha iompair phoiblí a sholáthar.
ii. A thaispeáint conas atá siúl agus rothaíocht comhtháite le soláthar spáis oscailte.
iii. A léiriú go bhfuil coisithe agus rothaithe ar aon in ann teacht gan stró ar an togra trí mheán leaganacha amach ina léirítear tréscaoilteacht inmheánach ard do choisithe agus do rothaithe.
iv. Bealaí inmheánacha ar ardchaighdeán atá slán, sábháilte agus áisiúil d'úsáideoirí a thaispeáint.
v. A cheangal go soláthrófar saoráidí leordhóthanacha clúdaithe le haghaidh páirceáil shlán rothar ag suíomhanna áisiúla gar do bhealaí isteach chuig foirgnimh chun rothaíocht a spreagadh. Beidh an líon spásanna páirceála rothar a bheidh ag teastáil de réir Thábla T1 thíos.
vi. A cheangal go soláthrófar raon iomlán saoráidí do choisithe agus do rothaithe ar nós seomraí cithfholctha agus taisceadán i bhforbairtí nua miondíola/fostaíochta, ina bhfuil na ceanglais pháirceála rothar os cionn 5 spás.

| Tábla 10.2: Ceanglais maidir le páirceáil rothar | |
|---|---|
| **Talamhúsáid** | **Ceanglas maidir le Páirceáil Rothar**<br>**OAU = oll-achar urláir** |
| **Cónaithe** | |
| **Árasán, Teach Cathrach** | 1 spás in aghaidh an aonaid |
| **Cóiríocht do Mhic Léinn/Coláistí, ionad oiliúna nó scoileanna cónaithe** | 1 spás in aghaidh an tseomra codlata agus 1 spás do chuairteoirí in aghaidh gach 5 spás leapa |
| **Tithe Aíochta agus Óstáin** | 1 spás do gach 10 seomra codlata agus 1 spás do gach 5 ball foirne |
| **Tithe Altranais** | 1 spás do chuairteoirí do gach 10 cónaitheoirí agus 1 spás do gach 5 ball foirne |
| **Tithe Scoir/Scáthchóiríocht** | 1 spás do chuairteoirí do gach 6 cónaitheoirí agus 1 spás do gach 5 ball foirne |
| **Óstáin** | 1 spás in aghaidh gach 5 leaba |
| **Ospidéal** | Le socrú ag an Údarás Pleanála |
| **Miondíol** | |
| **Siopaí Áise** | 1 spás in aghaidh gach 150m cearnach de OAU |
| **Lárionad Siopadóireachta** | 1 spás in aghaidh gach 300m cearnach de OAU |
| **Miondíol nach mbaineann le Bia** | 1 spás in aghaidh gach 300m cearnach de OAU |

| | |
|---|---|
| **Trádstóras Miondíola** | 1 spás in aghaidh gach 250m cearnach de OAU |
| **Oifigí Miondíola** | 1 spás in aghaidh gach 200m cearnach de OAU |
| **Bia agus Deochanna** | 1 spás in aghaidh gach 50m cearnach de limistéar bia/óil |
| **Fostaíocht** | |
| **Oifigí Ginearálta** | 1 spás in aghaidh gach 50m cearnach de OAU |
| **Tionscal Éadrom, Gnó agus Teicneolaíocht** | 1 spás in aghaidh gach 100m cearnach de OAU |
| **Trádstórais agus Dáileadh** | 1 spás in aghaidh gach 200m cearnach de OAU |
| **Seirbhísí Airgeadais agus Gairmiúla** | 1 spás in aghaidh gach 50m cearnach de OAU |
| **Úsáid Cultúir, Fóillíochta agus Spóirt** | |
| **Pictiúrlann/Amharclann** | 1 spás do gach 5 ball foirne agus 1 spás in aghaidh gach 30 suíochán |
| **Músaeim, Ionaid Taispeántais** | 1 spás do gach 5 ball foirne. Spásanna do chuairteoirí le socrú ag an Údarás Pleanála |
| **Ionad Spóirt/Aclaíochta lena n-áirítear Linnte Snámha** | 1 spás do gach 50m cearnach de ghlan-achar urláir nó 1 spás do gach 30m cearnach d'achar linne agus 1 spás do gach 30 suíochán a chuirtear ar fáil don lucht féachana |
| **Institiúidí Neamhchónaithe** | |
| **Ionad Adhartha, hallaí poiblí agus ionaid phobail** | 1 spás in aghaidh gach 20 duine |
| **Bunscoileanna** | Spásanna rothar le soláthar do 20% de na leanaí agus 1 spás do gach 5 ball foirne |
| **Iar-Bhunscoileanna** | Spásanna rothar le soláthar do 33% de na leanaí agus 1 spás do gach 5 ball foirne |
| **Breisoideachas agus Ardoideachas** | 1 spás in aghaidh gach 5 ball foirne agus 1 spás do gach 4 mac léinn |
| **Creiseanna** | 1 spás do gach 5 ball foirne agus 1 spás do gach 20 leanbh |
| **Clinicí/Lialanna** | 1 spás do gach 5 ball foirne agus 0.5 spás in aghaidh an tseomra comhairliúcháin |

I gcás aon úsáide nach bhfuil sonraithe thuas, cinnfidh an Chomhairle na ceanglais maidir le páirceáil rothar, ag féachaint do líon na dturas is dócha a ghinfear de bharr na forbartha. I gcás ina bhfuil roinnt úsáidí ar áireamh laistigh d'fhorbairt amháin, agus gur féidir leis an iarratasóir a léiriú go mbainfear úsáid as spásanna páirceála i rith an lae agus go mbainfidh úsáideoirí éagsúla úsáid astu, d'fhéadfadh an Chomhairle é sin a chur san áireamh le linn di measúnú a dhéanamh ar an líon spásanna atá ag teastáil.

## 10.2 Iompar Poiblí

Tá forbairt córacha iompair phoiblí ríthábhachtach ó thaobh patrúin taistil níos inbhuanaithe a bhaint amach agus spleáchas ar an gcarr a laghdú. Ní sholáthraíonn an t-údarás áitiúil aon seirbhísí iompair phoiblí ach d'fhéadfadh sé soláthar na seirbhísí sin a éascú trí oibreacha bonneagair.

Comhoibreoidh an Chomhairle leis na gníomhaireachtaí poiblí agus príobháideacha éagsúla atá freagrach as seirbhísí iompair laistigh den Chontae chun seirbhísí nua agus bonneagar tacaíochta a sholáthar.

### 10.2.1 Iarnród

Tá Cathair Chill Chainnigh nasctha le príomhlíne paisinéirí Bhaile Átha Cliath-Phort Láirge trí rian a théann ó Bhaile Lobhaoise/Bhaile Mhadóg chuig Stáisiún Traenach Mhic Dhonncha ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

Sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach leagtar amach na feabhsuithe iarnróid a dtabharfar tús áite dóibh do Réigiún an Oirdheiscirt. Ina measc bhí seirbhísí níos minice agus laghdú ar an tréimhse thaistil idir Port Láirge, Cill Chainnigh, Ceatharlach agus Baile Átha Cliath.

Lasta Iarnróid

Tá deiseanna ollmhóra ann chun iompar lasta breise agus níos nuálaí a chur i gcrích tríd an ngréasán iarnróid. Aithníodh sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach[152] go gcabhródh lastlann iarnróid ag Baile Mhadóg (soir ó chathair Chill Chainnigh) chun forbairt gnóthais lóistíochta a éascú agus go gcabhródh sé chun cuid den trácht tráchtála trom a chur ón ngréasán bóithre poiblí. Tá buntáistí comhshaoil mór millteach ag baint le lasta a iompar ar iarnróid. Cuirfear úsáid an ghréasáin iarnróid le haghaidh seirbhísí lasta chun cinn trí bhearta talamhúsáide oiriúnacha.

### 10.2.2 Bus

Tá ceithre chineál seirbhísí ag oibriú sa Chathair. Is ionann iad agus na seirbhísí seo a leanas:

1. Seirbhísí na Cathrach agus Purláin
2. Seirbhísí na Cúlchríche & Seirbhísí idirchathracha
3. Turais cóistí
4. Seirbhísí busanna scoile

#### *10.2.2.1 Seirbhísí na Cathrach agus Purláin*

[152] Údarás Réigiúnach an Oirdheiscirt, *Regional Planning Guidelines for the South East Region*, 2010 lch.88

Faoi láthair tá Seirbhís Chathrach ag an gcathair agus na purláin, a oibríonn oibreoir príobháideach busanna. Tá stadanna bus ag Cé Bateman agus ag Ospidéal Lúcais. Tá scáthlán bus beartaithe do Ché Bateman agus tá stad beartaithe do lárionad siopadóireachta an Locha Bhuí.

#### *10.2.2.2 Seirbhísí na Cúlchríche agus Seirbhísí Idirchathracha*

Tá roinnt naisc bhus chuig na bailte éagsúla laistigh den chontae agus roinnt seirbhísí idirchathracha ag freastal ar an gCathair faoi láthair. Den chuid is mó, bailíonn na seirbhísí sin paisinéirí agus ligeann siad amach iad ag an stad bus ag Bóthar Urumhan agus ag Acomhal Mhic Dhonncha. Oibríonn Bus Éireann ó Stáisiún Traenach Mhic Dhonncha agus ón stad bus ar Bhóthar Urumhan.

Tá scáthláin bhus beartaithe do Bhóthar Urumhan agus d'Acomhal Mhic Dhonncha.

#### *10.2.2.3 Turais cóistí*

Is iondúil go bhfreastalaítear ar bhusanna turas coiste ag na hóstáin níos mó nó i gcóngar an phríomhbhealaigh isteach chuig Caisleán Chill Chainnigh, ar Bhóthar an Chaisleáin. B'fhiú áiseanna cóiste breise a chur ar fáil sa Bhaile Gaelach agus ag Ardeaglais Chainnigh ar mhaithe leis na ceantair sin. Tá scáthlán bus beartaithe le aghaidh Bhóthar an Chaisleán agus san fhadtéarma le haghaidh Shráid an Deagánaigh. Níor chóir Bóthar an Chaisleán a úsáid ach d'ionad bailithe/tuirlingthe paisinéirí bus tríd is tríd, ach ba cheart áiseanna le stopadh ar feadh tamaill a sholáthar áit eile.

#### *10.2.2.4 Seirbhísí scoile*

Freastalaítear go maith tríd is tríd ar sheirbhísí scoile sa chathair. Bíonn siad le fáil in aice leis na scoileanna ar leith nó i mbánna bus ar nós na háise ar Bhóthar an Phríosúin. Soláthraíonn na seirbhísí seo riachtanas sóisialta ríthábhachtach agus ba chóir freastal orthu ar mhaithe le caoithiúlacht agus sábháilteacht na ndaltaí.

**Cuspóirí Bus**

- Soláthar stadanna agus scáthláin bhus cheadaithe a éascú laistigh den Cathair agus de na Purláin de réir mar is gá.
- Soláthar páirceála do bhusanna turasóireachta a éascú laistigh den chathair.
- Scéim Bainistithe Tráchta a chur i gcrích ag lárionad Siopadóireachta an Locha Bhuí ina mbeidh stad do sheirbhís bus na Cathrach ar áireamh.

### 10.2.3 Seirbhísí Tacsaí

Is cuid lárnach de ghréasán iompair na Cathrach iad tacsaithe. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh dóthain seirbhísí tacsaí sa Chathair agus iad ar fáil gan stró le linn na dtréimhsí buaic-éilimh. Sa chomhthéacs sin caithfear soláthar seirbhísí tacsaí a éascú i dtéarmaí stadanna tacsaithe agus áiseanna bailithe agus tuirlingthe a chur ar fáil. Anuas air sin ní mór cuspóirí iompair a chur in oiriúint le freastal ar sheirbhísí tacsaí.

Tá stadanna tacsaithe (ar a dtugtar ionaid cheaptha) ainmnithe faoi láthair ar an bParáid, ar Shráid Eoin, ar Ché Bateman, ar Shráid an Deagánaigh agus ar Fhaiche Eoin. Tá sé spás 24-uair-an-chloig is fiche, agus tá tuilleadh spásanna ar fáil san oíche, sna bánna luchtaithe ar an tSráid Ard.

## 10.3 Pleananna Taistil i dtaca leis an Ionad Oibre

Féadfar a cheangal ar fhorbairtí a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu ar ghiniúint turas a bPleananna Taistil féin i dtaca leis an Ionad Oibre a dhréachtú (ar a dtugtar Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta chomh maith). Is modh iad pleananna Taistil i dtaca leis an Ionad Oibre trínar féidir le forbairtí riachtanais soghluaisteachta a lucht úsáidte a bhainistiú agus a ndícheall a dhéanamh chun spleáchas ar charranna a laghdú.

I measc na bhforbairtí a bhféadfaí Plean Taistil i dtaca leis an Ionad Oibre a chur i bhfeidhm ina leith tá:

- Oifigí
- Tionscail atá lonnaithe in oifigí
- Tionscail eile
- Miondíol (siopaí móra aonuaire agus mórfhorbairtí lár baile/lár ceantair)
- Trádstóráil miondíola
- Trádstóráil agus dáileadh
- Ionaid oideachais

D'fhéadadh sé go mbeadh plean Taistil i dtaca leis an Ionad Oibre ina fhoilseachán foirmiúil, ina leagtar amach bearta agus spriocanna. De rogha air sin, d'fhéadfadh sé teacht chun cinn le himeacht ama de réir mar a sheoltar tionscnaimh éagsúla.

**Caighdeán um Bainistíocht Forbartha**
A cheangal go soláthrófar Pleananna Taistil i dtaca leis an Ionad Oibre le haghaidh forbairtí beartaithe a nginfear go leor turas mar thoradh orthu.

## 10.4 Bóithre

Tá ordlathas bóithre agus sráideanna riachtanach d'fhonn feidhm, cruth agus úsáid na mbóithre agus na sráideanna ar fad sa chathair a aicmiú. Bunaíodh ordlathas bóithre agus sráideanna do

lár na cathrach faoi Phlean Limistéir Áitiúil Lár Chathair Chill Chainnigh (2005) ina sonraítear feidhm, cruth agus úsáid na mbóithre, na sráideanna, na lánaí agus na bhfánán ar fad sa chathair. Úsáidfear an t-ordlathas sin mar bhunús chun na cineálacha oiriúnacha bainistíochta tráchta a chinneadh, féach Figiúr 10.2.

Tá an t-aicmiú bunaithe ar an spás bóthair agus cosáin atá ar fáil, an méid tráchta is inmhianaithe agus is gá, an méid tráchta coisithe agus rothaithe a d'fhéadfadh a bheith ann, an timpeallacht, agus an leagan amach uirbeach máguaird, ceann scríbe an tráchta ar an mbealach agus ar chritéir eile dá leithéid. Is féidir aicmiú ginearálta a dhéanamh ar Chathair Chill Chainnigh, mar a leanas:

**Tábla 10.3: Aicmiú Sráideanna laistigh de Chathair Chill Chainnigh**

| Aicmiú | Cur síos |
|---|---|
| Bóthar Dáileacháin | Bealaí ríthábhachtacha lena soláthraítear trí chéile rochtain ar Lár na Cathrach d'fheithiclí agus do choisithe nó lena soláthraítear naisc timpeall Lár na Cathrach |
| Sráideanna Príomha | Bealaí lena soláthraítear rochtain ar na príomh-charrchlóis agus ar na príomhbhealaí seachadta, agus ina theannta sin ar a n-iompraítear líon mór coisithe |
| Sráideanna Tánaisteacha | Bealaí lena soláthraítear rochtain áitiúil d'fheithiclí agus lena bhféadfaí líon measartha mór coisithe a iompar |
| Siúláin Coisithe | Naisc ina bhfuil ardleibhéil gníomhaíochta coisithe agus nach bealaí ríthábhachtacha d'fheithiclí iad |
| Lánaí | Bealaí in bhfuil rochtain theoranta d'fheithiclí a fheidhmíonn mar bhealaí tánaisteacha do choisithe |
| Fánáin | Bealaí do choisithe amháin, a mbíonn leagan amach céimnithe orthu de ghnáth |

### 10.4.1 An Méid atá Bainte Amach ó thaobh na mBóithre

Le linn thréimhse feidhme an phlean dheireanaigh, d'éirigh leis na Comhairlí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Críochnaíodh an seachbhóthar thoir ó Bhóthar Bhaile Átha Cliath go dtí Bóthar Chaisleán an Chomair
- Críochnaíodh Scéim Feabhsúcháin Chuarbhóthar an N10 ó Thimpeallán Bhóthar Bhaile Átha Cliath go dtí Timpeallán Bhóthar Phort Láirge, agus feabhsaíodh acmhainn an bhóthair.
- Soláthraíodh nascbhóthar ón timpeallán ag Cnoc an Fhuaráin ar an N10 go dtí Bóthar Uachtar Rátha
- Críochnaíodh Scéimeanna Feabhsúcháin Bhóthar an Mhachaire Ghailf, Bhóthar an Abhalloirt Nua agus Lána na Suiríoch
- Críochnaíodh teorannú Shráid Chiarán do choisithe (ó Shráid na Parlaiminte go dtí Sráid an Róisín);

- Cuireadh scéim bainistithe tráchta i bhfeidhm don tSráid Nua Uachtarach, do Shráid Iacóib agus do Shráid Phádraig Uachtarach.
- Críochnaíodh scéim maolaithe tráchta do Bhóthar Chaisleán an Chomair.
- Soláthraíodh trasrianta coisithe atá deartha go cuí do na scoileanna go léir sa Chathair agus sna Purláin.
- Críochnaíodh Scéim Athshlánaithe Dhroichead Eoin
- Críochnaíodh Scéim Feabhsúcháin Shráid an Bhaile Bhoicht
- Críochnaíodh Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Ghleann Doimhin
- Críochnaíodh Scéim Feabhsúcháin Chéide na Páirce Nua

### 10.4.2 Tograí Bóithre

Tá ceithre bhóthar straitéiseacha beartaithe sa chathair faoi láthair, féach Léarscáil 2.

#### *10.4.2.1 An Scéim Rochtana Lárnaí*

Bhí sé ar intinn go nascfadh bóthar faoisimh laistigh bunaidh na Cathrach (a bhí beartaithe den chéad uair in 1978) Bóthar Challainn (N76) le Bóthar Achadh Úr (R693). In 2004, méadaíodh an scéim chun nasc ó Bheairic an Uisce go dtí Bóthar Chaisleán an Chomair (N77) a áireamh, ina mbeadh droichead trasna na habhann chomh maith. Tugadh an Scéim Rochtana Lárnaí ar an scéim sin ansin.

In 2008, rinne Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh iarratas chuig an Bord Pleanála chun cead a fháil don Scéim Rochtana Lárnaí. Trí chéim a bhí sa scéim:

- Céim 1: Ó Bhóthar Chaisleán an Chomair go dtí Sráid an Deagánaigh, lena n-áirítear an droichead trasna na Feoire
- Céim 2: An nasc soir-siar a nascann an córas bóithre sna purláin thiar leis an ngréasán bóithre atá ann cheana ag timpeallán Bheairic an Uisce
- Céim 3: Ó Thimpeallán Thobar Chainnigh atá beartaithe go dtí Timpeallán Bhóthar Achadh Úr (Bóthar Loch Mocháisc).

Bhronn an Bord Pleanála Céim 1 den togra in 2011. Is é atá i gCéim 1 ná sráid uirbeach atá 700 méadar ar fhad ó Phlás Chainnigh ar an taobh thiar den chathair go dtí Bóthar Chaisleán an Chomair ar an taobh thoir, lena n-áirítear droichead trasna na Feoire. Beidh an droichead nua feiliúnach d'iompar poiblí, do rothaithe agus do choisithe.

Ionas gur féidir casadh ó Chaisleán an Chomair go dtí an an Scéim Rochtana Lárnaí, caithfear bóthar Chaisleán an Chomair a leathnú ón acomhal leis an Scéim chuig an acomhal leis an mBóthar Nua.

Beifear in ann carrbhealach dhá lána ó dheas agus lána amháin ó thuaidh a sholáthar dá bharr.

Bóthar na bPurlán Thiar (Céim 2)

Freastalóidh scéim Bhóthar na bPurlán Thiar ar limistéar ainmnithe na bPurlán Thiar sa chathair.

An Nascbhóthar Thuaidh/Bóthar Loch Mocháisc (Céim 3)

Tugtar an Nascbhóthar Thuaidh nó Bóthar Loch Mocháisc ar Chéim 3 den Scéim Rochtana Lárnaí anois. Nascfaidh an bóthar seo an Cuarbhothar/na Purláin Thiar trí limistéar Loch Mocháisc, agus ar aghaidh chuig Bóthar Achadh Úr.

#### *10.4.2.2 An Seachbhóthar Thiar*

Chríochnódh an Seachbhóthar Thiar an cuarbhóthar timpeall chathair Chill Chainnigh, ón timpeallán atá ann cheana ag Bóthar Chaisleán an Chomair (N78) go dtí Bóthar Challainn (N76) agus rachadh sé ar aghaidh go dtí timpeallán Bhóthar Phort Láirge. Tá líne curtha in áirithe don mhéid sin.

I bhFigiúr 10.2 léirítear ordlathas an ghréasáin bhóithre sa Chathair agus sna Purláin i dtéarmaí an ghréasáin bhóithre atá ann cheana agus i dtéarmaí tograí bóithre straitéiseacha.

### 10.4.3 An Gréasán Bóithre Náisiúnta

Freastalaíonn an gréasán bóithre náisiúnta ar ghluaiseacht éifeachtach agus shlán an tráchta fad-achair. Chomh maith leis sin soláthraíonn an gréasán naisc straitéiseacha le haghaidh na mbailte laistigh den chontae agus laistigh de réigiún an Oirdheiscirt ina iomláine. D'fhonn an infheistíocht atá déanta sna bóithre sin a chosaint agus chun a bpríomhfheidhm a choimeád, beidh sé riachtanach rochtain agus acomhail ar an ngréasán a shrianadh a mhéad is féidir.

Tá trí bhóthar náisiúnta laistigh de theorainn forbartha na cathrach mar seo a leanas:

**Tábla 10.4: Bóithre Náisiúnta laistigh de theorainn forbartha na cathrach**

| Ainm an Bhóthair | **Aicmiú** | **Cur síos** |
|---|---|---|
| **N10** | Príomhbhóthar | Bóthar Phort Láirge |
| **N76** | Bóthar Tánaisteach | Bóthar Challainn |
| **N78** | Bóthar Tánaisteach | Bóthar Chaisleán an Chomair |

Tá an beartas náisiúnta maidir le rochtain ar bhóithre náisiúnta leagtha amach in Spatial Planning and National Roads Guidelines[153] agus leantar anseo iad. Tá sé ráite sna Treoirlínte go mbeidh sé mar bheartas ag an Údarás Pleanála nach gcruthófar aon phointe rochtana breise ó fhorbairt nua agus nach nginfear níos mó tráchta ó phointí rochtana reatha ar bhóithre náisiúnta ar a bhfuil luasteorainneacha níos airde ná 60km san uair i bhfeidhm.[154]

Is é an t-aon suíomh sa Chathair ina bhfuil talamh criosaithe lasmuigh den luasteorainn 60km san uair ná ar Bhóthar Phort Láirge ag timpeallán Bhóthar Uachtar Rátha. Tá an talamh suite

[153] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, *Spatial Planning and National Roads Guidelines*, 2012
[154] Rannán 2.5 de na *Spatial Planning and National Roads Guidelines*, 2012

laistigh den luasteorainn 80km san uair. Beidh aon fhorbairt bhreise anseo ag brath ar rochtain ar bhóthar eile seachas an bealach Náisiúnta.

### 10.4.4 Measúnachtaí Tráchta

D'fhéadadh tograí forbartha líon suntasach turas nó méid suntasach taistil a ghiniúint, rud a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige do bhóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta. Modheolaíocht atá i Measúnacht Tráchta agus Iompair a úsáidtear le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag forbairt bheartaithe ar an trácht, ina gcuimsítear aon bhearta a mbeidh gá leo tar éis na forbartha chun a chinntiú go mbeidh bóithre agus acomhail agus bonneagar iompair eile i gcóngar na forbartha fós oiriúnach don fheidhm agus chun athrú i dtreo modhanna taistil inbhuanaithe a spreagadh.

### 10.4.5 Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre

Is féidir le hiniúchadh um shábháilteacht ar bhóithre cabhrú chun aon bhearta a shainaithint a bhfuil ga leo chun caighdeáin sábháilteachta a choimeád. Tá treoir faoi iniúchadh um shábháilteacht ar bhóithre a ullmhú ar áireamh in *Design Manual for Roads and Bridges* de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta[155].

### 10.4.6 Cuspóirí maidir le Bóithre

- Línte feabhsúcháin/athailínithe bóthair atá beartaithe agus na conairí lena mbaineann a choinneáil saor ó fhorbairt i gcás ina ndéanfadh an fhorbairt sin dochar do chur i bhfeidhm pleananna de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta nó de chuid na Comhairle (Féach Figiúr 10.2 Ordlathas na mbóithre).
- Líne Chéim 2 agus Chéim 3 den Scéim Rochtana Lárnaí bheartaithe a choinneáil saor ó fhorbairt agus Céim 1 den Scéim Rochtana Lárnaí a chur i gcrích laistigh de thréimhse an phlean. (Féach Figiúr 3.3, R1).
- Bóthar Chaisleán an Chomair an leathnú ionas go mbeifear in ann carrbhealach dhá lána ó dheas agus lána amháin ó thuaidh a sholáthar (Féach Figiúr 3.3, R2).
- Líne bheartaithe an tseachbhóthair thiar don chathair ó Bhóthar Chaisleán an Chomair go dtí Bóthar Challainn a choinneáil saor ó fhorbairt, lena n-áirítear do dhroichead trasna na habhann (Féach Figiúr 3.3, R3).
- An líne bheartaithe de chuid nascbhóthair nua ó Bhóthar Challainn go dtí timpeallán Bhóthar Phort Láirge a choinneáil saor ó fhorbairt (Féach Figiúr 3.3, R4).
- Dara bealach isteach chuig Eastát Tionscail Hebron ó Bhóthar Hebron a sholáthar (Féach Figiúr 3.3, R5).
- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Cheanannais an R697 ó Shráid Phádraig Uachtarach go Timpeallán Bhóthar Cheanannais (R6) a chur i gcrích
- Scéim Feabhsúcháin Bhóthar an N10 ó Thimpeallán Bhóthar Bhaile Átha Cliath go dtí Timpeallán Ráth an Leigéadaigh (R7) a chur i gcrích

[155] An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Design Manual for Roads and Bridges

- Is féidir le forbairt na dtailte ar Bhóthar Phort Láirge (ar a dtugtar tailte innealra Uí Mhurchú, féach Figiúr 3.3, R8) a bheith ag brath ar rochtain mhalartach ar an mbealach náisiúnta
- Scéimeanna bainistithe agus maolaithe tráchta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm don Chathair agus do na Purláin ar aon dul leis na Cláir Bóithre 3 bliana.

### 10.4.7 Treoir um Bainistíocht Forbartha maidir le Bóithre

- A chinntiú go ndéanfar forbairt amach anseo a dhéanfaidh difear do phríomhbhóithre nó do bhóithre tánaisteacha náisiúnta a mheasúnú de réir na treorach a thugtar in Spatial Planning and National Roads - Guidelines for Planning Authorities.
- Beidh sé riachtanach go mbeidh na tograí forbartha suntasacha ar fad faoi réir ag measúnachtaí iompair agus tráchta de réir na bhfoilseachán *Traffic Management Guidelines*[156] agus *Traffic and Transport Assessment Guidelines*[157] (i gcás ina ndéanann an fhorbairt difear do bhóthar náisiúnta).
- Ní mór Iniúchadh um Shábháilteacht ar Bhóithre a áireamh in iarratais phleanála lena mbaineann rochtain nua ar bhóthar náisiúnta nó athruithe móra ar rochtain atá ann cheana.

### 10.4.8 Páirceáil carranna

Le linn thréimhse an Phlean Dheireanaigh tugadh isteach táillí páirceála sráide ar mhaithe le brú tráchta a laghdú, páirceáil comaitéireachta a rialú, rochtain a fheabhsú agus a chinntiú go mbeidh spásanna páirceála ar fáil do na daoine ar mian leo gnó a dhéanamh sa chathair. Tá dhá chrios páirceála ann; crios páirceála gearrthréimhse i lár na cathrach agus crios páirceála faoi tháille lae iomláin laistigh den teorainn lasmuigh. D'fhonn líon na dturas nach bhfuil gá leo a laghdú, cuireadh comharthaí suas ar imeall na cathrach le linn thréimhse an phlean dheireanaigh ar a gcuirtear faisnéis fíor-ama ar fáil do thiománaithe faoi na spásanna páirceála atá ar fáil sula sroicheann siad lár na cathrach.

Le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar thograí forbartha, bainfidh an tÚdarás Pleanála leas as na caighdeáin atá leagtha amach sa Tábla thíos. Freastalóidh saoráidí den chineál sin ar éilimh reatha na forbartha agus ar na héilimh a bhfuiltear ag súil leo amach anseo, agus sa chás nach féidir páirceáil a sholáthar ar an láthair, nó nach bhfuil sí inmhianaithe ar chúiseanna bailí eile, d'fhéadfadh an Chomhairle ranníocaíocht airgeadais ina hionad a bhreithniú.

I gcás ina soláthraítear páirceáil ar an láthair, is iondúil go soláthrófar spásanna taobh thiar de na línte foirgníochta bunaithe i ngach forbairt agus déanfar iad a cheilt. Is é toise na mbánna páirceála a sholáthrófar ná 4.8m faoi 2.4m. Beidh 6.0m x 3.7m. mar thoise na mbánna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas (lena n-áirítear haitseáil aistrithe ar an taobh agus ar chúl) . Ba cheart d'fhorbróirí féachaint ar ***Building for Everyone: A Universal Design Approach***. Tabharfar aird ar chúrsaí draenála, dromchlaithe agus ar chúrsaí coimhdeacha nuair a bheidh limistéir

[156] An Roinn Comhshaoil & Rialtais Áitiúil, an Roinn Iompair, Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, *Traffic Management Guidelines* (2003)
[157] An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, *Traffic and Transport Assessment Guidelines*, 2007

pháirceála á dtógáil. Ba chóir áiseanna cuí soilsithe phoiblí a sholáthar orthu agus beidh siad léirtheoranta go soiléir. Ba cheart gach limistéar páirceála a bheith tírdhreachaithe go cuí trí mheán crainn, toir agus limistéir féir a sholáthar chun a chinntiú go seachnófar damáiste do na taitneamhachtaí amhairc. Ba cheart páirceáil a bheith slán agus mealltach i scéimeanna cónaithe agus ba cheart í a sholáthar chomh gar agus is féidir do na teaghaisí lena mbaineann sí.

I gcás gach forbartha tionsclaíche nó tráchtála, ceanglófar ar fhorbróirí saoráidí luchtaithe agus díluchtaithe a sholáthar a bheidh leordhóthanach le freastal ar an éileamh ar an bhforbairt sin. Comhlíonfaidh saoráidí luchtaithe eas-sráide na ceanglais seo a leanas:

Ní bheidh gach spás a theastóidh níos lú ná 3.75m ar leithead, 6.0m ar fhad agus 4.25m ar airde, gan cabhsáin agus spás ionramháilte a áireamh agus beidh siad lonnaithe go hiomlán ar an láithreán ar a bhfuil freastal á dhéanamh.
Beidh bealaí rochtana iomchuí ar shráid nó ar bhóthar chomh maith le spás ionramháilte leordhóthanach.
Beidh oscailt an chabhsáin ag teorainn na sráide 6m ar leithead ar a mhéad agus 3.75m ar leithead ar a laghad.

Féadfaidh an tÚdarás Pleanála ceanglais na saoráidí luchtaithe agus díluchtaithe a mhionathrú in aon chás ar leith ina measann sé go mbeadh sé chun leasa phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair amhlaidh a dhéanamh. Ar láithreáin úrnua, caithfidh spásanna páirceála agus seirbhíse a bheith lonnaithe ar an láithreán chun bacadh sráide a chosc agus ba cheart go mbeidís lonnaithe ar chúl agus ar thaobh na bhfoirgneamh agus ar mhodh a chinnteoidh go n-imreofar an tionchar is lú is féidir ar thaitneamhacht na maoine atá tadhlach leo, más féidir.

I gcás aon úsáide nach bhfuil sonraithe sa Tábla, cinnfidh an tÚdarás Pleanála na ceanglais pháirceála, ag féachaint do na leibhéil tráchta is dócha a ghinfear de bharr na forbartha.

I gcás ina bhfuil roinnt úsáidí le fáil laistigh d'fhorbairt amháin, déanfar na húsáidí éagsúla a dheighilt agus déanfar measúnú ar na ceanglais pháirceála ar an iomlán don fhorbairt i ndáil le gach úsáid ar leith d'fhonn an ceanglas páirceála foriomlán a ríomh don fhorbairt (m.sh. in óstán, déanfar na seomraí ócáide, beáir srl. a mheasúnú mar sheomraí ar leith ón soláthar seomraí codlata).

I gcás inar féidir leis an bhforbróir a léiriú chun sástacht an Údaráis Phleanála, áfach, go mbeidh spásanna páirceála á n-úsáid i rith an lae ag roinnt úsáideoirí éagsúla atá ag baint leasa as saoráidí éagsúla laistigh d'fhorbairt bheartaithe, féadfaidh an tÚdarás Pleanála, ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht, na hilúsáidí sin a chur san áireamh agus na ceanglais pháirceála á measúnú aige. Anuas ar na ceanglais thuas, ceanglófar ar fhorbróirí saoráidí luchtaithe agus cúrsaíochta a sholáthar agus a chothabháil a bheidh leordhóthanach le freastal ar an éileamh is dócha a bheidh ar gach aon cheann de na forbairtí sin.

I gcásanna nach bhfuil soláthar páirceála iomlán ar an láithreán indéanta, éileoidh an tÚdarás Pleanála Plean Bainistíochta Soghluaisteachta a chuirfear faoina bhráid mar chuid den iarratas nuair a bheidh na ceanglais iomlána agus ranníocaíocht airgeadais féideartha á meas acu.

| | **Tábla 10.5: Caighdeáin maidir le Páirceáil Carranna** |
|---|---|
| **Talamhúsáid** | **Spásanna Páirceála in aghaidh an Aonaid** |
| Teach Cónaithe | 2 spás páirceála in aghaidh an aonaid<br>0.25 spás in aghaidh an aonaid do pháirceáil do chuairteoirí |
| Árasáin | 1.25 spás in aghaidh an aonaid<br>0.25 spás in aghaidh an aonaid do pháirceáil do chuairteoirí |
| Scoileanna | 1 spás do gach seomra ranga móide 4 spás bhreise |
| Séipéil, amharclanna, halla poiblí | 1 spás cairr in aghaidh gach 10 suíochán |
| Óstáin, brúnna agus tithe aíochta | 1 spás cairr in aghaidh an tseomra codlata |
| Tithe tábhairne, lena n-áirítear beár óstáin | 1 spás cairr in aghaidh gach 10m$^2$ d'achar urláir beáir agus tolglainne |
| Seomraí ócáide óstáin | 1 spás in aghaidh gach 10 m$^2$ |
| Lárionaid siopadóireachta, ollmhargaí, Siopa ilrannacha | 1 spás in aghaidh gach 25 m$^2$ d'oll-achar urláir |
| Siopaí | 1 spás in aghaidh gach 20 m$^2$ d'oll-achar urláir |
| Bialanna, caiféanna | 1 spás cairr in aghaidh gach 20 m$^2$ d'oll-achar urláir |
| Bainc agus oifigí | 1 spás cairr in aghaidh 15 m$^2$ d'oll-achar urláir agus spás breise a bheidh le cinneadh ag an Údarás Pleanála |
| Tionscal | 1 spás cairr do gach 60m$^2$ d'oll-achar urláir tionscail agus spás oibríochtúil a bheidh le cinneadh ag an Údarás Pleanála. |
| Trádstóráil | Cinnfidh an tÚdarás Pleanála gach iarratas |
| Trádstóráil Miondíola | 1 spás cairr do gach 35 m$^2$ de ghlan-achar urláir miondíola. |
| Galf | 4 spás cairr in aghaidh an phoill |
| Galfchúrsaí par a trí nó | 2 spás in aghaidh an phoill |

| | |
|---|---|
| Cúrsaí gailf dhá mhaide | |
| Faichí spóirt agus clubanna spóirt | 1 spás in aghaidh gach 15m$^2$ |
| Raonta gailf, Raonta lámhaigh | 1 spás in aghaidh an bhá/an ghaiste móide 3 spás |
| Clinicí agus Cleachtaí Míochaine | 3 spás cairr in aghaidh an tseomra comhairliúcháin móide baill foirne |
| Ospidéal | 1.50 spás in aghaidh na leapa |
| Teach Altranais | 1 spás in aghaidh gach 4 sheomra codlata móide baill foirne |
| Creis/Cúram Leanaí | I spás in aghaidh gach 4 leanaí móide 1 spás in aghaidh an fhostaí |

#### 10.4.8.1 *Carrchlóis Ilstóracha*

Ní mór go mbeidh ag gabháil le gach iarratas ar charrchlós ilstórach tuairisc ina gcuirtear na sonaí cainníochtúla is déanaí ar fáil, a léiríonn an líon spásanna páirceála is gá sa limistéar atá beartaithe. Ba cheart measúnú ar na sonraí sin a bheith sa tuairisc, atá déanta ag comhairleach inniúil, ar an tionchar is dócha a bheidh ag an gcarrchlós sin ar an gcathair. Breithneofar gach iarratas ar charrchlós ilstórach ar a dtuillteanas féin. Ba cheart go mbeadh airde agus dearadh na gcarrchlós ilstórach ag teacht leis an timpeallacht ghlactha. B'fhearr go mbeadh na taobhanna den charrchlós ilstórach atá ar an tsráid faoi chlúdach úsáidí tráchtála gníomhacha, amhail miondíol, oifigí srl. nuair is féidir.

### 10.4.9 Feithiclí leictreacha

Mar atá leagtha amach sa Phlean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-Athnuaite[158] tá sprioc ag an Rialtas go mbeidh 10% d'fheithiclí na hÉireann leictreach faoin mbliain 2020. Beidh forbairt an bhonneagair d'fheithiclí a bhfuil breoslaí malartacha acu ina chéim ríthábhachtach chun custaiméirí a spreagadh le roghanna iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a roghnú. Tá an Bord Soláthar Leictreachais freagrach as pointí luchtaithe do charranna leictreacha a chur ar fáil ar fud na hÉireann de réir a chéile. Tá trí phointe luchtaithe sa chathair faoi láthair; ag Faiche na mButaí, ag Halla an Chontae agus ag an nGaráiste Nissan ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. Tá pointe breise beartaithe do Chlós an Mhargaidh.

[158] An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Plean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-Athnuaite, 2010

An Cuspóir
Tacú le sprioc an Rialtais maidir le Feithiclí leictreacha trí sholáthar céimneach an bhonneagair luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a éascú.

## 10.5 Comharthaíocht

Le linn thréimhse an phlean dheireanaigh, ullmhaíodh Scéim Comharthaíochta Treorach agus Míniúcháin chuimsitheach, ar aon dul le moltaí Phlean Limistéir Áitiúil Lár na Cathrach (2005). Dhá ghné atá i gceist léi, comharthaíocht do thrácht feithiclí agus comharthaíocht do choisithe.

Is é aidhm fhoriomlán na Straitéise Comharthaíochta do thrácht feithiclí an trácht a chur i dtreo na bpríomh-charrchlós poiblí agus an trácht reatha a chur i dtreo bealaí ríthábhachtacha agus cinn scríbe sheachtracha ó phointe amach na gcarrchlós sin. Cuireadh comharthaí suas ar imeall na cathrach ar a dtaispeántar faisnéis fíor-ama do thiománaithe faoi na spásanna páirceála atá ar fáil sula sroicheann siad lár na cathrach.

Tá an Scéim Comharthaíochta do Choisithe bunaithe ar choisithe laistigh de limistéar Lár na Cathrach a chur i dtreo na bpríomháiteanna is díol spéise do thurasóirí, na siúlbhealaí taitneamhachta, na bhfoirgneamh poiblí, na bpríomhlimistéar miondíola agus na príomh-charrchlós poiblí.

# 11 Ceanglais maidir le Forbairt Nua

Is é cuspóir an rannáin seo den Phlean cruthú timpeallachtaí ardcháilíochta oibre agus maireachtála a spreagadh trí dhearadh, leagan amach agus trí fheidhm ar ardchaighdeán a chinntiú do gach forbairt faoi na hAchtanna agus na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, gnéithe dearfacha sa timpeallacht thógtha agus nádúrtha a chaomhnú agus cur leo agus taitneamhachtaí a chosaint.

Tabharfaidh na Comhairlí faoi Bhainistíocht Forbartha ar bhealach dearfach, ag féachaint d'fhorálacha na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, agus do phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na Cathrach & Purláin, dá taitneamhachtaí agus do bheartais agus do chuspóirí na gComhairlí.

Tá sé beartaithe go soláthrófar treoir agus cúnamh dóibh siúd atá ag lorg cead forbartha trí thagairt do na caighdeáin sin. Níor chóir glacadh leis áfach, gur ghá go mbronnfaí cead pleanála sa ghnáthchúrsa toisc gur comhlíonadh na caighdeáin a fhaightear anseo, toisc nach bhfuil sna caighdeáin ach ráiteas faoi na prionsabail ghinearálta. Is faoin údarás pleanála ábhartha atá sé cinntí a dhéanamh faoi iarratais ar leith ar fhorbairt, agus cinnfear iad ar bhonn cáis ar chás de réir na gcúinsí an tráth a chuirfear an t-iarratas isteach. Moltar d'fhorbróirí dul i gcomhairle leis an Údarás Pleanála sula n-ullmhófar pleananna mionsonraithe.

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh na cuspóirí beartais éagsúla ag teacht salach ar a chéile, agus sna cásanna sin, déanfar gach saincheist a mheasúnú ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na cathrach agus purláin.

## 11.1 Cruinnithe Réamhphleanála

Soláthraíonn an Chomhairle seirbhís chomhairliúcháin réamhphleanála trína dtugtar deis do na rannpháirtithe dul i mbun plé leis an Údarás Pleanála, roimh dóibh Iarratas pleanála a dhéanamh. Moltar d'iarratasóirí leas a bhaint as an tseirbhís seo go háirithe i gcás tionscadail mhórscála. Mar atá leagtha síos in Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), ní dochar comhairliúcháin den chineál sin a dhéanamh do chomhlíonadh aon fheidhmeanna eile dá cuid ag Comhairle faoin Acht seo nó faoi aon rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo agus ní féidir brath air sa phróiseas foirmiúil réamhphleanála nó in imeachtaí dlíthiúla.

## 11.2 Dearadh Uilíoch

Is é an sainmhíniú atá ar Dhearadh Uilíoch san Acht um Míchumas, 2005 ná timpeallacht a dhearadh agus a leagan amach ionas gur féidir le gach duine, beag beann ar aois, ar mhéid, ar chumas nó ar mhíchumas teacht uirthi agus í a thuiscint agus a úsáid a mhéad is féidir.

Ceanglaíonn an Chomhairle go mbeidh gach forbairt amach anseo a úsáideann an pobal (lena n-áirítear spásanna poiblí, páirceáil, cosáin) inrochtana ag gach duine, beag beann ar aois, ar mhéid, ar chumas nó ar mhíchumas agus go mbeidh siad in ann iad a úsáid. Ní mór riachtanais daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, tuismitheoirí agus cúramóirí agus daoine eile a d'fhéadfadh a bheith faoi lagú sealadach a áireamh sa dearadh. Meastar gur chóir go mbeadh Ráiteas Rochtana ag gabháil le hiarratais ar thionscadail mhórscála (mar atá leagtha amach in Aguisín 6 de *Buildings For Everyone*: *A Universal Design Approach*, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012).

Tá treoir maidir leis na ceanglais rochtana i dtaca le foirgnimh phoiblí agus teaghaisí cónaithe leagtha amach i gCuid M de na Rialacháin Foirgníochta (I.R. Uimh. 179 de 2000) agus i gCuid M de na Rialacháin Foirgníochta 2010 (I.R. Uimh. 513 de 2010) agus in *Buildings for Everyone*: *A Universal Design Approach* (An tÚdarás Náisiúnta Míchumais, 2012), *Sustainable Residential Development in Urban Areas* agus sa doiciméad a ghabhann leis, *Urban Design Manual: A best practice guide* (Féach Caibidil 4 chomh maith).

## 11.3 Dearadh Uirbeach

Bíonn timpeallacht thógtha agus nádúrtha ardcháilíochta ag pobail inbhuanaithe. Is áiteanna iad a mbíonn daoine ag iarraidh cur fúthu agus obair iontu, anois agus amach anseo. Freastalaíonn siad ar riachtanais ilghnéitheacha na gcónaitheoirí reatha agus amach anseo, tá siad ag teacht lena dtimpeallacht agus cuireann siad le hardcháilíocht beatha. Tá siad slán agus uilechuimsitheach, dea-phleanáilte, dea-thógtha agus dea-oibrithe agus cuireann siad comhionannas deiseanna agus seirbhísí maithe ar fáil do chách.

Cinnteoidh Údaráis Áitiúla Chill Chainnigh go ndéanfaidh gach forbairt nua cáilíochtaí uirbeacha na cathrach a shaibhriú, a chiallaíonn freagairt ar leith a spreagadh a chuireann leis an suíomh. Meastar gur bhfuil dearadh ardchaighdeáin riachtanach don phróiseas sin. Tá sé tábhachtach ómós áite ar leith a chruthú, ina gcuirtear stair agus suíomh an láithreáin san áireamh.

Beidh sé mar aidhm ag an gComhairle timpeallachtaí inbhuanaithe, ardchaighdeáin a chruthú – áiteanna mealltacha, beoga agus sábháilte a fheidhmíonn go héifeachtach. Beidh dearadh ailtireachta ardchaighdeáin ag teastáil do gach forbairt nua shuntasach.

I gceantair chónaithe nua, ba cheart tús áite a thabhairt don ómós áite. Cruthaítear é sin tríd an ngaol idir na foirgnimh agus trí spásanna feidhmiúla galánta a chruthú. Éileoidh an tÚdarás Pleanála ardleibhéal taitneamhachta cónaithe atá ar mhaithe le timpeallacht chónaithe ardcháilíochta i bhforbairtí cónaithe nua.

Tabharfar aird ar fhorálacha na dTreoirlínte seo a leanas d'Údaráis Phleanála in iarratais phleanála ar fhorbairt tithíochta nua:

- *Design Manual for Urban Roads and Streets*[159]
- *Sustainable Residential Development in Urban Areas* agus an doiciméad a ghabhann leis, *Urban Design Manual: A best practice guide*
- *Sustainable Urban Housing: Design Standards for New Apartments*
- *Beartas an Rialtais ar Ailtireacht - i dTreo Todhchaí Inbhuanaithe: Ag Seachadadh na Cáilíochta sa Timpeallacht Thógtha*[160]
- Building for Everyone: A Universal Design Approach
- *Quality Housing for Sustainable Communities*[161]

Déanfar forbairtí cónaithe nua a mheasúnú de réir an 12 chritéar dearaidh seo a leanas d'fhorbairtí cónaithe inbhuanaithe.

Is iad an 12 chritéar ná:
- Comhthéacs: Conas a fhreagraíonn an fhorbairt dá timpeallacht?
- Naisc: A fheabhas atá naisc na comharsanachta / an láithreáin
- Uileghabhálacht: A fhurasta atá daoine in ann an fhorbairt a úsáid agus teacht uirthi
- Éagsúlacht: Conas a chuireann an fhorbairt meascán maith gníomhaíochtaí chun cinn?
- Éifeachtúlacht: Conas a bhaintear úsáid chuí as acmhainní san fhorbairt, lena n-áirítear talamh?
- Sainiúlacht: Conas a chruthaíonn na tograí ómós áite?
- Leagan amach: Conas a chruthaíonn an togra sráideanna agus spásanna atá áisiúil do dhaoine?
- An fearann poiblí: Cé chomh sábháilte, slán agus taitneamhach atá na limistéir phoiblí?
- Inoiriúnaitheacht: Conas a bheidh na foirgnimh in ann déileáil le hathruithe?
- Príobháideacht agus Taitneamhacht: Conas a sholáthraíonn na foirgnimh taitneamhacht ardcháilíochta?
- Páirceáil: Conas a bheidh an pháirceáil slán agus mealltach?
- Dearadh Mionsonraithe: An bhfuil an dearadh foirgnimh agus tírdhreacha oibrithe amach go maith?

Beidh Ráiteas Dearaidh atá sainiúil don láithreán ag teastáil i gcás forbairtí mórscála nó forbairtí atá i suíomhanna íogaire. Is é atá i ráiteas dearaidh ná doiciméad gearr a chuireann ar chumas an iarratasóra a mhíniú cén fáth a meastar go gurb ionann réiteach dearaidh ar leith agus an réiteach is feiliúnaí do láithreán ar leith agus léireofar ann conas a cuireadh beartas dearaidh agus ceisteanna inrochtaineachta san áireamh.

### 11.3.1 Dlús

[159] An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, *Design Manual for Urban Roads and Streets, 2013*

[160] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Beartas an Rialtais ar Ailtireacht, i dTreo Todhchaí Inbhuanaithe: Ag Seachadadh na Cáilíochta sa Timpeallacht Thógtha, 2009

[161] An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, *Quality Housing for Sustainable Communities, 2007*

Mar is amhlaidh i gcás an Phlean Forbartha roimhe seo níl sé beartaithe uaschaighdeáin maidir le dlús cónaithe a leagan síos. Leagfar béim ar thimpeallachtaí tithíochta ardcháilíochta a sholáthar atá ar thús cadhnaíochta agus ina bhfuil cur chuige atá bunaithe ar dhearadh. Beidh dearadh agus leagan amach ailtireachta ardchaighdeáin ag teastáil. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála iarracht a chinntiú go mbeidh sainiúlacht agus ómós áite ag baint le forbairtí nua, rudaí a chruthaítear tríd an idirghníomhú idir tréithe agus gnéithe fisiciúla an láithreáin agus timpeallacht an láithreáin agus leagan amach, tírdhreachú agus dearadh na tithíochta nua.

Cinnfear an dlús cónaithe cuí in aon suíomh ar leith de réir na gcúinsí seo a leanas:-

i) A mhéad a leanann an dearadh agus an leagan amach treoir le haghaidh dearadh atá comhtháite agus a mbeidh timpeallacht chónaithe ardcháilíochta mar thoradh air;
ii) Comhlíonadh na gcritéar cáilíochtúil agus cainníochtúil atá leagtha amach (lena n-áirítear an 12 chritéar dearaidh);
ii) A ghaire atá na pointí rochtana ar an ngréasán iompair phoiblí;
iv) A mhéad a fhéadfaidh an láithreán, mar gheall ar mhéid, ar scála agus ar shuíomh an láithreáin, a dhlús agus a shainghné féin a mholadh, agus aird ar an ngá le sainghné agus taitneamhachtaí bunaithe na gceantar cónaithe atá cóngarach dó a chosaint;
v) Gnéithe topagrafacha, tírdhreacha nó gnéithe eile atá ar an láithreán cheana féin, agus;
vi) Cumas an bhonneagair, lena n-áirítear saoráidí sóisialta agus pobail, na héilimh arna gcruthú ag an bhforbairt a ghlacadh chuige féin.

Cuirfear na critéir chéanna i bhfeidhm maidir le tograí forbartha lena mbaineann méadú ar dhlús ar láithreáin tithíochta reatha.

### 11.3.2 Pobail Gheataithe

Is é an toradh a bhíonn ar phobail gheataithe pobail a eisiamh agus a roinnt agus ní chabhraíonn siad chun cathair thréscaoilteach, cheangailte agus nasctha a sholáthar.

Dímholfaidh na Comhairlí forbairtí tithíochta nua a bhfuil pobail gheataithe mar chuid dá bpleananna.

### 11.3.3 Caighdeáin maidir le Stóráil Araidí

Beidh stóras dóthanach le haghaidh trí araid rothaí ag gach aonad cónaithe. I gcás forbairtí cónaithe nach bhfuil rochtain chúil acu, soláthrófar stóras leordhóthanach le haghaidh na n-araidí os comhair na forbartha, in aonaid lánscartha. I scéimeanna árasán, is iondúil go mbeidh stóras araidí ar leibhéal bunurláir na forbartha, agus go mbeidh sé aeráilte go sásúil, ceilte ón bpobal agus in aice leis an gceap a bhfreastalaíonn sé air. Beidh láthair stórála na n-araidí ina dhéanmhas ar leith ón bhfoirgneamh árasán, más cuí.

### 11.3.4 An tAchar Scartha idir Tithe

Ba chóir tríd is tríd achar scartha leordhóthanach (go traidisiúnta thart ar 22m idir teaghaisí 2 stór) a sholáthar idir fuinneoga ar an gcéad urlár atá os comhair a chéile). Breathnófar ar an gcaighdeán sin a mhaolú áfach, sa chás go bhféadfadh fuinneoga os comhair a chéile atá suite go cúramach cosc a chur ar radharc anuas orthu fiú má tá achar cúil le cúl níos lú i gceist. Ní

theastaíonn an leibhéal céanna príobháideachta d'fhuinneoga i hallaí agus i gcinn staighre agus a theastódh do bhalcóiní agus do sheomraí suí, cuir i gcás.

Soláthrófar 2.3 méadar ar a laghad idir taobh-bhallaí teaghaisí scoite, leathscoite agus deireadh sraithe chun príobháideacht agus sorochtaineacht a chinntiú. Ba cheart go bhfaighfí teorainn maoine leathbhealach ar an toise sin.

### 11.3.5 Cóireáil Teorann ar Láithreáin Tí

Déanfar ballaí scéithe 1.8 méadar ar airde atá deartha go cuí a sholáthar i gcás go bhfuil teorainneacha cúil nó cliathánacha na láithreán tí buailte go dlúth le bóithre, bealaí do choisithe nó le spás oscailte poiblí. I gcás ina bhfuil ballaí scéithe coincréite beartaithe beidh siad rindreáilte go cuí agus barrchaidhp curtha orthu ar bhealach inghlactha.

### 11.3.6 Forbairtí Tithíochta agus Torann ó Bhóithre

In 2006, rinne an Rialtas rialacháin a bhaineann le Torann comhshaoil (I.R. 140 de 2006). Sainmhínítear torann comhshaoil sna Rialacháin mar thorann lasmuigh nach bhfuiltear ag iarraidh nó atá díobhálach, a cruthaíodh trí ghníomhaíochtaí an duine, lena n-áirítear torann arna astu ó chóracha iompair, ó thrácht ar bhóithre, ó thrácht iarnróid, ó aerthrácht, agus ó láithreáin ina bhfuil gníomhaíocht tionscail.

Ceanglóidh an Chomhairle (nuair is gá) go n-áireofar in iarratais phleanála ar fhorbairtí amach anseo atá laistigh de chrios tionchair na mbóithre náisiúnta reatha, bearta maolaithe torainn agus/nó measúnacht tionchair torainn chun méadú do-ghlactha ar leibhéil torainn a dhéanann difear do mhaoine atá íogair ó thaobh torainn de a sheachaint. Ba cheart aird a thabhairt ar ionad, ar threo agus ar airde foirgneamh nua, i dteannta a bhfeidhme, a fhad is atá siad ó bhóithre srl. Ba cheart na sonraí iomlána faoi aon bhacainní nó maoláin torainn a sholáthar (lena n-áirítear sonraí faoi chothabháil leanúnach aon bhacainne nó maoláin). Ba cheart d'fhorbróirí na Rialacháin um Thorann Comhshaoil a dtagraítear dóibh thuas a chomhlíonadh.

### 11.3.7 Forbairtí Tithíochta a Ainmniú

Ba cheart comhthéacs áitiúil agus stairiúil an tsuímh a léiriú a mhéad is féidir nuair atá forbairtí cónaithe á n-ainmniú, mar shampla logainmneacha áitiúla a léiríonn an tírdhreach, a ghnéithe, agus stair nó cultúr an cheantair ina bhfuil an fhorbairt lonnaithe. Breithneofar ainmneacha daoine stairiúla a raibh baint acu leis an gceantar chomh maith. Spreagfar ainmneacha Gaeilge. Faomhfaidh an tÚdarás Pleanála ainmneacha na bhforbairtí cónaithe sula seolfar aon fheachtas fógraíochta le haghaidh forbartha, féach Rannán 7.5.1.

## 11.4 Árasáin

Ba cheart go gcuirfeadh dearadh agus leagan amach árasán nua cóiríocht chompordach ar fáil do chineálacha agus do mhéideanna éagsúla teaghlaigh – lena n-áirítear teaghlaigh ina bhfuil leanaí – sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Ba cheart aird a thabhairt ar na Treoirlínte

Rialtais ábhartha, lena n-áirítear *Sustainable Urban Housing: Design Standards for New Apartments*. Ba cheart socrú a dhéanamh do mheascán aonad i ngach scéim árasán; lena soláthrófar aonaid seomra codlata amháin, dhá sheomra codlata agus aonaid teaghlaigh.

Beidh ag gabháil le hiarratas pleanála ar scéim árasán, sceideal mionsonraithe don fhorbairt bheartaithe lena n-áirítear líon iomlán na n-árasán atá beartaithe de réir cineáil, achar urláir na n-árasán, líon na seomraí codlata, achar an spáis oscailte, achar stórála srl. Mura gcuirtear an sceideal seo isteach leis an iarratas pleanála d'fhéadfaí moill a chur leis toisc go n-iarrfar eolas breise.

Beidh sé mar cheanglas i gcoitinne go mbeidh na hachair urláir íosta seo a leanas in árasáin arna dtomhas ó bhalla go balla inmheánach (tá na hachair íosta urláir 10% níos mó ná na cinn atá luaite in *Sustainable Urban Housing: Design Standards for New Apartments*).

| Tábla 11.1 Achair Urláir Íosta d'Árasáin | |
|---|---|
| Cineál árasáin | Achar urláir íosta |
| Seomra Codlata Amháin | 50m cearnach |
| Dhá Sheomra Codlata | 80m cearnach |
| Trí Sheomra Codlata | 99m cearnach |
| Ceithre Sheomra Codlata | 117m cearnach |

Baineann na caighdeáin le haonaid ar urlár amháin; ba cheart go soláthrófaí achar urláir breise in árasáin dhá urláir chun staighrí agus cinn staighrí a sholáthar de réir na Rialachán Foirgníochta (thart ar 10m cearnach). Ba chóir go n-íoslaghdófaí an méid is féidir féachaint anuas ar sheomraí suí, ar chistineacha agus ar sheomraí codlata ó áiteanna cónaithe atá cóngarach dóibh nó tadhlach leo agus ba chóir iad a lonnú ionas nach bhfuil siad os comhair ballaí teorann ná ballaí binne in aice láimhe.

### 11.4.1 Árasáin - Spás oscailte príobháideach agus poiblí

Is féidir spás oscailte príobháideach a sholáthar i bhfoirm gairdíní cúil nó paitiónna i gcás aonaid bunurláir, agus i bhfoirm balcóiní ag na leibhéil uachtaracha. Tá sé tábhachtach sa chás is déanaí a luadh go soláthrófaí spás oscailte coiteann nó leathphríobháideach leordhóthanach freisin mar limistéir thírdhreachaithe. Níl ach acmhainn theoranta ag gairdíní dín maidir leis sin, mar gheall ar thosca aimsire agus sábháilteachta, agus níor chóir go ndéanfaidís suas mórchuid an spáis sin. Ní bhreithneofar gairdíní dín mura bhfuil siad sorochtana, slán agus mura bhfuil tírdhreach mealltach acu. Ba cheart go bhfaigheadh spás oscailte príobháideach ar leibhéal an bhunurláir roinnt solas gréine, ach tá scáthú de chineál éigin ag teastáil freisin chun príobháideacht a chinntiú.

Tá feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir le spás oscailte:

| **Tábla 11.2: Ceanglais maidir le Spás Oscailte d'Árasáin** | |
|---|---|
| **Cineál Árasáin** | Spás oscailte príobháideach íosta |

| | |
|---|---|
| **Seomra codlata amháin** | 10m cearnach |
| **Dhá/trí sheomra codlata** | 15-20m cearnach |
| **Ceithre sheomra codlata** | 20m cearnach |

Caithfidh balcóiní (nó "gairdíní geimhridh" le sciath gloine) a bheith de leithead íosta áirithe ionas go mbeidh siad úsáideach ó thaobh na taitneamhachta, mar shampla spás a bheith iontu do chathaoireacha agus bord beag. Moltar leithead íosta 1.5 méadar d'aonaid aon seomra codlata amháin, agus 1.8 méadar d'árasáin ina bhfuil 2 sheomra codlata nó níos mó, agus ba chóir tríd is tríd go mbeidís den fhad céanna le fad iomlán bhalla seachtrach an tseomra suí. Cé go mb'fhéidir go mbeadh balcóiní níos leithne inmhianaithe i gcásanna áirithe, caithfear é sin a chothromú in aghaidh an ghá le plúchadh an tsolais don seomra suí a sheachaint.

**Tábla 11.3: Achair Íosta Balcóine d'Árasáin**

| **Cineál Árasáin** | Achar Urláir Íosta na Balcóine |
|---|---|
| **Seomra codlata amháin** | 5m cearnach |
| **Dhá sheomra codlata** | 7m cearnach |
| **Trí sheomra codlata** | 9m cearnach |
| **Ceithre sheomra codlata** | 13m cearnach |

D'fhéadfadh dálaí láithreáin, amhail airde foirgneamh a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh nó atá os cionn sráideanna gnóthacha, nó foirgnimh arda, baint de luach taitneamhachta na mbalcóiní. D'fhéadfadh sé nach mbeadh balcóiní feiliúnach i gceantair stairiúla. Sna cásanna sin, is faoin dearthóir a bheidh sé cineál eile taitneamhachta a sholáthar mar chúiteamh le haghaidh na n-áititheoirí. D'fhéadfaí mar shampla, seomraí suí atá níos mó ná gnáthsheomraí suí nó spásanna oscailte coiteanna flaithiúla atá tírdhreachaithe a sholáthar.

Ba cheart go mbeadh an bhalastráid ar na balcóiní sábháilte do leanaí. Is iondúil gur chóir sciatha príobháideachta ingearacha a sholáthar idir balcóiní atá tadhlach le chéile.

### 11.4.2 Solas an lae agus solas na gréine

Déanann méid sholas na gréine a shroicheann árasán difear mór do thaitneamhacht na n-áititheoirí. Is dócha go mbainfí an leas is fearr is féidir as solas na gréine in árasáin déthreoíochta, ach b'fhéidir nach mbeadh an réiteach sin indéanta i gcónaí (m.sh. i gcás aonad ar chúinne). I gcás árasáin aontreoíochta, ba chóir go mbeadh aghaidh na bpríomhsheomraí suí ó dheas nó siar; ba chóir aonaid a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh a sheachaint. Ní mór a bheith an-chúramach nuair atá fuinneoga ar urláir íochtaracha a d'fhéadfadh foirgnimh tadhlach leo a phlúchadh. Ba cheart éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú le treoshuíomh na bhfoirgneamh laistigh den láithreán.

### 11.4.3 Limistéir Stórála agus Saoráidí Pobail

Ba cheart socrú a dhéanamh in árasáin le haghaidh limistéir stórála ghinearálta (anuas ar an íosmhéid a bhaineann le cófraí cistine, troscán seomra codlata agus teophreasanna) do rudaí

móra ar nós bugaí linbh, cáis, trealamh spóirt srl. Mar riail, níor chóir go mbeadh aon seomra stórála amháin laistigh d'árasán ós cionn 3.5m cearnach.

| **Tábla 11.4: Ceanglais maidir le spás stórála íosta d'árasáin** | |
|---|---|
| **Cineál Árasáin** | **Spás Stórála Íosta a Cheanglaítear** |
| **Seomra codlata amháin** | 3m cearnach |
| **Dhá sheomra codlata/ Triúr** | 6m cearnach |
| **Trí sheomra codlata/ Ceathrar** | 8m cearnach |
| **Ceithre Sheomra Codlata** | 9m cearnach |

Ba cheart ardaitheoirí a sholáthar do gach ceap árasán ina bhfuil trí stór nó níos mó. Tá sé riachtanach dhá ardaitheoir a sholáthar i gcás ina bhfuil níos mó ná sé stór san fhoirgneamh agus go bhfreastalaíonn sé ar níos mó ná 60 árasán, i gcás nach mbeadh sé réasúnach a bheith ag súil go ndreapfadh daoine na staighrí dá gclisfeadh ar an ardaitheoir. Ba chóir go mbeifí in ann teacht ar charrchlóis íoslaigh in ardaitheoirí.

## 11.5 Gníomhaíochtaí Geilleagracha atá Bunaithe sa Bhaile

Is é an sainmhíniú atá ar ghníomhaíochtaí atá bunaithe sa bhaile ná gníomhaíochtaí tráchtála mionscála, ar úsáidí tánaisteacha iad ó thaobh úsáid an áitribh mar áit chónaithe. Ceadaítear iad sa chás gurb í príomhúsáid na teaghaise úsáid chónaithe i gcónaí agus sa chás nach gcuirtear isteach ar thaitneamhacht na n-áiteanna cónaithe mórthimpeall orthu. Breithneoidh an t-údarás pleanála, agus iarratais ar úsáidí den chineál sin á mbreithniú aige, na nithe seo a leanas:

- Cineál agus méid na hoibre;
- Na héifeachtaí a bheidh aici ar thaitneamhachtaí na n-áititheoirí in aice láimhe, go háirithe ó thaobh uaireanta oibrithe de, torainn agus cur isteach ginearálta;
- Na leibhéil tráchta a bhfuiltear ag súil go nginfear; agus
- Giniúint, stóráil agus bailiú dramhaíola.

Is iondúil nach mbíonn seirbhísí thar an gcuntair, comharthaíocht gnó, mórchláir fógraíochta, geataí/grílí slándála agus an iomarca soilse slándála oiriúnach i gceantar cónaithe agus beidh siad faoi réir srianta oiriúnacha. D'fhéadfadh an t-údarás áitiúil cead sealadach dhá bhliain/trí bliana a cheadú le haghaidh gníomhaíochtaí atá bunaithe sa bhaile chun monatóireacht leanúnach ar an ngníomhaíocht a éascú. Is iondúil nach gceadófar úsáidí den chineál sin in árasáin, áfach.

## 11.6 Spás Oscailte

### 11.6.1 Spás Oscailte Príobhháideach

Ba cheart spás oscailte príobhháideach leordhóthanach a sholáthar laistigh de chúirtealáiste gach teaghaise. Beidh 60m go dtí 75m cearnach ar a laghad ag teastáil le haghaidh tithe 3/4/5 sheomra codlata chun a chinntiú go mbeidh spás ann don chuid is mó de ghníomhaíochtaí an

teaghlaigh agus ag an am céanna go mbeidh sólás ó thaobh amhairc de ar fáil, go bhfaighfear roinnt gréine agus go spreagfar fás plandaí. Déanfar spás oscailte príobháideach a thomhas ó thaobh thiar den líne foirgníochta chúil.

Ba cheart bacainn bhuan mharthanach a bheidh 1.4 méadar ar airde ar a laghad a sholáthar ag teorainneacha na ngairdíní cúil. I gcás ina bhfuil na gairdíní cúil ag dul siar go dtí limistéir phoiblí, seachas bóthar poiblí, ba cheart an airde sin a mhéadú go dtí 1.8 méadar.

**Tábla 11.5: Ceanglais maidir le Spás Oscailte Príobháideach do thithe**

| **Cineál Aonaid** | **Spás Oscailte Príobháideach Íosta** |
|---|---|
| **Tithe 1/2 sheomra codlata** | **48m cearnach** |
| **Tithe 3 & 4 sheomra codlata** | **60 -75m cearnach** |

### 11.6.2 Spás Oscailte príobháideach

Ceanglóidh an Chomhairle go gcuirfear isteach le gach iarratas pleanála ar fhorbairtí cónaithe ilaonad, plean dearaidh tírdhreacha agus spáis oscailte ardcháilíochta ina mbeidh sonraíochtaí atá ullmhaithe ag gairmithe atá cáilithe go cuí.

Ba cheart d'fhorbróirí smaoineamh ar spásanna oscailte príobháideacha éagsúla a sholáthar idir spásanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Ba cheart limistéir leathnádúrtha a sholáthar amhail bogaigh, coillearnacha, móinéir, conairí glasa chomh maith le gairdíní foirmiúla, agus láithreacha suí. Bíonn éifeacht níos fearr leis na gnéithe sin má bhíonn siad mar chuid de struchtúr maidir le spás oscailte a sholáthar.

Tabharfar aird in iarratais ar na caighdeáin cháilíochtúla atá leagtha amach i Rannán 4.18 de *Sustainable Residential Development in Urban Areas*.

Ní mór na nithe seo a leanas a bhreithniú le linn spás oscailte a dhearadh:

- Ba cheart spás oscailte a bheith ar ardchaighdeán ó thaobh amhairc de ionas go mbeidh sé feidhmiúil agus inrochtana do chách;
- Ba cheart spás oscailte a dhearadh ionas go gcuirtear faireachas éighníomhach ar fáil.
- Níor cheart spásanna oscailte a lonnú ar thaobh ná ar chúl na n-aonad tithíochta.
- Spásanna oscailte ilfheidhmeacha a sholáthar ag suíomhanna a mheastar a bheith oiriúnach trína soláthraítear úsáidí éighníomhacha agus gníomhacha ar aon.
- Féachaint chuige go mbeidh soláthar spáis oscailte comhréirithe go feiliúnach. Ní ghlacfar le conairí cúnga talún míchuí ná aon limistéar nach meastar a bheith oiriúnach mar gheall ar an gcineál áite atá i gceist (.i. é a bheith bog) nó ar an topagrafaíocht (fána)

agus ní chuirfear san áireamh iad nuair a bheidh spás oscailte á ríomh d'fhorbairt bheartaithe.

- Tograí chun an spás oscailte poiblí a dhraenáil agus a thírdhreachú a áireamh
- Ba cheart gnéithe den tírdhreachú crua a shainaithint freisin, amhail pábháil nó limistéir dhuirleogacha srl., a imríonn ról tábhachtach ó thaobh coincheapa spáis oscailte a dhearadh agus a chur i láthair
- Gnéithe nádúrtha reatha a choinneáil (ar chóir iad a chosaint agus a áireamh sa spás oscailte)
- Ba cheart naisc chuí do choisithe agus do rothaithe idir spásanna oscailte a léiriú ar an bplean imleagain láithreáin;
- Ba cheart go mbeadh gach leanbh agus duine óg in ann teacht ar spás súgartha atá achar siúil sábháilte agus réasúnach óna dtithe.
- Ba cheart go mbeifí in ann áiteanna súgartha a shainaithint go soiléir trí chomharthaí súgartha oiriúnacha
- Ba cheart an méid spáis is mó is féidir a theorannú do choisithe i gcóngar na limistéar sin, agus ba cheart trácht a dhíothú nó bearta maolaithe tráchta a chur i bhfeidhm
- Ba cheart lánaí laistigh d'eastáit tithíochta nó lena gceanglaítear eastáit tithíochta a dhearadh ionas gur féidir le coisithe agus le rothaithe gluaiseacht go sábháilte iontu agus ba cheart go mbeifí in ann féachaint anuas orthu agus níor chóir go mbeidís rófhada.

### 11.6.3 Spás Oscailte i bhforbairt cónaithe nua

Ceanglófar ar iarratasóirí socrú a dhéanamh do bhonneagar spóirt agus áineasa a bheidh i gcomhréir leis na riachtanais a bheidh ann de thoradh aon fhorbartha agus le cumas na saoráidí reatha sa limistéar freastal ar na riachtanais láithreacha agus amach anseo.

Ceanglóidh an Chomhairle go soláthrófar 2.4 heicteár de spás oscailte poiblí in aghaidh daonra 1,000 duine ar a laghad. **Ar mhaithe leis an méid sin a ríomh, beidh ceanglais maidir le spás oscailte poiblí bunaithe ar aonaid chónaithe ina bhfuil ráta áitíochta 2.8 duine in aghaidh an aonaid.**

Ní cheadófar laghdú ar an gcaighdeán sin ach amháin i gcúinsí eisceachtúla arna chinneadh ag an údarás áitiúil. I gcás ina maolaítear na caighdeáin ar an gcaoi sin, níor chóir go mbeadh an spás oscailte poiblí a sholáthraítear laistigh de scéim ar bith níos lú ná 10% d'achar an láithreáin.

Beidh measúnacht ar riachtanais áineasa ag teastáil d'iarratais phleanála cónaithe ina bhfuil breis agus 200 aonad. Ba cheart go mbeadh soláthar áineasa mar ghné bhunúsach de thograí forbartha. Cuirfidh an Chomhairle na caighdeáin atá leagtha amach i dTábla 11.6 i bhfeidhm mar cheanglas íosta maidir le soláthar ar an láithreán mar chuid d'fhorbairt cónaithe nó maidir le soláthar lasmuigh den láithreán. Ar mhaithe le riachtanais straitéiseacha a chomhlíonadh, féadfaidh an Chomhairle na riachtanais atá ag forbairtí ar leith agus ag forbairtí atá measartha beag a thiomsú chun saoráidí agus taitneamhachtaí straitéiseacha ag barr an ordlathais a sholáthar. Féadfar ranníocaíochtaí forbróra a lorg freisin agus úsáid a bhaint astu chun saoráidí atá ann cheana in aice láimhe a fheabhsú.

I limistéir ina bhfuil forbairt nua beartaithe agus ina mbeidh nó ina bhfuiltear ag súil go mbeidh tionchar carnach na dtithe nua a fhorbrófar os cionn líon na forbartha tithíochta atá sonraithe i dTábla 11.6, ceanglófar ar fhorbróirí ranníocaíocht airgeadais nó tailte a sholáthar i leith saoráidí áineasa nó spóirt a fhorbairt a fhorbrófar le freastal ar riachtanais a gcuid forbartha i gcomhar le riachtanais thuartha forbairtí eile in aice láimhe. I gcásanna ina bhfuil nó ina bhfuiltear ag súil go mbeidh tailte a fháil san áireamh sonrófar an ceanglas sin.

Sa chás nach mbeadh soláthar ar an láithreán oiriúnach, gearrfaidh an Chomhairle Contae suim airgid ar gach aonad tithíochta in ionad spás oscailte poiblí/saoráidí áineasa a sholáthar.

| **Tábla 11.6: Tairseacha maidir le Forbairt Taitneamhachta** | |
|---|---|
| **Acmhainn an Láithreáin Líon na dTeaghaisí** | **Íoslíon agus cineál saoráidí fóillíochta a cheanglaítear** |
| <25 | Ní mór 0.25 heicteár ar a laghad a sholáthar. |
| 25 nó níos mó | Spás oscailte 2.4 heicteár in aghaidh gach 1,000 duine<br>(ní mór 0.25 heicteár ar a laghad a sholáthar) |
| 100 – 199 | Spás oscailte poiblí ina mbeidh spás Comharsanachta inar féidir Súgradh ar áireamh |
| 200 – 499 | Spás oscailte poiblí trealmhaithe a mbeidh na nithe seo a leanas ar áireamh ann:<br>Páirc spóirt féir lánmhéide amháin;<br>Spás áitiúil amháin ar féidir súgradh air; agus<br>Láthair cluichí cúirte ilúsáidí amháin ina bhfuil gluaiseacht chumainn/chlub Pobail i gceist. |
| 500 – 599 | Beidh ar áireamh sa spás poiblí:<br>Páirc spóirt féir lánmhéide amháin;<br>Áit súgartha ceantair amháin nó spás áitiúil amháin inar féidir súgradh agus spás comharsanachta breise inar féidir súgradh;<br>Láthair cluichí cúirte ilúsáidí amháin; agus<br>Dhá chúirt leadóige / chúirt chispheile srl. |
| 600 + | Spás oscailte poiblí trealmhaithe a mbeidh na nithe seo a leanas ar áireamh ann:<br>Dhá pháirc spóirt féir lánmhéide;<br>Áit súgartha ceantair amháin nó spás áitiúil amháin inar féidir súgradh agus spásanna comharsanachta breise inar féidir súgradh;<br>Láthair cluichí cúirte ilúsáidí amháin; agus dhá chúirt leadóige/chúirt chispheile srl. |
| 1,000+ | Foirgneamh pobail/fóillíochta amháin ina bhfuil cúirt bhadmantain/chispheile lánmhéide a bhfuil gluaiseacht chumainn/chlub laistigh de.<br>Spás oscailte poiblí trealmhaithe a mbeidh na nithe seo a leanas ar áireamh ann: |

| | |
|---|---|
| | Dhá pháirc spóirt féir lánmhéide;<br>Áit súgartha ceantair amháin nó spás áitiúil amháin inar féidir súgradh agus spásanna comharsanachta breise inar féidir súgradh;<br>Láthair cluichí cúirte ilúsáidí amháin; agus dhá chúirt leadóige/chúirt chispheile srl. |

I gcás ina bhfuil forbairt bheartaithe gar do láthair pháirce bhunaithe nó do spás oscailte criosaithe, féadfar an ceanglas maidir le spás oscailte a mhaolú ag brath ar chineál agus ar cháilíocht an tsoláthair reatha. Féadfar ranníocaíocht airgeadais a éileamh, áfach, i leith an tsaoráid atá ann cheana a fheabhsú le freastal ar éileamh breise.

Ceanglófar ar fhorbróirí socrú feiliúnach a dhéanamh maidir le bainistiú agus cothabháil amach anseo spáis oscailte a cheanglaítear faoin mbeartas seo sa chás nach bhfuil na spásanna agus saoráidí glactha faoi chúram an Údaráis Áitiúil.

#### *11.6.3.1 Spás súgartha*

Tá caighdeán 10m cearnach ar a laghad de spás tiomnaithe inar féidir súgradh in aghaidh an aonaid chónaithe le soláthar mar bhunchuid den spás oscailte a cheanglaítear do gach aon fhorbairt nua. Is féidir leis an spás oscailte seo inar féidir súgradh a bheith mar chuid den soláthar spáis oscailte foriomlán de chuid forbartha ach caithfidh sé a bheith curtha in áirithe do shúgradh.

Tá an spás súgartha seo le dáileadh ar fud na forbartha agus ba cheart soláthar nó easpa soláthair lasmuigh den láithreán a chur san áireamh ann. Ba cheart an ceanglas spáis iomlán a mhiondealú sna tíopeolaíochtaí ábhartha agus na hachair siúil uasta ó aonaid chónaithe a thugtar síos á gcur san áireamh.

| **Cineál Spáis Súgartha** | **Achar siúil íosta ón aonad cónaithe** |
|---|---|
| Spás Leac an Dorais inar féidir Súgradh | 100m |
| Spás Áitiúil inar féidir Súgradh | 400m |
| Spás Comharsanachta inar féidir Súgradh | 800m |
| Spás don Ógra | 800m |

Is féidir <u>spás leac an dorais inar féidir súgradh</u> atá feiliúnach do leanaí óga a áireamh i limistéir níos lú, fad agus a bheidh limistéir níos mó ag teastáil do na spásanna súgartha eile. Ba cheart spás leac an dorais inar féidir súgradh a bheith leagtha amach chun meascán de threalamh buan, mar shampla luascairí, luascáin chliabháin, roithleagáin ró, sleamhnáin agus ilaonaid shóisearacha a áireamh i dteannta gainimh, uisce agus ábhair eile do shúgradh cruthaitheach.

Ba cheart a bheith ar áireamh sa spás áitiúil inar féidir súgradh meascán de luascáin, luascairí, roithleagáin ró, ilaonaid, líonta dreapadóireachta agus bíomaí agus trealamh buan eile atá feiliúnach do leanaí atá suas le 12 bhliain d'aois i dteannta gainimh, uisce agus ábhair eile do shúgradh cruthaitheach.

Ba cheart go mbeadh spás comharsanachta inar féidir súgradh ag cur leis an spás áitiúil agus le spás leac an dorais inar féidir súgradh le raon níos leithne de threalamh súgartha agus raon deiseanna súgartha trína soláthraítear timpeallacht súgartha spreagúil, dhúshlánach.

Ba cheart a áireamh i spás don ógra tograí mionsonraithe le freastal ar riachtanais áineasa daoine óga os cionn 12 bhliain d'aois i gceantar. Ba cheart an leibhéal reatha soláthair sa cheantar máguaird a chur in áirithe in aon sraith tograí agus déanfar iarracht dul i ngleic le heasnaimh láithreacha.

Ba cheart láithreacha cluichí/áineasa do dhaoine fásta agus do dhaoine breacaosta, idir chinn foirmiúla agus chinn neamhfhoirmiúla, a bheith mar chuid de scéimeanna freisin (m.sh. Spáis Tonála).

## 11.7 Scála na Forbartha

### 11.7.1 Cóimheas Lota

Is é atá i gcóimheas lota ná an gaol idir achar an láithreáin agus achar urláir iomlán na bhfoirgneamh a tógadh air. Ríomhtar an cóimheas lota trí oll-achar urláir an fhoirgnimh a roinnt ar achar an láithreáin.

*Cóimheas Lota = Oll-Achar Urláir arna roinnt ar oll-achar an láithreáin.*

Is é an cuspóir atá ag cóimheas lota ná na drochthionchar a bhíonn ag rófhorbairt agus tearcfhorbairt ar thaitneamhacht agus ar leagan amach foirgneamh a chosc, chun mórdhlúthú agus airde inmhianaithe foirgneamh a bhaint amach, chun acmhainn an láithreáin agus éadanas sráide a chothromú. Moltar cóimheas lota uasta 2.0 a leagan amach do lár na cathrach agus 1.0 do gach limistéar eile. Ní cheadóidh an tÚdarás Pleanála cóimheasa lota níos airde ach i gcásanna ina mbaintear amach caighdeáin eisceachtúla dearaidh.

### 11.7.2 Clúdach Láithreáin

Is é an cuspóir atá ag rialú ar chlúdach láithreáin ná rófhorbairt a chosc, plúchadh a sheachaint agus cearta ar sholas na maoine in aice láimhe a chosaint. Is é an gnáthchlúdach láithreáin uasta le haghaidh úsáidí i ngach limistéar ná 65%. I lár na cathrach, is féidir méadú ar chlúdach láithreáin suas le 85% nó suas leis an gclúdach láithreáin reatha a cheadú. I gcásanna áirithe, féadfar céatadán níos airde a cheadú, faoi réir phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an láithreáin.

*Clúdach láithreáin = Achar an Bhunurláir arna roinnt ar oll-achar an láithreáin.*

### 11.7.3 Árasáin Teaghlaigh

Tagraíonn árasán 'teaghlaigh' d'fhoroinnt aonaid teaghaise aonair nó do shíneadh léi chun cóiríocht a chur ar fáil do dhuine den neasteaghlach, agus glactar leis go hiondúil, ar an gcoinníoll nach aonad scoite ar leith é, agus gur féidir rochtain dhíreach a sholáthar ar an gcuid eile den teach uaidh. Ní dhéanfar aon fhoroinnt bhuan ar an ngairdín. Ní dhéanfar an t-árasán a ligean ar cíos ná a dhíol, seachas mar chuid den mhaoin fhoriomlán, agus beidh sé ar ais mar chuid den teach bunaidh nuair nach mbeidh duine den teaghlach á áitiú a thuilleadh. Ba cheart a chinntiú leis an dearadh go bhfuil an t-árasán ina bhunchuid den phríomhaonad teaghaise a bheifear in ann a chomhtháthú arís lena úsáid ag teaghlach amháin.

Is é an príomhcheanglas maidir le síneadh árasán teaghlaigh ar bith atá beartaithe nach mbeidh sé níos mó ná 50% d'achar urláir na príomhtheaghaise tríd is tríd. I gcás árasán teaghlaigh dhá stór, is gnách go mbeidh dorais ceangail inmheánach ag teastáil ag an dá leibhéal. Is iondúil nach gceadófar doirse seachtracha ach ar thaobh agus ar chúl an tí, agus glacfar leis nár cheart doras tosaigh neamhspleách a bheith ann. Ní bheifear in ann é a rochtain ach ó dhoras inmheánach nó ó thaobhdhoirsí atá ceilte go maith ar aghaidh na teaghaise nó ó dhoras ar aghaidh na teaghaise laistigh de phóirse atá comhroinnte leis an doras tosaigh atá ann cheana. Ba cheart aird a thabhairt sa dearadh ar an ngá le solas agus ar phríobháideacht na maoine tadhlach leis. Ba cheart foirm agus dearadh an fhoirgnimh atá ann cheana a leanúint agus ba cheart go mbeadh an síneadh comhtháite go hiomlán leis an bhfoirgneamh atá ann cheana trí na mionghnéithe, comhréireanna fuinneoige, ábhair agus bailchríocha céanna a úsáid.

### 11.7.4 Síntí le Foirgnimh Thís

Is é an príomhcheanglas maidir le síneadh beartaithe ar bith le foirgneamh tís go dtabharfar aird sa dearadh ar an ngá le solas agus le príobháideacht na maoine tadhlach leis. Ba cheart foirm agus dearadh an fhoirgnimh atá ann cheana a leanúint agus ba cheart go mbeadh an síneadh comhtháite go hiomlán leis an bhfoirgneamh atá ann cheana trí na mionghnéithe agus comhréireanna fuinneoige céanna a úsáid. I gcás ina bhfuil teaghais reatha á hathmhúnlú agus síneadh á chur léi, breithneofar an síneadh beartaithe ar a thuillteanas féin. Spreagfar dearadh agus ábhair nua-aimseartha ardchaighdeáin sa chás seo.

### 11.7.5 Páirceáil i nGairdíní Tosaigh

Nuair a bhaintear ballaí agus ráillí na ngairdíní tosaigh, is é an tionchar carnach go ndéantar dochar do shainghné agus do dhreach na sráideanna agus na mbóithre fo-uirbeacha, go gcuirtear le laghdú foriomlán ar na dromchlaí tréscaoilteacha atá ríthábhachtach maidir le faoiseamh tuile, agus go laghdaítear leibhéal na páirceála sráide coitinne toisc go bhfuil roinnt bealaí rochtana d'fheithiclí á dtabhairt isteach. Ní mór tograí le haghaidh páirceáil eas-sráide a chothromú in aghaidh an méid taitneamhachta agus páirceála coitinne a chaillfí dá bhrí sin. Is iondúil nach gceadófar ballaí agus ráillí na ngairdíní tosaigh a bhaint i gcás go n-imreofaí tionchar diúltach ar shainghné na sráid-dreach (m.sh. i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta agus i limistéir eile a bhfuil sainghné ailtireachta agus stairiúil acu) nó i gcás go ndéanfaí leibhéal na páirceála coitinne a laghdú ionas nach bhféadfaí glacadh léi dá bharr.

Má tá spás tiomána isteach ceadaithe ba cheart na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:
- Níor cheart go mbeadh geataí ann a osclaíonn amach;
- Ba cheart bealach isteach d'fheithiclí nach leithne an bealach ná 3m a bheith ann;
- Ba cheart bealach isteach d'fheithiclí nach leithne an bealach ná 50% de leithead na teorann tosaigh a bheith ann;
- Ba cheart láthair talún daingne a bheith ann (spás páirceála 2.5m x 5m);
- Ba cheart iarmhar an spáis a thírdhreachú go cuí;
- Ba cheart geataí, ballaí/claíocha agus ráillí a dheisiú.

### 11.7.6 Aonaid Chónaithe atá ann Cheana a Fhoroinnt

Breithneofar iarratais chun aonaid chónaithe atá ann cheana a fhoroinnt nó chun an úsáid a bhaintear astu a athrú ar a dtuillteanas. Beidh dearadh na bhforbairtí ag teacht leis an leagan amach nó sráid-dreach reatha agus ní chuirfidh sé isteach ar thaitneamhacht chónaithe ná ar thaitneamhachtaí eile an cheantair agus soláthróidh sé taitneamhacht chónaithe de cháilíocht chuí do na haonaid ar fad atá beartaithe.

Ag féachaint don éileamh ar aonaid seomra codlata amháin sa chathair, féadfaidh an tÚdarás Pleanála, i gcúinsí eisceachtúla, tograí a bhreithniú chun foirgnimh a fhoroinnt ina n-aonaid seomra codlata amháin ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin seo a leanas:

- Déantar an fhorbairt ar fad a chothabháil agus a bhainistiú faoi aon úinéireacht amháin. Ní dhéanfar aon aonad a dhíol ná a bhainistiú leis féin.
- Tá saoráidí coiteanna, lena n-áirítear spás oscailte, páirceáil, stóras do rothair, stóras dramhaíola srl. i suíomh áisiúil do na cónaitheoirí.

### 11.7.7 Rialú ar Airde Foirgnimh

Déanfar machnamh ar na pointí seo a leanas agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarratas ar fhoirgnimh arda agus ar dhéanmhais arda eile:
- An bhfuil an foirgneamh ag plúchadh an tsolais agus an tionchar a bheadh aige sin ar mhaoin mórthimpeall air
- An féidir féachaint anuas ón bhfoirgneamh (go háirithe ar mhaoin chónaithe) agus an tionchar a bheadh aige sin ar phríobháideacht na n-áitreabh mórthimpeall air
- Cur isteach ar scála an tsráid-dreacha
- An mbaineann sé ó fhoirgnimh nó ó spásanna stairiúla nó ó shainchomharthaí tíre tábhachtacha?
- An éifeacht ar fhoirgnimh atá ann cheana a bhfuil tábhacht speisialta leo (mar shampla, spuaic, cruinneachán, túr, nó foirgneamh ard eile)
- Radhairc atá ceilte
- Cur isteach ar an spéirlíne
- Scála an fhoirgnimh maidir lena spásanna oscailte agus foirgnimh
- An bhfuil an láithreán mór go leor chun athrú ó thaobh amhairc de a sholáthar
- Feidhm nó tábhacht phoiblí an fhoirgnimh
- An éifeacht ar ar an miocraeráid

- An gá le dearadh uirbeach dearfach a chruthú
- Déan anailís ar an tionchar ar fud na cathrach agus ar scála áitiúil

I gcás, i dtuairim an Údaráis Phleanála, go bhfuil suíomh le haghaidh foirgneamh ard inghlactha, ba cheart go mbeadh an foirgneamh é féin ar chaighdeán den scoth ó thaobh na hailtireachta de, lena chruthaítear foirgneamh atá galánta, comhaimseartha, snasta, agus i dtéarmaí foirme agus próifíle, a fheabhsaíonn an spéirlíne atá ann cheana.

### 11.7.8 Línte Foirgníochta

Is iondúil go bhféachfaidh an tÚdarás Pleanála lena chinntiú nach ndéanfar aon fhorbairt os comhair línte foirgníochta bunaithe. Is é an aidhm a bheidh ann trí chéile ná líne foirgníochta leanúnach a chruthú ar imeall sráide. Spreagfar línte comhsheasmhacha freisin maidir le dearadh ionaid chomharsanachta agus i bhforbairtí páirce gnó/tionscail nua, ina mbeidh gaol soiléir idir na foirgnimh. I limistéir chomhthógtha, ní cheadófar forbairt a chuirfeadh isteach ar líne foirgníochta atá ann cheana agus a dhéanfadh dochar do thaitneamhacht chónaithe, nó d'fhorbairt ordúil.

Is féidir línte foirgníochta a mhaolú sna cásanna seo a leanas:

- chun gnéithe ríthábhachtacha de chuid an tírdhreacha a áireamh i leagan amach na forbartha,
- chun foirgnimh ríthábhachtacha shuntasacha a áireamh,
- i gcás dearaí nuálacha ar féidir leo an tírdhreach a fheabhsú,
- i gcás leaganacha amach tithíochta nuálacha, ina bhfuil an slánachar traidisiúnta ón gcosán poiblí solúbtha mar gheall ar dhearaí nua, agus béim níos lú ar an íosmhéid spáis atá riachtanach os comhair teaghaisí,
- chun limistéir thábhachtacha spáis oscailte phoiblí a sholáthar, .i. cearnóga.

Anuas ar na ceanglais thuas, ceanglófar ar fhorbróirí saoráidí luchtaithe agus cúrsaíochta a sholáthar agus a chothabháil a bheidh leordhóthanach le freastal ar an éileamh is dócha a bheidh ar gach aon cheann de na forbairtí sin.

### 11.7.9 Forbairt Inlíonta

Ní mór aird nach beag a thabhairt i scéimeanna athchóirithe agus forbartha inlíonta laistigh den chathair ar an scála agus ar an méid ceapaí áitiúil agus ar cheanglais aon Limistéir Caomhantais Ailtireachta a bhfuil an láithreán laistigh de. Beidh sé riachtanach i bhforbairt inlíonta agus talamh chúil sa Chathair níos leithne agus sna bruachbhailte aird ar leith a thabhairt ar shainghné áitiúil an limistéir i dtéarmaí na gceap, na gceapach agus na bhfoirgneamh. Ní bhreithneofar forbairt ach amháin:

- Mura mbainfidh sí ó shainghné an limistéir,
- Mura ndéanfaidh sí damáiste do thaitneamhachtaí cónaithe an limistéir,
- Mura ndéanfaidh sí dochar do phleanáil agus forbairt chuí an limistéir.

## 11.8 Forbairt Chéimnithe

Déanfaidh an Chomhairle iarracht cur chuige céimnithe a chur i bhfeidhm i leith forbairtí tithíochta móra. Léireofar céimniú na scéime in iarratais ar fhorbairt cónaithe. Cinnteofar le tograí céimnithe go mbeidh spás oscailte agus bonneagar a bheidh ag teastáil ó theaghaisí i gcéim áirithe m.sh. soilsiú poiblí, cosáin, tugtha chun críche chun sástacht na gComhairlí sula gcuirfear tús leis an gcéad chéim eile. Ní mór gach céim a bheith críochnaithe ina hiomláine (lena n-áirítear bonneagar, spás oscailte poiblí srl.) sula gcuirfear tús leis an gcéad chéim eile.

## 11.9 Caighdeáin Foirgníochta

Beidh caighdeáin maidir le hoibreacha forbartha láithreáin, agus go háirithe cosáin, séaraigh, draenacha agus soláthar uisce de réir na Rialachán Foirgníochta agus *Recommendations for Site Development Works for Housing Areas* (1998), a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil.

Ceanglóidh an tÚdarás Pleanála de ghnáth go mbeidh na sreanga agus na cáblaí ar fad a bhfuil gá leo chun seirbhísí fóntais poiblí a sholáthar duchtaithe faoi thalamh chun taitneamhacht agus sainghné amhairc an cheantair a chaomhnú agus ar mhaithe le sábháilteacht phoiblí.

## 11.10 Na Rialacháin Foirgníochta

Caithfidh gach teaghais nua a bheith de réir na Rialachán Foirgníochta. Tá na Rialacháin Pleanála agus Foirgníochta neamhspleách ar a chéile agus fágann sé sin nach gá go mbeadh na Rialacháin Foirgníochta á gcomhlíonadh ag aon déanmhas beartaithe toisc gur bronnadh cead pleanála dó. Tá sé tábhachtach go mbeadh réamhphleanáil aon déanmhais nua de réir threoracha na Rialachán Foirgníochta agus go mbeadh sí bunaithe orthu, toisc go bhféadfaí cur as go mór d'aon chead pleanála a bronnadh dá ndéanfaí iarracht na Rialacháin Foirgníochta a chur i bhfeidhm níos déanaí.

## 11.11 Aghaidheanna siopaí

Tá aghaidheanna siopaí ar na gnéithe is tábhachtaí ó thaobh sainghné, cáilíocht agus íomhá sráideanna miondíola i lár na cathrach a chinneadh. Is é beartas an Údaráis Phleanála an méid seo a leanas a dhéanamh d'fhonn sainghné ar leith Chathair Chill Chainnigh a chaomhnú:

- Spreagadh a thabhairt chun go gcoimeádfar aghaidheanna siopaí bunaidh.
- Aischur aghaidheanna siopaí traidisiúnta a spreagadh i gcás inar cuireadh droch-chinn ina n-ionad.
- Dearadh nua-aimseartha agus ábhair ardcháilíochta a chur chun cinn i gcás ina bhfuil aghaidheanna siopaí nua ar fhoirgnimh nua nó nua-aimseartha á mbeartú. Sa chás nach bhfuil aon fhiúntas speisialta sna haghaidheanna siopaí atá ann cheana, tá sé inghlactha go gcuirfí dearadh comhaimseartha ina n-ionad, agus má láimhseáiltear go tuisceanach iad is féidir leo cur go mór leis an gcuma atá ar an tsráid.
- Úsáid as ábhair nádúrtha ardcháilíochta a spreagadh maidir le dearadh aghaidh siopa.

Ní gá go mbeadh cead ag formáidí nua-aimseartha 'iolbhrainsí' atá tar éis glacadh le híomhá chorparáideach úsáid a bhaint as a ndearadh aghaidh siopa caighdeánaithe, a ndathanna agus a

n-ábhair chorparáideacha. Ba cheart na cuideachtaí sin a spreagadh chun a chinntiú go gcuirtear sainghné na sráide agus an cheantair áitiúil san áireamh ina n-éadan ar leith. Ní cheadófar doirsí sráide ina bhfuil rochtain leithleach ar na hurláir uachtaracha a bhaint mura soláthraítear rochtain leithleach mhalartach.

### 11.11.1 Comharthaíocht Éadain

Mar phrionsabal ginearálta, ba chóir go mbeadh comharthaí éadain simplí ó thaobh dearaidh agus níor chóir go mbeidís iomarcach ó thaobh méide ná soilsithe. Cuirfear na treoirlínte bunúsacha seo a leanas i bhfeidhm nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála ar chomharthaíocht éadain i limistéir chaomhantais ailtireachta na cathrach (úsáidtear an téarma 'aghaidh siopa' le tagairt do gach aghaidh bunurláir tráchtála lena n-áirítear bialanna, tithe tábhairne srl.):

- Spreagfar éadain adhmaid péinteáilte de láimh in aghaidheanna siopaí traidisiúnta atá ann cheana.
- Ní cheadófar éadain phlaisteacha in aghaidheanna siopaí nua ná i gcinn atá ann cheana.
- Ní cheadófar éadain bhosca atá soilsithe go hinmheánach.
- Ceadófar ábhair nádúrtha (m.sh. adhmad, miotal srl.). Ní cheadófar ábhair de dhéantús an duine (m.sh. plaisteach, pvc neamhphlaistithe srl.).
- Is iondúil nach mbeidh sé inghlactha éadain ainmchláir a nascann dhá fhoirgneamh nó níos mó ná sin a thógáil.

### 11.11.2 Comhlaí Slándála

Má shuiteáiltear comhlaí slándála ar aghaidh sheachtrach foirgnimh, is féidir dochar a dhéanamh do shainghné na sráideanna siopadóireachta san oíche agus baint ó thaitneamhacht amhairc na cathrach ar an gcaoi sin. Dímholfaidh an tÚdarás Pleanála úsáid comhlaí den chineál sin.

Má tá riachtanais slándála i gceist, b'fhearr roghanna eile ar chomhlaí rollóra a úsáid, mar shampla grílí oscailte indíghléasta. Is féidir dearadh mealltach a bheith ag grílí indíghléasta agus is féidir leo sainghné na haghaidhe siopa agus na sráide a fheabhsú.

Bheadh cead pleanála ag teastáil chun chomhla shlándála agus an scáthú lena mbaineann a chur suas. I gcás ina meastar go bhfuil comhlaí slándála riachtanach mar gheall ar an gcineál gnó atá á dhéanamh nó ar an gcineál earraí atá á stóráil, féadfaidh an tÚdarás Pleanála iad a cheadú i gcúinsí eisceachtúla ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na critéir seo a leanas:

- Ní mór go mbeidh siad ina ngrílí oscailte (seachas grílí pollta nó soladacha)
- Caithfidh an dath a bheith ag teacht le scéim dathanna na haghaidhe siopa.
- Caithfidh siad a bheith lonnaithe taobh thiar den taispeántas fuinneoige, i dteannta na cásála lena mbaineann, más féidir.

### 11.11.3 Scáthláin agus Dallóga

Tá cead pleanála ag teastáil chun scáthláin a chur suas. Breithneofar gach iarratas pleanála bunaithe ar an ngá leis an scáthlán agus ar an bhfeidhm atá aici. Beidh na sonraí iomlána faoin

déanmhas scáthláin ag teastáil ag céim an iarratais phleanála, .i. na hábhair atá beartaithe, méid an scáthláin (oscailte agus dúnta), suíomh an bhosca chaoich agus dearadh na géige. Cuirfear na treoirlínte bunúsacha seo a leanas i bhfeidhm nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála ar scáthláin agus ar dhíonbhrait i limistéir chaomhantais ailtireachta na cathrach:

- Is iondúil go roghnófar scáthláin a bhfuil dearadh agus ábhair thraidisiúnta acu, .i. scáthlán canbháis, géaga d'iarann saoirsithe, bosca caoch adhmaid srl.
- Ní cheadófar ábhar plaisteach agus/nó pvc neamhphlaistithe a úsáid. Ní cheadófar scáthláin Ollannacha ná cuartha.
- Ní úsáidfear scáthláin agus díonbhrait chun críocha fógraíochta seachas d'ainm na n-áitreabh.
- Beidh scáthláin suite ionas nach gclúdófar aon ghnéithe ailtireachta ar leith amhail éadain nó piléir balla. Ní cheadófar iad áit a mbainfidís ó shainghné na haghaidhe siopa nó ó shainghné foirgneamh is díol spéise ó thaobh na hailtireachta de.

Bhíodh dallóga mar chuid d'éadan na haghaidhe siopa go traidisiúnta agus bhídís deartha le haistarraingt iontu nuair nach raibh gá leo. Is é seo an bealach is fearr fós le dallóg a láimhseáil nuair atá ceann ag teastáil.

### 11.11.4 Soilsiú

Ní cheadófar éadain nó comharthaí bosca starracha atá soilsithe go hinmheánach. D'fhéadfadh soilsiú feadánach nó tuilsoilsiú ceilte agus spotsoilse a bheith ina rogha inghlactha eile. Roghnófar soilsiú inmheánach shiopa na fuinneoga in ionad shoilsiú seachtrach an fhoirgnimh nó na haghaidhe siopa.

Dímholfar suiteáil soilse ar an taobh amuigh den fhoirgneamh chun aghaidh iomlán an fhoirgnimh a shoilsiú toisc go mbeadh foirgnimh in iomaíocht le chéile dá bharr, rud a bhainfeadh ó shainghné na sráide.

## 11.12 Comharthaíocht agus Fógraíocht

Is é an prionsabal sáraitheach ná tranglam amhairc a sheachaint agus cáilíocht shainghné tráchtála na cathrach a fheabhsú. D'fhéadfadh comharthaí fógraíochta, leo féin nó go háirithe i ngrúpaí, tionchar dearfach nó diúltach a bheith acu ar shainghné foirgnimh, sráide nó limistéir ag brath ar dhearadh, ar mhéid agus ar shuíomh na gcomharthaí.

Tá comhairle agus treoir maidir le comharthaíocht ar bhóithre náisiúnta a bhaineann le mórghnéithe turasóireachta agus fóillíochta leagtha amach sa doiciméad de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta *Policy on the Provision of Tourist & Leisure Signage on National Roads*[162].

**An Cuspóir**

[162] An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, *Policy on the Provision of Tourist & Leisure Signage on National Roads*, 2011

Srian a chur le déanmhais fógraíochta nach bhfuil riachtanach, nó le haon déanmhas fógraíochta a dhéanfadh díobháil do thaitneamhacht, don timpeallacht thógtha nó do shábháilteacht ar bhóithre.

Is é beartas an Údaráis Phleanála é gach comhartha fógraíochta a rialú go dian maidir lena gcuid suímh, dearaidh, ábhar agus feidhme. Cuirfear na treoirlínte bunúsacha seo a leanas i bhfeidhm nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála ar chomharthaí agus ar dhéanmhais fógraíochta:

- Ba cheart comharthaí ar leith a bheith deartha le haghaidh an fhoirgnimh ar a dtaispeánfar é. D'fhéadfadh comhartha saindeartha a bheith ina phíosa ealaíne as féin má tá sé deartha go cúramach agus déanta d'ábhair nádúrtha ardcháilíochta. Beidh comharthaí ag teacht leis an bhfoirgneamh agus lena thimpeallacht ó thaobh dearaidh agus datha de.
- Dímholfar comharthaí meirge plaisteacha/vinile. Cuirfear srian le líon agus le méid na gcomharthaí, na meirgí agus na gcrann brataí starracha chun tranglam a chosc.
- Spreagfar ábhair nádúrtha ardcháilíochta (m.sh. adhmad, miotal srl.). Ní cheadófar ábhair de dhéantús an duine (m.sh. plaisteach, pvc neamhphlaistithe srl.) i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta. Beidh cosc ar neon, ar phlaisteach, ar PVC, ar Splancadh peirspéacs, agus ar chomharthaí frithchaiteacha nó gealgra a úsáid ar an taobh amuigh d'fhoirgnimh. Spreagfar comharthaí péinteáilte traidisiúnta agus comharthaí crochta d'iarann saoirsithe.
- Is cineál comharthaíochta nach bhfuil inmhianaithe í comharthaíocht teagmhála, a chuirtear díreach ar ghloine shiopa na fuinneoige, toisc go gcruthaíonn sé bac ó thaobh amhairc de idir urlár an tsiopa agus an tsráid. Dímholfar é sin gó gníomhach.
- Ní chuirfear gnéithe ná sonraí ailtireachta i bhfolach taobh thiar de chomharthaí. Ní cheadófar comharthaí os cionn sceimhleacha nó leibhéil uchtbhalla ná comharthaí a fheitheann os cionn líne dín na bhfoirgneamh.
- Ní cheadófar comharthaí i gcás ina gcuireann siad isteach ar shábháilteacht na gcoisithe, ar shábháilteacht agus ar shreabhadh saor an tráchta nó má chuireann siad comharthaí bóthair i bhfolach. Roghnófar comharthaí atá ceangailte le foirgnimh seachas cinn ar mhórchláir fógraíochta saorsheasaimh.
- Féadfar breathnú go fabhrach, i gcomhairle le grúpaí gnó, ar réamhchomharthaí ilchoadacha a chur suas ar a bhfógraítear na saoráidí atá ar fáil sa chathair. Mar gheall ar an damáiste is féidir a dhéanamh d'íomhá agus do dhreach na mbóithre tábhachta isteach sa chathair má bhíonn an iomarca réamhchomharthaí móra in iomaíocht le chéile, féachfaidh na húdaráis áitiúla le fáil réidh le réamhchomharthaí aonair de réir a chéile de réir mar a bhíonn deis acu.

## 11.13 Ionaid mhearbhia beir leat

Ba é beartas an Phlean roimhe seo asraonta mearbhia/bia beir leat a dhímholadh go gníomhach. Is é fírinne an scéil áfach go bhfuil roinnt saoráidí den chineál sa Chathair agus sna Purláin agus go raibh an cosc ag cur srian le hoibreoirí margaidh. Cuireadh cosc ar ionaid bhia the beir leat mar gheall ar an tionchar a bhí acu ar thorann, ar bholadh, ar bhruscar agus ar iompar frithshóisialta go déanach san oíche.

Sa Phlean seo tá sé beartaithe an cosc ar asraonta bia beir leat a mhaolú ach forbairt na n-asraonta sin a shrianadh. Ní cheadófar leathadh ionaid bhia the beir leat in aon limistéar ar leith. Ghearrfaí siar ar ghiniúint roinnt turas dá lonnófaí ionad mearbhia beir leat in ionaid chomharsanachta ina bhfuil úsáidí comhlántacha amhail siopa áise, poitigéir, aonad cíosa físeán/DVD srl.

Breithneofar iarratais phleanála ar úsáidí nua mearbhia beir leat ar a dtuillteanas féin. Tabharfar aird ar an tionchar a bheidh ag an ionad bia beir leat ar thaitneamhachtaí an limistéir, lena n-áirítear torann, boladh agus bruscar. D'fhéadfadh an tÚdarás Pleanála srianta ar uaireanta oscailte na n-úsáidí sin a chur i bhfeidhm mar choinníoll a ghabhann le cead pleanála. Beidh sonraí iomlána faoin aghaidh siopa ag teastáil ag céim an iarratais chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht ó thaobh amhairc de na dtograí sa limistéar.

## 11.14 Clubanna Oíche/Tithe Tábhairne

Chun meascán cuí úsáidí a choimeád agus taitneamhachtaí oíche i gCathair Chill Chainnigh agus sna Purláin a chosaint, cuirfidh na húdaráis áitiúla cosc ar chomhchruinniú rómhór tithe tábhairne, beár, clubanna oíche agus ionaid bhia the beir leat in aon limistéar ar leith, trí úsáid chuí a bhaint as a gcumhachtaí bainistíochta forbartha. Cinnteoidh na Comhairlí go mbeidh déine aon úsáide beartaithe ag luí isteach le sainghné an limistéir (.i. úsáid chónaithe, úsáid mheasctha, srl.) agus leis na gnóthais tadhlach léi, nuair a bheidh tograí forbartha á mbreithniú. I dteannta ceisteanna pleanála ginearálta amhail trácht, dramhaíl srl, breithneofar na saincheisteanna seo a leanas freisin nuair a bheidh iarratais ar áitribh nua agus ar shíntí le háitribh á measúnú:

- Taitneamhacht na gcónaitheoirí in aice láimhe, .i. cur isteach ginearálta, páirceáil, bruscar agus múch.
- Ní mór foirgnimh nua a dhearadh ionas nach n-éalóidh torann agus ba cheart socrú leordhóthanach a dhéanamh chun dramhaíl a dhiúscairt, a stóráil agus a bhailiú.
- An gá le héagsúlacht fheiliúnach úsáidí a choimeád i lár na cathrach i rith an lae agus sa tráthnóna chun beogacht agus inmharthanacht na Cathrach a choimeád.
- Beidh líon agus minicíocht na saoráidí sin agus na n-imeachtaí a reáchtáiltear iontu ina gceist thábhachtach don údarás áitiúil.
- Déanfaidh an t-údarás áitiúil dearadh aghaidhe a rialú go cúramach agus go háirithe cineál agus méid na comharthaíochta fógraíochta agus an tsoilsithe. Beidh an dearadh ag teacht le sainghné na sráide agus na bhfoirgneamh.

## 11.15 Stáisiúin Líonta Gáis agus Peitril

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh i stáisiún peitril: caidéil pheitril, caidéil díosail, dáileoir gáis, umair stórála, píobáin sholúbtha agus seirbhísí feithicle eile m.sh. ní carranna, ola, uisce agus aer. D'fhéadfaí díol earraí a bhaineann leis an ngnó mótarfheithiclí, both airgid, scáthlán os cionn na gcaidéal agus soláthar miondeisiúchán, ola agus athruithe bonn a áireamh freisin.

Is féidir úsáidí miondíola coimhdeacha a cheadú amhail siopaí beaga áise a bhfuil achar urláir acu nach mó ná 100m cearnach de spás díolachán go hiondúil. Déanfar iarratais phleanála ar sholáthar siopaí den chineál sin in iarratais ar leith áfach. Ba cheart leagan amach réamhchúirt an stáisiúin a eagrú chun páirceáil thiomnaithe a chur ar fáil le haghaidh na ndaoine sin atá ag siopadóireacht sa siopa.

Is é an suíomh is feiliúnaí do stáisiúin líonta peitril agus na forbairtí tráchtála lena mbaineann ná ar imeall na cathrach agus laistigh de na luasteorainneacha uirbeacha. Ní cheadófar iad i suíomhanna ina ndéanfaidís dochar do thaitneamhachtaí an limistéir mar gheall ar an gcuma atá orthu, ar thorann, ar mhúch, srl. agus ní cheadófar iad ach an oiread i limistéir ina bhfuil guaiseacha tráchta nó inar dócha go dtiocfaidh guaiseacha chun cinn.

In iarratas ar bith ar stáisiún líonta peitril nua, ba cheart go soláthrófaí éadanas bóthair imleor, infheictheacht shoiléir, dhá phointe rochtana, áiseanna sláintíocha d'úsáid an phobail, agus beidh dromchla na réamhchúirte grádaithe, beidh dromchla biotúmain nó ábhair oiriúnaigh eile uirthi agus beidh sí draenáilte chun sástacht an Údaráis Phleanála. Beidh gaiste idircheapóra peitril/ola feistithe ar an gcóras draenála uisce dromchla.

## 11.16 Crainn agus Fálta Sceach a Chaomhnú

Lena chinntiú go gcosnófar crainn agus fálta sceach ar láithreán ar bronnadh cead pleanála ina leith, féadfar é a chur de cheangal go lóisteálfar airgead tirim nó banna, ina mbeidh an tsuim á cinneadh ag an Údarás Pleanála.

Is iondúil nach gceadófar forbairt sa chás gur dócha go scriosfaí nó go ndéanfaí damáiste do chrainn atá cosanta faoi Ordú Slánchoimeádta Crann nó do chrainn atá luachmhar ó thaobh na taitneamhachta áitiúla nó ó thaobh cúrsaí caomhantais dúlra de, nó atá sainaitheanta sa Suirbhé ar Chrainn Aibí (Féach Aguisín E). Dímholfar forbairt ina gcaithfear crainn aibí atá luachmhar ó thaobh na taitneamhachta nó ó thaobh cúrsaí caomhantais de a leagan, fiú mura bhfuil siad liostaithe sa Phlean Forbartha.

Nuair a bheidh fálta sceach/crainn á n-athchur, tabharfar aird chuí ar fheidhm éiceolaíochta na bhfálta sceach mar chonair fiadhúlra. Beidh meascán de speicis dhúchasacha beartaithe nuair a bheidh fálta sceach nua á bplandú. Tarlóidh sé seo ag tús na n-oibreacha tógála agus ba chóir naisc leis na fálta sceach atá ann cheana a chruthú chun cabhrú le forbairt líonraí éiceolaíocha.

I gcás ina bhfuil crainn agus fálta sceach sainaitheanta i bhforbairt bheartaithe a dhéanfadh difear dóibh, beidh suirbhé ag teastáil agus cuirfear é i gcrích de réir *BS 5837 Trees in relation to design, demolition and construction – Recommendations 2012*.

Ba cheart aird a thabhairt tríd is tríd ar na ceanglais seo a leanas nuair a thagann ceisteanna a bhaineann le cosaint crann atá ann cheana agus tírdhreachú chun cinn:

- Suirbhé Topagrafach - arna thomhas go cruinn ina dtaispeántar na gnéithe láithreáin ábhartha ar fad.

- Measúnacht Ithreach – nuair is cuí chun a chinneadh cibé an bhféadfadh ithir crapadh, rud a d'fhéadfadh damáiste indíreach a chur faoi deara. Comhdhéanamh struchtúr na hithreach agus PH ar mhaithe le plandú nua.

- Suirbhé ar chrainn - ina sonraítear crainn agus fálta sceach atá sainaitheanta sa suirbhé topagrafach agus ar thalamh tadhlach leis an láithreán forbartha, lena n-áirítear crainn ar leith, grúpa crann agus coillearnacha. Ba cheart gach crann le trastomhas 75mm agus os a chionn (arna dtomhas ag airde 1.4m os cionn leibhéal na talún) a áireamh sa suirbhé. Ba cheart suirbhéireacht a dhéanamh ar fhálta sceach trí thagairt do speicis, do cheannbhrat craobhacha, do leathadh amach, do chruth, d'airde agus do riocht.Ba cheart toisí, cáilíocht agus luach coinneála na gcrann a shainaithint de réir chomhthéacs na forbartha beartaithe (féach rannáin 4.5 Tábla 1+2 de BS 5837).

- An suirbhé ar chrainn - ba cheart go n-aithneofaí ann na srianta a bhaineann leis na crainn, idir na crainn atá os cionn agus faoi bhun na talún, eolas a úsáidfear i ndearadh leagan amach an láithreáin. I measc na srianta tá, Ordú Slánchoimeádta Crann a bheith ann, leathadh amach bharr na gcrann reatha agus faoi dheireadh agus solas a bheith á bplúchadh acu ar bhealach míréasúnach srl.

- Measúnacht Tionchair Crannadóireachta - ba cheart do chrannadóir tuarascáil a chur i dtoll a chéile trí úsáid a bhaint as na sonraí a comhthiomsaíodh ón suirbhé ar an láithreán. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa tuarascáil ar an tionchar agus ar na héifeachtaí díreacha agus indíreacha a bheidh ag an dearadh atá beartaithe ar na crainn agus maolú a mholadh nuair is gá.

- Plean Cosanta Crann – ina sonraítear an leagan amach dearaidh beartaithe arna léiriú ar phlean ina sainaithnítear na crainn ar fad go soiléir i dteannta nótaí faoina limistéir chosanta fréamhacha bunaithe ar an suirbhé topagrafach ina mbeidh gach crann ar áireamh. Aicmiú gach aon chrainn agus na bearta cosanta riachtanacha le linn na forbartha.

  Plandú Nua – ina gcuirtear gnéithe reatha an tírdhreacha san áireamh agus nach mór a bhreithniú i leagan amach, i ndearadh agus in úsáid amach anseo na forbartha beartaithe. Ba cheart a chur san áireamh i bplandú nua fás amach anseo na gceannbhrat, na ngas agus na gcóras fréamhacha go dtí go mbeidh siad aibí agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu ar dhéanmhais reatha ar an láithreán.

- Ráitis faoin Modh Crannadóireachta – ina dtaispeántar cén chaoi a bhféadfadh oibríochtaí tógála nach féidir a sheachaint tarlú laistigh den limistéar cosanta fréamhacha nó de leathadh amach bharr na gcrann (cibé ceann is mó), ag taispeáint go soiléir conas nach gcuirfidh na hoibríochtaí sin isteach go mór ar na crainn a choinnítear. D'fhéadfadh na hoibríochtaí seo a leanas a bheith i measc na n-oibríochtaí sin ach níl siad teoranta dóibh: -

a. Rochtain shealadach
b. Cúrsaí seirbhíse a shuiteáil
c. Talamh dhaingean a thógáil
d. Tochailtí bunsraithe
e. Déanmhais faoi thalamh m.sh. síntí íoslaigh

## 11.17 Ranníocaíochtaí Forbartha

Éileoidh an Chomhairle ranníocaíochtaí airgeadais de réir scéim do ranníocaíocht forbartha ar ghlac an Chomhairle léi faoi Alt 48 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2011 (nó reachtaíocht ábhartha eile arna hachtú ó am go chéile). Déantar na ranníocaíochtaí sin i leith caiteachas caipitiúil atá riachtanach chun bonneagar poiblí agus saoráidí poiblí a théann chun tairbhe d'fhorbairt sa Chontae, agus a sholáthraítear, nó a bhfuil ar intinn go soláthrófar iad, ag an gComhairle nó thar a ceann.

## 11.18 Bannaí

Chun a chinntiú go gcríochnófar go sásúil forbairtí a dtugann forbróirí príobháideacha fúthu, ceanglófar ar fhorbróirí éarlaisí airgid a sholáthar nó banna ó chuideachta árachais nó institiúid airgeadais eile a nglacfaidh an tÚdarás Pleanála leis a chur isteach chun forbairtí agus a seirbhísí coimhdeacha a chríochnú go sásúil. Ní mór an banna nó an t-urra a chur isteach sula gcuirfear tús leis an bhforbairt. I gcás forbairtí cónaithe, ní fhuasclófar an banna go dtí go mbeidh an t-eastát lánchríochnaithe chun sástacht an Údaráis Phleanála agus go dtí go nglacfaidh an tÚdarás Pleanála faoina chúram go foirmiúil é.

## 11.19 Caighdeáin agus Treoirlínte a Fhoilsiú Amach Anseo

Leanfaidh an tÚdarás Pleanála air, i rith thréimhse an Phlean, de threoirlínte teicniúla agus dearaidh faoi chúrsaí a bhaineann le pleanáil agus forbairt inbhuanaithe na Cathrach agus Purláin a ullmhú agus a chur ar fáil don phobal.